

Focail agus Foclóireacht T. O' Neill Lane

Seaghan Mac an tSionnaigh, B.A

Mórthráchtas don Chéim M.A sa Ghaeilge

Roinn na Gaeilge

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Luimnigh

Ceann Roinne : An Dr. Áinéad Ní Mhuirthile

Stiúrthóir an Tráchtais: Breandán Ó Cróinín

Curtha faoi bhráid Ollscoil Luimnigh, Meitheamh 2011

Coimriú

Ba é *Lane's Larger English-Irish Dictionary / Foclóir Béarla-Gaedhilge* (1915) an chéad mhórfhoclóir Béarla – Gaeilge a foilsíodh sa bhfichiú haois. Fear suaithinseach éirimiúil agus duine de na pearsanra is suimiúla ó aimsir Athbheochan na Gaeilge ab ea an té a chuir an foclóir le chéile; ba é sin Timothy O' Neill Lane ó Theampall an Ghleanntáin, (1852 – 1915). Más ea, is fíor a rá go bhfuil an foclóir agus an foclóirí araon ligthe i ndearmad ag scoláirí na Gaeilge agus na foclóireachta agus ag pobal na Gaeilge leis. Tá cúiseanna áirithe leis seo dar ndóigh, agus is gá féachaint orthu sin, ach, is ríghá chomh maith fiúntas shaothar saoil an fhir seo a aithint.

Ba ar an tuiscint sin a tugadh faoin tráchtas seo. Tugtar cuntas i dtosach ar conas mar a thánasa ar an bpearsa áirithe seo ó aimsir Athbheochan na Gaeilge sa chéad áit. Ina dhiaidh sin, tugtar cuntas cuimsitheach ar a bhfuil le fáil d'eolas beathaisnéiseach do T. O' Neill Lane, eolas a chuireas le chéile trí na daonáirimh chuí agus cáipéisí eile de chuid Charlann Náisiúnta na hÉireann a cheadú, agallaimh a chur ar ghaolta agus ar dhaoine eile in Iarthar Luimnigh a bhfuil suim acu san ábhar, agus trí nuachtáin chomhaimseartha a chuardú. Tugtar spléachadh ar an tréimhse i stair na tíre inar mhair sé agus inar foilsíodh a fhoclóir. Meabhraítear tríd síos gur “in uathadh” a ghabh O' Neill Lane dá chuid obair foclóireachta, agus ar an ábhar sin, déantar cur síos sa tráchtas ar na modhanna oibre a bhí ag O' Neill Lane i dtreo is go bhfoilseofaí an foclóir. Déantar plé ansin ar na foinsí ar bhain sé úsáid astu chun focail a thiomsú don fhoclóir. Déantar scrúdú ansin ar iontrálacha agus ar leagan amach an fhoclóra féin, agus ar deireadh, déantar plé ar conas mar ba cheart a shaothar a mheá mar chuid tábhachtach de stair na foclóireachta Gaeilge, agus an plé sin bunaithe ar a bhfuil ráite i dtaobh an tsaothair ó foilsíodh é an chéad lá, agus ar a bhfuil léirithe sa tráchtas féin.

Dearbhú

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atá á chur faoi bhráid Roinn na Gaeilge agam le haghaidh measúnachta don chéim MA sa Ghaeilge, agus nár tógadh aon chuid eile de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Siniú: _____

Dáta: _____

Nóta Buíochais

Ba dheas liom buíochas a ghabháil leis na daoine seo; Breandán Ó Cróinin (a mhol dom tabhairt faoi thionscnamh taighde fochéime ar T. O' Neill Lane sa chéad áit, agus a stiúir go dúthrachtach ó shin mé), An Dr. Áinéad Ní Mhuirthile, An Dr. Úna Nic Éinrí (a chuir ailt thábhachtacha sa phost chugham), Roibeard Ó Cathasaigh (a bheannaigh go fial croíúil dom aon uair a bhuaílimís le chéile sa phasáiste), Tony Lyons agus Maura Cronin (a thug comhairle dom ar ghnéithe den staireolaíocht), Maureen Kelly (a bhí sásta go ndéanfaí taifead ar ár gcuid comhráite ar ghnéithe de shaol T. O' Neill Lane, agus a bhronn cnuasach leabhar O' Neill Lane orm chun go ndéanfainn cúram díobh), Síle Kelly (a thug seoltaí poist luachmhara dom), Patricia agus Byron E. Gilbert (a bhí i gcomhfhreagras liom ar feadh dhá bhliain agus a chuir ailt agus litreacha inspéise chugham i dtaobh shaol T. O' Neill Lane agus a mhac), Tadhg Ó Maolchatha agus John O' Sullivan (a threoraigh mé ar fud na dúiche agus mé in Iarthar Luimnigh, agus a chuaigh faoi agallaimh iad féin), Liam Mac Amhlaigh (a thug comhairle dom ar scríobh an tráchtais agus a mhol léitheoireacht chuí dom), an Chartlann Náisiúnta agus an Leabharlann Náisiúnta (a chuir a gcuid cáipéisí ar fáil dom), agus Leabharlann Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath (a thug rochtain lae dom chun go bhféadfainn ailt agus caibidilí de leabhair áirithe a chóipeáil).

Clár

Coimriú

Dearbhú

Nóta Buíochais

Clár na gCaibidlí

Noda

Réamhrá	10
1. Beathaisnéis	13
2. Comhthéacs na foclóireachta Gaeilge in aimsir T. O' Neill Lane	38
3. Modheolaíocht O' Neill Lane	59
4. Foinsí Focal agus Foinsí Foclóireachta	77
4.1. Oidhreacht na Foclóireachta Béarla-Gaeilge	77
4.1.1. <i>An English-Irish Dictionary intended for the use of schools</i> , Tadhg Ó Coinnialáin, (1814)	78
4.1.2. <i>An English-Irish Dictionary intended for the use of students of the Irish language</i> , Daniel Foley, (1855)	78
4.1.3. <i>The English-Irish Dictionary: An Foclóir Beurla Guoidheilge</i> , Conchúr Ó Beaglaoich agus Aodh Buidhe Mac Cruitín, (1732)	82
4.1.4. Tátal	94
4.2. Teanga na hÉireann á driogadh agus á cur mar Fhoinse Léacsach	95
4.3. 'List of Authorities Quoted' Maille leosan Nár Luadh	109
4.3.1 – 90. Liosta na nÚdar in LLEID	
4.3.91. Tátal	

5. *Foclóir Béarla - Gaedhilge* Timothy O' Neill Lane 171

5.1. 'List of Contractions' 173

- 5.1.1. a.—Adjective.
- 5.1.2. acc.—Accusative.
- 5.1.3. ad.—Adverb.
- 5.1.4. comp.—Comparative.
- 5.1.5. cpd.—Compound.
- 5.1.6. cond.—Conditional.
- 5.1.7. conj.—Conjunction.
- 5.1.8. d.—Dative.
- 5.1.9. dem.—Demonstrative / dem. pr.—Demonstrative pronoun.
- 5.1.10. emph.—Emphatic.
- 5.1.11. f.—Feminine / m.—Masculine.
- 5.1.12. fut.—Future.
- 5.1.13. gen.—Genitive.
- 5.1.14. gsf.—Genitive singular feminine.
- 5.1.15. imp.—Imperfect tense.
- 5.1.16. imper.—Imperative mood.
- 5.1.17. ind.—Indeclinable.
- 5.1.18. indef.—Indefinite.
- 5.1.19. inter.—Interjection.
- 5.1.20. n.—Noun
- 5.1.21. nom.—Nominative.
- 5.1.22. ord.—Ordinal.
- 5.1.23. p.—Participle,
- 5.1.24. pp.—Past participle.
- 5.1.25. pers. pron.—Personal pronoun.
- 5.1.26. pl.—Plural.
- 5.1.27. poss. pr.—Possessive pronoun.
- 5.1.28. prep.—Preposition.
- 5.1.29. pron.—Pronoun.
- 5.1.30. prond.—Pronounced.
- 5.1.31. rel.—Relative.
- 5.1.32. sing.—Singular.
- 5.1.33. sub.—Subjunctive.
- 5.1.34. v.i.—Intransitive / v.t.—Transitive verb.
- 5.1.35. v.n.—Verbal noun.
- 5.1.36. voc.—Vocative.
- 5.1.37. √.—Sign of Indo-European root-words.
- 5.1.38. Tatal

5.2. Leagan Amach an Fhoclóra 194

5.2.1.	An t-alt	
5.2.2.	An aidiacht	
5.2.2.1.	An aidiacht bhriathartha	
5.2.2.2.	An aidiacht shealbhach	
5.2.2.3.	An aidiacht thaispeántach	
5.2.2.4.	An aidiacht uimhriúil	
5.2.3.	An t-ainmfhocal	
5.2.3.1.	Tuiseal ginideach an ainmfhocail	
5.2.3.2.	Tuiseal gairmeach an ainmfhocail	
5.2.3.3.	Tuiseal tabharthach an ainmfhocail	
5.2.3.4.	Inscne an ainmfhocail	
5.2.3.5.	Tuiseal cuspóireach an ainmfhocail	
5.2.4.	An briathar	
5.2.4.1.	An aidiacht bhriathartha	
5.2.4.2.	Aimsirí an bhriathair	
5.2.4.3.	An aimsir fháistineach	
5.2.4.3.1.	An modh ordaitheach	
5.2.4.3.2.	An modh coinnfollach	
5.2.4.3.3.	An aimsir chaite	
5.2.5.	An cónasc	
5.2.6.	An dobhriathar	
5.2.7.	An forainm	
5.2.7.1.	An forainm réamhfhoclach	
5.2.8.	An intriacht	
5.2.9.	An réamhfhocal	
5.3.	Tátal	239
6.	Foclóir T. O' Neill Lane á mheas	243
Críoch		259
Foinsí		262
Aguisíní		272
Aguisín I: Cnuasach Leabhar T. O' Neill Lane		
Aguisín II: Litir ó Gilbert Byron maidir le Saol Mhic T. O' Neill Lane agus Eile.		
Aguisín III: Litir ó Gilbert Byron maidir le Saol Mhic T. O' Neill Lane agus Eile.		

Aguisín IV: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1876

Aguisín V: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1876

Aguisín VI: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1871

Aguisín VII: Kelly, J. J., ‘West Limerick Man Who Wrote a Dictionary’

Aguisín VIII: Litir ó T. O’ Neill Lane chuig Lord Castletown maidir le foilsiú *Lane’s English-Irish Dictionary*.

Aguisín IX: Litir ó Michael Hickey chuig an Athair Maurus Ó Faoláin (Mount Melleray Abbey, Co. Phort Láirge) maidir le gnéithe d’Athbheochan na Gaeilge.

Aguisín X: Lane, M., ‘Dictionary His Labour of Love’.

Aguisín XI: Litir ó T. O’ Neill Lane chuig Roger Casement maidir le foilsiú *Lane’s Larger English-Irish Dictionary*.

Aguisín XIII: The National Archives of the UK, *Census Returns of England and Wales, 1891*.

Aguisín XIV: O’ Neill Lane i mBaile Mhainistir na Féile. Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1901

Aguisín XV: O’ Neill Lane i gCnoc Uí Dheá, Gleann an Ghoirt, le muintir Uí Cheallaigh. Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1911

Noda

- LEID An chéad saothar foclóireachta ó T. O' Neill Lane ar chaith sé an tréimhse 1883 – 1903 á chur le chéile: O' Neill Lane, T. (1904) *Lane's English-Irish Dictionary*. Dublin: Sealy, Bryers, and Walker.
- LLEID An dara foclóir méadaithe, mórshaothar shaol T. O' Neill Lane, a foilsíodh don chéad uair sa bhliain 1915, díreach roimh a bhás: O' Neill Lane, T. (1916) *Lane's Larger English-Irish Dictionary*. Dublin: Talbot Press Limited.
- WID Foinse do thaobh an Bhéarla den fhoclóir: Porter, N. (1907) *Webster's International Dictionary of the English Language*. London: George Bell & Sons.
- FBC An fhoinsé fhoclóireachta is mó a bhí ag T. O' Neill Lane agus é i mbun a chúraim: Ó Beaglaoich, C. agus Mac Cruitín, A.B. (1732) *The English-Irish Dictionary: An Foclóir Beurla Guoidheilge*. Páras: Seamus Guerin.

Réamhrá

Nuair a chuireas tús le mo chuid taighde fhochéime ar shaol T. O' Neill Lane, b'fhacthas dom nach raibh tásc ar leabhar ina mbeadh lua ar an bhfear, ná tuairisc ar dhuine a labhródh faoi. Ar a laghad ar fad, bhí cóipeanna den dá fhoclóir i dtaisce ag leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál amuigh i stóras ar Bhóthar na nDuganna, agus níorbh fhada go dtí go raibh an dá leabhar sin tógtha amach agus scrúdaithe agam. Níorbh amhlaidh áfach go raibh léirmheastóireacht ná ábhar tanáisteach oiriúnach ann a chabhródh liom tionscnamh bhliain dheiridh na céime a thabhairt chun críche. Bíodh is go raibh éadóchas orm i dtosach, ba ghealán dóchais an seanphictiúr ársa de Chathair Luimnigh a thit amach as *Lane's English-Irish Dictionary* arna oscailt. Níor thuigeas ag an am é ar ndóigh, ach ba léiriú é seo ar an tslí a mbeadh eolas curtha faoi cheilt, agus i bhfolach ar fad ar uairibh, agus mé i mbun taighde níos déanaí.

Bheadh orm dul céim níos faide ná láthair na leabharlainne féin chun ábhar mo thionscnaimh a chruinniú. Chuige sin, chuireas glaoch ar Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin, a raibh T. O' Neill Lane mar dhalta agus mar mhúinteoir inti, ag súil go gcuirfí sa treo ceart mé. Níl aon dabht ach gur cuireadh sa treo sin mé nuair a tugadh uimhir Thaidhg Uí Mhaolchatha dom. Fear is ea Tadhg a bhfuil suim aige i scéal T. O' Neill Lane ar feadh i bhfad agus i stair na háite go ginearálta. Ba é siúd a luaigh Maureen Kelly liom, gaol i bhfad amach le T. O' Neill Lane a mhaireann i gcónaí. Bhí teangabháil le Maureen agam ina dhiaidh sin, agus tar éis a bheith ag caint léi ar feadh tamaillín, ba é a d'fhógair sí ná gur fhan ar mhair de chnuasach leabhar O' Neill Lane ina seilbh i gcónaí. Shocraíomar go dtiocfainn anuas ó Bhaile Átha Cliath, mar a rabhas ar shocrúchán oibre faoin tráth sin, go mbuailfinn léi féin agus na leabhair. Nuair ba léir fiúntas a cuid eolais, beartaíodh go ndéanfaí í a thaifead, agus dá bhrí sin, thána anuas i Mí na Bealtaine 2008 agus deachtafón i mo shaitsil agam len í a chur faoi agallamh. Theastaigh ó Maureen i

gcónaí go ndéanfaí cúram ceart de na leabhair am éigin; más ffor gur mhaireadar slán go dtí an lá ar ar bhuaileamar le chéile, ba léir nár tugadh aire cheart dóibh ó d'éag a n-úinéir. Ba chuimhin le Maureen ceist a cuireadh uirthi agus í ag iompar na leabhar i mbara rotha ón seanteach, ina mbíodh O' Neill Lane féin ag saothrú, go dtí a teach nua; "Where are you going with the rubbish?" (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine), a dúirt duine den teaghlach léi. Cnuasach de chéad leabhar ar ghnéithe éagsúla den léann a bhí sa "rubbish" céanna, agus tá iniata mar aguisín leis an tráchtas seo leabharliosta cuimsitheach dá raibh ann. Socraíodh ar lá ár n-agallaimh go mbronnfaí cúram na leabhar ar leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál. Is ann atáid ó shin i leith.

Bhí tionscnamh céime le déanamh idir an dá linn, agus dheineas an bheart sin le cúnaimh breise ó Byron E. Gilbert, fear go bhfuilim an-bhuíoch de; is é atá pósta ar gharíníon d'O' Neill Lane, Patricia. Ba é Timothy Ayley O' Neill Lane (mac an fhoclóirí mhóir) a hathair, agus rugadh sa tSín í, cé go bhfuil sí ag maireachtaint in California Mheiriceá le 'Gil', mar a thugtar air, le fada. Ba í Síle Kelly, col ochtair le T. O' Neill Lane, agus deirfiúr chéile do Maureen Kelly, a chuir seoladh Patricia chugam, agus scríobhas chuichi. D'fhreagair a fear céile 'Gil' laistigh de chúpla seachtain tar éis lán bosca d'eolas agus chomhfhreagras a scrúdú, ag tabhairt freagraí ar mo chuid ceisteanna, ach ag míniú nach bhféadfadh Patricia féin scríobh chugam toisc í a bheith breoite. Tá dhá cheann de na litreacha faisnéiseacha, agus dhá cheann de na hailt a fuair sa phost uaidh curtha mar aguisíní leis an tráchtas seo.

Ag féachaint siar dom ar an gcnuasach leabhar gur ráinig dom teacht air, agus ar scéal an tsaoil a ghabh leis, ba léir dom go raibh pearsa chormhéineach thábhachtach ó aimsir Athbheochan na

Gaeilge aimsithe agam in T. O' Neill Lane Agus is ansin a chuimhníos go raibh faillí déanta ar an bhfear. Seo a leanas an méid a bhí ráite agam agus críoch á cur agam leis an tionscnamh seo:

Murar tuigeadh i gceart é lena linn féin, is beag duine lasmuigh de shaol fhoclóireacht na Gaeilge a d'aithneodh ainm T. O' Neill Lane sa lá atá inniu ann, agus lena chois sin, bíonn sé dodhéanta nach mór teacht ar chóip d'aon cheann den dá fhoclóir anois. As a bhfuil scríofa ar fhoclóirí O' Neill Lane, is é an díspeagadh a dhein Ó hÍcí san *Irish Ecclesiastical Record* ar iarracht na bliana 1904 an léirmheas ba thoirtiúla. Is beag eolas beathaisnéise atá ar fáil ina thaobh, ach is lú i bhfad de sin atá tiomsaithe, gan trácht ar fhoilsiúcháin. Níl oiread agus leac chuimneacháin ar an uaigh inar cuireadh é go fiú. Ós mar seo atá scoláireacht ar léann agus saol T. O' Neill Lane faoi láthair, is ríléir go bhfuil géarghá le breis taighde a dhéanamh ar shaol agus ar fhoclóireacht T. O' Neill. Níl sa mhéid seo ach tús. Bímis ag súil go leanfar leis. (Mac an tSionnaigh, 2008).

Is ar an tslí sin a bheartaíos ar thabhairt faoi thráchtas taighde MA ar an ábhar mar fhorbairt ar thionscnamh na céime. Bhí sé mar phríomhaidhm agam agus an tráchtas sin idir lámhaibh agam mionanailís a dhéanamh ar shaothar foclóireachta T. O'Neill Lane i dtreo is go mbeadh ar ár gcumas an saothar sin a mheas go cóir agus go cothrom mar chuid an-tábhachtach de scéal fhoclóireacht na Nua-Ghaeilge. Ina theannta sin, bhíos inniúil ar bhreis taighde a dhéanamh ar bheathaisnéis an fhoclóirí seo mar, cé go raibh éirithe liom cur go mór leis an eolas a bhí againn ar O'Neill Lane i mo thionscnamh taighde sa bhunchéim, thána ar mhórchuid eolais ina thaobh ó shin a chuirfidh go mór lenár dtuiscint air mar dhuine agus mar scoláire.

Ní go cothrom a deineadh léirmheastóireacht ar fhoclóir O'Neill Lane; níos mó ná sin, is ar an gcéad eagrán is mó a bhfuil aon rian de léirmheastóireacht le fáil. Agus dar ndóigh, níor cheart breithiúnas bithbhuan a thabhairt ar aon duine as réamhleagan dá shaothar. Tá sé ró-fhuirist caitheamh anuas ar réamhfhoclóir beag lochtach ar aithnigh an t-údar féin é a bheith lochtach. Má tá duine le léirmheas a dhéanamh ar fhoclóireacht O' Neill Lane, déanadh sé ar *Lane's Larger English-Irish Dictionary* é. Níor éirigh liom teacht ar léirmheas dóthanach den saghas sin don iarracht dheiridh fhoclóireachta ó T. O' Neill Lane, ach braithim go líonafaidh an taighde atá ar fáil sa tráchtas seo an bhearna sin.

Caibidil a hAon

Beathaisnéis

Saolaíodh Timothy Lane, nó T. O' Neill Lane mar ab fhearr aithne air níos déanaí ina shaol, i gContae Chiarraí (Carlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1901) sa bhliain 1852 do Timothy Lane, feirmeoir, agus a chéile Mary (McEnry, 1972: 1). Ba é an duine ab óige d'ochtar é; ceathrar mac agus ceathrar iníonacha. Is i gCnoc Uí Choileáin a rugadh a athair (T. Ó Maolchatha, comhfhreagras príobháideach, 29 Bealtaine 2008), agus tógadh ar an nGoirtín é. Fuair sé paiste talún i dTeampall an Gheanntáin Thiar chun feirmeoireacht a dhéanamh air, agus b'ann a tógadh T. O' Neill Lane agus a chuid siblíneach. Maireann muintir Lane ar an láthair chéanna i gcónaí, ach tá teach nua agus clós stroighne tógtha acu ar an áit ina mbíodh an seanteach. Ba as Crosaire Átháin i mBrosnach Chiarraí dá mháthair, paróiste atá tuairim is naoi míle ón bhfeirm ar ar tógadh é, agus is dócha gurbh í sin í an áit inar rugadh é. Ba dhuine de mhuintir Uí Néill í a mháthair, agus bhí cáil na héirime aigne ar an dream sin riamh dar le John O' Sullivan; "a very clever family" ar seisean mar gheall orthu (J. O' Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Ba é John J. O' Neill duine de dheartháireacha Mary, innealtóir a stiúir tógáil an bhóthair ó Bhántír go Corcaigh, a bhfuil leac chuimhneacháin air in ómós dó i gcónaí. B'iriseoir deartháir eile léi, siabhránach a thug deireadh a shaol ag siúl na hÉireann (ibid, 2011). Leanfadh O' Neill Lane nósanna a mhuintire ar shlite éagsúla i rith a shaoil leis an meá ab fhearr leis féin.

Níl d'eolas againn i leith a bhunscolaíochta foirmiúla ach a ndeirtear i seanchas a cheantair dhúchais, foinse a thabharfadh le tuiscint gur fhreastail T. O' Neill Lane ar Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin i dtosach, agus go raibh rath de shaghas éigin air sa mheánscolaíocht ar ball (McEnry, 1972: 1). Ní luaitear cén tréimhse dá shaol a thug O' Neill

Lane faoina chuid scolaíochta, ná go fiú cén áit in Iarthar Luimnigh a mbíodh meanscolaíocht le fáil i lár na naoú haoise déag. Ag an am céanna, is ón seanchas a thuigtear gur fhill an foclóirí mór ar bhunscoil a óige chun post a thógaint mar mhúinteoir inti (ibid: 1). Ba é W.J McEnry, a scríobh alt dar teideal *Timothy O' Neill-Lane Lexicographer 1852-1915*, an chéad duine a thug faoi scéal beatha T. O' Neill Lane a thaifead i scríbhinn de chéad uair, agus is uaidh sin a tháinig cuid den eolas seo. Ba le hoidhreacht ón áit chéanna a tháinig cuid de na míthuiscintí i dtaobh shaol an Ghleanntánaigh chomh maith áfach. Ina measc siúd, tá gur sa bhliain 1877 a chuir O' Neill Lane tús leis an bpost breá socair i Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin (ibid: 1), agus is í an mhíthuiscint chéanna a mhaireann sna cuntais thearca beathaisnéise ar a shaol i láthair na huaire (Breathnach agus Ní Murchú, 1990: 47; Mac Amhlaigh, 2008: 86).

Is cuí mar sin ag an bpointe seo imeacht ó leibheál an tseanchais agus tagairt a dhéanamh d'fhiricí loma na cáipéisíochta. Ar an dea-uair, tagann cáipéisí na Cartlainne Náisiúnta leis an méid gur fhill O' Neill Lane ar a bhunscoil féin mar mhúinteoir (An Chartlann Náisiúnta, Register ED2/191, 1871). Léiríonn siad thar a cheann sin áfach go raibh dul amú ar W.J. McEnry agus dá bharr sin ar an líon beag beathaisnéisithe a tháinig ina dhiaidh. De réir na Cartlainne Náisiúnta, ba sa bhliain 1871 a chuir sé tús leis an múinteoireacht, agus d'fhág sé an post socair sin sa bhliain 1877 (An Chartlann Náisiúnta, ED4/District 52, 1876); cé gurbh í sin an bhliain ar cuireadh tús lena thréimhse sa scoil dar lena bhfuil d'ábhar beathaisnéise againn go nuige seo.

Is féidir le cáipéisíocht na Cartlainne Náisiúnta cur le seanchas na háite chun go dtaispeánfaidís, an dá fhoinse le chéile, cén áit inar fhreastail O' Neill Lane ar an mbunscoil, gur fhill sé ar an áit sin mar mhúinteoir, agus cé na dátaí go díreach a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin go léir. Ní fios, áfach, cár chuaigh O' Neill Lane ar an meánscoil; ní hamhlaidh go bhfuil freagra na ceiste

áirithe seo ag an gcáipéisíocht chuí, ná ag an seachas, bíodh is gur thug Tadhg Ó Maolchatha le tuiscint go mbíodh daltaí ann in Iarthar Luimnigh an uair sin a d'fhanadh sa bhunscoil go dtí an seachtú nó an t-ochtú rang seachas a bheith ag dul chun meánscoile, má léiríodar go rabhadar in acmhainn aige (T. Ó Maolchatha, comhfhreagras príobháideach, 29 Bealtaine 2008). In ainneoin seo, ní féidir a fháil amach go beacht pé acu ar fhreastail sé ar mheánscoil in aon chor nó nár dhein.

Tá bearna eile ann sa tslí is gur fios gur fhill O' Neill Lane ar an scoil mar mhúinteoir, agus nach fios conas nó cén áit inar oileadh don chúram é. Gan meánscolaíocht a bheith aige, ba é an míniú is túisce a rithfeadh le duine ná nár oileadh in aon chor é. Go deimhin, cheasnaigh an tUasal Hanlon, cigire, ina thuairisc don bhliain 1869 ar cheantar an Chaisleán Nua Thiar gur mar sin a bhí;

It is, however, very much to be regretted that so many of them [na múinteoirí bunscoile] have received little or no training for the proper and efficient discharge of their duties... by far the greater number of our teachers are untrained, and consequently have never had an opportunity afforded them of observing any scheme of organisation, or any other method of imparting instruction than what may have been practiced in the schools in which they received their own education (The Thirty-Sixth Report of the Commissioners of National Education, 1870: 334)

Tá deacrachtaí leis seo, áfach, toisc córas ar leith a bheith deilbhithe amach ag an mBord Náisiúnta Oideachais faoi 1835 chun ábhar múinteoirí a ullmhú i gceart dá ngairm thofa. Ba é seo é an córas modhscoileanna ceantair a d'fhreastalódh ar limistéir áirithe ar fud na tíre, agus a thabharfadh cuid de na daltaí sinsearacha sna scoileanna réigiúnacha go Sráid Mhaoilbhríde i mBaile Átha Cliath chun clabhsúr a chur lena gcuid oiliúna sa mhúinteoireacht (Coolahan, 1981: 23). Bhí an córas seo faoi lánseol faoi lár na seascaidí, an uair is luaithe a mbeadh T. O' Neill Lane réidh leis an scolaíocht agus le tabhairt faoin oiliúint sa mhúinteoireacht. Bhí dhá Mhodhscoil Náisiúnta Ceantair díreach buailte lena áit dhúchais faoin am go mbeadh an

bhunscolaíocht curtha de aige; ceann amháin i gCathair Luimní agus ceann eile sa Chaisleán Nua Thiar. Níor mhór an táille a bhíodh ar an oiliúint; cúig scilling an dalta ar a mhéad ar fad in aghaidh na ráithe le beannad agus beathú san áireamh (The Thirty Third Report of the Commissioners of National Education, 1867: 112).

Ag leibhéal na ceapadóireachta de, ba faoin gcoiste áitiúil de bhainisteoirí nó de phatrúin na háite a bhí cinneadh a dhéanamh maidir le rogha na múinteoirí bunscoile (ibid: 54). Bhíodh orthu tuairisc ar an gceapúchán a chur go dtí coimisinéirí an oideachais náisiúnta chun maoiniú a shocrú do pé scoil a bhí i gceist (ibid: 57). Ní íoctaí na múinteoirí nuacheaptha seo go dtí go ndéanadh cigire iad a fhaomhadh tar éis dó scrúdú a chur orthu (ibid: 60). Is í an íocaíocht féin a bhí ag T. O' Neill Lane nuair a thosnaigh sé amach sa mhúinteoireacht a chinntíonn gur faomhadh é de réir reachtaíocht an Bhoird Náisiúnta Oideachais, agus ina theannta sin, is é méid na híocaíochta a nochtann cén grad a bhí air mar mhúinteoir. Ó thaobh an phá de, thosnaigh sé amach ar dhá phunt agus deich scilling in aghaidh na ráithe, i gcomparáid leis an gceithre phunt agus deich scilling a fuair múinteoir eile sa scoil darbh ainm John Lacey (Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED4/District 52, 1871). B'ionann an dá phunt agus deich scilling sin agus £15 sa bhliain, an tuarastal a d'fhaigheadh múinteoir ar a dtugtaí an teideal 'promhóir' de réir rialacha agus rialachán an Bhoird Náisiúnta Oideachais (The Thirty-Third Report of the Commissioners of National Education, 1867: 64).

Ba é a bhí i gceist le promhóir ná múinteoir a fostaíodh ag an mBord de chéad uair, nó múinteoir nach raibh rangú nó grád tugtha i gceart orthu fós (ibid: 63). D'íoctaí mar phromhóirí iad, gan grád ceart orthu, go dtí go mbeadh an chéad scrúdú de chuid an Bhoird slánaithe acu, agus ghlaotaí orthu an méid sin a dhéanamh go gairid i ndiaidh dóibh a bheith ceaptha sa scoil (ibid:

63). Ós rud é gur £15 sa bhliain a bhí ag T. O' Neill Lane i dtosach a dhreise, tá a fhios againn gur faomhadh ag an mBord é, agus gur phromhóir a bhí an ag an am sin. Ní hé sin le rá gur fhreastail sé ar aon scoil oiliúna nó ar mhodhscoil éigin in aon chor.

Ní leor do T. O' Neill Lane, áfach, an post breá seo mar mhúinteoir, post a raibh éirí sa saol agus seasmhacht ag baint leis, go gairid i ndiaidh aimsir an Drochshaoil, agus é le fáil ar an bhfód dúchais go fiú. Bhí éirithe go maith leis i Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin. Tugadh ardú pá agus stádais dó gach bliain ó thosaigh sé ag múineadh go raibh sé ag tuilleamh £32 sa bhliain (An Chartlann Náisiúnta, ED4/District 52, 1876). Is léir as seo gur éirigh leis sa scrúdú a dhéanadh an Bord ar mhúinteoirí nuacheaptha. Ach sa deireadh thiar thall, bhuail sé leis an tairseach sa mhéid a d'fhéadfadh sé a thuilleamh mar mhúinteoir den dara grád, sa chéad sraith; toisc gur scoil a bhí inti nach mbíodh níos mó na 35 dalta cláraithe inti ag aon am amháin, ba é sin an stádas ab airde a d'fhéadfadh sé a fháil, agus ba é £32 sa bhliain an t-uasmhéid a d'fhéadfadh sé a fháil mar thuarastal leis an ngrád sin air (The Thirty-Third Report of the Commissioners of National Education, 1866: 64). Bhí sé tar éis teacht ar chothromaíocht le John Lacey ó thaobh an stádais agus an phá de (An Chartlann Náisiúnta, ED4/District 52, 1876). Is é is dóichí de ná gur chuir ábhar an chláir fhoghlamtha (idir mhiosúireacht, fhealsúnacht nádúrtha, tíreolaíocht, agus ghramadach an Bhéarla, srl.) go mór lena chuid eolais (The Thirty-Eighth Report of the Commissioners of National Education, 1872: 70-4). B'fhiúntach go mór an taithí a bhí aige i measc na bpáistí; is cuimhin le Maureen Kelly scéal a chlos gur mhinic go mbíodh sé ina shuí ar fhalla a bhí cóngarach do scoil Ghleann na nGort i dTuar na Fola, ag iarraidh focail Gaeilge a fhoghlaim ó na páistí óga ar chainteoirí dúchais iad, agus iad ag dul abhaile i ndiaidh na scoile (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 2008). Chabhródh an t-eolas seo go léir go mór leis an riachtanas a bheadh ag foclóirí na linne sin eolas fairsing ciclipéideach a bheith aige.

Gabhadh é ag smaointí a mheall óna chúram sa scoil é, agus, ag caitheamh i ndiaidh shaol an fhoclóirí mhóir b'fhéidir, shocraigh sé ar an mhúinteoireacht a chaitheamh uaidh. Sheas John O' Sullivan air gur easaontú éigin sa scoil a luathaigh a imeacht as oifig, agus gurbh í a dheirfiúr féin, Annie Lane, a d'éirigh as an gcúram céanna i scoil na gcailíní i gcomhbhá leis. Ba mhithid do T. O' Neill Lane anois tapú leis an deis chun díriú ar "his greater advancement and ambition in life" (McEnry, 1972: 1) i bhfriotal sonraíoch W.J. McEnry.

Is cosúil gur choitianta go maith nós seo an éirí in airde, agus níor chuaigh fadhb seo na ró-uailmhéine gan aithint i measc na gcigirí scoile. Ag trácht dó ar mhodhscoil Luimní, thagair James Patterson do phríomhoide ar leith a raibh "distinguished ability" aige, duine a lig dá intinn "to be divided between attention to his school and preparation for a higher office for which he was a candidate" (The Thirty-Eighth Report of the Commissioners of National Education, 1872: 287). Dhein Patterson an gearán gur ligeadh a chúram i bhfaillí, agus gur fhulaing oilteacht na ranganna sa mhodhscoil dá bharr. Luaigh an tUasal Steede ina thuairisc don bhliain 1871 ar Oideachas Náisiúnta i gceantar an Chaisleáin Nua Thiar go raibh go leor athruithe tar éis teacht ar fhoireann na múinteoirí, de bhíthin gur éirigh le cuid acu post eile sa státseirbhís. Ba é "the hope of bettering themselves" an fáth ginearálta a thug sé lena n-imeacht (ibid: 287). Níor fhéad saol an mhúinteora fir óga éirimiúla a choimeád ina n-áiteanna dúchais, agus ba é sin é an gearán a dhein an tUasal J.G. Fitzgerald i dtuairisc ar mhúinteoirí mórthimpeall ar Eochail, Co. Chorcaí:

It is not, however, easy to secure the services of efficient male teachers to undertake the duties of assistants. The inducements held out by the Commissioners do not appear to be sufficient to cause young men of superior abilities to adopt to the profession of teaching; in other callings they obtain higher salaries (The Thirty-Third Report of the Commissioners of National Education, 1867: 219)

Fear éirimiúil ab ea T. O' Neill Lane riamh. Mar aon leis an eolas saibhir ar an nGaeilge a chruinnigh sé, d'éirigh leis labhairt na Fraincise a thabhairt leis. Is gá cuimhneamh gur bhuanna ab ea iad seo a d'fhorbair sé ar a chonlán féin den chuid is mó; gan trácht ar oideachas tríú leibhéal, ní hamhlaidh go raibh de phribhléid aige meánscolaíocht a bheith aige go fiú. Ba í an chluas ba mhó a chabhraigh leis teangacha a fhoghlaim. Dála roinnt eile mar sin, ba ar phost stáitseirbhíse a chuir T. O' Neill Lane isteach i ndiaidh dó eirí as an múinteoireacht, ach bíodh is gur éirigh leis sna scrúduithe iontrála, diúltaíodh dó nuair a cuireadh faoi thastáil dochtúra é, agus nuair a fuarthas amach go raibh máchail ar chos leis a d'fhág go raibh "iarracht de choiscéim bhacaí aige" (Ó Cearbhaill, 1979: 65). Bhí an Scoil Náisiúnta tar éis a bheith deas leis; glacadh leis ainneoin é a bheith bacach, fad agus nach mbeadh 'galar cneasach' air, rud a raibh na rialacha an-docht faoi (The Thirty-Third Report of the Commissioners of National Education, 1866: 62). Bhí an saol ag teacht sa mhullach air an uair seo is dócha. Bhí an post sa scoil tréigthe aige, agus leis sin, dóchas a theaghlach. Tá ráfla éigin ann gur thit sé amach leo dá bharr (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 2008), agus ba é a fhearacht chéanna é ag a dheirfiúr Annie, a raibh uirthi imeacht ón teaghlach, de shiúl na gcos má b'fhíor do John O' Sullivan, chun post a thógaint mar mhúinteoir i scoil i mBéal Átha an Trí Liag, Chontae Shligigh (J. O' Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Gan post aige féin in Éirinn, d'fhág T. O' Neill Lane an tír chun imeacht sall go Londain Shasana, áit inar fostaíodh mar chléireach san *Incorporated Law Society* é ó 1877 amach (Crone, 1915: 212).

O' Neill Lane i dtosach a ghreise:



Deirtear gurbh é a spreag chun na foclóireachta ar deireadh é ná comhrá le cara inar luadh leis go raibh sé chomh maith aige dul agus foclóir a chur le chéile (The Irish Times, 19 Aibreán, 1912: 9). Anuas air sin, is cosúil go raibh dúil éigin ag pobal na tíre i bhfoclóir nua. Is é sin a thuigfí as cuid dá raibh á rá san Irish Independent ach go háiritithe, fiú amháin sa bhliain 1912: “One of the chief ingredients of any language is the want of a good dictionary, and ireland [sic], though once the fountain-head of knowledge for all the nations of Europe, is now behind them in this respect” (The Irish Independent, 15 Aibreán 1912: 7). Deirtear gur chaith sé fiche bliain leis an gcéad fhoclóir a chur i dtoll a chéile, agus ós amhlaidh go raibh an foclóir sin ag na clódóirí faoi 1903 (O' Neill Lane, 1903), caithfidh gur thart ar 1883-4 a d'éirigh sé as an bpost cléireachais a bhí aige san *Incorporated Law Society* (McEnry, 1972: 2), nuair a thosaigh sé ag bailiú ábhair

scríbhneoireachta go lánaimseartha. B'ábhar ó bhéal a bhailíodh sé, agus tá an chosúlacht ar an scéal gur thaitin an obair seo leis amuigh ar na botháin, ag cómhra le daoine difriúla (ibid: 2). Leis sin, tá scéal ag W.J. McEnry gur bhuaill O' Neill Lane isteach chuig seanbhean sa cheantar lá, ar thóir cainte is dócha, ach gur dhiúltaigh sí cead isteach dó, ag gearán faoi mhíbhinneas an choisbhirt a bhí curtha in oiriúint dá choiscéim bhacaí: "I have often heard, but now I've found, that big old shoes make a terrible sound". De réir sheanchas na háite, ba mar seo a d'fhreagair T. O' Neill Lane í: "I have often heard, but now I've seen, that useless women create a scene" (ibid: 2). Ní hamháin go léiríonn an scéal seo féith an ghrinn a bhí in O' Neill Lane, ach is léir chomh maith go mbíodh sé i dtaithí ar chiúta a chaitheamh chun duine dá mba ghá; bhí an-mhuinín aige as an gcaint bheo, agus bhí cleachtadh aige uirthi ó bheith ag bothántaíocht. Is léir go raibh ardmheas aige ar lucht na ndán, na baird, fadó in Éirinn, agus geasa acusan air dá réir, toisc luí a bheith acu le friotal agus le cumhacht dá bharr:

In those days neither kings nor princes dared to refuse the demands of these itinerant warblers, as even the rulers of the land had as holy a horror of being satirised by our bards (who were not slow in indulging in little playfulnesses of this description if they considered themselves slighted) as they had of being cursed by our saints, who were sometimes addicted to this form of amusement (O' Neill Lane, [gan data]: 19).

Bhí sé ag taisteal in Éirinn cuid mhaith ar an aimsir seo, agus tá a rian sin le feiscint sa chomhfhreagras a bhí aige le *Oxford Journals* a foilsíodh in *Notes and Queries*. Chuir sé béim ar na háiteanna a bhain sé amach: "I have on several occasions visited nearly every corner of Munster in connexion with my books on Ireland and the Irish language" (O' Neill Lane, 1913c: 236), chomh maith leis na rudaí a insíodh dó: "I was told at Achill that the ancient custom of lighting the May Day Fires was still (1898) kept up in Inniskea and other adjacent islands" (O' Neill Lane, 1913d: 335). Níor dhóigh le duine go raibh deacrachtaí airgeadais ag cur isteach ar a shaol sa taisteal seo dó. Is rí-léir go mbaineadh sé taitneamh as soláistí an tsaoil agus é ag bailiú

ábhair dá fhoclóirí. Dar le Maureen Kelly gur thicéad den chéad ghrád a bhíodh aige i gcónaí agus é ag imeacht, agus bhí a fhianaise sin in *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland* inar dhein O' Neill Lane tagairtí do na hóstáin ar fhan sé iontu (O' Neill Lane, [1900]: 198), do na gluasteáin a tugadh amach ar iasacht (ibid: 215), do na galtáin a raibh suíocháin aige orthu (ibid: 216), The Western Railway, a thug go Port Láirge é (ibid: 211), agus in *The Way About Irish Lakes and Rivers*, do na capaill a mhol sé; “We... proceed... on our fiery and untamed but sure-footed steeds” (O' Neill Lane, 19--: 59). Ní foláir nó go raibh airgead mór ar na pribhléidí seo, agus ainneoin a mbeadh le rá aige maidir le deacrachtaí airgeadais níos déanaí, is geall le saoire a chur síos ar a chuid taistil a bhí ceaptha a bheith mar thuras taighde.

Más fíor gur cúig bliana a chaith sé ag taisteal na hÉireann ag lorg ábhair ar an tslí seo (O' Neill Lane, 1904 v), is deacair nó thug sé faoi seo díreach tar éis éirí as an bpost cléireachais in 1884, mar bhí sé i Sasana arís faoi 1889 chun clárú leis an Institute of Journalists (Dyas, 2007). Ceardchumann iriseoireachta ab ea é seo, a chosnódh tuairisceoirí agus iriseoirí le ciste deamhéine, aire do dhílleachtaí na n-iriseoirí a gheobhadh bás, agus tacaíocht airgid do na scríbhneoirí nach raibh obair acu. Bhronn banríon Shasana Cairt Ríoga orthu i 1890 (The Chartered Institute of Journalists, 2008), rud a ligfeadh dóibh a leithéid de rud agus iriseoir cairtfhostaithe a bheith acu.

Léiríonn an tuiscint atá ag an Instiute of Civil Engineers ar choincheap na cairte nó an *charter* an tábhacht atá aige seo go léir do chúrsa T. O' Neill Lane. Dar leo gurb é atá i gceist le hinnealtóir cairtfhostaithe ná duine a shásaíonn riachtanais na heagraíochta a bhfuil cairt aici (Institute of Civil Engineers, 2010). Má bhí T. O' Neill Lane ina bhall den Institute of Journalists a raibh cairt acu faoi 1890, ní foláir nó gur shásaigh sé na riachtanais a bhainfeadh leis an gcairt

sin. D'éirigh leis an méid seo a bhaint amach, gan aon cháilíocht ar leith a bheith aige chuige; mórán mar a shásaigh sé pé coiste a cheap é mar mhúinteoir i Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin. Gan cháilíocht oifigiúil, d'fhéadfaí gur i dtuairim a thaithí ar an saol, mar dhuine in aois a daichead nó mar sin a raibh seal caite aige ag múineadh in Iarthar na hÉireann, agus seal eile mar chléireach caite aige i Londain, a glacadh leis an uair seo.

Caithfear cuimhneamh chomh maith go raibh cúpla bliain ar a laghad de thaithí ar thionscal na hiriseoireachta féin faighte aige faoin am seo. Bhí gairm luathscríobhaí aige in 1881 de réir Dhaonáireamh Shasana na bliana sin, tráth a raibh sé ina chónaí in Pancras, Londain (The National Archives of the UK, 1881 England Census). Ní fios ón bhfoinse seo cé leis a raibh O' Neill Lane ag obair mar luathscríobhaí, ach pé scéal é, ba é a dúirt John J. Kelly ná go bhfuair gaol leis post dó sa *Times*. Ba é a bharúil ná gurbh é Aeneas O' Neill an gaol sin (J.J. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 14 Márta 2008), uncail leis ar thaobh a mháthar den chlann. I dteannta len é a chur ar aghaidh maidir le fostaíocht, is cosúil gur phátrún de shaghas éigin a bhí ann chomh maith. Ba uaidh sin a fuair O' Neill Lane cuid de na leabhair atá sa chnuasach úd, agus tá an méid seo le ríomh ón stampa dearg a iompraíonn a ainm, go háirithe ar an leathanach teidil de *Who Are The Irish?* le J. Bonwick. Sheas sé mar fhinné ar phósadh T. O' Neill Lane in Kensington Londain leis. Ag féachaint ar liosta na síntiúsóirí ag cúl an chéad fhoclóra, is cinnte go bhfuil dealramh leis an tuairim seo gur chineál pátrúin a bhí ann, mar bhí fear darb ainm Aeneas O' Neill ina measc a bhfuil seoladh poist aige sa *Times*, i bPáras (LEID: liosta na síntiúsóirí 11). Lasmuigh den duine seo a bhí muinteartha dó agus muinteartha leis, níor théacht sé leis na hÉireannaigh eile mar ba nós leo an uair sin i Londain. Ba iad muintir Biddlecombe a chomharsana béal dorais ag 17 Argyle Square, agus bhí éagsúlacht mhór slite beatha ag na daoine eile sa cheantar; cumhdaitheoir, déantóir radaitheoirí, agus beirt scoláirí san áireamh (The

National Archives of the UK, Census Returns of England and Wales, 1881). Bhí T. O' Neill Lane é féin lonnaithe i bPáras ar feadh na mblianta le post ceannais mar chomhfhreagraí le hirísí agus le nuachtáin shuntasacha i Sasana (The Irish Independent, 11 Meitheamh, 1915: 4). Ba i bPáras a scríobh sé réamhrá an chéad fhoclóra i Mí Aibreáin 1904 chomh maith (LEID: réamhrá). Baineann sé le dealramh go mbíodh sé ag teacht agus ag imeacht ón dá áit, mar ba bhall d'fhoireann an *Law Times* é i Sasana in 1893 agus arís in 1896. Ba in Iardheisceart Londain a bhí cónaí air go príomha ar na saolta sin áfach; in Fulham i dtús báire, agus in Brixton ina dhiaidh sin (Dyas, 2007). Feictear mar sin go raibh síorghluaiseacht i gceist leis: bhí cónaí air in Brixton, Fulham, Paddington, agus Pancras i rith a thréimhse i Londain, thug sé a thriail ar Pháras anois agus arís, agus d'fhill ar Iarthar Luimnigh nuair ba ghá. Ní foláir nó go raibh sé buíoch d'Aeneas O' Neill as an deis seo le héirí sa saol, agus tugadh buíochas ar leith dó i réamhrá an dara foclóra (LLEID: viii). B'fhéidir gur dósan a bhfuil buíochas ag dul as an méid go raibh T. O' Neill Lane i dteideal '*journalist*' a thabhairt air féin faoi 1891, tráth a raibh sé pósta agus muirear air (The National Archives of the UK, Census Returns of England and Wales, 1891), agus gaoch dá bharr aige ar phost socair le tuarastal ceart.

Thug W.J. McEnry le tuiscint gur pósadh T. O' Neill Lane dhá uair ina shaol, agus gur le bean ó Bhéal Féirste a bhí sé pósta de chéad uair. Dar leis gur chuimil an bás anabái leis an mbean áirithe seo áfach; timpiste bóthair a bhain di (McEnry 1972: 2). Ní raibh cur amach ag McEnry ar bhean a háite. Ní thráchtar ar an mbean a ghin páistí do T. O' Neill Lane in aon chor; go deimhin, tá amhras le braistint i seanchas na clainne féin gur de thairbhe caidrimh eile ar fad a tháinig iníon O' Neill Lane ar an saol. Lena chois sin, is i leith an Bhéal Féirstigh a chuirfeadh an seanchas giniúint shinsear chlann T. O' Neill Lane (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 24 Bealtaine 2008). Is deimhin gur pósadh é dhá uair ina shaol, pé duine lenar phós sé ar an gcéad dul síos,

mar gur dúradh ar a theastas pósta sa bhliain 1888 gur bhaintreach fir a bhí ann. Léiríonn an cháipéisíocht gurbh fhíor do W. J. McEnry ina thaobh sin, ach mar sin féin, ní foláir nó nach raibh O' Neill Lane i bhfad lena chéadbhean faoin am ar éirigh an tubaiste di. Is cinnte nár rugadh páistí dóibh. Ba í Dorette Ayley, Sasanach mná, máthair pháistí T. O' Neill Lane. Níorbh í an chéad bhean chéile ar cheart do bheathaisnéiseoirí ná sheanchaithe a bheith ag trácht uirthi mar sin. Ach, ag síolrú ó na foinsí céanna, is é an t-eolas céanna i dtaobh mhná T. O' Neill Lane a thugtar sna cuntais bheathaisnéise atá inniu ann, *Beathaisnéis a Dó* le Breathnach agus Ní Murchú ina measc.

Fógra phósadh O' Neill Lane sa *Times*, 31 Iúil 1888:

MARRIAGES.

On the 29th July, at the Pro-Cathedral, Kensington, by the Rev. Chas. A. Cox, TIMOTHY O'NEILL LANE, third son of the late Timothy Lane, of Templeglantine, county Limerick, to DORÉTTÉ ANNIE, eldest daughter of the late WILLIAM AYLEY, of Charlton, Kent.

Ba ar 29 Mí Iúil 1888 in Ardeaglais Kensington a pósadh T. O' Neill Lane agus Dorette Annie Ayley, iníon le William Ayley as Charlton, Kent (The Times, 1888). Dúirt John O' Sullivan gur bhan-aisteoir ab ea an ógbhean uasal seo (J. O' Sullivan, comhfhreagrás príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Saolaíodh an chéad leanbh dóibh, cailín, sa bhliain 1890, agus bá é Dorothy an chéadainm a baisteadh uirthi. Tugadh sloinne a hathar agus sloinne a máthar araon di, siúd is gur pósadh a tuismitheoirí san ardeaglais cúpla bliain roimh theacht ar an saol di. Rugadh mac do T. O' Neill Lane, Timothy A. Lane, ar 5 Mí Eanáir 1891 (B. Gilbert, comhfhreagrás príobháideach, 24 Bealtaine 2008). Bhí clann óg aige i Londain, agus post aige len í, maille leis an taighde

foclóireachta, a mhaoíniú. Ba úinéir talún é chomh maith dar lena raibh d'eolas ar a theastas pósta, fíoras a chuirfeadh leis an tuairim go mb'fhéidir gur tháinig talamh anuas ar oidhreacht chuige óna chéad phósadh leis an mbean ó Bhéal Féirste. Bhí teach acu in Paddington agus bhí giolla i dteannta banaltra ann len é a choimeád, de réir mar a bhí sna tithe mórthimpeall air. Stocbhróicéir, cuntasóir, abhcóide, ceantálaí, agus scoláire ab ea na slite beatha a bhí ag na daoine breátha buirgéseacha a bhí mar chomharsana béal dorais acu. Iriseoir agus údar a bhí ann féin (The National Archives of the UK, Census Returns of England and Wales, 1891). Bhí T. O' Neill Lane tar éis a theaghlach a lonnú in áit mhaith shocair. Le mac amháin agus iníon amháin, bhí clann an duine uasail air. Bhí an saol teaghlaigh socraithe aige, rud a spreagfeadh duine chun gnímh, mura nglacfadh sé a chuid ama air. Ach sracadh é sin as a chéile. De réir an tseanchais, cailleadh Dorette, an dara bean, nár ráinig riamh léi glaise na hÉireann a fheiscint, agus seoladh Timothy óg go Tuar na Fola i Luimneach dá bharr, áit inar fhan sé le muintir Kelly ar feadh tamaill (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 13 Márta 2008). Níorbh fhios do W.J. McEnry cad a d'imigh ar an iníon Dorothy, ach ní go hÉirinn a chuaigh sí riamh lena linn (McEnry, 1972: 2). Ach in ainneoin forleithne na tuairime sa seanchas gurbh é bás Dorette a chuir le cliseadh na clainne in Kensington, dhein alt nuachtáin amháin tagairt ghreannach dá marthain leanúnach ar bhás don fhoclóirí mór: "Mr. Lane's widow and daughter are, said counsel, residing in England, and the son is with the New Zealand force in Egypt" (The Irish Independent, 9 Márta, 1916: 4). Dá bhrí sin, bheadh sé mar iachall ar dhuine glacadh leis an bhfíoras gur theip ar an bpósadh, agus gur baineadh clann T. O' Neill Lane anuas mar gheall air sin. Go deimhin, ba chuimhin le Maureen Kelly rud éigin den saghas sin a chloisint, cé nach raibh sé ina chumas a rá cé acu bean a raibh an scaradh aige léi; bhí braistint aici gur cholscaradh a bhí ann, agus gur lug amháin eile é ar an lag a chruthaigh aighneas idir é agus a mhuintir sa chéad áit, cé nach ann do cháipéisíocht

dhlíthiúil a thacódh don tuairim gur scaradh ar bhonn dlí iad. Níor bhaintreach fir é de réir dhaonáireamh na bliana 1901 ar aon nós, tuariscítear é a bheith ‘married’ fós ag an tráth sin (Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1901). Baintreach fir is ea é faoi dhaonáireamh 1911 áfach (Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1911), in ainneoin na tagartha dá ‘widow’ san Irish Independent tar éis a bháis (The Irish Independent, 9 Márta, 1916: 4). Is í an chonclúid ar gá glacadh leis ón gcuntas seo ná gur ríléir go raibh T. O’ Neill Lane tar éis bean a phósadh, gur chosúil gurbh as Béal Féirste di, go bhfuair sí bás i dtubaiste thragóideach, agus gur phós sé an athuir le bean darbh ainm Dorette Ayley, ónar scar sé, leis an toradh gur thit a chlann as a chéile. Pé scéal é, ní hamhlaidh gur ghlac T. O’ Neill Lane le cúram a pháistí ag aon am i rith an fhichiú haois, pé acu an raibh Dorette ina beatha nó nach raibh.

B’fhéidir gurbh amhlaidh go raibh an fear ag déanamh róthochta i ndiaidh a mhná, nó gur ghoill an scaradh uaithe an-mhór air, ach d’fhéadfaí chomh maith gurbh é a bhí ann ná nár oir cúram na bpáistí óga do chlár an fhoclóirí mhóir. Thosaigh a mhac ag freastal ar Scoil Ghleann na nGort agus é ag fanacht i dTuar na Fola le muintir Kelly, gaolta leo. Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfilleadh a athair ar Iarthar Luimnigh ó am go chéile, is nach raibh d’acmhainn aige aird ná aire a thabhairt dá mhac ós rud é go mbíodh sé gafa i gcónaí ag tionscadal an fhoclóra (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine 2008). Díbríodh Timothy A. Lane go dtí Toowoomba, Queensland na hAstráile faoi dheireadh, áit a raibh aintín leis agus deirfiúr lena athair, Hannora (nó Hana) Lane ina cónaí (J. O’ Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Bhí Timothy thart ar 12 nó 13 bliain d’aois ag an am seo (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 24 Bealtaine 2008). Tharla gur fhill sé ar an Eoraip mar fhear óg thart ar aimsir bhás a athar. Níorbh athmhuintearas a bhí ann áfach; ba chuig an bhFrainc a seoladh é chun troid ar son Arm na hAstráile i rith an Chéad Chogadh Domhanda (McEnry,

1972: 2). Chuaigh sé abhaile tar éis an Chogaidh, is é sin, go dtí an Astráil, agus bhog sé ar aghaidh go dtí Shanghai na Síne ina dhiaidh sin, mar a raibh sé ina eagarthóir ar nuachtán Béarla (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 13 Márta 2008), ag leanúint lorg liteartha a shinsir. Ní hamháin gurbh iriseoir a bhí ann dála a athar, ach thosaigh sé ag baint úsáide as a ainm chomh maith; ‘T.’ mar ghiorrúchán ar ‘Timothy’, amach le ‘A’ mar ghiorrúchán ar ‘Ayley’ agus isteach le ‘O’ Neill’, chun fear eile darb ainm ‘T. O’ Neill Lane’ eile a chur ar an saol (ibid). Agus é i mbun pinn, chuir sé amach foilseacháin a dhein cur síos cuimsitheach ar bhagairt míleata na Seapáine ar an Astráil; leabhar amháin i 1942 dar teideal *Civilization: Japanese Style*, agus ceann eile a athfhoilsíodh i 1992 dar teideal *When the Japanese Conquer the World: The Worst Case Scenario*. Ba é seo an saineolas a thug sé leis ón tSín nuair a tháinig sé ar ais go dtí an Astráil an athuir. Ba sa tír sin a d’éag sé, in Brisbane, sa bhlian 1963 (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 13 Márta 2008). Maireann iníon leis i gcónaí darb ainm Patricia Gilbert, in California Mheiriceá di, ach is cosúil gur scaoil a hathair léi go luath ina saol (B. Gilbert, comhfhreagras príobháideach, 13 Márta 2008), mórán mar a scaoil T. O’ Neill Lane sinsearach, a seanathair, lena hathair féin ar an gcéad dul síos.

Ní dócha gur lean sé leis an iriseoireacht go lánaimseartha i ndiaidh an dara seal oibre sa *Law Times* in 1896, ach bheadh sé seo ag teacht leis an méid a scríobh John J. Kelly a dúirt gur fhág sé an post seo agus gur fhill sé ar Iarthar Luimnigh ag teannadh le deireadh an chéid. Ba dhóigh le duine gur shaghas cealbhachais a bhí ar siúl aige i rith na tréimhse seo dá shaol. Dúirt Kelly gur chaith O’ Neill Lane tamall le gaol éigin in Islandanny, agus gur bhog sé go dtí teach le duine dá dheartháireacha i dTeampall an Ghleanntáin ina dhiaidh sin (J.J. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 14 Márta 2008). Bhí sé ag gabháil don scríbhneoireacht lánaimseartha ag an am seo, agus ba ann a scríobh sé *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland*, a foilsíodh ag tús

na bliana 1900. Ar na rudaí a bhí curtha amach aige roimhe sin, bhí *The Way About Ireland*, *The Way About Irish Lakes and Rivers*, agus *The Sportsman's and Tourist's Guide to Ireland*, saothair a bunaíodh ar a chuid taistil fhorleathain. Tuigtear ó dhaonáireamh na hÉireann sa bhliain 1901 go raibh sé ag aíochtach i dteach fhear céile a dheirféar Bridget ar an 31ú Márta. Ba é William Harnett ainm a fir chéile, agus ba i mbaile Mhainistir na Féile a bhí an teach aige. Ceannaí fíona agus biotáille ab ea an fear seo, agus ní raibh scríobh aige féin, ná ag Bridget. Is é “T. O’ Neal Lane” an leagan a tugadh d’ainm an scoláire mhóir a bhí mar lóistéir acu, agus is é teideal a bhí air ná “author of Guide Books”. Ba é an dara duine ab ísle ar liosta na ndaoine a bhí sa teach; ba é an t-aon duine níos ísle ná é ar an liosta ná Thomas O’ Connor, ceithre bliana d’aois, ar mhac é le Bridget ó phósadh eile (J. O’ Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine 2011).

Luaigh John Kelly gur leo féin a d’fhan an foclóirí mór nuair a bhí an dá fhoclóir á gcur le chéile aige (J.J. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 14 Márta 2008), ach a umhaile is a bhí sé, níor admhaigh sé san alt gurbh í a mhuintir féin a réitigh seomra ar leith dó, gur thugadar aire dó, agus gur leo a mhair sé go dtí lá a bháis (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine 2008). Ba i gCnoc na Duimhce, Tuar na Fola a bhí an teach seo, agus maireann sé fós, i dteannta na scéalta ar fad a bhaineann leis. Is cinnte gurbh ann a bhí sé lonnaithe go socair faoi 1903, ó tharla gurbh é “Tournafulla, Co. Limerick” an seoladh poist a thugadh sé i gcónaí. I bhfianaise a chuid chomhfhreagrais; scríobh Lord Castletown chuige ar an 11ú lá de Mhí Mhárta 1903, ag fiosrú faoi theacht amach an fhoclóra, agus bhí sé de chaoithiúlacht ag T. O’ Neill Lane é a fhreagairt ar an lá dár gcionn (O’ Neill Lane, 1903). Dúirt Maureen Kelly nár fhág sé riamh an t-ionad oibre áirithe sin i dteach sheanathair John J. Kelly, a fear céile; “that was his main abode – ever from the day he went in there” (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine 2008). Tagann daonáireamh na hÉireann sa bhliain 1911 leis an méid seo. Ar an bhfoirm a líonadh

amach don teach áirithe sin, bhí John Denis O' Kelly, seanathair leis an bhfear a scríobh alt sa *Limerick Leader*, ar barr an liosta mar a bheadh *paterfamilias*. Thíos ag an mbun ar fad, in aon cholún leis leis daltaí óga (Thomas O' Shaughnessy agus Timothy O' Shaughnessy) a bhí ag fanacht ann mar lóistéirí, bhí T. O' Neill Lane, baintreach fir, agus ba é an gaol a luadh a bheith aige le fear an tí ná col ceathar. Tuairiscíodh Gaeilge a bheith ag gach aon duine sa teach. Mar le gairm, feirmeoir ab ea fear an tí, ach tugadh suntas do T. O' Neill Lane de bhrí go raibh sé ina údar ar "English-Irish Dictionary" (Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1911). Cuimhneofar ar chuntas a thug an Duinníneach ar choincheap an scoláire bhoicht:

Scoláire, g. id., pl. ridhe, m., ... scoláire bocht, a "poor scholar," a student who had a great desire for learning, and promised well, but who was too poor to pursue his studies at his own expense. A few such students attended the best schools, and were maintained free of charge in the houses of the neighbourhood ... The neighbours vied with each other as to who should have the honour of being host to the "poor scholar." This custom lasted down to our own day (Dinneen, 1904: 613)

Bhí an chéad fhoclóir ón scoláire bocht seo ar an bhfód faoi 1904. Níor tháinig an dara heagrán den fhoclóir amach go dtí 1915. Foclóir suimiúil, toirtiúil, corrmhéineach, lochtach ab ea an iarracht sin ar deireadh, ar féidir léargas breise a fháil ar phearsantacht an fhir féin as, faoi mar a fheicfear amuigh sa tráchtas. Pé scéal é, ní dócha go raibh obair sheasta ar bith eile aige san aon bhliain déag a caitheadh idir fhoilsiú an dá fhoclóir faoi seach. Cé gurbh annaimhe a chuaigh sé féin ag taisteal agus é ag dul in aois, ba nós leis fós ina bhagántacht a bheith ag snámh i bpoll ar leith darbh ainm an 'Gob' san Allacáin in aice láithreach. Ba chuimhin le McEnry é a bheith cnagach láidir go maith ina sheanaois, agus go raibh rian na gréine allúraí le sonrú ar a chreat mór groí (McEnry, 1972: 1). D'fhan sé i dteangabháil le saol mór an eolais, agus bhí sé mar sprioc aige cos a choimeád leis an Léann Ceilteach agus le scolairí Gaeilge na linne sin (LEID: vi). D'éirigh leis é sin a chomhlíonadh. Bhí an t-ainm 'J. O' Neill Lane' as "Tournafulla, Co.

Limerick” le feiscint i measc ainmneacha na síntiúsóirí sa leabhar *Welsh Vocabulary of the Bangor District*, ach is dócha gur bhotún cló é seo, agus gurbh é a bhí ann ná léiriú nithiúil ar an tacaíocht a thaispeáin T. O’ Neill Lane s’againne, seachas J. O’ Neill Lane na hearráide, don Léann Ceilteach. Ba chuimhin le Bill McEnry go mbuaileadh sé le T. O’ Neill Lane gach lá nuair a bhíodh sé ar an mbealach go dtí an Oifig Phoist áitiúil lena shaitil leathair a bhíodh lán de litreacha le seoladh (McEnry, 1972: 3). Is léir gur bhain cuid de na litreacha áirithe seo oifig *Oxford Journals* amach, mar bhíodh a chuid nótaí ar ghnéithe difriúla de stair agus theanga na hÉireann le fáil go féiltiúil i gcuid *Notes and Queries* na hirise sin ag ceann tosaigh na bliana 1913.

Oiriúnach go maith, is as litir a scríobh sé féin chuig *The Irish Book Lover* in 1913 agus a foilsíodh san iris chéanna in 1915 a fhaightear léargas breise ar chuid deiridh a shaoil. Agus iad i gcomhfhreagras leis i dtaobh eagrán nua a fhoclóra, LLEID, mhaígh sé go raibh sé tar éis na seacht mbliana deireanacha dá shaol a chaitheamh ar sclábhaíocht ar an bhfoclóir amháin (Crone, 1915: 212). Fágann sé sin bearna ceithre bliana i gcroineolaíocht a shaoil áfach, óir ní fios go baileach cad a bhí ar bun aige idir theacht amach an chéad fhoclóra i 1904 agus tosnú dó ar an dara foclóir i 1908. Tá fianaise a dhóthain ina chuid leabhar gur chaith sé cuid mhór den am seo i bPáras; “Paris 1905” a scríobhadh faoina shíniú ar chóip de *Observations by Mr. Dooley* le R.H. Russell. “Paris 1906” a bhreacadh isteach in *Playhouse Impressions* le A.B. Walkley. Ba iad “Feb 27 1907”, “Nov 25 1906” agus “Feb 1 1907” na dátaí a luadh leis na gearrthóga a bhain sé as nuachtáin Fhrancacha, agus ba é “Paris 1908” a scríobh sé sa chóip de *The Sketch Book* le W. Irving a bhí aige. Ní heol go beacht a raibh ar siúl aige le linn na tréimhse seo dó sa Fhrainc, ach is é is doichí de ná gur lean sé air a bheith díograiseach, de shíor ag plé leis an léann agus leis an bhfoclóireacht. Bhraith sé gur chuma leis airgead a bheith á chailliúint aige fad agus a chuirfí an

foclóir amach “in good time”. Mar sin féin, bheartaigh Rialtas na Breataine deontas £250 a bhronnadh air i 1913, nuair a fuarthas amach go raibh maitheas sa togra (ibid: 212). Bhí costas breá de dhá ghiní ar an saothar chomh maith; is é sin dhá phunt agus dha scilling.

Faraor, níor mhair sé leis an bhfoclóir a fheiscint agus é foilsithe i gceart. D’éag T. O’ Neill Lane ar 8 Meitheamh 1915, “after a short illness” dar le tuairisc san *Irish Independent* (The Irish Independent, 11 Meitheamh, 1915: 4). Ba bhás tobann a bhí ann dar leis an *Irish Times* (The Irish Times, 18 Meitheamh, 1915: 5), cúpla mí sular cuireadh LLEID amach i gceart, saothar a shaoil, é díreach curtha i gcrích aige. Tíolacadh saothar an fhoclóirí mhairbh do lucht na cléire toisc gur dheineadar maoiniú fial ar an togra an athuair. Ina dhiaidh sin agus uile áfach, tá scéal ann gur bhuan dó nuair a bhain na foclóirí clóite teach Kelly amach. Fuarthas cogar scéil go raibh an traein lastais ó Bhaile Áth Cliath le teacht isteach go Bóthar Devon, agus d’imigh duine den teaghlach ar cháirt chapalltharraingthe leis na bearta foclóirí a bhailiú. Dúradh go raibh de mheabhraíocht aige lámh a leagan ar a chóip féin in aitheantas ar an éacht (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine 2008), ag rá go scrúdódh sé iad ar an lá dar gcionn (J. O’ Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Ní raibh sé ina bheatha leis an scrúdú sin a chomhall an lá dár gcionn áfach.

Bhí sochraid mhór ag T. O’ Neill Lane ar a raibh slua toirtiúil, agus ba nuacht mhór í i dTeampall an Ghleanntáin, i dTuar na Fola, agus i mBrosnach (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine 2008), áit ar cuireadh é. Ba le John Lane, a sheanathair, agus Aeneas Lane, a uncail, a adhlacadh é. Cuimhnítear go fóill sa cheantar nár fhreastail cuid de mhuintir Lane ar an tsochraid in aon chor (ibid), ach bhí scéal faighte ag John O’ Sullivan óna sheanmháthair, ar neacht do T. O’ Neill Lane í agus a bhí ar an tsochraid í fein, a bhréagnódh

cuma an easaontais; agus an comhairí sa síúl, dúirt John go raibh cuid de mhuintir Lane ina seasamh ar mhullach an chnoic, mar a rabhadar ag treabhadh, iad ag breathnú anuas ar an ngleanntán. Ní raibh iontu sin áfach ach an chuid de mhuintir Lane ar cuireadh iachall orthu fanacht sa bhaile chun síúl a choimeád ar an eallach, ar dhual dóibh ag tráth áirithe sin na bliana briseadh isteach ar thailte féaraigh a bhí fágtha ar leataobh (J. O' Sullivan, comhfhreagras príobháideach, 22 Bealtaine, 2011). Is dóchúla ná go raibh pé baill den neasteaghlach a bhí fós ina mbeatha i láthair ann. Sheas Annie Lane leis i dtráth a chonspóide leis an scoil náisiúnta, agus ba le duine dá dheartháireacha a d'fhan sé nuair a d'fhill ar Iarthar Luimnigh le dúnadh an chéid. Ba iad Eneas, William agus John a dheartháireacha, ach cailleadh Aeneas go hóg, agus bhí William trí bliana déag níos sine ná é; ar an mbonn sin, is dóchúla gur John, a bhí cóngarach in aois dó, a thug óstaíocht do Timothy. Ina theannta sin, bhí fear duine darbh ainm T.W. Lane ó Theampall an Ghleanntáin i measc na síntiúsóirí le LLEID. Ní foláir nó bhíodar seo i láthair ag an tsochraid má bhí ina gcumas freastal in aon chor.

Fear ann féin a bhí in T. O' Neill Lane, agus níor leasc leis scaradh lena theaghlach ná lena chlann mura n-oirfeadh saol na héiginnteachta dóibh. Ach bíodh is gur shéan sé cúram a chlainne féin, tháinig sé isteach ar urláir dhaoine eile de réir mar ar oir dó, agus ba é úrlár Kelly an t-urlár ba shuntasáí acu sin. Sheas sé le muintir O' Neill, taobh a mháthar den chlann, nuair a thacaíodar leis. D'fhéadfaí a rá gur theastaigh uaidh an bhreith as dá rogha a bheith aige i gcónaí.

Dhein Michael Lane athfhriotal ar a ndúirt a chol ceathar mór i gcomhrá le cara dá chuid, é ag trácht ar Eoghan Ruadh agus na filí Gaelacha, agus ar an mian a bhíonn sa duine é féin a chaomhnú tar éis bháis dó. Ar seisean:

But then are not all writing people mechanic in self dramatisation? It is passing strange that the

names and work of the old Gaelic Bards... live on, and flourish, while the modern odious bandwaggoners come and go with the fireless flame of magnesium, a cause for wonder that such heat does not shed light. (Lane, 1976)

Ba í seo caint an tseanfhir i reachtaibh an bháis b'fhéidir. Is léir go raibh T. O' Neill Lane ag déanamh a mhachnaimh ar an leagáid a bhí le fágaint ina dhiaidh aige, agus b'fhéidir fiú amháin go mbíodh cuid den fhéindrámú seo ar siúl aige féin. Is féidir rian de seo a aithint sa tslí ina mbíodh sé de shíor ag féachaint le mionchoigeartú a dhéanamh ar a ainm; baisteadh Timothy Lane air in 1852, ghreamaigh sé O' Neill dá ainm in 1877 ar theacht go Londain dó, d'fhág sé 'Lane' ar lár go luath sna nóchaidí, ach bá é Tadhg Níallach Ó Liatháin a bhí ann ar uairibh chomh maith. Ar deireadh, fágadh Timothy Ó' Neill Lane féin ar lár, agus ba é sin é an duine a cuireadh i gcré chill Bhrosnaigh sa bhliain 1915.

O' Neill Lane in earr a ré:



OBITUARY.

TIMOTHY O'NEILL LANE died on 8th June at Tournafulla, Co. Limerick, and was buried at Brosna, Co. Kerry. He was born at Templeglantine, Co. Limerick, 63 years ago, and became a national school teacher there. In 1877 he was appointed a clerk in the Incorporated Law Society, London, and according to some accounts, afterwards acted as Paris correspondent to several English newspapers. He published "Round Erin: or Highways and Byeways in Ireland," N.D.; "An English-Irish Dictionary," 1904, a larger edition of which is announced in our advertising pages. In the last letter we received from him he wrote in reference to this new work: "I have already spent on the book £2,500 on the collection of materials during the greater part of my life; £300 on compilation, and £350 on incidental expenses and the cost of living for the past seven years, which I have devoted exclusively to the Dictionary. . . . In 1913 the Government, after a full inquiry into the value of my work, made me a grant of £250. I shall never get back half the money I have spent on it, but this will not worry me if I can bring it out in good time." Though not a great scholar, he was an earnest and enthusiastic worker, and the new edition of his Dictionary will be his best monument.

An taobh de chill Bhrosnaigh a bhfuil T. O' Neill Lane curtha ann:



Caibidil a Dó

Comhthéacs na Foclóireachta Gaeilge in aimsir T. O' Neill Lane

Is i leabhar le Liam Mac Amhlaigh dar teideal *Foclóirí agus Foclóirithe na Gaeilge* atá an cuntas is deireanaí a cuireadh amach ar shaothar foclóireachta T. O' Neill Lane le fáil. Dhein Mac Amhlaigh iarracht ar éachtaint a thabhairt ar an dearcadh a bhí ag O' Neill Lane ar chúinsí cultúir agus polaitíochta sa chuntas céanna. Ar seisean; “Ba é Conradh na Gaeilge agus ré na hathbheochana a spreag an foclóirí lena thaighde a mheas mar chuid den athbheochan sin... bhí ionad ag foclóir O' Neill Lane ag tús an fichiú haois, aimsir athbheochan na Gaeilge. Ní mór smaoinemh ar mhana Chonradh na Gaeilge sa dóigh chéanna, ‘Tír is Teanga’” (Mac Amhlaigh, 2008: 87-90). Is iarracht atá sa mhéid seo a leanas ar léargas a thabhairt ar chomhthéacs polaitiúil, sa chiall is leithne den fhocal, agus ar chomhthéacs foclóireachta ré T. O' Neill Lane, féachaint arbh fhíor do thuairim Mhic Amhlaigh. Tabharfar gearrchuntas cróineolaíoch anseo ar staid fhoclóireachta na Gaeilge go nuige O' Neill Lane trí chuid de phríomhphointí réamhráite na bhfoclóirí ábhártha a scrúdú. Tá i gceist chomh maith léargas éigin a thabhairt ar staid chultúrtha agus pholaitiúil na tíre anuas le linn bheatha an fhir é féin. Is i bhfianaise an chúlra sin a dhéanfar iarracht ar fhoclóir T. O' Neill Lane a mheá sa chaibidil seo. Tabharfar le fios faoin deireadh nár cheart O' Neill Lane a shamhlú le gluaiseacht náisiúnaíoch Athbheochan na Gaeilge, agus, ar an mbonn sin, nárbh fhíor go hiomlán don mhéid gairid a dúirt Mac Amhlaigh ina thaobh. Ar deireadh, tabharfar míniú úr ar na cúinsí a thug chun na foclóireachta é.

Ní raibh mórfhoclóir aonteangach Gaeilge ann ó cuireadh *Foclóir nó Sanasan Nua* i gcló sa bhliain 1643 (ibid: 1), agus fágann sé sin gurb é atá i scéal na bhfoclóirí Gaeilge ná scéal theangabháil na Gaeilge leis an mBéarla. B'oiriúnaí i gcomhthéacs phlé ar pholaitíocht foclóirí an scéal seo a shainmhíniú mar choimhlint idir an dá phobal ar fhreastal na teangacha ar leith orthu,

agus teacht chun cinn phobal agus úsáid an Bhéarla faoi dheireadh. Ba é *The English-Irish Dictionary: Foclóir Béarla-Gaoidheilge* le Conchur Ó Beaglaoidh agus Aodh Buidhe Mac Cruitín an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge riamh a foilsíodh, agus ba i bPáras na Fraince a deineadh an gnó stairiúil sin sa bhliain 1732. Ba i mBéarla a scríobhadh an réamhrá ann, teanga na gcoilíneach féin á húsáid chun dul i ngleic leis an gclúmhillleadh a bhí á dhéanamh acu ar stair na nGael i saothair ar nós *Hibernia Anglicana* le Richard Cox (Crowley, 2005: 131). I rith luathchéimeanna an naisiúnachais chultúrtha a d’fhás ón gcineál sin de reitric, b’fhaobhar chun polaitíochta a bhí ag Seán Ó Briain a d’fhógair teacht aniar na nGael ar bhonn spioradálta in *Foclóir Gaoidhilge Sax-Bhéarla, or an Irish-English Dictionary*. Dhein sé amach gur threibh mhórálta a bhí iontu fiú amháin agus iad ina bpáganaigh toisc téarmaí a bheith acu ar na suáilcí éagsúla mórálta go léir (ibid: 126). Lean Éadbhárd Ó Raghallaigh den mhóitíf seo ina thagairtí do na “devastating hands of barbarous invaders” a bhí ag díothú an “most original and unmixed language now remaining in Europe”, chomh maith leis an gcráifeacht, oideachas, agus eagna a bhain léi. Ba é a bhí tábhachtach faoi argóint an Raghallaigh ná an bhéim a leag sé ar an teanga mar urlabhra bheo arbh fhearr a thuigfí í agus arbh fhearr a dhéanfaí cumarsáid leis an gceithre chúigiú (i.e., an céatadán de dhaoine sa tír dar leis a raibh an teanga mar ghnáth-theanga chumarsáide acu) den tír a labhair í ach cabhair fhoclóir Gaeilge-Béarla a bheith acu (Crowley, 2005: 132). Ba é an foclóir a gineadh de thoradh na tuairime sin ná *Sanas Gaoidhilge-Sagsbhéarla: An Irish-English Dictionary*.

Bhí bunús céad bliain ann gan foclóir úr Béarla-Gaeilge faoin am gur tháinig *An English-Irish Dictionary intended for the use of schools* le Tadhg Ó Coinnialláin ar an bhfód in 1814, saothar a lorg leathnú an Bhéarla agus an dátheangachais ar fud na tíre agus é ag áiteamh nárbh ionann athbheochan na teanga Gaeilge agus ceilt an Bhéarla (Ó Coinnialláin, 1814: v). Ba é mian

Uí Choinnialláin, faoi mar a thug sé le fios sa réamhrá, ná go ndéanfaí náisiún amháin de na treibheanna Gaelacha difriúla trí mheán na teanga Gaelaí (Crowley, 2005: 136), agus dá réir sin, bhí mar sprioc ag *An English-Irish dictionary intended for the use of students of the Irish language* (1855) le Daniel Foley cumas a thabhairt don duine nach raibh Gaeilge ar a thoil aige cumarsáid a dhéanamh sa teanga sin lena raibh de chainteoirí Gaeilge fágtha sa tír (ibid: 132). Chuir Foley tús leis an díospóireacht ar chaighdeánú na teanga i réamhrá an tsaothair chéanna. Ba dhóigh leat gurbh é seo an chéad uair a bhfacthas gur thriail foclóirí “all in [his] power to adopt a uniform spelling” (Foley, 1855: iii).

Ba léir faoin tráth seo gur dhaingniú an náisiúin Ghaelaigh a bhí i gceist, agus go raibh laghdaithe go mór ar an gcaint ar fad i dtaobh Shasana agus na himpireachta i measc na bhfoclóirithe. Bhí foclóirithe na Gaeilge tosnaíthe ar a bheith ag díriú isteach ar phobal na teanga agus ar phobal an chultúir dhúchais, chomh fada agus a bhain sé leis an bpolaitíocht. In ainneoin mhuinín úr na féachana siar cultúrtha sa bhfoclóireacht áfach, de thoradh ‘tosca tarraingthe’ na ndeiseanna fostaíochta ar eastáit mhór na bplandóirí (Dolan, 1999: xxviii) i gcomhpháirt le ‘tosca brú’ an Ghorta Mhóir, inar cailleadh na milliúin cainteoirí dúchais Gaeilge (Ó Muirthe, 2000: 12), ba í an fhírinne lom ná go raibh an Béarla, agus ar bhain leis de pholaitíocht, tar éis teacht chun cinn go mór in Éirinn faoin am céanna. Dá bhrí sin, ag deireadh an naoú haois déag, ráinigh go raibh Conradh na Gaeilge ag iarraidh nádúr cultúrtha an Ghaeil a athghabháil faoi mar a bhí an feachtas Rialtas Dúchais ag féachaint le tionchar seachtrach na nGall a bhaint de stiúradh na tíre.

Is féidir cuid de dhearcadh ceart T. O’ Neill Lane sa tréimhse seo a dhéanamh amach, sula bhfacthas foclóir riamh uaidh, ó réamhrá leis i gceann de na chéad leabhar a d’fhoilsigh sé; *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland*. Dhein sé cur síos spráúil ann ar shaol na tíre

mar chuid de leabhar treorach a raibh mar aidhm aige, is cosúil, turasóirí Sasanacha a mhealladh chun na tíre. Bhain sé feidhm shonrach as uaim na litreach ‘p’ chun a bheag a dhéanamh d’fhadhbanna an tseichteachais sa tír. Ar seisean go fileata:

No one can be said to have completed his education until he has been to Ireland, where the Papist, the Protestant, and the Presbyterian are to be found in all their glory, with pride, prejudice, and plenty on the one side, and pigs, poverty, and the poorhouse on the other. In close proximity are priests, peasants, and potatoes, intermixed with punch and politics, and lastly come patriots, poteen, and police. When patriots get outside the poteen, the police run both in (O’ Neill Lane, 1900: 2).

D’admhaigh sé gur mhair an bhiogóideacht sa tír ar an dá thaobh, ach dúirt sé chomh maith go raibh súil aige go ndéanfaí athmhuintearas eatarthu go luath (ibid: 2). Bhí snáithe an athmhuintearais le braistint go smior ann, agus murab ionann agus an cúpla foclóirí ba dheireanaí a tháinig roimhe, bhí tuairim pholaitiúil i dtaobh Shasana le cur in iúl aige, ag comharthú céime eile i misniú na tíre b’fhéidir. Athmhuintearas idir an dá oileán sin a bhí uaidh, agus dála ar dhein Ó Beaglaíoch agus Ó Cuirín, ba ar an stair a dhírigh sé chun a chuspóir a bhaint amach. Léirigh sé scéal chomhaltas an dá phobal i dtógáil na mainistreach Proinsiasaí in Áth Dara sa chúigiú haois déag; “the Irish chieftains combining with their English despoilers in the pious work” (ibid: 209). Ba ghonta fós a bhí móitíf seo an *rapprochement* le feiscint in *The Way About Ireland*, leabhar taistil dá chuid den chineál céanna. Ar seisean: “Englishmen fancy that it is dangerous to visit Ireland. This is an entire mistake... if we succeed in inducing some of our friends in England to visit the sister island during the coming season, we shall be delighted as we are sure they will be” (O’ Neill Lane, [gan dáta]: 7-8). Ag caint ar na seoda geala óir i Músaem na Breataine: “Those in the British Museum illustrative of British history are without exception Irish” (ibid: 14). Ba dhóigh leat gur ag léiriú leanúnachas cultúrtha an dá oileán a bhí sé anseo, chomh maith lena bheith ag maíomh as fiúntas chultúr a phobail féin. B’fhéidir go bhféadfaí a rá gurbh é

toradh a bhí ar an taidhleoireacht seo ar fad ná an deontas de £250 (Crone, 1915: 212) a fuair sé ó Rialtas na Breataine do *Lane's Larger English-Irish Dictionary* faoi dheireadh, ach mar sin féin, ní raibh mórán de rian na seintiminte céanna le feiscint i gceachtar den dá fhoclóir. Ar ndóigh, ba mhó iomrá ar fad ar fad a bheadh ar an dá fhoclóir seo níos déanaí ná mar a bhí ar a chuid leabhar taistil. Mar sin, ba ar an ábhar a cuireadh ar fáil i réamhráite na bhfoclóirí ba mhó a dhíreofar nuair a bheifear ag trácht ar dhearcadh polaitiúil T. O' Neill Lane.

Ba é foclóir Béarla-Gaeilge Daniel Foley an foclóir ba dheireanaí ar fad a bhí tar éis teacht ar an saol nuair a taibhsíodh do T. O' Neill Lane gur mhithid dó tosnú ar ábhar Gaeilge do thogra foclóireachta a bhailiú i lár ochtóidí an naoú haois déag. Cé go raibh níos mó ná tríocha bliain ann ó cuireadh an foclóir Gaeilge-Béarla deireanach amach faoin am sin, d'fhág cúinsí polaitíochta gur mhó práinn a bhain le foclóir Béarla-Gaeilge a chur amach. Bhí an tír nach mór galldaithe ina hiomláine, go teangeolaíoch ar aon chuma, agus bhí gloch dá bharr ar an mBéarla a aistriú ar ais go Gaeilge mar chuid den “athGhaelú a lean bunú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893” (Mac Mathúna, 2007: 4) a bhí faoi lánseol faoin am. Mar shampla, mhaígh O' Neill Lane in *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland* gurbh uaisle fuaim na logainmneacha in Éirinn i nGaeilge ná iad i mBéarla sa leabhar teorach a bhí sé ag cur ar fáil do na Sasanaigh; “The names are much more high-sounding in Irish than in English – Cnoc-na-Catharach, Cnoc-na'n-Oilearach and Tallamh-an-Rí respectively” (O' Neill Lane, 1900: 195). B'fhéidir go bhféadfaí a dhéanamh amach anseo chomh maith cuid den fheachtas comhaimseartha chun aghaidh a thabhairt ar “fhórsaí galldaithe shochaí na hÉireann” (Mac Mathúna, 2007: 230) mar chuid d'athGhaelú seo na tíre. Níor thug O' Neill Lane aitheantas díreach don sprioc áirithe sin áfach; sealbhú na teanga ar mhaithe leis an teanga féin a bhí i gceist aige chomh fada agus a

raibh baint ag an bhfoclóireacht leis an scéal. Ba ar na múinteoirí go pointe áirithe a thit an cúram athshealbhú na teanga a chothú, ach bheadh cabhair na bhfoclóirí ag teastáil uathu leis an sprioc sin a chur i gcrích. Faoi mar a mhínigh T. O' Neill Lane i litir a scríobh sé go dtí Roger Casement fiú amháin i ndiaidh don chéad fhoclóir teacht amach;

An English-Irish Dictionary is of more value at the present time than an Irish-English one as many of the teachers have only a very imperfect knowledge of Irish. (O' Neill Lane, 1909).

Ní raibh an tAthair Mícheál Ó hIcí ar an aon tuairim go raibh sé in am trátha a leithéid d'fhoclóir a chur amach, agus choirigh sé ar cháil an té a bhí i gceist aige é a chur le chéile, fiú amháin sula bhfaca sé LEID riamh. I litir chuig an Athair Maurus Ó Faoláin, nocht sé leis an dearcadh a bhí aige nach raibh aon chúis ann muinín a bheith aige as an bhfear, agus nach dtabharfadh sé tacaíocht do LEID ar an mbonn sin. Thiocfadh an méid seo salach ar íomhá na sagart fial ar thug O' Neill Lane le fios gurbh iadsan go príomha a chabhraigh le fóirdheonú a chuid foclóireachta (LLEID: v):

I don't know anything whatever about Mr. O' Neill Lane, & have been unable to ascertain anything definite or satisfactory. He seems to have taken great pains, if his own statements are to be accepted, but I have some misgivings as to his qualifications to do such a work satisfactorily and scientificaly [sic]. You know that Foley's Dictionary and O' Reilly's are practically useless except to less advanced students – the former for the want of proper classification and examples. Another such book would be a nuisance; for it would postpone the appearance of a proper work (O' Hickey, 1903).

Foilsíodh ceithre cinn d'fhoclóirí Béarla-Gaeilge sa chéad cheathrú den fhichiú haois, agus níor éirigh le Mícheál Ó hIcí cur go hiomlán ina choinne; ba le T. O' Neill Lane leath den líon sin. Cé gur éirigh le Edmund Fournier D'Albe foclóir frásaí Béarla-Gaeilge a chur amach go díreach sular thug O' Neill Lane a chuid oibre féin chun críche, ba é LEID an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh sa bhfichiú haois. Cuireadh an foclóir sa lámhscríbhinn go dtí clódóirí Sealy, Bryers and Walker i mBaile Átha Cliath ag tús na bliana 1903 (O' Neill Lane, 1903), agus

ba iad a d'fhoilsigh in Éirinn é sa bhliain 1904. David Nutt a chuir amach é i Sasana. Dhá scilling a chosain an foclóir (Mac Amhlaigh, 2008: 86). Tíolacadh an saothar do shagairt agus d'easpaig na hÉireann toisc, a dúirt an Gleanntánach, gur chuid bhuíochais dóibhsean gurbh fhéidir an foclóir a thabhairt ar an saol (LEID: iii) in aon chor. Tá sé seo mar chuid suntais i liosta na síntúisóirí ag cúl an fhoclóra; de réir mar a chuirtear in *Beathaisnéis a Dó* é, “as tuairim 600 a d’íoc táille an fhoclóra, ba easpaig, sagairt, mná rialta agus bráithre 80%” (Breathnach agus Ní Murchú, 1990: 47).

Ag imeacht ón dearcadh polaitíochta a léiríodh sa dá leabhar taistil a scríobh sé, agus ag teacht leis an nós úr a bhí le sonrú i measc na bhfoclóirithe deireanacha, thaispeáin T. O’ Neill Lane i réamhrá a chéad saothair foclóireachta go raibh sé ag féachaint siar arís maidir lena chuid polaitíochta. Dhírigh sé ar phobal an *lingua Goidelica* agus ar an bpobal Gaelach a bhraith uirthi. Theastaigh uaidh mar sin go ndéanfaí athmhuintearas idir na Gaeil uile agus chuige sin, bheartaigh sé ar fhoclóir a chur ar fáil a d’fhreastalódh ar riachtanais an mhic léinn, le go bhféadfadh sé a chuid mothúchán a chur in iúl trí mheán na teanga Gaelaí. Bíodh is gur mheas sé go raibh caighdeanú ar bhonn náisiúnta ag teastáil chun go n-athshealbhófaí an teanga mar uirlis theagaisc agus chumarsáide arís, níor chun na treibheanna Gaelacha in Éirinn amháin a shín T. O’ Neill Lane an cuireadh chun gnímh. Sa tslí seo, tharraing sé le chéile spriocanna Daniel Foley agus Tadhg Ó Coinnialláin, údair an dá fhoclór Bhéarla-Ghaeilge dheireanacha.

The Irish language, as bequeathed to us by masters of verse and prose is a highly perfected instrument... when the language begins to be widely used as a means of intercommunication between the sea “sea-divided Gael” it will rapidly develop the technical vocabulary necessary to meet all modern requirements. To the rising generation in Ireland this English-Irish Dictionary will, it is considered, be very useful (LEID: vii).

Taobh istigh den Ríocht Aontaithe a bhí tar éis gráin a léiriú ar thábhacht na dteangacha don

difríocht chultúrtha, agus tuiscint a thaispeáint ar bhagairt na difríochta cultúrtha do ríocht nó d'impireacht faoi seach, is inspéise go raibh de dhánacht in T. O' Neill Lane aontacht na bpobal *Goidelica* a fhógairt sa tslí seo i gceartlár ré an naisiúnachais chultúrtha. Faoi mar atá ráite ag Cathal Ó Háinle; “fónann teanga náisiúnta mar bhonn náisiúntachta mar gur meán cumasach í chun an pobal a aontú ina chéile agus chun é a scaradh ó phobail eile” (Ó Háinle, 1996: 745). B'fhéidir go raibh a leithéid sa cheann ag T. O' Neill Lane agus é ag féachaint chuige nach ndéanfadh sé faillí athrá a dhéanamh ar áiteamh Uí Choinnialláin arís ar shlí eile ag an am céanna; ba é sin nár ghá go gcuirfeadh beocht teanga amháin isteach ar bheocht ná ar scaipeadh teanga eile. Is féidir an t-athrá sin a dhéanamh amach ón maíomh a dhein T. O' Neill Lane sa réamhrá céanna gur i gcomhthráth leis an mBéarla a d'fhoghlaim sé an Ghaeilge sa chéad áit, rud a thabharfadh le tuiscint óna thaithí phearsanta nach dtagann an dá theanga, ná na pobail a bhain leo, salach ar a chéile: “My knowledge of Irish was acquired in childhood, concurrently with English, and I had my attention directed at an early age to the beauties of the Gaelic tongue” (LEID: v). Ba choimeádaí an réamhrá in LLEID a foilsíodh den chéad uair i 1915, gan ann ach na bunsonraí loma ar chur le chéile an fhoclóra. Ba le hantraipeolaíocht ba mhó a shamhlófaí an abairt ba ghéire ann inar tugadh cuspóir an tsaothair, agus ba é sin chun “clear insight” a thabhairt ar “the mental attitude of the people, together with some idea of their manners and customs, their character, and their philosophy of life” (LLEID: viii).

In alt leis dar teideal *Encoding Ireland: Dictionaries and Politics in Irish History*, ba é an cur chuige ba mhó a bhí ag Tony Crowley chun trácht a dhéanamh ar thoise polaitiúil na bhfoclóirí i stair na hÉireann ná scrúdú a dhéanamh ar réamhráite na bhfoclóirithe éagsúla thar na blianta. Theastódh ó leagan amach an ailt mar sin go mbeadh air tuairim a chur in iúl i dtaobh

pholaitíocht fhoclóireacht T. O' Neill Lane nuair a thioctadh sé chomh fada leis an ré sin i stair na foclóireachta Gaeilge, agus níorbh é a thug an t-eiteach don chúram sin. Níorbh é a bhí iomlán beacht i dtaobh T. O' Neill Lane ach oiread. Samhlaíodh foclóirí T. O' Neill Lane agus Phádraig Uí Dhuinnín le ré Chonradh na Gaeilge agus an fórsa cultúrtha ar mhana dó “Tír is Teanga” a bhí ag cur in aghaidh an smachta choilínigh mar aon leis an bhfeachtas Rialtas Dúchais ag tús an chéid. In aon abairt amháin, dhein Crowley dlúthbhaint idir saothar saoil O' Neill Lane agus na réabhlóidithe a ráinig de thaisme a bheith i gcomhaimsir leis. Ba le Crowley ba mhó a bhí Liam Mac Amhlaigh ag teacht sa mhéid ar deineadh athfhriotail air ag tús a chabidile ar O' Neill Lane (Mac Amhlaigh, 2008: 90). Bhí Crowley ag díriú ar na cúinsí polaitíochta a thug foclóirí éagsúla na Gaeilge ar an saol sa chéad áit, agus dhein trácht ar réamhráite na bhfoclóirí ábhartha faoi seach chun a léiriú gur dodhéanta gan teacht ar rian polaitiúil i bhfoclóir ar bith. Pé rud faoin Duinníneach, níor léirigh cuid athfhriotail Crowley as réamhrá LEID go raibh aon dlúthcheangal i gcuid polaitíochta T. O' Neill Lane le gluaiseachtaí polaitiúla na hathbheochana, thairis gur bhain sé earraíocht astu; ní raibh ag Crowley mar thaca dá thuairim ach dáta a d'fhág go raibh O' Neill Lane comhaimseartha leo, i dteannta ráiteas uaidh óna réamhrá sa chéad fhoclóir a léirigh go raibh sé buíoch den “favourable opportunity” a bhain leo (Crowley, 2005: 135). D'fhéadfaí a rá go bhfuil léargas le fáil sa mhéid is nár chinn T. O' Neill Lane aistriúcháin Ghaeilge a thabhairt ar theidil Bhéarla na ngluaiseachtaí móra polaitiúla a linne féin, dála ‘The Irish Parliamentary Party’, ‘Home Rule’ nó ‘The Gaelic League’, in aon cheann dá fhoclóirí. Ní hamháin sin, ach choimeád sé amach óna leithéidí cé go raibh sé tar éis an easpa sin maidir le téarmaí mar iad a aithint go soiléir; “The growth of our language having been checked centuries ago, it is deficient in the terminology of science... as well as in the precise expressions evolved in other idioms owing to the constantly increasing importance assumed by sociological and political problems”

(LEID: vii). Ach má ba leasc leis dul i ngleic le téarmaíocht a bhain leis an bhforbairt pholaitiúil chomhaimseartha, níor mhiste leis ainm eagraíocht chultúrtha nuabhunaithe a lua sa bhfoclóir, mar nach raibh aon chlár follasach polaitíochta ar siúl go hoscailte acu is dócha, cosúil, ar seisean, le cás na Gaeilge mar uirlis chultúrtha seachas arm chun neamhspleáchais; ‘Cumann na gCleas Lúth’ a ghlaigh sé ar an *Gaelic Athletic Association* (LLEID: 118). Maidir le hÉirinn fein, bhí ocht leagan déag d’ainmneacha éagsúla ar a thír dhil dhúchais sa bhfoclóir;

Ireland, n., (1) Éire, gen. Éireann, dat. Éirinn, f.; (2) Banba, gen. Banban, dat. –bain, f.; (3) Inis Ealga, f.; (4) Inis Éilge, f.; (5) Inis Álga, f.; (6) Fódla, f.; (7) Críoch Fáil, f.; (8) Mágh Fáil, m.; (9) Inis Fáil, f.; (10) Crích Luirc, f.; (11) Tuath Lir; (12) Crích Chuinn; (13) Inis na bhFíodhbhuidhe; (14) Muc-Inis, f.; (15) Fig., (a) An tSean Bhean Bhocht, (b) Róisín Dubh; (c) Gráinne Mhaol; (d) Cáitlín Ní Ullacháin. (ibid: 863)

Níor miste leis ach oiread aistriúcháin a chur ar fáil do théarmaíocht an chórais a bhí ann cheana, ag cur na Gaeilge in oiriúint do rialtas na cumhachta impiriúla. D’aistrigh sé, mar shampla, an focal Béarla ‘assizes’:

Assizes, 71., the periodical sessions of the judges of the High Court in the various counties, (1) seisiún, -úin, m.; (2) seiseon, -óin, m.; (3) siosón, -óin, m.; Quarter Sessions, Seisiún Mór, Seisiún na Ráithe” (ibid: 113).

Ní chuirfeadh an méid seo ionadh ar Sidney Landau, foclóirí dár linn féin, a mheabhraigh “[that a dictionary] essentially reflects the official views of the government under whose laws the business that produces the dictionary operates” (Landau, 2001: 232). I gcás O’ Neill Lane, bhí an rialtas sin chun deontas £250 a bhronnadh ar an obair. Thar a cheann sin, ag luí leis an bhfonn a bhí air go dtiocfadh an dá thír, Éire agus Sasana, chun athmhuintearais, bhí nithe ina chuid scríbhneoireachta taistil a thug le fios go mb’fhéidir gur ghlac sé lena thír dhúchais a bheith mar chuid den Ríocht Aontaithe. A leithéid seo, ó *The Way About the Irish Lakes and Rivers*: “Ireland possesses in Lough Neagh the largest lake, in the Shannon the largest river, and around the Lakes of Killarney, the most beautiful scenery, in the United Kingdom” (O’ Neill Lane, 19--: 9).

Ní ceart a rá gur dhearmad a bhí ann nuair nár chuir sé teidil Ghaeilge na ngluaiseachtaí thuas ar fáil. Níl ann ach léiriú eile nár bhain obair T. O' Neill Lane go dlúth le polaitíocht Aimsir na hAthbheochana; faoin am go raibh siúl curtha faoin ngluaiseacht mhór ghinearálta sin, agus fás ag teacht ar théarmaí a bhain léi, bhí T. O' Neill Lane ag cur bailchríche ar shaothar fiche bliain. Thug Athbheochan na Gaeilge deis agus comhthéacs dá fhoilsiú, agus ba mar sin a mhínigh sé féin é: “After long years of patient labour and research the fortunate and powerful movement inaugurated by the Gaelic League for the revival of the Irish Language seemed to me to offer a favourable opportunity for carrying my scheme into effect” (LEID: vi). Fós féin, cé go raibh níos mó ná deich mbliana sa bhreis aige lena mhacnamh a dhéanamh ar an scéal sula bhfoilseofaí an t-athfhoclóir, *Lane's Larger English-Irish Dictionary*, níor tháinig sé ar a mhalairt tuairime idir an dá linn. Bhí buanseasmhacht sa bhfaillí a bhí á déanamh ag T. O' Neill Lane i dtéarmaíocht na polaitíochta reatha.

Ba mhíthuairim a bheadh ann T. O' Neill Lane a shamhlú lena leithéidí de ngluaiseachtaí thairis an earraíocht a bhain sé as a bheith i gcomhthráth leo. Thar a cheann sin, is inspéise an chuma gur chosúil gurbh aonarán a bhí ann, nach raibh aon chomhcheangal ar leith aige le haon duine ná le haon eagraíocht. Tá sé i bhfios gur duine é nár thug aird ar a chúraimí teaghlaigh. Ar an tslí chéanna, níor thug muintir fhoclóireacht na linne sin aon aird air siúd, bíodh agus go raibh gach cuma ar an scéal gur chuma leis. Níor luadh a ainm i measc na ndaoine breátha a measadh a bheith i gcumas an chúraim nuair a bhí Cumann na Scríbhneann nGaedhilge ag cuardach eagarthóir dá fhoclóir idir 1898 agus 1901 (Ó Riain, xiii: 2005), agus níor chosúil gur chuir sé a chrúca san aighneas ginearálta a bhí ar siúl idir craobh Chéitinn i gCúige Mumhan (a raibh Mícheál Ó hÍcí ina choinne (Breathnach, 2005: 3-4)) agus lárbrainse Bhaile Átha Cliath de Chonradh na Gaeilge sa tréimhse chéanna. Ina theannta sin, mar chuid de dhíospóireacht anamúil

in *Fáinne an Lae*, chuir Norma Borthwick in aghaidh achainí an Easpaig William Walsh ón mbliain 1898 go gcuirfí foclóir Gaeilge-Béarla nua ar an saol, agus mhol sí gurbh fhearr foclóir Béarla-Gaeilge nua a lorg, ar aon fhocal leis an nGleanntánach bocht nach raibh aon bhaint aige leis an tsiollaireacht theasaí seo. Deineadh neamhshuim de, agus ba ar Thomas Flannery a tarraingíodh an chaint ar fad nuair a thug David Comyn freagra ar Borthwick le cur in iúl go raibh an Flannery seo chun foclóir ardchaighdeáin Gaeilge-Béarla agus Béarla-Gaeilge a sholáthar, togra nár tháinig puinn as i ndeireadh na dála (Ua Súilleabháin, 2005: 62-63). Luaigh Mícheál Ó hÍcí nach raibh aon chur amach aige ar an bhfear sa bhliain 1903 (O' Hickey, 1903). Ní cosúil óna bhfuil ann d'fhianaise go raibh aon chomhcheangal ag T. O' Neill Lane seachas an dúil a bhí aige sa léann féin agus i gcur chun cinn na foclóireachta Gaeilge. Is fíor gur chuir O' Neill Lane ina luí ar dhuine mór le rá mar Thadhg Ó Donnchadha na profaí dá fhoclóir a léamh mar a bheadh saothar gan chúiteamh, nó "labour of love" i bhfriotal O' Neill Lane, ach is é is dóichí ná gurbh é an grá coitinn don teanga agus don léann a tharraing le chéile iad seachas aon chomhcheangal eile a choimeádfadh le chéile iad. Níor tharla gur nocht Tórna féin chun tacaíocht a thaispeáint dá chomhghleacaí nuair a dhéanfaí díspeagadh ar shaothar T. O' Neill Lane ar ball. Má bhain na réabhlóidithe gona Saorstát úr úsáid as a shaothar ar ball chun luathcháipéisíocht na Dála a dhréachtadh i nGaeilge (Mac Amhlaigh, 2008: 91), ní hionann sin agus a rá gur chabhraíodar leis nuair a bhí an foclóir á chur le chéile, ná go fiú go raibh rian a gcuid polaitíochta le braistint ar aon cheann den dá réamhrá a scríobh sé. Má bhaineadh úsáid pholaitiúil as a shaothar tar éis dó é a chur ar an saol, níorbh í an úsáid a bhí i gceist ag an údar í, agus ba thréith chomóna é sin san úsáid a baineadh as litríocht athbheochan na Gaeilge go ginearálta dar le Cathal Ó Háinle:

Faoi thionchar an náisiúnachais eitneachultúrtha neamhpholaitiúil... agus gan bheann ar an náisiúnas polaitiúil... a [tugadh faoi athbheochan na Gaeilge], bíodh gur fíor gurb í an ghluaiseacht ar son athbheochan na Gaeilge a ghin ar ball cuid mhór den fhuinneamh a bhain leis

an ngluaiseacht chun neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amach i dtosach an fichiú haois. (Ó Háinle, 1996: 745)

Más léiriú an méid thuas ar na cúinsí *nár* thug chun na foclóireachta é, b'fhearr um an taca seo tabhairt faoi chur chuige ní ba réamhghníomhaí chun míniú a thabhairt ar cad é go beacht a chuir T. O' Neill Lane i mbun foclóireachta. Ag trácht ar áit dhúchais Phádraig Uí Dhuinnín, ba é a dúirt Proinsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair ná gur "túisce a chuimneodh duine [sa timpeallacht dhátheangach] ar fhoclóireacht ná duine nach mbeadh ina thimpeall ach an t-aon theanga amháin" (Ó Conluain agus Ó Céileachair: 1958: 331). Is cinnte go mbaineann sé seo le hábhar i gcás T. O' Neill Lane leis, ach ar leibhéal eile, tugtar léargas anseo ar thábhacht thimpeallacht an duine. I bhfianaise an méid a bheidh le rá thíos, is féidir a rá gurbh áit é Teampall an Ghleanntáin sa naoú haois déag a bhí breac le seaniarsmaí an ama a caitheadh, agus gur mhair traidisiún na Gaeilge labhartha agus an seanchas Gaelach inti leis. Ó tharla gurbh iad sin na rudaí lenar chaith T. O' Neill Lane a chuid dúthrachta ar feadh a shaoil, ní fhéadfaí a shéanadh go raibh tionchar nach beag ag an gcinnteachas timpeallachta sa chás seo. Is é freagra na ceiste mar sin ná gurbh é oidhreacht a cheantair dhúchais a chuir T. O' Neill Lane i mbun foclóireachta.

Bhí iarthar na Mumhan go beo ag cothú traidisiún inar tugadh aire mhaith don chultúr agus do chúrsaí na hintleachta ag an am seo. Thug Mainchín Seoighe suntas don tslí ina raibh cúrsaí spioradálta agus cultúrtha mar chuid lárnach de phobail Iarthar Luimnigh, agus i dTeampall an Ghleanntáin go háirithe (Seoighe, 1993: 12). Tá sé follasach go raibh traidisiún den chineál seo faoi bhláth ceart le linn do T. O' Neill Lane a bheith ann, agus, sa chomhthéacs seo, ba cheart duine mar Michael Macauliffe a lua, duine a bhí ina dhea-shampla é féin den traidisiún seo. Saolaíodh sa bhliain 1838 é, ceithre bliana déag roimh bhreith T. O' Neill Lane, agus ba as

an nGleann Mór dósan, cuid de pharóiste Mhóin na nGé atá in aice Theampall an Ghleanntáin. Tar éis dó céim le céadónóracha sna nuatheangacha a bhaint amach i gColáiste na Banríona i nGaillimh, tar éis dó scoláireacht shinsearach a bheith aige ann sna Clasaicí Ársa agus sna nuatheangacha ar ball, bhog sé ar aghaidh go dtí an Ind, mar a raibh sé ina bhreitheamh, agus níos déanaí, mar a raibh sé ina scoláire clúiteach ar an gcreideamh saíceach, creideamh ar ar iompaigh sé féin air. Chuir Michael Macauliffe urthosach lena chúrsa spreagúil le post mar mhonatóir i Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin ina raibh a athair mar phríomhoide uirthi (Foley, 2005: 197-208) agus T. O' Neill Lane ina dhalta inti. Is féidir a rá nach ón talamh féin mar sin a fuair T. O' Neill Lane an teas crábhaidh a bhí aige chun cultúir agus chun cúrsaí spioradálta; bhain an “greater ambition in life” seo (friotal William McEnry) le traidisiúin a bhí beo ina phobal féin, ba dhóigh le duine.

D'fhéadfaí a áiteamh anseo gur chosúil gur éirí sa saol agus dhul chun cinn proifisiúnta ba mhó a bhí tábhachtach don saghas seo duine, ach caithfear cuimhneamh i gcás O' Neill Lane go raibh roinnt mhaith post caite uaidh toisc íobairtí a bheith á ndéanamh aige sa treo is go mbeadh sé saor chun díriú ar obair na foclóireachta. Ina theannta sin, bhí sé cuíosach óg nuair a thosaigh sé ag bailiú ábhar Gaeilge thart ar 1883 nó 1884, i bhfad sula mbeadh súil aige go bhfoilseofaí ar ball é mar shárshaothar foclóireachta agus an aois ag teacht air; is dóigh liom gur taibhsíodh dó foclóir a chur le chéile am éigin i rith phróiseas an bhailiúcháin a bhí tosaithe aige na blianta roimhe sin. Féach an méid a bhí le rá aige i dtaobh na bhfear a raibh traidisiún na ndámh Gaeilge acu, agus a raibh aithne mhaith aige orthu ina óige, leathchéad roimh theacht amach an chéad fhoclóra: “They were living depositaries of Ossianic and other ancient legends in prose and verse. These legends had a wonderful charm for me, and I had scarcely emerged from boyhood ere I began the collection of my first Irish vocabulary” (LEID: v). Caitheamh aimsire a bhí ann ar dtús

mar chuid den mheas a bhí aige ar chultúr ar mhaithe le cultúr féin, dearcadh a tháinig anuas le hoidhreacht chuige ó mhuintir a áite dúchais. Ar an mbonn sin, bhí an ceart ag Liam Mac Amhlaigh a dhéanamh amach gur “thug O’ Neill Lane faoin bhfoclóireacht as a stuaim féin nuair a bhí sé óg, mar chaitheamh aimsire” (Mac Amhlaigh, 2008: 87).

Más fíor gur mhair iarsmaí an tseansaoil go bríomhar i dTeampall an Ghleanntáin faoi mar a mhair in Iarthar na Mumhan go ginearálta anuas go dtí an tréimhse seo, ní foláir ná gur léir an ceacht cultúrtha seo do Timothy O’ Neill Lane go háirithe go luath ina shaol agus é ag fás aníos sa cheantar, mar nár ghá dó dul céim níos faide ná tairseach a thí féin le hiarsmaí an tseansaoil sin a fheiscint; tógadh teach na clainne díreach in aice le fothrach seanséipéil ársa a nglaoonn W.J. McEnry Drumachinlin air (McEnry, 1972: 1). Leagadh cuid mhór de thart ar 1846, ach bhí go leor aige ann le go luafadh O’ Neill Lane é caoga bliain níos déanaí in *Round Erin*: “On our way to Newcastle we pass (five miles) the ruins of a very ancient church called Templeglantine, which is peculiar in having its doorway on the south side instead of the western end” (O’ Neill Lane, 1900: 197).

Is amhlaidh gur mhair an cultúr dúchasach i dteannta na n-iarsmaí nithiúla seo sa cheantar le linn do Timothy O’ Neill Lane a bheith ina bheatha. Dhein Pádraig Ó Cearbhaill tagairt do bhailiúcháin éagsúla ar nós ‘The Collection of Ancient Music of Ireland’ le Petrie, ‘Ancient Irish Music’ le Joyce agus mar sin chun a thaispeáint go raibh “Co. Luimnigh lán de cheol” ar na saolta sin. Dúirt sé chomh maith go raibh “raidhse Gaeilge timpeall ar O’ Neill-Lane agus é ag éirí suas, agus oidhreacht shaibhir chultúrtha Gaeilge idir fhilíocht is scéalaíocht, ceol, amhránaíocht agus béaloideas” (Ó Cearbhaill, 1979: 66). Is féidir an méid seo a aithint sna pisreoga agus sna deasghnátha a bhíodh ann a raibh cuimhne ag T. O’ Neill Lane féin orthu.

Agus é ag scríobh chuig *Notes and Queries* in *Oxford Journals* i 1913, thug sé cuntas ar dheasghnátha a bhíodh ag muintir Theampall an Ghleanntáin Lá Bealtaine, nuair a bhí sé féin sna fichidí, thart ar dhaichead bliain siar ina chuid cuimhní cinn. Ar an gcéad dul síos, lastaí tine mhór mhillteanach leis an eallach a bheannú ionas nach dtiocfadh tinneas ná smol orthu sa bhliain a bhí le teacht. Lasadh dhá thor aitinn a bhí taobh lena chéile, agus bhagraíodh na beithígh ar aghaidh tríd an dá thor, iad á léasadh ag craobhacha lasracha an t-am ar fad (O' Neill Lane, 1913d: 335). Lean sé ar aghaidh le rá nár ghnách 'síol na tine' a thabhairt d'aon duine sa cheantar ar an lá céanna, agus gur chuimhin leis seanfhear a raibh cónaí air i bhfoisceacht d'fheirm mhuintir Lane ar diúltaíodh 'síol na tine' dó. Tá an tátal le baint as a scéal gur maraíodh gabhar na mná a dhiúltaigh dó a thine a lasadh, mar dhíoltas ar an sprionlaitheacht (ibid: 336). Tá neart scéalta eile dá leithéid ann, narbh fholáir gur chuala O' Neill Lane iad, scéal Sprid na Bearna is suntasaí acu, agus ar an mbonn seo ar fad, is cosúil gur tógadh T. O' Neill Lane in áit a bhí ina thobar fíorshaibhir béaloidis.

Má bhí meas sa cheantar ar an seanchultúr i gcoitinne, bhí ardmheas ar an nGaeilge, agus ar ndóigh, bhí Teampall an Ghleanntáin agus Tuar na Fola mar chuid de bharúntacht Ghleann an Choim, an bharúntacht is tréine i gContae Luimní de réir na ndaoineáireamh éagsúil a deineadh i rith an naoú haois déag. Ba chainteoirí Gaeilge thart ar 60% den daonra in 1851, an bhliain sular rugadh T. O' Neill Lane, agus cé go ndeirtear gur tháinig meath mór ar líon na gcainteoirí sin i ndiaidh anró an Ghorta Mhóir, bhí Gaeilge ag tuairim is 35% den daonra in 1891 (Ó Madagáin, 1980: 20). Ba cheantar Gaeltachta í an áit de réir slaite tomhais an lae inniu, agus b'ann, ar an bhfód dúchais, a tháinig T. O' Neill Lane isteach ar an nGaeilge ar dtús, teanga a d'fhoghlaim sé i gcomhairsir leis an mBéarla. Bhí an teanga mórthimpeall ar O' Neill Lane ó bhí sé ina ghasúr,

“owing to the privilege of [his] intimate acquaintance with men who had inherited the Bardic tradition and felt its influence (LEID: v).

Bhí an Ghaeilge mórthimpeall ar mhuintir Iarthar Luimnigh an t-am sin ceart go leor, ach dhein Breandán Ó Madagáin trácht ar scoilt idir “iarsma an traidisiúin léannta” agus “cultúr na ngnáthdhaoine”. Nuair a cailleadh patrúnacht na n-uaisle Gaelacha, mar a bhain do mhuintir Uí Dhálaigh, tharla gur thit an teanga agus an Béaloideas le chéile mar aonad cultúir, toisc gur cuireadh iachall ar na gnáthdhaoine an traidisiún a chaomhnú trí mheán a gcultúir féin (Ó Madagáin, 1980: 24); ba é sin an traidisiún béil. Dá réir sin, bhí baint níos mó ag na scéalta béaloidis leis an nGaeilge, agus bhí go leor acu sin le clos ó na feirmeoirí as Co. Luimnigh, ach ba chosúil “narbh fhiú le haon duine na scéalta Gaeilge sin a chur i gcoimeád” (ibid: 57-59). Dar le Pádraig Ó Cearbhaill, “bhí an Hidden Ireland ann ná feadar lucht an Bhéarla ina thaobh” (Ó Cearbhaill, 1979: 66). Ós rud é go raibh taithí ag O’ Neill Lane ar an nGaeilge labhartha, bhí taithí aige ar an traidisiún béil a bhain léi, agus thuig sé mar sin an tábhacht a bhain leis na scéalta seo. Is léiriú ar líon na gcainteoirí Gaeilge a bhí sa chontae an méid ama a chaith sé leis an mbothántaíocht, más fíor do sheanchas na háite (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 24 Bealtaine).

Ní hé gur rud stairiúil a bhí sa Ghaeilge sa cheantar ach an oiread. Déanann an t-irisleabhar áitiúil, *Glór Inse Bán*, úsáid na teanga a chur chun cinn i dTeampall an Ghleanntáin (Seoighe, 1993: 12) i gcónaí. Bhuaigh an paróiste duais Ghlór na nGael i 1977 as ucht an Ghaeilge a chur chun cinn thar aon áit eile sa tír (ibid: 12). Bhí ócáid mhór sa pharóiste len é seo a chéiliúradh, agus nuair a tháinig Uachtarán na hÉireann Patrick Hillery ar cuairt chucu, ba é Mícheál Ó hÁirtnéide, oidhrí thraidisiúin na bairdne agus an chultúir in Iarthar Luimnigh, a chuir fáilte

roimhe le dán inar scríobh sé:

Mar sin, le toirneach na mbodhrán /
Le ceol is féasta, le féile ‘s dán /
Fáilte romhat, a Uachtaráin /
Go Teampall Gaelach an Ghleanntáin (ibid: 12)

D’fhéadfaí a rá go raibh Ó hÁirtnéide ag teacht le traidisiún áirithe léinn T. O’ Neill Lane é féin, ach is léir ón méid thuas go raibh baint acu beirt mar aon le daoine ar nós Michael Macauliffe le cultúr dúchasach Iarthar Luimnigh ar mhórán cúinsí. Is é an dátheangachas céanna a thug chun na hoibre iad, ach tharla gur chun na foclóireachta a tugadh O’ Neill Lane, agus gur bhain sé leas as a chultúr dúchais agus é i mbun an chúraim sin. Ar léamh an fhoclóra mar sin, ní haon ionadh é go ndéantar an eolaíocht chéanna a shaibhriú le nithe óna chultúr dúchais, faoi mar atá léirithe thuas.

Ní raibh an ceantar iargúil seo ach mar chuid bheag den tír iomlán, agus bhí dearcadh forleitheadach ag T. O’ Neill Lane i dtaobh thír a spéise. Mar shampla, bíodh is gur thug sé aitheantas do na ceantair as ar tháinig na focail dhifriúla ina chuid foclóirí, níor chuir sé “barraíocht bhéime” ar an gcanúnachas mar a dheim Mac Cionnaith, i bhfriotal Mhic Nia. Teanga náisiúnta ab ea an Ghaeilge, ach ní bheadh inti ach scata canúintí dá leanfaí den nós úd (Mac Nia, 1987: 6). Ba é sin an dearcadh a bhí ag O’ Neill Lane i dtaobh na teanga agus i dtaobh na tíre go ginearálta. Ach más amhlaidh nár dheim O’ Neill Lane cúram den chanúnachas, ní hionann é sin agus a rá nár bhraith sé nach raibh aon tábhacht ag baint leis. Ní raibh ann ach go raibh sé ag cuimhneamh ar náisiúnú na teanga, mar mhaithe le cultúr na hÉireann. Murabh é an náisiúnachas polaitiúil a thug T. O’ Neill Lane chun na foclóireachta, agus má bhí dul amú ar dhaoine a shamhlaigh é ródhlúth le gluaiseacht Athbheochan na Gaeilge, b’fhíor a rá ag an am

céanna go raibh méid áirithe den tírghrá le feiscint ina shaothair saoil.

D'aithin Liam Mac Amhlaigh an méid seo ag Dáil Thuamhan na bliana 2009 nuair a dúirt sé gur bhain spreagadh an tírghrá le hobair O' Neill Lane (Mac Amhlaigh, 2009). Tá sé seo mar dhíol suntais sna leabhair thaistil leis, saothair inar thug sé faoin oiread eolais ar an tír agus ab fhéidir a thabhairt laistigh de shrianta an leabhair threorach (O' Neill Lane, [gan dáta]: 7). Ba é a d'fhógair sé i mbrollach *The Way About Ireland* ná "Ireland is well worth visting, not only for the beauty of its scenery, but for its historical recollections... it has... the oldest authentic records of its history, laws, legends, and traditions of any country in the world, a study of which will amply recompense the antiquarian or philologist" (ibid: 7-19). Bhí cuid mhaith den eolas sin cruinnithe aige féin, agus ba é sin a dúirt an *Irish Times* ina thaobh i léirmheas gairid ar shaothar taistil eile leis dar teideal *The Way About the Irish Lakes and Rivers* ón mbliain 1899: "The subject is an interesting one, and it is admirably dealt with in the 170 pages that go to make up this valuable gazetter, which is replete with all the information on these subjects that any tourist could possibly desire, and very much more than most Irishmen are acquainted with" (The Irish Times, 19 Meán Fómhair, 1899: 7). Cé go mb'fhéidir go raibh iarracht den tsaothínteacht eilíteach ag baint leis sa tslí seo, b'fhacthas chomh maith go raibh cion agus meas ag T. O' Neill Lane ar a ghnáthchomhthírigh mar aon leis an tír féin. Thrácht sé sa réamhrá in *Round Erin* le gean ar shaibhreas cainte na gceantar difriúil ina thír dhúchais agus é ag tagairt do nath cainte a cuireadh ar a aird i mball éigin ar a shiúlta: "For instance, a good looking boy was pointed out to me, and I was surprised to learn that he was 'the wildest boy God ever shook a wattle over'. The idea of God ever shaking a wattle over anyone may have been a bit profane, but was ludicrously funny" (O' Neill Lane, [1900]: 2). Ní fada gur thosaigh sé ag baint úsáide as an gcéad phearsa

iolra, ag leagan béime ar a bhaint leo, sa chur síos a bhí á dhéanamh aige ar mhuintir na hÉireann: “We are a very sociable people, always ready to welcome strangers among us, who ‘can always depend upon meeting a friend if they knock at an Irishman’s door” (O’ Neill Lane, [1900]: 3). Dhein sé a chuid eolais ar a thír dhil a mhaisiú le tagairtí d’fhillíocht a chomhthéreach in áiteanna, nós a raibh sampla de sa mhéid a bhí le rá aige mar gheall ar scéal Purt Castle agus Tomás, oidhre le hiarlacht Dheasumhan, a thóg an t-áras naofa sin, tar éis gur chuaigh sé chun peaca, chun Dia a chúiteamh:

It is to this incident that Moore refers in the lines:

By the Feale’s wave benight, /
No star in the skies, /
To thy door by love lighted, /
I first saw those eyes. /
Some voice whispered o’er me, /
As the threshold I crost, /
There was ruin before me – /
If I loved, I was lost. (O’ Neill Lane, [1900]: 196).

Ba é a bhí i gceist ag O’ Neill Lane a dhéanamh ina chuid foclóireachta mar sin ná achoimre ghlinn a thabhairt i bhfoirm foclóra ar urlabhra na tíre a raibh dilgrá aige di. Ba mar sin a cuireadh síos sna nuachtáin chomhaimseartha ar an sprioc a bhí sé ag iarraidh a bhaint amach trí úsáid a bhaint as an bhfoclóireacht. “Its aim is to crystallise Irish as a living language, with proverbs, saws, and scraps of old wisdom” i bhfriotal an *Irish Times* (The Irish Times, 19 Aibreán, 1912: 9), agus de réir an *Irish Independent*, “The Dictionary aims at crystallising [sic] *our* (liomsa an cló iodálach anseo) language as a living speech” (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7). Is léir ón dealramh atá ag an dá abairt seo lena chéile, sa dá nuachtán dhifriúla, gurb ón bhfoinse chéanna a thánadar, agus cé a déarfadh nárbh é T. O’ Neill Lane an fhoinse féin. Is féidir a rá le muinín mar sin gur fhéach sé le spléachadh a thabhairt ar chultúr urlabhra a thír dhúchais mar chuid den sprioc ghinearálta a bhí aige ina chuid foclóireachta.

Saothar tírghrá a bhí ann, agus dar leis go raibh tacaíocht ón bpobal tuillte aige dá bharr. Dá réir sin, ba mar sin a deineadh iarracht a chuid earraí foclóireachta a dhíol, ó aimsir an chéad fhoclóra i leith. Díreach i ndiaidh dó clabhsúr a chur lena chéad iarracht ar an bhfoclóireacht, ba é an méid seo a leanas a scríobhadh in *The Irish Times* mar gheall air: “Mr. Lane hopes that all lovers of Ireland and its language will, by subscribing, co-operate with him in the great work he has undertaken”. Dúirt an *Nenagh Guardian* go mbeadh an foclóir ina áis mhór: “A great assistance to all interested in the Irish Language. No library in the country should be without a copy, and no student of Irish should neglect it” (The Nenagh Guardian, 30 Deireadh Fómhair 1907, 3). Thug míniú T. O’ Neill Lane féin ar an gcomórtas a fógraíodh in LEID éachtaint ar ar thug chun na foclóireachta é. Ar seisean: “I would urge upon all those who are inspired with a *disinterested* love of the mother tongue... to communicate to me even a single omission or correction that has come to their knowledge” (LEID: xi). Is liomsa an cló Iodálach ar an bhfocal áirithe ‘disinterested’. Tá tábhacht leis seo mar gur léirigh sé gan aon agó nár náisiúnachas ach tírghrá a spreag é mar fhoclóirí. Is dóigh liom gurbh é ba chúis lena bhéim air seo ná an bhraistint a bhí aige go gcuirfeadh cuma an naisiúnachais pholaitiúil, pé beag é, as do dhuine ar leith a shocródh gan scríobh chuige dá maslófaí é. Tírghrá le teann grá don tír amháin a bhí i gceist anseo, seachas aon chomhcheangal náisiúnaíoch a chuirfí ina leith, agus is léir as an méid thuas gur mar sin a bhí.

Caibidil a Trí

Modheolaíocht O' Neill Lane

Tá cuntas an-bhreá agus áisiúil ar fáil ar www.focloir.ie ag an dochtúir Éamonn Ó hÓgáin ar stair na foclóireachta Gaeilge, agus é i gcomhthéacs thionscadal fhoclóir Béarla-Gaeilge Fhoras na Gaeilge. Nuair a bheifí ag cuardach eagarthóir foclóra, dar leis go mb'fhéidir “nár bh fhearr rud a dhéanfaí ná ‘siollaire’ a lorg. Leis an gcuma gur ag tarraingt as an iontráil atá in *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* Uí Dhuinnín do ‘siollaire’ atá sé (Dinneen, 1927: 1036), is í an chiall a luann sé leis an bhfocal ná “a scanner of every word, a carper, a dictator; a beater, striker, smiter, a dexterous harper, also a good singer”. Duine díograiseach, i mbeagán focal, atá i gceist anseo, agus is amhlaidh a chuirfí síos ar dhuine ar bith a mbeadh sé de cheart nó de mhisneach acu teideal an fhoclóirí a thabhairt orthu féin. Ag an am céanna áfach, thagair Ó hÓgáin don fhéidearthacht go bhféadfadh athrú teacht ar chiall an fhocail, ach i gcomhthéacs cheapachán eagarthóra don fhoclóir nua, is cinnte gur siollaire sa tseanbhrí den fhocal a bhí á lorg do thionscadal an fhoclóra Béarla-Gaeilge, duine nach mbainfeadh den díograis a bhaineann leis an bhfocal mar a thuigeadh an uair sin é (Foras na Gaeilge, 2010).

Feictear anseo gur ‘eagarthóir’ a cuardaíodh don fhoclóir nua seo, gan trácht ar bith ar an bhfoclóirí. Is é an cur síos a dhéanfaí ar eagarthóir ná “duine a chuireann leabhar, iris etc. in eagar”, agus é sin amháin, dar leis *An Foclóir Beag* de chuid na Roinne Oideachais (*An Foclóir Beag*, 1991), nó “an arranger, one who puts in order”, agus é sin amháin, de réir an Duinnínigh (Dinneen, 1927: 389). Ní hionann mar sin an t-eagarthóir agus foclóirí na linne caite; i gcás Timothy O' Neill Lane, ba é sin é an té a d'aithin go raibh gá le foclóir nua, an té a mhaoinigh an foclóir sin, an té a thiomsaigh an t-ábhar dó, agus faoi dheireadh, an té a chuir in eagar. Is iomaí rud a bheadh faoina cheannas ag eagarthóir an lae inniu nach raibh aon trácht orthu féin ná ar a

macasamhail in aimsir an tseanfhoiclóirí; áiseanna cabhracha a bhaineann le ceird na foclóireachta lenár linn féin mar ríomhairí agus na bunachair téarmaíochta ar líne, na céadta mílte foinsí tagartha ar an idirlíon, próiseálaithe focal, caighdeánú oifigiúil na teanga, agus go mór mór na buíonta oibre ag saothrú faoi chostas an stáit.

Bhí ar T. O' Neill Lane féin dul amach i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta chun ábhar dá fhoclóir a chruinniú. Baineadh siar as, a bhríomhaire agus a bhí stór focal chainteoirí dúchais Ghaeilge i gcoitinne, a chruinne agus a bhí a gcuid gramadaí, agus gan léamh ná scríobh na teanga a bheith ag a bhformhór acu:

I was struck by the curious circumstance that people who had known Irish from infancy ... were never guilty of a grammatical error ... Words which I had met with only in literature and had never heard used in Limerick or Kerry ... I found very much alive in other parts of the country (LEID: vi)

Mar sin, comhartha buíochais agus umhlaíochta do phobal labhartha na Gaeilge ba ea an comórtas a d'fhógair sé sa chéad fhoclóir ar shlí. Mar a dúirt sé féin faoi:

The object of this competition being to arouse a livelier interest in the native language throughout all Ireland, and particularly in those districts where it has never ceased to be spoken (LEID: xi).

Cleas glic ar ndóigh a bhí ann ag an am céanna inar ghlaigh sé ar chabhair an phobail sa togra a bhí á chur le chéile ina aonar aige go dtí sin. Iarracht shoiléir ar an easpa foirne a chúiteamh ab ea é seo. Lig T. O' Neill don phobal ionchur a bheith acu ar mhúnlú na teanga sa chomórtas seo, chun go bhféadfadh sé moltaí a mhealladh don dara foclóir. Thairg sé idir 6d. agus £25 d'aon duine a scríobhfadh chuige le ceartúcháin, nó le moltaí ciallmhara chun an foclóir a fheabhsú. Bhí an chéad duais le bronnadh ar an té a chuirfeadh ar fáil “the best list of omissions and corrections, written in alphabetical order, showing the gender of nouns, and, where necessary, the genitive and plural forms”, agus ba mhionléiriú bídeach é seo ar a raibh tábhachtach do liosta

foclóireachta dar le T. O' Neill Lane. Bhí an dara duais (£10) agus an tríú duais (£5) ar fáil do na chéad daoine eile is fearr a chuir isteach ar an gcomórtas, chomh maith le duaiseanna beaga airgid do mholtaí eile. Níor leasc le O' Neill Lane duais a bhronnadh ar dhuine nach gcuirfeadh ach an t-aon mholadh amháin ar fáil dó ach oiread, fad agus a bheadh fiúntas a dhóthain ann. Níor dhein sé faillí i bhfáilte a chur roimh dhuine nár cheannaigh an foclóir in aon chor cur isteach ar an gcomórtas, cé nach bhféadfaí duais a thabhairt dó as a mholadh. Feictear anseo mar sin nár theastaigh ó T. O' Neill aon duine a fhágaint amach as an gcomórtas nó as an obair, ar eagla go bhfanfadh bailiúchán focal éigin gan scrúdú toisc a chuid rialacha agus rialachán féin a bheith ródhocht (ibid: xi).

Bhí ainmneacha na mbuaiteoirí le foilsíú go feiceálach buacach in *An Claidheamh Soluis* ar ball, agus sa tslí seo, bhí T. O' Neill ag tarraingt ar mhórtas mhuintir na tíre chun a gcabhair a mhealladh uathu. Bhí aguisín le foilsíú chomh maith ina gcuirfí na moltaí sna hiontrálacha ar an gcomórtas ar fáil don phobal, agus anuas air sin, bhí an t-aguisín le tabhairt do bhuaiteoirí an chomórtais mar bhronntanais chomh maith. Gheobhadh ceannaitheoirí an fhoclóra an t-aguisín ar phraghas ainmniúil, agus leis seo, feictear an iarracht a bhí ar siúl ag T. O' Neill Lane saghas cumainn dá chuid féin, a bhí bunaithe ar an bhfoclóir amháin, a thabhairt leis. Ní dhéanfaí an comóradh seo ar fad, áfach, ach ar an gcuntar go n-éireodh go maith leis an gcomórtas agus le díolachán an fhoclóra araon (ibid: xi). Ós rud é nár deineadh a leithéid, d'fhéadfaí an tátal a bhaint as gurbh amhlaidh nár mheas O' Neill rath a bheith ar an gcomórtas, ná ar an bhfoclóir, ná ar cheachtar den dá rud, b'fhéidir.

B'ann dona leithéid de chomórtas cheana; bhí comórtais sna 'Téarmaí Teicniúla agus Ceardaíochta' á reachtáil ag an gCoiste Oireachtais ón mbliain 1899 ar aghaidh, agus ceann acu

sa ‘Dinnseachas’ leis ó 1902 (Ó Súilleabháin, 1984: 178-9). Bhuaigh Tomás Mac Coistealbha agus Risteard Ó hAodha an chead duais agus an dara duais faoi seach in Oireachtas na bliana 1903 lena liostaí de thearmaí leighis. Cuireadh an dá liosta le chéile faoin ainm *Foclóir an Leagha* sa bhliain 1905 (Ó Canainn, 1994: 4), agus bhí an foclóir sin mar fhoinsé ag O’ Neill Lane in LLEID. Bhí trí chomórtas den chineál seo sa tsiúl acu sa bhliain 1904, i gcomhairsir le hiarracht O’ Neill Lane. Ba é an teideal a bhí ar an gcéad cheann ná ‘Focail a bhaineann le saol saighdiúra, mairnéalaigh, agus na muintire a bhíonn ar an bhfarraige’, agus bhí duais d’aon phunt amháin le déanamh as sin. Níor chuir ach duine aonair isteach air, agus bhuaigh. Bhí comórtas eile ann a lorg “focail a bhaineann le gníomhartha, uirlisí ‘srl. a bhaineann le harbhar ó chuirtear é go ndéantar bia de”, agus bhí dhá dhuais ar fáil anseo, £2 agus £1 don chéad agus don dara duais faoi seach. Chuir seisear isteach air seo, agus ba ag fear a raibh cónaí air i Léarphoill a bhí an bua (Ó Súilleabháin, 1984: 178). Ba é teideal a bhí ar an gcomórtas téarmaíochta deireanach sa bhliain 1904 ná “Liosta d’ainmneacha Gaelacha de na bailte móra, na sráid bhailte ‘srl. mar chomórtas 1903 ach gan na barúntachtaí a bhuaigh i 1903 a bheith i gceist”. Arís eile, bhí duais £2 agus duais £1 le buachaint (ibid: 179). Ar an iomlán, le gach duais airgid san áireamh, feictear gurbh é £7 an méid a chaith an Coiste Oireachtais, a fuair maoiniú ón meitheal bailithe airgid a bhí i gConradh na Gaeilge (ibid: 8) a bhailigh airgead ó chéin agus ó chongar (ó The Southern Cross san Airgintín i measc foinsí eile) (ibid: 178), ar dhuaiseanna d’iarratasóirí buacacha ar an gcomórtas.

Bhí tairiscint iomlán de £50 dá chuid airgid féin curtha i láthair an phobail ag T. O’ Neill Lane sa bhliain chéanna, suim a bhí breis agus a cúig oiread ní b’flaithiúla ná tairiscint an Choiste Oireachtais. Ní leanfadh an Coiste céanna ar aghaidh ach chun £29 eile a thairiscint do bhail Chonradh na Gaeilge a chuirfeadh isteach ar chomórtais i mbailiúcháin théarmaí idir 1904 agus

1915 (ibid: 178-80), bliain fhoilsithe mhórshaothar T. O' Neill Lane. Ní raibh tairiscint na heagraíochta náisiúnta, a raibh tacaíocht airgid idirnáisiúnta aici, inchurtha le hiarracht an Ghleanntánaigh aonair. Tá léirithe go raibh O' Neill Lane réchúiseach go maith sna rialacha agus sna rialúcháin a bhain lena chomórtas, ach níor mar sin ag an gCoiste Oireachtais é. Mheas Donncha Ó Súilleabháin go raibh a gcuid rialacha siúd beagáinín ródhocht sna comórtais (ibid: 8), agus dá gcuimhneofaí ar an bprionsabal náisiúnaíoch nach mbronntaí duais ar dhuine nach mbíodh “gléasta i gculaith de dhéantús Éireannach” (ibid: 84), thuigfí dó faoin gciall sin. Choimeád O' Neill Lane le féith an tírghrá, ach dhein sé é ar shlí a dhein slí le d'oiread daoine agus ab fhéidir; i dteannta fáilte a chur roimh dhaoine nár cheannaigh an foclóir in aon chor, chuir O' Neill Lane béim ar an gcomórtas mar chuid de shaothar a bhain leis an tír mar a bheadh togra náisiúnta, mar is léir ón ngiota seo ón gcur síos a dhein sé féin ar a chomórtas:

I would urge upon all those... of the Irish race, whether they be purchasers or merely readers of the Dictionary, not to fail to communicate to me even a single omission or correction that has come to their knowledge. A work of this kind may... be fairly regarded as a National enterprise, and for that reason I feel justified in inviting my countrymen to assist in perfecting my English-Irish Dictionary (LEID: xi).

Is cosúil go mb'fhéidir go raibh maitheas sa smaoineamh seo a bhí aige, mar ba léir ar theacht amach an dara foclóra mhéadaithe gur cuireadh go mór le líon na gceannfhocal. Ní fhéadfaí a rá go cruinn gur de thoradh an chomórtais é sin ag an am céanna áfach. Níl aon fhianaise shocair ann le cruthú ar bhronn ná nár bhronn T. O' Neill Lane na duaiseanna airgid a thairg sé sa chéad fhoclóir. Ní féidir ach oiread a dhéanamh amach pé acu ar chuir níos mó ná an t-aon duine amháin isteach ar an gcomórtas, agus ba ródhéanach amach agus amach a iarratas siúd faoi mar a fheicfidimid anseo. Bhí an cúpón a ghabh leis an gcomórtas sa bhfoclóir le seoladh ar ais i dteannta an mholta go dtí O' Neill Lane roimh 31 Iúil 1904. Faoi mar a tharlaíonn, shocraigh an tUasal C. G. Hylton, Ontario Cheanada ar an dá rud a réiteach chun dul sa phost i Mí Lúnasa na bliana

1908, níos mó ná ceithre bliana i ndiaidh lá an spriocdháta. Níorbh é sin amháin é, áfach, ach tharla nár cuireadh sa phost i gCeanada é go dtí 1971, agus ba ansin a seachadadh an litir go Tuar na Fola, trí bliana is trí scór i ndiaidh spriocdháta an chomórtais. Ba é a bhí scríte mar mholadh ag Hylton ná: “Sir – whilst this letter is but a mite late, I fear that you will err if I didn’t take the time to mention that you were mistaken in not reprinting such a magnificent work” (McEnry, 1972: 3). Nár mhaith an mhaise do T. O’ Neill Lane go raibh d’fhadcheann aige an méid sin a chur i gcrích gan an moladh ón Uasal Hylton a bheith faighte aige roimh ré.

Bhí inniúlacht de shaghas éigint ag teastáil chun tacaíocht airgid a mhealladh, ó tharla nach raibh maoiniú socair aige dá thionscadal foclóireachta. Cuimhneofar gur Timothy Lane a baisteadh ar an bhfoclóirí sa bhliain 1852, agus gur athraigh sé a ainm féin chun O’ Neill a thabhairt isteach ar ball. Tá sé amuigh air nár le meas a léiriú ar mhuintir a mháthar a ghreamaigh sé cuid ‘O’ Neill’ dá ainm in aon chor, ach le hairgead a fháil ó fhear páirte dar shloinne O’ Neill ar theastaigh uaidh go gcuirfí an t-ainm céanna ar chlúdach foilsíúcháin éigin (Lane, 1976). N’fheadair aon duine ach gur ráfla gan bhunús a bhí sa mhéid sin, ach is fiú a lua go raibh an scéal céanna ag Maureen Kelly a mheas gur ó Mheiriceá an fear gnó a chuir an urraíocht seo ar fáil (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 29 Bealtaine 2008). Thabharfadh an leid sin le tuiscint gurbh fhíor an scéal seo ó tharla ainm cúpla duine dar shloinne “O’ Neill” a bheith luaite i liosta na síntiúsóirí sa bhfoclóir, agus Chicago Mheiriceá sa seoladh acu. Ní haon chruthúnas dosheachanta é an méid sin gurbh é sin an chúis gur dhein sé athrú ar a ainm áfach. Is gá cuimhneamh nach “O’ Neill Lane’s English-Irish Dictionary” an teideal a tugadh ar an bhfoclóir, ach “Lane’s Larger English-Irish Dictionary”. Níos mó ná sin, meabhraím go raibh an mhír “O’ Neill” uchtaithe isteach mar chuid dá ainm aige i bhfad roimh chaint ar fhoilsiú an fhoclóra. Má fuair sé síntiúis don fhoclóir dá bharr, ní hionann é sin agus a rá gur dhein sé é chun taca airgid a

fháil. Is dócha gur fíor gur in ómós do mhuintir a mháthar a dhein sé é, ach go mb'fhéidir go raibh tionchar éigin aige imeartha ag seanainm threabh Ghaelach Uí Néill air; ba é sin an saghas é. Agus go deimhin, is mó tagairt onórach a dhein sé don sloinne céanna tríd an bhfoclóir (cf. 'arrogance', LLEID: 101; 'O', ibid: 1095; 'reached', ibid: 1277). Níorbh annamh é a leithéid a dhéanamh ar mhaithe leis an íomhá Ghaelach in aimsir na hathbheochana, agus is dócha gurbh é sin é an ghné de chultúr na linne sin a bhí faoi chaibidil ag an Seoigheach sa ghearrscéal 'A Little Cloud' inar thug sé an cuntas seo a leanas faoi bharmhianta carachtair áirithe, Chandler, i réimse na filíochta:


He began to invent sentences and phrases from the notices which his book would get. *Mr Chandler has the gift of easy and graceful verse... A wistful sadness pervades these poems... The Celtic note.* It was a pity his name was not more Irish-looking. Perhaps it would be better to insert his mother's name before the surname: Thomas Malone Chandler, or better still: T. Malone Chandler. (Joyce, 2000: 69).

Is greannmhar an chosúlacht shuaitheanta idir an méid seo thuas agus scéal O' Neill Lane. Pé scéal é, ní foláir nó go raibh airgead éigin á thuilleamh aige as a chuid foilsíúchán taistil chomh maith, agus ba iad na foilsíúcháin ba mhó uaidh sa tseánra sin ná *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland* agus *The Way About Ireland*. Táid araon breactha le fógraí difriúla atá le feiscint ar fud na háite iontu. Mar bharr air seo, cuireann cuid de na rudaí a dúirt sé sna leabhair i dtaobh gnólachtaí éagsúla srl. leis an gcuma go mb'fhéidir go raibh urraíocht le fáil aige as ucht bolscaireacht a dhéanamh ar a son. Tógfair mar shampla an cuntas a scríobh sé in *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland* ar shlait iascaireachta a bhí á ndíol ag na "Hardy Brothers":

I cannot refrain from mentioning the excellence of the rods, reels and tackle turned out by Messrs. Hardy Bros., of Alnwick. I have for some years used one of their rods, and to my mind nothing could excel its lightness and elegance of finish, while at the same time it possesses the necessary strength and flexibility. It has great casting power, and I know it will prove as durable as it promises (O' Neill Lane, [1900]: 212)

Chuir sé deireadh leis an mblúire fógraíochta seo trína rá go raibh na slait chéanna feiscithe aige fud fad na hÉireann (ag cur in iúl arís eile dúinn go raibh an tír bhraonach siúlta aige mar chuid dá shaothar), agus gur theist ar mhaitheas na slat an tóir a bhí orthu faoin tír, “as Irishmen, as a rule, know as well as, if not better than, most people where to get the value of their money” (ibid: 212). Má bhí sin, bhí tuairim éigin acu ar an tslí inarbh fhéidir airgead a thuilleamh sa chéad áit leis, óir ba é sin go díreach a bhí ar siúl aige féin leis an méid sin de scríbhneoireacht.

Ceann de na giotáí fógraíochta ó ‘Round Erin, or Highways and Byways in Ireland’ (ibid: iii):



Bhí inniúlacht le feiscint chomh maith san iarracht a dheim T. O' Neill ar an airgead a d'íocadh as cló an chéad fhoclóra a lorg trí shíntiúis a bhailiú roimh ré. Tá cuid den scéal seo le feiscint sna hailt a foilsíodh in *The Irish Times* i Mí Mheitheamh na bliana 1913. Cuireadh béim ar uaisleacht na ndaoine a raibh síntiúis curtha ar aghaidh acu cheana, chomh maith le huaisleacht na sprice:

The name of His Excellency the Lord Lieutenant heads the list of subscribers, and after him comes Cardinal Logue, who subscribes for four copies. The list up to the present comprises between three and four hundred names, many of them very distinguished people (The Irish Times, 27 Meitheamh, 1903: 23).

Mr. Lane hopes that all lovers of Ireland and its language will, by subscribing, co-operate with him in the great work he has undertaken. The list of subscribers is a lengthy and influential one, among them being His Excellency the Lord Lieutenant, His Eminence Cardinal Logue, His Grace Dr. Walsh, the Chief Secretary for Ireland, and numerous Irish lords, very rev. Gentleman, and others (The Irish Times, 29 Meitheamh 1903: 8).

Ní mór cuimhneamh gur dóchúla gur ó T. O' Neill Lane a tháinig an t-ábhar seo sa chéad áit, agus cuid mhór dá leithéid sna nuachtáin chomhaimseartha, mar go mbíodh sé féin ag scríobh chucu len iad a choimeád ar an eolas i dtaobh a raibh ar siúl aige. In áiteanna is cosúil gur ar éigean ar athraíodh an fhoclaíocht a bhí sa litir aige sular cuireadh an t-alt a tháinig aisti i gcló sa nuachtán. Pé scéal é, ní foláir nó gurbh é a chuir ag lua ainmneacha na ndaoine uaisle sa tslí seo é ná an bhraistint a bhí aige go mb'fhéidir go meallfaí baill eile den uaisleacht mar aon leis an gcosmhuintir chun caite dá bharr. Tá sé le tuiscint gur íoc thart ar 600 duine an réamhtháille seo a bhí ar LEID roimh theacht amach dó, ach fós féin, is fíric í seo a thabharfadh le fios nár deineadh ach £300 as na síntiúis nuair a chuirtear san áireamh gur díoladh leo ar deich scilling an chóip é, praghas ní ba lú ná an 12s 6d ar ar díoladh leis an mórphobal é níos déanaí. Chosain cur le chéile an fhoclóra úd £2,500, mar sin, bhí easnamh £2,200 le cúiteamh ó na díolacháin phoiblí seo agus ó fhoinsí tacaíochta úra sula dtosnódh sé ar an dara foclóir a chur le chéile in aon chor. Ba chabhair éigin sa treo seo an deontas £250 a bhronn Rialtas na Breataine air nuair a fuarthas amach go raibh maitheas in LLEID le linn dó a bheith á chur le chéile (Crone, 1915: 212). Ach ar neamhchead don inniúlacht a thaispeáin sé chun airgead a thógaint áfach, bhraith sé sa bhliain 1913, i dtreo dheireadh a shaoil, nach bhfaighfeadh sé leath an airgid ar ais riamh (Crone, 1915: 212). Ní deacair an méid seo a chreidiúint nuair a chuirtear a chuid figúirí le chéile. Dar leis féin, bhí £2,500 ar bhailiúchán ábhár, £1,200 ar tháillí printéireachta, agus £750 ar chostais bhreise

(LLEID: vii) caite aige faoin am ar cuireadh LLEID i gcló. Fágann sé sin caiteachas iomlán de £4,450 a caitheadh ar a chuid foclóireachta.

Bhí £1,000 de na fiacha seo le híoc go fóill ag O' Neill Lane um Aibreán 1912 sula bhféadfaí an foclóir a chur amach, agus bhí amhras ann an mbeadh caoi aige ar theacht ar an tsuim airgid sin. Bhí O' Neill Lane tar éis a bheith ag tnúth leis go bhfaighfeadh sé dóthain síntiúsóirí roimh ré arís eile chun íoc as an gcló dóireacht, ach baineadh mealladh as sa tsúil sin, mar gur cosúil nach raibh faighte aige ach tuairim is 400 síntiús um an taca sin. Bhí sé féin gafa ag léamh na bprofaí agus ag mionathrú na nithe beaga tógálacha sa bhfoclóir, agus mar sin, ba léir go raibh cabhair sheachtrach ag teastáil uaidh chun bolscaireacht a dhéanamh ar a shon, obair a dhein sé dó féin an chéad bhabhta. Dá bharr sin, bunaíodh an 'Publication Committee', a bhí lonnaithe in Iarthar Luimnigh, agus a raibh na daoine seo a leanas mar bhaill dheonacha de: Thomas Hurley J.P. mar chathaoirleach, John D. O' Kelly D.C. mar rúnaí, R.N. Griffin mar chisteoir, agus ar na gnáthbhaill den choiste, bhí an tUrramach M. O' Donnell ("Irish Professor, St. Jarlath's College, Tuam") Bligh Talbot-Crosbie, Matthew Ryan, Paul Kehoe, William Kelly, Luke Donnellan, C. Short, agus P. O' Donnell. Ba é cúram a bhí ar an gcoiste seo ná síntiús a iarraidh ar mhuintir na hÉireann agus ar mhuintir na Gaeilge, agus d'fhéadfaí na síntiús a chur go dtí aon duine acu in aon chor. Gheobhadh síntiúsóirí cóip den fhoclóir caol díreach ó na foilsitheoirí ach a mbeadh sé tugtha chun críche ag an údar. Ba é 10s agus 6d an síntiús a bhí á lorg, cé go mbeadh costas an bhaill chríochnaithe suas lena thrí oiread níos mó ná sin (31s 6d) ar deireadh thiar. Bhí rúnaí an Choiste, John D. O' Kelly (an fear céanna a raibh O' Neill Lane ag maireachtaint ina theach ag deireadh a shaoil), sásta sleachta samplacha ón bhfoclóir a chur ar fáil roimh ré don té ar spéis leis iad. Bhain an coiste foilsithe triail as plámás a dhéanamh lena gcliantacht Éireannach chun a sprioc a bhaint amach:

...we gladly undertook the task of issuing this statement as we feel thoroughly confident the large-hearted Irish race at home and abroad will, now that the matter is placed fully before them, show their appreciation of [T. O' Neill Lane's] sacrifices and his work by placing at our disposal a sufficient fund to enable him to bring out his book in a proper manner. The Dictionary aims at crystallising [sic] our language as a living speech... and also affords an insight into the manners and customs, modes of thought, and habits of the people... thus revealing to some extent the salient features of the Irish character as well as of the Irish mind... we believe that the Irish people will rise to the occasion, as they have always done in every good cause (The Irish Independent, 12 Aibreán, 1912: 7)

Tar éis an phlámais seo, dhíríodar i gceart ar an gcúram. Bheadh an té a chabhródh leis an togra áirithe seo ag cabhrú leis an teanga féin, mar aon le T. O' Neill Lane, “who [had] devoted so much time to the preparation of a safe guide to its study”. Deineadh athfhriotal ar “His Eminence Cardinal Logue” (a raibh lua air deich mbliana roimhe sin chomh maith) sa tuairim a nocht sé i dtaobh an fhoclóra: “I have no doubt that the work when complete will give a strong impetus to the movement for the revival and preservation of our National tongue”. Thug an Coiste le tuiscint go raibh sé chomh maith ag “Managers and Teacher of Schools, Gaelic League Branches, and all Associations of Irishmen” cabhair ar leith a thabhairt don togra (ibid: 7). Feictear i liosta na síntiúsóirí in LLEID ar deireadh gur éist cuid de chraobhacha Chonradh na Gaeilge, leis an achainí: deirtear ann go bhfuarthas síntiús ó Chonradh na Gaeilge sa Bhaile Nua, Tulach an Iarainn, Co. Phort Láirge, síntiús le dhá chóip den fhoclóir ó Chonradh na Gaeilge i mBaile an Ghearlánaigh, Co. na Lú, síntiús ó Chonradh na Gaeilge i nDroichead Átha, síntiús ó Chonradh na Gaeilge san Aonach i dTiobraid Árann, agus síntiús ó Chonradh na Gaeilge in Oxford (LLEID: liosta na síntiúsóirí). Thug an *Irish Times* faoi deara go bhfuair an togra tacaíocht shásúil ón uaisle, agus ón mórfhobal i gcoitinne, agus nár mhinic go leor a leithéid a bheith i gceist le saothar breá gan chúiteamh mar LLEID. Dúradh sa nuachtán céanna go raibh líon na síntiús ag druidim le méid oiriúnach, cé nár dhóigh leo go gclúdófaí na costais ar fad le hairgead na síntiús.

Nár acu a bhí an ceart! In ainneoin na hinniúlachta agus na tacaíochta ar fad, dhein T. O' Neill Lane gearán i mbrollach an mhórfhoclóra mhéadaithe nach bhfuair sé taca a dhóthain agus gur chuir dualgais sheachtracha i bPáras agus mar sin isteach ar obair na foclóireachta (LLEID: vii). Ba dhóigh le duine go raibh an ceart aige nuair a mhaígh sé nach bhfaighfeadh sé oiread is leath dá chuid airgid ar ais, ach ní raibh aon ghá aige le tuairisc ó chuntasóir státfhostaithe chun go gcuirfí an méid sin in iúl dó. Tá luaite nár mhair sé chun an foclóir a fheiscint agus é foilsithe agus curtha amach i gceart, agus mar sin, níor mhair sé chun airgead a bhaint de dhíolachán an leabhair sa treo is go dtosnódh sé ar aisíoc a dhéanamh leis na clóidóirí. Dar le halt nuachtáin a foilsíodh san *Irish Independent* i mí an Mhárta 1916, naoi mí tar éis bháis do O' Neill Lane, ceapadh Messrs Cahill and Co. ina riarthóirí ar a chuid sócmhainní toisc £821 9s 10d a bheith ag dul dóibh ó chuireadar an foclóir i gcló. Ní raibh mar urrús acu ach na cóipeanna crua den fhoclóir nár tugadh go fóill do na foilsitheoirí, Messrs. Constable and Co., agus ní rabhadar seo, na foilsitheoirí, i gcumas an foclóir a fhoilsiú go dtí go dtiocfadh ionadaí príobháideach chucu ar shon O' Neill Lane nár mhair. Cuireadh luach £80 ar thailte a dúradh a bheith ina shealbh phearsanta i rith a shaoil (níor tugadh le fios cén áit a raibh na tailte sin), agus tá an tátal le baint as an alt gur deineadh athshealbhú orthu seo chun a raibh d'airgead amuigh ar Messrs. Constable and Co. a chúiteamh. Measadh gur 600 nó 700 cóip den fhoclóir a bhí sa chiorclaíocht cheana, agus ba é praghas a bhí orthu ná 31s 6d (*The Irish Independent*, 9 Márta, 1916: 4). Is dóigh liom gurb é atá i gceist anseo acu ná líon na bhfoclóirí a cuireadh amach chuig na síntiúsóirí; tá 620 ainm de dhaoine a d'íoc táille an fhoclóra mhéadaithe roimh ré curtha mar liosta ag cúl an fhoclóra, an líon céanna agus a dhein amhlaidh don chéad fhoclóir. Is inspéise an chuma nár íoc ach "some of the subscribers" a síntiúis dar leis an alt, ach mar sin féin, pé méid a íocadh mar le síntiúis, chuir sé arís le cúiteamh na gclóidóirí. Leis na foclóirí féin mar urrús ag Messrs. Cahill, a

chuid tailte príobhaideacha ina sealbh acu, chomh maith le pé airgead a bhí curtha ar fáil ag na sintiúsóirí roimh ré, bhí fiacha O' Neill Lane laghdaithe go mór sa tslí is nach raibh ach £20 i gceist faoin am ar cuireadh an t-alt áirithe seo amach (ibid: 4), leis an toradh gur foilsíodh an foclóir go hoifigiúil i ndeireadh na mbeart roimh dheireadh na bliana 1916. Fógraíodh foilsíúchán an tsaothair san *Irish Independent* ar an 17ú lá de mhí Dheireadh Fómhair (The Irish Independent, 17 Deireadh Fómhair, 1916: 4), agus in *The Irish Times* ar an dara lá de mhí na Samhna 1916 (The Irish Times, 4 Samhain, 1916: 6). Aisteach go maith, níor le Messrs Constable and Co. a foilsíodh é, ach leis an Education Company of Ireland, nach raibh aon trácht orthu go dtí sin, ar an gcuma go mb'fhéidir gurbh iadsan a chuir a ladar sa scéal chun pé airgead a bhí amuigh ag Messrs. Cahill and Co. a chúiteamh leo, ag tabhairt togha an aireachais go bhfoilseofaí an foclóir a raibh sé de thuiscint acu a dhéanamh amach gurbh fhiú é a fhoilsiú. Is dóigh liom gur ar an mbonn sin a moladh an comhlacht foilsithe céanna ar an aimsir sin. Dhein *The Munster Express* trácht don “patriotic enterprise of the Educational Co. of Ireland Publishing Company” (The Munster Express, Nollaig 2, 1916: 6), agus dar leo go raibh eiseamláir de sin le feiscint i bhfoilsíúchán LLEID (The Munster Express, Nollaig 16, 1916: 6).

Gan maoiniú socair a bheith aige dá thionscadal, agus gan na moltaí ón bpobal a bheith ag teacht chuige lena linn féin, bhí ar T. O' Neill Lane saothrú ina aonar. Ní raibh de theicneolaíocht aige ach cleite, dúch, agus páipéar:


The tools of his trade were a pen and pencil, scraps of paper, a handful of paper copies, and in truth, a satchel that would not ill become a more or less respectable beggarman. (Lane, 1976)

Ach is léir óna bhfuil ar eolas againn ina thaobh gur shiollaire a bhí ann. Is iad “ruthlessness”, “dedication”, “enthusiasm”, agus “tempered intelligence”, na focail a mbaineann Michael Lane úsáid astu chun léargas a thabhairt dúinn ar an gcineál scoláire a bhí ann. Dar leis gur thaispeáin a

chuid taistil fhorleathain agus é ag cruinniú eolais a chríochnúla agus a bhí sé ag gabháil d'obair an léinn. Sa chnuasach leabhar a raibh an t-ádh orm teacht air, tá cuid den obair phaistí a bhíodh ar bun aige le sonrú. Tá cóip de *The Poetical Works of Percy Bysshe Shelley* go bhfuil ailt ó nuachtáin reatha greamaithe isteach ann. Tá cóip den úrscéal *The Vicar of Wakefield* san áireamh atá breac lena chuid nótaí ar théamaí, ar character, agus ar ghnéithe liteartha eile den scéal atá mar chuid dá léirmheastóireacht phearsanta. Thit cnuasach a bhí déanta aige de ghearrthóga ó nuachtáin Fhrancacha amach ó lár an *Waverley Illustrated History of English Literature. Vol. I: Chaucer to Byron*. Bhí staidéar de shaghas éigin déanta aige ar an bhFraincis ann, agus dátaí breactha isteach aige de réir aimsir fhoilsithe an ábhair. Ina measc, bhí alt dar theideal “Le travail, c’est la santé”, arb é is brí leis ná “ní sláinte go hobair”. Ní haon ionadh é gur chuir T. O’ Neill Lane, díograiseoir, spéis in alt a mhol tairbhe na hoibre don tsláinte. Ina theannta sin, bhí bailúchán aisteach (sa dá chiall den fhocal sin) d’ailt ó réimse mór foinsí a chuir sé féin le chéile agus in eagar; tharraing sé line trí bhunuihmreacha na leathanach a bhí ag barr leathanaigh na n-alt éagsúil, agus dhein sé córas uimhriú leathanach dá chuid féin. Bhí chomh fada leis an 1,013ú uimhir leathanaigh scríofa isteach aige le peann luaidhe. Is dóchúla gurbh é a bhí i gceist leis seo ná fillteán a chaith sé le chéile ar mhaithe lena chuid taighde phríobháidigh. Níorbh ann don chorpas digiteach an uair sin ar ndóigh, ach tá an cháil fós air gur dhein sé an easpa sin a chúiteamh dó féin trí leathmhiliún slip páipéir de nótaí a bhreacadh síos sula gcuirfeadh sé in ord aibítreach ar ball iad (LLEID: vii). Deir Maureen Kelly go dtagadh at suntasach ar a mhéara, toisc a dhúthrachtaí agus a bhíodh sé ag scríobh, agus gur ghá, dá thoradh, iad a chur ar maos in uisce fuar chun go ndéanfaí an borradh céanna a mhaolú, agus go bhféadfadh sé filleadh ar an scríbhneoireacht (M. Kelly, comhfhreagras príobháideach, 30 Bealtaine, 2008). Mar a thugann Niall Ó Brosnacháin faoi deara agus é ag trácht ar shean-nósanna na foclóireachta, ba shaothar

beatha duine comhad ollmhór slipeanna mar seo a scagadh agus a iniúchadh (Ó Brosnacháin, 2001: 279).

Ceann de na gearrthóga nuachtáin ó chnuasach leabhar O' Neill Lane:



Lean Ó Brosnachán ar aghaidh le rá nach féidir leis an bhfoclóirí aonair “an stór focal d’fhoclóir ginearálta teanga a chur le chéile” gan cabhair éigin ó fhoinsí scríofa agus ó dhaoine (ibid: 279). Maireann cuid de chnuasach groí leabhar O' Neill Lane i leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál, agus as a bhfuil ann, tá an-chuid foclóirí de theangacha agus i dteangacha difriúla. Bhaineadh sé úsáid fhorleathan as an gcnuasach mór seo, agus ó na nótaí mínithe atá scríte isteach aige in *Bopp's Comparative Grammar*, is léir go gcaitheadh sé cuid mhaith ama i gcónaí ag scrúdú fréamhacha focail éigin go mion. Feictear a chuid díograis ina thaobh seo in alt dar teideal “‘Good Friday’ in Welsh and Irish” ina ndéantar plé ar shanasaíocht ainm na féile úd – ‘Aoine an Chéasta’. Nocht sé forbairt an fhocail ‘céasta’ a bheith ag teacht ó ‘kvas’ na hInd-Eorpaise, go ‘questus’ na Laidne, ar aghaidh go ‘cëssim’ na Sean-Ghaeilge, agus as sin go ‘céasaim’ na Meán-Ghaeilge. Is léir feadh an ama, agus é ag crostagairt do shaothair Windisch, Stokes, Atkinson agus McBain, go raibh go leor alt léirmheastóireachta ar an ábhar léite aige (O' Neill Lane, 1913b: 351). Bheadh sé seo ag teacht leis an sprioc a chuir sé roimhe féin i dtús báire

cos a choimeád leis an Léann Ceilteach agus le hobair scolairí Gaeilge na linne sin (LEID: vi). Tá a fhios againn go raibh aithne aige ar mhórchuid de phobal a chomhscoláirí lena linn féin. Tá a fhios againn chomh maith faoina chuid comhfhreagrais le saoithe eile ón bhfianaise atá sa Leabharlann Náisiúnta agus i Mount Melleray Abbey i gcónaí agus ón méid a dúirt Maureen Kelly faoina thurais go dtí an bosca poist; bhí tábhacht mhór leis seo ar an iliomad slí, cruinniú na bhfoinsí go sonraíoch; “compliments of R.L.” atá scríofa isteach ina chóip de *Patriotism Under Three Flags* le R. Lane, arbh fhéidir gur ghaol leis ab ea é.

Dúirt sé i réamhrá LLEID go raibh sé “particularly indebted to the late Professor J.C. Ward, of St. Eunan’s College, Letterkenny”, agus luaigh sé ainmneacha cúpla scoláire eile go raibh sé buíoch díobh, idir scoláirí a dhein profú iomlán ar an bhfoclóir agus scoláirí nár dhein profú ach ar chuid de. Luaigh sé “Patrick Kelly, N.T.” sa réamhrá chomh maith; gan dabht, ba do “national teacher” a sheas an “N.T.” seo. Múinteoir i scoil náisiúnta i mBaile Átha Fhirdhia ab ea an fear sin, agus ba dheartháir é leis an John Denis O’ Kelly a bhí ag tabhairt lóistín d’O’ Neill Lane, agus a bhí mar rúnaí ar an gcoiste a raibh de chúram orthu síntiúis a lorg do thogra O’ Neill Lane. Dar le Bill McEnry go bhfuair O’ Neill Lane an-chúnamh ón Patrick Kelly seo, a bhí lonnaithe i dteach mhuintir Uí Cheallaigh i dteannta O’ Neill Lane agus an cúnamh sin á thabhairt aige (McEnry, 1972: 2). Earcaíodh Tadhg Ó Donnchadha, Tórna, chun profaí a léamh don dá eagrán den fhoclóir, agus chonacthas óna chomharthaí buíochais i réamhráite an dá fhoclóir leis gur mhór ag O’ Neill Lane an méid sin de chabhair a bheith aige. Thapaigh O’ Neill Lane leis an deis ómós a léiriú don scoláire mór amach sa bhfoclóir, ar shlí spráíúil, san iontráil faoin gceannfhocal ‘apposition’ in LLEID, inar moladh Tórna mar fhile san am céanna is gur tugadh sampla mínithe den chomhaisnéis: “...the state of two nouns or pronouns put in the same case without any connecting word between them: as, I much admire Torna, the poet, tá árd-mheas agam ar Thórna

file...” (LLEID: 90). Ba mhinic a luadh ainm Thórna tríd an bhfoclóir, agus ba é an t-inchur ba mhó a bhí aige ná idirshleachta ar ghnéithe den ghramadach agus den tsanasaíocht, giotaí uaidh a chaith T. O’ Neill Lane isteach sa bhfoclóir gan mórán rian de féin a fhágaint orthu in aon chor. Bhí moladh beag uaidh ar an leagan ceart den chéim chomparáideach den aidiacht ‘leathan’ faoin gceannfhocal ‘broad’:

Broad, a., (1) wide, opp. to narrow, leathan, -eithne. [The correct comp. is leithe. — Tórna]” (ibid: 229).

Is eiseamláir eile den nós sin é an t-idirshliocht ó Thórna faoin gceannfhocal ‘creation’ in LLEID:

Creation, n., the act of bringing into existence, ... tuisdin, -e, f., (old *nom.* tuistin, gen. -ten, dat. -tin, v.n. of do (f)uissimh do + od + sem; cf. L. semen. The same applies to tuismhigim, tuismhigheoir &c. – Tórna)” (ibid: 382).

Bhí an tUrramach C. Short, a chabhraigh le O’ Neill Lane focail ó Thír Eoghain a bhailiú cé nár luadh an méid sin sa réamhrá (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7), ar cheann de na daoine a dhein profú iomlán ar an bhfoclóir chomh maith, agus bhí rian dá inchur siúd le feiscint san iontráil faoi ‘justice’:

Justice... Justice of the Peace, a magistrate [The Rev. C. Short calls my attention to the name Vergobretum given by the Aedui (see Caesar's de Bello Gallica, Book I., chap. 16) to Liscus, their Chief-magistrate (an officer appointed annually and having power of life and death) which he thinks is evidently fear-go-breitheamh. The suggestion is, I find, confirmed by Gesner in his Latin Thesaurus]” (LLEID: 879).

Ní hamhlaidh sa chás seo gur ghlac O’ Neill Lane le scoláireacht ó dhuine dá chomhfhreagraithe gan a mhacnamh féin a dhéanamh ar an scéal; tharraing sé óna chuid léinn féin chun tuairim an scoláire eile a dhearbhú. Dúradh go raibh cuid den fhoclóir profáilte ag an Urramach Thomas Boyle (ibid: viii), duine a chuir liosta fada d’fhocail ó cheantar Oiriaila ar fáil dó, ach arís, níor luadh é sin sa réamhrá féin ach in alt nuachtáin a tháinig amach roimh fhoilsiú an fhoclóra (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7). Ghabh O’ Neill Lane a bhuíochas le “Father Donnellan

for the loan of the Books and MSS. referred to in the text”, ag rá go raibh mórán samplaí léirithe bainte amach astu (ibid: viii). Cuireadh an t-ábhar a lig an tAthair Donnellan amach ar iasacht dó mar cheann de na húdaráis faoi “list of authorities quoted” in LLEID: “D. Rev. L. Donnellan’s MSS.” (O’ Neill Lane 1916: viii). Ach ina ainneoin sin, agus in ainneoin go ndúradh gur tagraíodh don ábhar áirithe sin ar feadh an fhoclóra, níl aon tagairt oscailte do Donnellan ná do pé lámhscríbhinn a bhí curtha ar fáil aige sin le feiscint arís amach sa bhfoclóir. Ach is léir cad a bhí i gceist leis an ábhar nuair a chuirtear san áireamh alt a clódh san Irish Independent a luaigh an bhaint a bhí ag scoláirí áirithe le togra foclóireachta O’ Neill Lane, alt a luaigh gur lámhscríbhinní Ghaeilge Oiriaila ón 18ú agus ón 19ú haois a bhí curtha ar fáil ag Donnellan don togra (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7). Thuigfí ar an mbonn sin go mb’fhéidir gur leis an gcomhartha (Or.) sa bhfoclóir a d’fhéadfaí ábhar ó iasachtaí Donnellan a aithint, cé nárbh é an t-aon duine a chuir ábhar Gaeilge ó Oiriaila ar fáil. Ní i gcónaí a bhí O’ Neill Lane iomlán cruinn ná soiléir ag tabhairt creidiúna dóibh, ach ba é an pobal scaipthe scoláirí seo, ar scrúdaigh sé a gcuid foilsíúchán, agus a raibh comhfhreagras aige leo ar uairibh, an t-aon bhuíon oibre a bhí aige. Bhí an tUrramach C. Short agus an tUrramach L. Donnellan araon ar an gcoiste a bunaíodh ar deireadh chun síntiúis a sheiftiú d’fhoilsiú LLEID sa bhliain 1912. Sa tslí sin, ní i gcónaí a bhí sé ina aonar *per se*, bíodh is gur dheacair, chostasach agus mhoillitheach an uair sin teangabháil a dhéanamh leis an domhan mór seachtrach.

Sa deireadh thiar thall áfach, mar fhoclóirí na seanaimsire, ba thar a cheann féin, as a stuaim féin agus as a phóca féin a ghabh sé d’obair an chomhfhreagrais, obair cheannaithe na bhfoinsí, obair thiomsaithe an ábhair, agus obair na heagarthóireachta faoi dheireadh. Pé measúnú a dhéanfar ar shaothair foclóireachta an Ghleanntánaigh, bíodh sé le rá gur shiollaire a bhí ann, sa tsainchiall den fhocal sin a pléadh ag tosach na caibidile seo.

Caibidil a Ceathair

Foinsí Focal agus Foinsí Foclóireachta

4.1 Oidhreacht na Foclóireachta Béarla-Gaeilge

Ba é LEID an cúigiú foclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh i stair na foclóireachta Gaeilge, agus ba é LLEID an chéad mhórfhoclóir Gaeilge a cuireadh amach sa bhfichiú haois. Luíonn sé le céill go bhféachfadh foclóirí Béarla-Gaeilge ar ar tháinig roimhe agus é ag brath cur lenar deineadh roimhe, cé nár mhór an meas a bhí ag Láimhbheartach Mac Cionnaith ar a chuid réamhtheachtaithe siúd, a raibh T. O' Neill Lane féin ina measc. Sa réamhrá ina *English-Irish Phrase Dictionary*, dhein sé siúd díspeagadh ar na foclóirí Béarla-Gaeilge a tháinig roimhe;

English-Irish Dictionaries are of little avail. After getting a word in them, one is as much at a loss as ever. The various shades of meaning, the various constructions and connections of which a word is susceptible, are given very incompletely, if at all (McKenna, 1922: i)

Ní raibh O' Neill Lane chomh géar céanna ina chuid cáinte, cé gur luaigh sé i réamhrá a fhoclóra féin i 1904 gurbh í an aidhm a bhí aige ná “an adequate English-Irish Dictionary” a chur amach, ceann a bheadh “better calculated to meet the needs of students” (LEID: v). Mar sin féin, bhí tionchar nach beag ag na foclóirithe a tháinig roimhe ar T. O' Neill Lane ar shlite díreacha agus indíreacha, agus ós amhlaidh atá, is é atá sa chuid seo den tráchtas ná léiriú ar conas mar a d'fheidhmigh luathshaothair foclóireachta na bhfear sin mar fhoinsí ag T. O' Neill ina shaothar foclóireachta féin ar deireadh, *Lane's Larger English-Irish Dictionary*. Féachfar ar na foclóirí Béarla-Gaeilge in ord a dtábhachta faoi mar a bhaineann siad le hobair T. O' Neill Lane; is é sin, ar fhoclóir Uí Choinnialláin, ar fhoclóir Uí Fhoghlú agus ar fhoclóir Uí Bheaglaoich faoi seach.

4.1.1 *An English-Irish Dictionary intended for the use of schools, Tadhg Ó Coinniallín, (1814)*

Luaigh O' Neill Lane *An English-Irish Dictionary intended for the use of schools* mar fhoinsé, ach níor deineadh ach ocht dtagairt dó i gcorp an fhoclóra. Téarmaí ab ea a bhformhór acu, mar shampla:

Cupola, n., a roof or ceiling having a rounded form, duileadh (T.C.) (T. LLEID: 394)

Feud, n., an inveterate strife between families, clans or parties (1) tuaithliosacht, -a, f. (T. C.) (ibid: 600).

Ba go hindíreach a fuair T. O' Neill Lane téarma eile uaidh, faoi mar a thabharfar faoi deara san iontráil shuaithinseach seo:

Avoirdupois, n., weight, oirmheadhchann, -ainn, m. [I found this word written in an excellent hand in my copy of Thady Connellan's English-Irish Dictionary at the foot of page 8. The writing is said to be that of Eugene O'Curry.] (ibid: 127).

Is é sin le rá nárbh é Thadhg Ó Coinniallín a sholáthair an téarma seo in aon chor. Fuarthas briathar amháin uaidh a bheadh úsáideach do chúrsaí oideachais chomh maith:

Confront, v.t., (1) to put in contrast, to compare, do chomóradh (T.C.). (ibid: 343).

Ach thairis sin, is beag usáid a baineadh as foclóir Uí Choinniallín i gcomparáid le foinsí eile. Is dócha gurbh amhlaidh nach raibh O' Neill Lane sásta briseadh le traidisiún oidhreacht na foclóireachta Béarla-Gaeilge, agus gur tagairtí comharthacha ab ea iad seo d'fhoclóir Uí Choinniallín a raibh gá ag O' Neill Lane leis mar léiriú ina liosta foinsí go raibh forbairt na bhfoclóirí Béarla-Gaeilge scrúdaithe aige.

4.1.2 *An English-Irish Dictionary intended for the use of students of the Irish language, Daniel Foley, (1855)*

Ba é *An English-Irish dictionary intended for the use of students of the Irish language* le Daniel Foley an foclóir Béarla-Gaeilge ba dheireanaí a bhí curtha ar an saol faoin am gur thosnaigh T.

O' Neill Lane ag cuimhneamh ar a "greater ambition in life" (McEnry, 1972:1), agus ba é an t-aon cheann a cuireadh amach fiú amháin go dtí 1903, bliain roimh fhoilsiú LEID, nuair a tháinig foclóir Béarla-Gaeilge le Edward Fournier d'Albe ar an bhfód. Níor dhóigh le duine go raibh caoi ag O' Neill Lane ar staidéar a dhéanamh ar iarracht Fournier d'Albe roimh theacht amach a chéad fhoclóra féin, agus níl aon fhianaise in aon chor ann gur ghlac O' Neill Lane le *An English-Irish Dictionary and Phrase-book* mar fhoinse don fhoclóir méadaithe ach oiread. Má dhein sé beagchúram de shaothar Uí Choinnialláin, agus dá mba é an Beaglaoidh ba mhó a bhí mar fhoinse aige ar bhonn ginearálta, dhírigh sé ar fhoclóir Uí Fhoghlú mar an réaladh ba nua-aoisí den saghas saothair a bhí sé féin ag iarraidh a chur i gcrích. Bhí tionchar de shaghas éigin ag Daniel Foley ar T. O' Neill Lane dá bharr.

Ba é an úsáid ba mhó a bhain O' Neill Lane as foclóir Uí Fhoghlú ná leaganacha traslitríthe a fháil uaidh do téarmaí Béarla nach raibh téarmaí dúchasacha Gaeilge ar fáil dóibh. Cuirim an iontráil seo a leanas i gcás:

Penguin, n., a bird of the order Impennes or Ptiloptera, penguín (*Foley*). (LLEID: 116).

D'fhéadfadh aon duine cuimhneamh ar a leithéid ach beagán d'ortagrafaíocht na Gaeilge a bheith ar eolas acu, ach chloígh O' Neill Lane le leagan Uí Fhoghlú, agus thug sé creidiúint dó toisc gurbh é an chéad fhoclóirí é a mhol an traslitríú áirithe sin a dhéanamh ar an bhfocal idirnáisiúnta 'penguin', ar mhaithe le buanseasmhacht i soláthar na téarmaíochta Gaeilge is dócha. Dhein O' Neill Lane amhlaidh leis an bhfocal 'bayonet' chomh maith:

Bayonet, n., a pointed instrument like a dagger for fitting to the muzzle of a rifle, miodóg, ... baoinít (*Foley*) ! (ibid: 152).

Sa chás áirithe seo, bhí neart leaganacha dúchasacha eile ag Foley don choincheap 'bayonet' nár bhac O' Neill Lane leo, é ag tabhairt tosaíochta dá leagan dúchasach féin, 'miodóg'. Ar chuma

éigin áfach, chuir O' Neill Lane comhartha buaice (!) in aice le leagan trascríofa Uí Fhoghlú, ar nós gur le faichill a bhí sé á chur ar fáil, agus nár aontaigh sé leis amach is amach b'fhéidir. Agus mar leis an iontráil faoin gceannfhocal 'onyx' de, feictear gur thug sé creidiúint do Foley, ach tugtar faoi deara chomh maith gur deineadh moladh Uí Fhoghlú a mhodhnú. Féach iontráil Foley:

Onyx, s. duiniongadh, onics (Foley, 1855: 249)

Ba í an iontráil a bhí ag O' Neill Lane ná:

Onyx, n., chalcedony in parallel layers of different shades of colour, (1) oinics (Foley); (O' Neill Lane, 1916: 115)

Arís eile, dhein O' Neill Lane neamhshuim den leagan dúchasach a bhí ag Foley, 'duiniongadh', agus ghlac sé leis an traslitríú amháin. Ach féach nach mar a chéile 'oinics' O' Neill Lane agus 'onics' Foley. Mheas O' Neill Lane gur ghá leasú a dhéanamh ar bhunleagan Uí Fhoghlú, á athrú sula gcuirfí ar fáil ina fhoclóir féin é. Ach ina ainneoin sin, thug sé an nod '(Foley)' leis mar sin féin, ag tabhairt na creidiúna dó, cé nár léir go raibh aon dualgas air é sin a dhéanamh. Bhí sé tar éis an téarma a athrú, agus taobh istigh de cheard an traslitríthe, is mór an difríocht idir guta áirithe a fhágaint amach, nó é a thabhairt isteach. Ba é 'oinics' moladh O' Neill Lane, agus moladh O' Neill Lane amháin ón uair gur thug sé an 'i' áirithe sin isteach sa téarma. Is amhlaidh mar sin go mb'fhéidir gur dhein O' Neill Lane dearmad gur athraigh sé leagan Uí Fhoghlú sa chéad áit, nó gur bhotún ab ea é go fiú (cé nach dócha é; tá cuma ar an iontráil gur dhein sé an leasú d'aonghnó). Murarbh é sin a bhí ann, d'fhéadfaí a rá nach raibh ann ach gur mhacánta ionraic an foclóir é T. O' Neill Lane ar theastaigh uaidh a cheart a thabhairt do fhoclóir Uí Fhoghlú, ainneoin athrú suntasach a bheith déanta aige ar a mholadh. Ba iad na hathruithe eile a dhein O' Neill Lane ar iarrachtaí Uí Fhoghlú ná 'd' a athrú go 't' tríd síos ag deireadh focail, ag teacht le litriú na athbheochana. Mar shampla, faoin gceannfhocal 'heptagon', bhí 'seachd chúineog' (Foley, 1855: 166) ag Foley, ach ba é 'seachtchúinneog' (LLEID: 773) a thug O' Neill

Lane. Ba é an t-athrú suntasach eile a deineadh ná fleiscíní agus spásanna a bhaint amach idir dhá fhocal chun chomhfhocail gan bhriseadh a chruthú. A leithéid seo; ba é an t-aistriúchán a bhí déanta ag Foley ar an téarma ‘logic’ ná ‘deagh-chaint’ (Foley, 1855: 214), agus ba é ‘deaghchainnt’ tiontú O’ Neill Lane (LLEID: 949). Mar le bearnaí a líonadh de, ba í an Ghaeilge a bhí curtha ag Foley ar an bhfocal ‘aphelion’ ná ‘grian choinne’ (Foley, 1855: 21), agus d’athraigh O’ Neill Lane é sin go dtí ‘grianchoinne’ (LLEID: 82). Ó thaobh briathra de, ba í foirm a bhí ag Foley ná an dara pearsa, uimhir uatha, sa mhodh ordaitheach, agus d’athraigh O’ Neill Lane é sin i ngach cás go dtí an chéad phearsa, uimhir uatha san aimsir láithreach, de réir a chórais féin. Leis sin, athraíodh ‘máthairigh’ (Foley, 1855: 223) go ‘mátharighim’ (LLEID: 993) mar mhacasamhail ar ‘matriculate’.

Bhí Foley tábhachtach do T. O’ Neill is léir, mar an foclóirí Béarla-Gaeilge ba dheireanaí a bhí tagtha roimhe agus é i mbun a fhoclóir féin a réiteach, agus mar shinsear foclóireachta go ginearálta, ach ina dhiaidh sin agus uile, ba mhó i bhfad Éireann an tábhacht a bhain leis an mBeaglaoidh mar fhoinsé. Is féidir an méid seo a thabhairt faoi deara ar shlí an-simplí in LLEID; aon uair go raibh iontráil ón mBeaglaoidh agus iontráil ó Foley faoin gceannfhocal céanna aige, thug O’ Neill Lane an tosaíocht do leagan ársa Uí Bheaglaoidh seachas don fhoclóir ní ba nua-aoisí, faoi mar atá le feiscint sna samplaí áirithe seo:

Emphasis, n., a particular stress laid upon one or more words which the speaker wishes to impress on his audience, ... (2) neart briathar, (O’ Beg.) ; (3) strus, -uis, m. (Foley), (ibid: 527)

Iambic, n., a satirical poem, (1) camdán, -áin, m. (O’ Beg.) ; (2) luathdhán (Foley) (ibid: 808)

Logic, n., the science of exact reasoning, ... (3) loighce, g. id., f. (O’ Beg.) ... (5) deaghchainnt (Foley), (ibid: 948)

Milky-way, n., the Galaxy or luminous belt composed of innumerable stars stretching across the heavens, ... (2) an tslighe bhainneamhail (O’ Beg.)... (3) an láir bhán (Foley), (ibid: 1019)

Rud eile, tá suas le ceithre oiread níos mó tagairtí d’fhoclóir Uí Bheaglaoich ná mar atá d’fhoclóir Foley, gan trácht ar an rian follasach a d’fhág an Beaglaoich ar fhoclóir an O’ Neill Lane, faoi mar a fheicfidimid.

4.1.3 *The English-Irish Dictionary: An Foclóir Beurla Guoidheilge, Conchúr Ó Beaglaoich agus Aodh Buidhe Mac Cruitín, (1732)*

Ba é *The English-Irish Dictionary* nó *An Foclóir Beurla Guoidheilge* le Conchubhar Ó Beaglaoich agus Aodh Buidhe Mac Cruitín an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh riamh, agus dá bhrí sin, bhí na foclóirithe Gaeilge, go háirithe na foclóirithe Béarla-Gaeilge, a tháinig ina dhiaidh faoina chomaoin go mór. Dar le de Bhaldraithe gurbh é T. O’ Neill Lane “is mó a bhain solamar as [FBC] sa bhfichiú haois” (de Bhaldraithe, 1997: 35), agus faoi mar a dúirt Liam Mac Amhlaigh, “i gcomparáid le foclóirí eile, bhain O’ Neill Lane an-leas ar fad as FBC mar eiseamláir” (Mac Amhlaigh, 2008: 89). Ba é a dúirt Mícheál Ó hÍcí go tarcaisneach i dtaobh sholáthar na bhfrásaí léirithe in *Lane’s English Irish Dictionary* ná “such examples as are given appear to be drawn in the main from the O’ Begley-MacCurtin Dictionary” (Ó hÍcí, 1904: 531). Is léir más ea gur aithníodh díreach tar éis d’fhoclóir O’ Neill Lane a theacht amach go raibh rian Uí Bheaglaoich le sonrú go láidir air. Ach fiú amháin sula ndéanfaí comparáid idir an bheirt fhoclóirithe ó thaobh na foclóireachta de, feictear gur féidir comhchosúlachtaí éadoimhne a dhéanamh eatarthu.

Réitíodh agus foilsíodh an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge sin i bPáras na Fraince. Cuid den léiriú a thug Vincent Morley ar an mBeaglaoich ab ea an íomhá ar “f[h]ear ó iarthar na tíre a fuair a chuid oideachais sa Fhrainc” (Morley, 1995: 107), agus b’fhuirist an cur síos ceannann céanna a thabhairt ar T. O’ Neill Lane, bíodh is gur fhéinoiliúint ar an mórgóir a bhí ar siúl ag T. O’ Neill Lane amuigh i bPáras. Agus faoi mar a léiríonn Morley, is cosúil go mb’fhéidir go raibh dhá

ainm baiste in úsáid ag an mBeaglaoidh, rud atá tar éis deacrachtaí a chruthú do scoláirí aon eolas beacht a thiomsú ar eachtraí a shaoil (ibid: 105). Is fíor gur mar a chéile an scéal le T. O' Neill Lane, a phreabadh ó Timothy Lane go T. O' Neill Lane go Tadhg Ó Niallach Liatháin agus mar sin sa tsiúl arís. Ba mar seo a mhínigh John Considine cuid den tábhacht a bhain le mionchoigeartú an ainm i gcás Uí Bheaglaoidh, á chur i gcomparáid le foclóirí clúiteach eile na Meánaoise darb ainm Henri Estienne; “both exiles from their own two countries... they both reinvented their names to reflect the cultural concerns that also informed their lexicography... O' Begley Hibernicizing to Conchobhar Ó Beaglaoidh” (Considine, 2008: 2). Dhein O' Neill Lane an rud céanna, agus mar fhóillíocht phearsanta ab ea ba dhóichí a dhein O' Neill Lane a ainm a Ghaelú agus é ag scríobh “Tadhg Ó Niallach Liatháin” mar shíniú ar chúpla ceann dá chuid leabhar.

Is féidir a thuiscint go saoráideach cén fáth gur taibhsíodh do T. O' Neill Lane FBC a thabhairt chuige mar phríomhfhoinsé fhoclóireachta. Ba é an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge riamh é, agus rud eile, ba fhoclóir é go raibh luí aige leis an gcaint bheo, rud nach raibh i gceist le foclóirí eile roimh aimsir O' Neill Lane. Mheabhraigh Cathal Ó Háinle gur chúig fhoclóir Gaeilge a bhí ar an bhfód faoi dheireadh an naoú haois déag, ach nár bh aon chabhair na foclóirí nár foilsíodh do scríbhneoirí na hathbheochana, dála O' Neill Lane, agus gur sa teanga ársa a bhí spéis ag Ó Briain agus O' Reilly (Ó Háinle, 1996: 765). Liostaí téarmaí ab ea foclóirí Uí Choinnialáin agus Uí Fhoghlú le fírinne. Ach bhí leaganacha cainte ó ghnáth-Ghaeilge a linne le fáil in FBC mar a dúirt de Bhaldraithe (de Bhaldraithe, 1997: 21), a bhuíochas sin dá chúlra mar chainteoir dúchais agus do phobal na Gaeilge i bPáras a lig don Bheaglaoidh taithí a chur ar na canúintí difriúla Gaeilge taobh istigh de chríocha cathrach amháin. B'fhearr an deis a bhí aige ná dá mba ea go bhfanadh sé i gceantar ar leith in Éirinn (ibid: 30). Bhí T. O' Neill Lane ag brath cuntas mar é a

thabhairt ar Ghaeilge a linne féin, tar éis dó a thír dhúchais ina hiomláine a shiúl, á cíoradh as a chonlán féin chun cúram céanna an bhailithe a dhéanamh. Bhí an cur chuige céanna ag an mbeirt fhoclóirí chun toradh an bhailithe a chur ar fáil do léitheoir a fhoclóra; ba é sin liosta ceannfhocal a thabhairt ó fhoclóir Béarla eile chun go bhfeidhmeodh na giotaí de shaibhreas Gaeilge mar aistriúcháin orthu. Ba ó WID a fuair O' Neill Lane a chuid ceannfhocal díreach mar a fuair an Beaglaeich a chuid ceannfhocal Béarla (ibid: 23). Is sa tslí chéanna sa dá fhoclóir a bhristear na ceannfocail Bhéarla i ngrúpaí de réir na chéad thrí litreacha ar bharr na leathanach, dáлта ABU, ACA, ACC, ACE agus mar sin de, rud a fhágann gur fusa na ceannfocail a aimsiú.

Le céad ochtó sé tagairt dó in LLEID, ba é *An Foclóir Beurla Guoidheilge* le Conchubhar Ó Beaglaeich agus Aodh Buidhe Mac Cruitín an foclóir agus an foinse fhoclóireachta ba mhó ar bhain T. O' Neill Lane ábhar as dá mhórshaothar foclóireachta. Thug sé isteach raidhse téarmaí ar tháinig sé orthu in FBC, idir focail agus go mór mhór, abairtí iomlána gur chónagaraí do shainmhínithe iad. Bhain an t-ábhar as FBC ar aithin O' Neill Lane gá a bheith leis le gach réimse den saol, ach bhain cuid mhór de le cúrsaí míleata, mar shampla:

Aim, v.i., ... (2) Intent or purpose, innlighthim (inneallaim ?), -iughadh (*O' Beg.*) ; (ibid: 50)

Broadside, n., the side of a ship above the water, ... (2) A simultaneous discharge of all the guns on one side of a ship: we gave them a b., tugamar leathantaobh dóibh, .i. lámhach iomláin taoibh luinge (*O' Beg.*) ; (ibid: 229)

Grenadier, n., formerly a soldier who carried and threw grenades, saighdiúir le lámhach granád (*O' Beg.*) ; (ibid: 719)

le cúrsaí riaracháin, mar shampla;

Ambassador, n., (1) a minister sent to a foreign court to represent his country, ... (c) rightheachtaire, gen. id. -rí. m. (*O' Beg.*) ; (ibid: 65)

Council, n., an advisory or legislative body of men, ... a general c. of the Church, comhthionól generáilte na heaglaise (*O' Beg.*) ; (ibid: 370)

Parliament, n., a formal conference on public affairs, esp. of the Lords and Commons, (1) comhdháil, -ala f. (*O' Beg.*, sub v. appointed) ; (ibid: 1146)

agus le cúrsaí cultúir, mar shampla;

Art, n., (1) science or systematized knowledge, (a) ealadha, -dhan, -dhna, f. (O'Beg.) ; (ibid: 102)

Burlesque, a., tending to excite laughter by grotesque images or by contrast, as by treating a trifling subject with mock gravity, ... (2) greannmhar, -aire (O' Beg.) ; (ibid: 238)

Gnostics, n., the followers of the so-called philosopher of that name, ... aicme eiriceach d'éirigh suas timcheall na bliadhna d'aois Críost 125. Do ghabhadar ortha féin céim árd i ngliocas 7 fios an uile nídh ; do mheasadar anam an duine do bheith d'aonroinn le Dia; go raibh dhá Dhia ann .i. Dia maith 7 droch Dhia, agus do shéanadar an breitheamhnas atá le teacht (O' Beg.) ; (ibid: 695)

Metre, n., poetic measure depending on the number, quantity and accent of syllables ... (3) réim, -e, -eanna, f.; I put into metre, cuirim i réim (O' Beg.) ; (ibid: 1014)

Orthography, n., the correct spelling of words, ... (2) oirleagadh, .i. an tslighe cheart ar fhoclaibh do léirsgríobhadh (O' Beg.) ; (ibid: 1125)

Uaireanta, ní léir cén tairbhe a bhaineann le cuid d'iontrálacha Uí Bheaglaoidh a thabhairt arís in LLEID. Ní raibh aon ghá le cuid acu fiú is an chéad lá a clódh FBC féin. Sampla de sin ab ea an cinneadh a dhein Ó Beaglaoidh téarma ar nós 'Free Bench' ón mBéarla dlíthiúil a aistriú go Gaeilge: “gnáthamh do bhí a Mainéaruibh a taoibh thoir agus thiar do Embourn...” (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 236). Dar le de Bhaldraithe gurbh eiseamláir é seo den tslí inar chuaigh Ó Beaglaoidh chun áiféise ar uairibh ina chuid aistriúchán ar choincheapa a bhain go dlúth le saol an Bhéarla (de Bhaldraithe 1997: 25). Níor cheadaigh O' Neill Lane an iontráil áirithe seo ón mBeaglaoidh, ach bhí cúpla téarma eile a bhain sé as FBC agus ba dhóigh le duine go mbeadh an fhadhb chéanna ag baint leo, mar shampla:

Epicure, n., one devoted to the luxuries of the table, ... (2) duine uaillmhianach do bheir é féin do gach uile shólás ... (5) duine leanas réim epicure [sic] (O' Beg.) (LLEID: 542)

Bath, n., ... Knights of the Bath, Ridirí an Ionnlait (O'Beg.) (ibid: 150)

Aisteach go maith, ba é 'duine leanas réim epicure' an sainmhíniú a thug an Beaglaoidh faoin gceannfhocal 'Epicurian', ní faoin gceannfhocal 'epicure' (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 193), agus bhí dul amú ar O' Neill Lane é a thabhairt faoi 'epicure'. Rud eile, shainmhínigh O' Neill Lane brí (2) de 'epicure' leis an abairt “duine uaillmhianach do bheir é féin do gach uile

shólás”. Ach sin é a bhí ag an mBeaglaoidh ar ‘epicure’ (ibid: 193), agus arís eile, níor chuir O’ Neill Lane nod leis á rá. Ach ní gá dul chun leadráin sa scéal seo; meabhraím gurbh é a bhí mar aidhm ag O’ Neill Lane ná focail Ghaeilge a thabhairt don Bhéarlóir Éireannach ar a ghnáthstór focal féin, agus ní móide gur théarmaí iad seo a bheadh coitianta i mBéarla an duine a bhí i gcomhaimsir le T. O’ Neill Lane, gan trácht ar Bhéarla ré Uí Bheaglaoidh. Chuaigh O’ Neill Lane amú sa tslí seo ar a chonlán féin chomh maith, áfach. Ba é féin a shocraigh ar a leithéid de théarma agus ‘Séala Mór Shasana’ a chur ar fáil:

Broad-seal, the Great Seal of England, Séala Mór Shasana, m. (ibid: 229)

Chomh maith len é a bheith ag aistriú téarmaí nár oir do shaol na Gaeilge ná do shaol Bhéarla na hÉireann, d’fhág an Beaglaoidh ar lár “riar mhór focal coitianta” (de Bhaldraithe, 1997: 23) toisc nach raibh tuiscint rómhaith ar an mBéarla aige (Morley 1995: 107). Ní raibh an leithscéal céanna ag T. O’ Neill Lane óir ba chainteoir dúchais Béarla é a chaith an-chuid ama i Londain ag obair mar iriseoir trí mheán an Bhéarla ann. Ach mar sin féin, tá dearmaid den saghas sin le fáil ina fhoclóir siúd chomh maith. A leithéid seo; cé go bhfuil ‘cabinet d’aisance’ mar cheannfhocal aige, arb é is brí leis ná ‘leithreas’, nó ‘áit leithris’, faoi mar a tugadh sa bhfoclóir, níl ‘toilet’ mar cheannfhocal aige faoi mar a bhí in WID (Porter, 1907: 1515), príomhfhoinsé do cheannfhocail O’ Neill Lane.

Ní chuirtear san áireamh sa mhéid sin an scata mór focal agus frásaí a thóg sé as FBC nár cuireadh nod leo á admháil sin, bíodh sin trí dhearmad nó d’fhonn a chur i gcéill nach raibh sé ag brath go rómhór ar fhoclóir seanchaite nuair ba é an cúram a bhí air ná iarracht a dhéanamh ar an teanga a nuachóiriú. Sampla den nós sin dearmad a bheith déanta aige nod a chur ar fáil le taispeáint gurbh ón mBeaglaoidh a fuair sé téarma nó frása ab ea an t-aistriúchán a thug sé ar an ngalar *diabetes*. Ba é sin “rioth fuail .i. aicíd bhíos ar dhuine nach dtig leis a mhún do

chongbháil” (LLEID: 447). Faoi mar atá léirithe go sea, ba chuid an-tábhachtach í an sainmhíniú nó an leagan timchainteach a thabhairt mar chomhfhreagraí Gaeilge ar théarma Béarla i bhfoclóireacht Uí Bheaglaoich, agus bhí an claonadh céanna ar cheann de na slite inar léirigh O’Neill Lane go raibh sé faoi anáil mhodh foclóireachta an fhoclóirí a chuaigh roimhe. Sa chás áirithe seo áfach, níor léiríodh ach go raibh O’Neill Lane tar éis aistriúchán Uí Bheaglaoich ar an bhfocal *diabetes* a ardú leis, á chur isteach ina fhoclóir féin gan an nod (Beg.) a chur leis le haitheantas a thabhairt don fhoclóirí ársa. Féach an bunleagan: “aicíd bhíos ar neach nach dtig leis amhún do chongmháil” (Ó Beaglaoich agus Mac Cuirtín, 1732: 162). Agus níor léir cén gá a bhí leis an sainmhíniú d’iontráil sin, toisc go raibh téarma breá curtha isteach aige féin, ar chosúil gurbh é a chum toisc nach bhfuil sé le feiceáil in aon áit eile; ba é sin ‘rioth fuail’ (LLEID: 447).

Bhí an sampla léirithe thíos faoi ‘dialogue’, ar an taobh eile den leathanach, sa tslí chéanna: is é “comhradh idir dís nó idir mórán” an leagan Gaeilge a bhí ag an mBeaglaoich ar an téarma Béarla ‘dialogue’ (Ó Beaglaoich agus Mac Cuirtín, 1732: 162), bíodh is gur thug O’Neill Lane an abairt chéanna mar aistriúchán ar “a dialogue between two or more” (LLEID: 448). Níor dhein sé aon athrú ar an abairt sin, agus níor chuir sé aon nod leis lena chur in iúl gurbh ón mBeaglaoich a fuair sé é. Is baolach gur mar sin atá an scéal le gach aon fhrása den saghas sin nach bhfuil a mhalairt de nod leis: is é sin gur baineadh as FBC iad gan a lua. Mar is fíor do gach nod a dtagraíonn sé d’fhoinsé éigin leis, is mó tagairt a thug sé i dtosach an fhoclóra, i gcuid A agus i gcuid B de b’fhéidir, laghdaigh ar an nós sin amach sa bhfoclóir, agus ní bhíonn ach méid fíorbheag nod (*O’ Beg.*) le feiscint i dtreo dheireadh an tsaothair, i gcomparáid lena tugadh agus é i dtosach a dhreise.

An ceannfhocal ‘botanical’ in FBC (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 81)

Botanical. adj. Ἀξ βυαηη ηε λνβε αηνβ.

An ceannfhocal ‘botanical’ in LLEID (LLEID: 212):

Botanical, a., of or pertaining to the study of plants, Ἀξ βαιητ τε λυβεαηαιδ (O' Beg.).

An ceannfhocal ‘diabetes’ in FBC (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 162):

Diabetes. f. Ἀιειδ βιογ αη ηεαε. ηαε
λεη αιμνν θα εονηηαιδ.

An ceannfhocal ‘diabetes’ in LLEID (LLEID: 447):

Diabetes, n., a disease attended by a persistent and excessive discharge of urine, ηιοτ ηυαιδ .η. αιεη βιογ αη θυηη ηαε ηεηε λειρ α ημν ηο εονηδαιδ.

Maidir leis an ábhar a bhain O' Neill Lane as FBC agus ar cuireadh an nod (*O' Beg.*) leis, bhí nuachóiriú agus beagán eagarthóireachta le déanamh air, faoi mar a bheifí ag súil leis i gcás foinse teanga a clódh nach mór dhá chéad roimh iarracht an fhoclóirí nua-aoisigh. Is gá cuimhneamh go raibh O' Neill Lane ag réiteach a fhoclóra tráth go raibh mórán díospóireachta ar

siúl i dtaobh cheist an litrithe go ginearálta. Céim mhór thábhachtach i stair na Gaeilge ab ea bunú na hirise *Irisleabhar na Gaeilge* in 1882, agus ba ann a bhí cuid mhór dá leithéid díospóireachta le léamh ag pobal na Gaeilge, idir chaint ar chaighdeán a bhunú ar an gcaint bheo, ná é a bhunú ar an nGaeilge liteartha (Ó Háinle, 1996: 754-758). Braitheadh gur ghá caighdeán litrithe de shaghas éigin a chur ar fáil le tamall roimhe sin chomh maith, faoi mar a dúirt Daniel Foley in 1855 i réamhrá a fhoclóra siúd, a dúirt gurbh áiféiseach an réiteach é gan caighdeán a bheith ar fáil. Dá bhrí sin, bhí sé mar chuid dá chuspóir sa bhfoclóir dul i ngleic leis an obair sin ar leasú agus ar chaighdeánú litriú na Gaeilge. Dhírigh sé sin ar dheirí na bhfocal, idir ‘us’, ‘aigh’ agus ‘uigh’, mar aon le ‘ea’ agus ‘eu’, ach níor mhínigh sé cén tslat tomhais ná idé-eolaíocht a bhí taobh thiar den scagadh a bhí déanta aige ar na deirí céanna sa bhfoclóir, cé gur luaigh sé go nochtadh sé lena chuid mac léinn féin é (Foley, 1855: iii – iv).

Níor dhein O’ Neill Lane aon chur síos ar an gclaonadh ortagrafach a bhí aige féin ach oiread, ach is léir gur dhein sé athruithe ar thromlach na bhfocal agus na bhfrásaí a d’ardaigh sé leis as FBC, agus is é seo a leanas an patrún is mó atá le haithint sna hathruithe a dhein sé. Ba mhinic ‘agas’ in FBC a bheith aistrithe go ‘7’ aige ina fhoclóir féin (mar shampla “céim árd i nglioc 7 fios”, LLEID: 695), rud nach bhfuil chomh hoiriúnach céanna d’fhoghlaimoirí toisc nach léir dóibh cén fhoghraíocht an bhainfeadh leis an gcomhartha nua aduain sin nár thug O’ Neill Lane le fios cad ba bhrí leis nó cad dó a sheas sé. D’athraigh O’ Neill Lane ‘uibh’ mar fhoirceann sa tabharthach iolra go ‘aibh’: mar shampla, athraíodh ‘luibheannuibh’ (Ó Beaglaioich agus Mac Cuirtnín, 1732: 81) go ‘luibheannaibh’ in “botanical, a., ... ag baint le luibheannaibh” (O’ Neill Lane: 1916: 212). Athraíodh foirceann gnáthiolra go foirceann tabharthach in aon áit nár thug an Beaglaioich an tabharthach, chun go mbeadh an iontráil áirithe sin ag teacht leis an nós a bhí leagtha síos ag O’ Neill Lane ina fhoclóir féin, .i., an tabharthach a bheith ceadaithe tar éis

réamhfhocal: .i., athraíodh “ar na taisdiollaigh” (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 619) go “ar na taistealluidhibh” faoin gceannfhocal ‘sphinx’ (O’ Neill Lane 1916: 1466). Cheartaigh sé leaganacha an Bheaglaoidh nuair a mheas sé gur ghá a dhéanamh amhlaidh; in áiteanna bhí foirm ainmneach aige nuair ba fhoirm ghinideach a bhí ag teastáil agus chinn O’ Neill Lane an dearmad sin a leasú: athraíodh ‘duadh’ an ainmnigh (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 14) go dtí ‘duaidh’ an ghinidigh chun an frása “tángamhar as ar éigean nó le mórán duaidh” a thabhairt, faoin gceannfhocal ‘Ado’ (O’ Neill Lane: 1916: 33). Thug sé ‘adh’ agus ‘idh’ neamhaiceanta isteach ag deireadh na bhfocal nach raibh ag an mBeaglaoidh ach ‘a’ nó ‘e’ mar dheireadh orthu: athraíodh ‘siopadh’ (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 606) go ‘siopa’ faoin gceannfhocal ‘shop’ (LLEID: 1402). Is minic a d’athraigh sé ‘u’ go ‘a’ mar ghuta deireanach roimh chonsain: athraíodh ‘comhluadur’ (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 52) go ‘comhluadar’ faoin gceannfhocal ‘bane’ (LLEID: 141). D’athraigh sé ‘tt’ an tseanlitrithe go ‘d’: mar shampla, ba é ‘nattúire’ a bhí faoin gceannfhocal ‘altitude’ in FBC (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 27), agus athraíodh é sin go ‘nadúire’ faoin gceannfhocal céanna in LLEID (LLEID: 62), agus go ‘dt’ nuair ba urú ar ‘t’ a bhí i gceist, mar shampla, faoin gceannfhocal ‘accomplishment’, deineadh ‘i dtréithibh’ (ibid: 19) de ‘attréidhe’, faoin gceannfhocal ‘accomplished’ in FBC (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 9). Is minic a shocraigh O’ Neill Lane focail a bhí ag an mBeaglaoidh a leathnú nó a chaolú ina fhoclóir féin: mar shampla, athraíodh ‘sgiathlúthrach’ (ibid: 29) go ‘sgiathlúithreach’ faoin gceannfhocal ‘amulet’, (LLEID: 69).

D’athraigh O’ Neill Lane láimhseáil na mbriathra chomh maith. In áit amháin, ba bhotún a bhí ag an mBeaglaoidh de réir na gramadaí a bhí tagtha chun cinn faoi aimsir na hathbheochana. Mar shampla, “gríbhéan atáid cheithre cosa agus dhá sgiathán agus gob mór” a bhí i mbuntéacs Uí Bheaglaoidh faoin gceannfhocal ‘griffin’ (Ó Beaglaoidh agus Mac Cuirtín, 1732: 278) ach níor

cheadaigh O' Neill Lane é sin agus thug “gríbhéan ag a bhfuil cheithre cosa 7 dhá sgiathán 7 gob mór” faoin gceannfhocal (LLEID: 720). Thairis sin, bhain na hathruithe ba mhó a bhain le briathra ná infinideach Uí Bheaglaioich a athrú go dtí an chéad phearsa uatha san aimsir láithreach ionas go mbeadh an córas a bhí ag O' Neill Lane chun eagar a chur ar na briathra de réir a chéile. Mar shampla, “sméide re súil” a bhí ag an mBeaglaioich (Ó Beaglaioich agus Mac Cruitín, 1732: 74) don bhriathar ‘sméid’, ach “sméidim le súil (O'Beg.)” is ea a thug O' Neill Lane faoin gceannfhocal ‘blink’, á chur in oiriúint dá chóras féin (LLEID: 194).

B'fhíorbheag an t-eolas a thug an Beaglaioich ar infhilleadh na bhfocal, idir thuisil agus iolraí. Tabharfar an méid sin faoi deara san iontráil seo a leanas:

Ambassador, s. Ríghtheachtair. (Ó Beaglaioich agus Mac Cruitín, 1732: 27)

Sin an méid a chuirtear ar fáil don fhoghlaimoir. Maidir leis an gceannfhocal céanna in LLEID, tuigfear gur bhunaigh O' Neill Lane a iontráil féin ar leagan an Bheaglaioich, ach go bhfuil siad difriúil lena chéile:

Ambassador, *n.*, (1) a minister sent to a foreign court to represent his country, ... (c) ríghtheachtair, *gen. id. -rí. m.* (O'Beg.)” (O' Neill Lane, 1732: 65).

Feictear anseo gur mhó i bhfad nodaireacht a bhí curtha ar fáil ag O' Neill Lane, agus gur deineadh sainmhíniú fiú amháin ar an gceannfhocal Béarla, le nod a thabhairt dó fiú amháin, ar eagla na míthuisceana. Leis an nod ‘gen. id’, arbh é a bhí i gceist leis ná ‘genitive identical’, cuireadh ar shúile an fhoghlaimora gurbh ionann foirm an ainmnigh agus foirm an ghinidigh. Léiríodh gurbh é ‘ríghtheachtairí’ an t-iolra a bhí ag an bhfocal agus gur fhocal firinsneach a bhí ann. Eolas luachmhar don lucht foghlamtha ab ea é seo nach raibh le fáil i bhfoclóir Uí Choinnialáin ná i bhfoclóir Uí Fhoghlú ach oiread. Ba é soláthar na gramadaí cuid den fhorbairt a

dhein O' Neill ar obair Uí Bheaglaoidh, agus ar fhoclóirithe eile a tháinig i ndiaidh fhoclóirí ceannródaíoch na 18ú haoise.

Uaireanta thug O' Neill Lane focal amháin ó fhoclóir Uí Bheaglaoidh chun sraith focal a chumadh as. Mar shampla, is é 'diaineólas' a thug sé mar aistriúchán ar an gceannfhocal Béarla 'mathematical', téarma a luaigh sé leis an mBeaglaoidh, ach lig an iasacht seo dó an aidiacht 'diaineolach' a chumadh chun freastal ar an gceannfhocal 'mathematical' (ibid: 993). Bhí a leithéid de chleas ar siúl aige nuair a ghearr sé focail a bhí ag an mBeaglaoidh chun focail nua a chruthú. Mar shampla, ba í an iontráil a thug O' Neill Lane faoin bhfocal 'bigotry' ná "intolerance of opinions opposed to one's own, ... (2) gairghníomhadóireacht, -a, f. (*O' Beg.*)" (ibid: 181), agus ba ón bhfocal sin a fuair sé ón mBeaglaoidh, 'gairghníomhadóireacht', a bhí sé ábalta an focal 'gairghníomhadóir' a chumadh mar aistriúchán ar an téarma Béarla 'bigot'. Cé gur thug sé aitheantas don Bheaglaoidh as an téarma sin –

Bigot, n., one obstinately devoted to some creed, opinion or practice and intolerant of the views of others, (1) gairghníomhadóir, -óra, -rí, m. (*O' Beg.*), (ibid: 181)

– níl a leithéid d'fhocal i bhfoclóir Uí Bheaglaoidh in aon chor. Ba é a bhí ann ná gur ghiorraigh O' Neill Lane focal a bhí in FBC chun focal dá chuid féin a chumadh, agus gur mheas sé gur ghá fós creidiúint a thabhairt don Bheaglaoidh. B'inmholta an smaoineamh é ach níor lean sé de; níor tugadh aitheantas don Bheaglaoidh nuair a úsáideadh 'diaineólus' chun 'diaineólach' a cheapadh, abair. Sampla is ea é sin den easpa bunseasmhachta a bhain le cur chuige O' Neill Lane i leith foinsí a lua.

I dtaobh na cumadaóireachta más ea, bhí iarracht déanta ag Risteard Pluincéad, faoi mar a thaispeáin Cathal Ó Háinle, dul i ngleic le nós na timchainte sa Ghaeilge, á sheachaint trí

rémíreanna, trí iarchlaonáin, agus trí fhrásaí a tharraingt le chéile in aon fhocal amháin, chun sraitheanna focal aonair a chumadh (Ó Háinle, 1996: 767) a d’oirfeadh b’fhéidir do shloinneadh a bheadh ní ba ghonta. Ach b’eiseamláir é FBC den tslí inarbh fhéidir leis an nGaeilge feidhmiú go slachtmhar mar theanga thimchainteach, agus ba dá thoradh sin is dócha go raibh de Bhaldráithe in ann é a mholadh toisc “neart leaganacha nádúrtha Gaelacha” a bheith aige, ar shampla aige den nós sin í iontráil Uí Bheaglaoich ar ‘juiceless’: “gan súghadh gan sútán” (de Bhaldráithe, 1997: 26).

Ní foláir nó gurbh í sin an tslí ar chuaigh stíl an Bheaglaoich i bhfeidhm ar O’ Neill Lane. Ach ba ar an mbonn sin a cáineadh an Beaglaoich ar uairibh leis, sa tslí is gur mhinic é ag tabhairt ceannfhocail i mBéarla le sainmhíniú Gaeilge ag freagairt dó, rud a d’fhág gur “bheag an mhaith” an foclóir don duine a bheadh ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim uaidh (de Bhaldráithe, 1980: 6). D’fhéadfaí féachaint ar an aistriúchán Gaeilge a dheim O’ Neill Lane ar an bhfocal Béarla ‘coward’ mar eiseamláir den chlaonadh sin: “duine gan chroidhe, gan mhisneach, gan bhríogh, gan bheodhacht, gan áird gan fhearumhlacht” (Ó Beaglaoich agus Ó Cruitín, 1732: 141). Agus nuair a dheim O’ Neill Lane aithris ar an nós sin, ina leaganacha timchainteacha féin, cáineadh é siúd i dteannta an Bheaglaoich, ar an mbonn céanna. Ba é a bhí le rá ag Mícheál Ó hÍcí faoi mhodh sainmhínithe O’ Neill Lane ná: “If the book were exclusively designed for Irish speakers engaged in the study of English, the method pursued in this instance would be praiseworthy (O’ Hickey, 1904: 528). Tagann sé seo cuid mhaith leis an gcáineadh a dhéanfaí ní ba dhéanaí ar shaothar Uí Bheaglaoich.

Sheas O’ Neill Lane leis an nós a d’fhoghlaim sé ó Chonchubhar Ó Beaglaoich, ag tabhairt ómóis dó san aithris a dheim sé ar stíl an réamhfhoclóra sin. Ach mar sin féin, níorbh amhlaidh nach

raibh feasacht chriticiúil ag O' Neill Lane ar iomchuibheas na timchainte sa bhfoclóireacht. Is é sin le rá nár thug sé leis geanca guagacha sainmhínte timchainteacha amach as FBC ar mhaithe go díreach le “leaganacha nádúrtha Gaelacha” a chur ar fáil mar iontrálacha ina fhoclóir féin. Má bhí téarma gonta ar mheas sé ciall a bheith leis taobh leis an sainmhíniú in FBC, ba é sin an téarma a roghnaigh sé formhór an ama. Mar shampla, nuair a bhí rogha ag O' Neill Lane idir “sórt cumhdaigh cuiridh daoine ar a ccosaibh” agus “coiséididh” (Ó Beaglaoidh agus Ó Cruitín, 1732: 276) in FBC mar aistriúchán ar an bhfocal Béarla ‘greaves’ ina fhoclóir féin, ba é ‘coiséide’ a thug sé. Aon uair gur shocraigh sé ar cheann de shainmhínte timchainteacha Uí Bheaglaoidh a thabhairt leis, bhí ar a laghad téarma gonta amháin sa bhreis ina theannta, sa tslí is gur faoin léitheoir géarchúiseach a bheadh rogha a dhéanamh eatarthu. Dá bhrí sin, deineadh dhá mholadh ar aistriúcháin don cheannfhocal ‘fumbler’; bhí gan amhras “óglach tútach, ciotach, tuaisgiorach, neimhéifeachtach, bundúnach, corraisdeach, gan bhrígh, gan ghníomh, gan rath” faoi mar a moladh in FBC, ach tugadh an tosaíocht don téarma gonta ‘útumáluidhe’. Is mar seo a bhí an iontráil le feiscint más ea:

Fumbler, n., one who fumbles, útumáluidhe, g. id., pl. -dhte, m. i. óglach tútach, ciotach, tuaisgiorach, neimhéifeachtach, bundúnach, corraisdeach, gan bhrígh, gan ghníomh, gan rath (*O' Beg.*), (LLEID: 663).

4.1.4 Tátal

Thug O' Neill Lane a gceart d'fhoclóirí Uí Fhoghlú agus Uí Choinniálláin mar réamhtheachtaithe foclóireachta, agus is léir gur bain sé úsáid chuí as a gcuid saothar. Ach feictear ón méid seo thuasluaite gurbh é an fócas coitinn ar an gcaint bheo, agus ar an timchaint mar shampla de dhul nádúrtha na Gaeilge, chomh maith le hómós intuigthe do cheannródaí in iomaire na bhfoclóirí Béarla-Gaeilge, ba dhóchúla a chuir T. O' Neill Lane i dtreo an Bheaglaoidh. Ba í an fhoins

fhoclóireachta ba mhó a bhí ag O' Neill Lane agus é i mbun oibre. Léiríodh chomh maith gur mhór an méid focal a bhain O' Neill Lane as FBC, agus gur bhain a bhformhór le cúrsaí míleata, le cúrsaí riaracháin agus le cúrsaí cultúir. Bhain sé úsáid as leaganacha timchainteacha an Bheaglaioich ar shlí a d'oir dá chuid foclóireachta féin, le rogha chriticiúil ar siúl aige agus athruithe eagarthóireachta á ndéanamh aige tríd síos ar thug sé as. Tá an dá fhoclóir cosúil le chéile mar sin féin, agus is minic a mholtar iad ar an mbonn céanna is a cháintear iad, mar atá feicthe againn i dtaobh mheas na léirmheastóirí ar fhiúntas a gcuid sainmhínte. Cháin Ó hIcí iad beirt toisc clófhoireann ait a bheith in úsáid sa bhfoclóir acu (Ó hIcí, 1904: 522 & 527). Agus ba de bharr na gcáintí a deineadh orthu gur ligeadh faillí iontu araon chomh maith is cosúil. Dúirt de Bhaldraithe gur ligeadh faillí in FBC toisc “an droch-cheann a chaith Ó Comhraidhe leis” (de Bhaldraithe, 1997: 36), léirmheastóir a dúirt gur “corrupt and silly compilation” a bhí ann (de Bhaldraithe, 1997: 22). Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfaí a rá gur deineadh faillí i bhfoclóir O' Neill Lane de thoradh an díspeagtha a dheim Ó hIcí ar an réamhleagan de. Bhí de mholadh ag de Bhaldraithe ar an mBeaglaioich nár éirigh le buíon na bPrionsiasach i Lobháin foclóir a fhoilsiú, tar éis a saothair foclóireachta, agus gur caitheadh os cionn ceithre scór bliain sular foilsíodh an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge eile sa bhliain 1814 (de Bhaldraithe, *ibid*). Arís eile, d'fhéadfaí rud éigin den saghas céanna a lua mar chosaint ar O' Neill Lane nach raibh aon chabhair le dealramh aige in aon chor, ach gur éirigh leis a fhoclóir toirtiúil a chur i dtoll a chéile roimh dheireadh a shaoil.

4.2 Teanga na hÉireann á driogadh agus á cur mar Fhoinse Léacsach

Bhí taisteal forleathan déanta ag O' Neill Lane agus é ag gabháil dá chuid leabhar taistil, agus ba ar an tslí sin dar leis a fuair sé taithí ar Ghaeilge na gceantar difriúil sa tír. Ba é an maíomh mór a

deineadh as LEID mar chuid den phoiblíocht a fuair sé in *The Irish Times* roimh a fhoilsiú ná go bhfaighfí ann mórán focal ó cheantair nár cuireadh focal uathu i bhfoclóir riamh: “The dictionary... includes... a very large number of words collected by the author in the Irish-speaking districts which have not before appeared in any dictionary” (The Irish Times, 29 Meitheamh, 1903: 8). Mhol an tUrramach M. O’ Donnell, ollamh le Gaeilge in St. Jarlath’s College, Tuam LLEID toisc forleithne na tochailte a bhí déanta ag O’ Neill Lane ar an nGaeilge gach áit inar mhair sí:

This excellence is due... to the great pains you have taken to collect from every district where the Irish language is still generally spoken, those forms of expression and rare words which had not had the good fortune of having been committed to print (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7)

Bhí an-mhuinín aige as an teanga bheo, pé áit in Éirinn a bhfaighfí í, mar fhoirse: ar seisean, “words which I had met with only in literature and had never heard used in Limerick or Kerry ... I found very much alive in other parts of the country (LEID: vi)”. Ba é sin an taobh go raibh fógartha aige ar mhuintir na tíre tuilleadh den saghas eolais chéanna a fuair sé ina chuid taistil féin a sholáthar dó agus é i mbun athleagain den fhoclóir a chur i dtoll a chéile. Dhein sé é sin trí chomórtas a fhógairt ina chéad fhoclóir, a ndúirt sé faoi: “the object of [the] competition being to arouse a livelier interest in the native language throughout all Ireland, and particularly in those districts where it has never ceased to be spoken (ibid: xi).

Cé gur beag an fhianaise ar a mhinice is a bhí a leithéid de chabhair aige (is é “Thomas Conceannan” an t-aon duine amháin go bhfios dom a d’fhéadfadh a bheith tar éis cur isteach ar an gcomórtas. Beidh a thuilleadh faoi seo sa chéad chaibidil eile), slí eile chun an saghas sin eolais a thiomsú ab ea liostaí focal a fháil ó scoláirí aitheanta Gaeilge eile nuair ab fhéidir leis; ar na daoine sin bhí an tUrramach C. Short, “who gave good help to Mr. Lane in the way of Tyrone

idioms, names and specimens of plants, etc.”, an tUrramach Thomas Boyle a chuir liosta fada focal ó cheantar Oiriaila ar fáil dó, agus an tUrramach Luke Donnellan a chabhraigh le O’ Neill Lane trí lámhscríbhinní Gaeilge Oiriaila ón 18ú agus 19ú haois déag a thabhairt dó ar iasacht (The Irish Independent, 15 Aibreán, 1912: 7). Faoi mar atá feicthe againn, tá amhras éigin ann faoin méid den phobal féin a tháinig ar ais chuige sa chomórtas le heolas den sórt a bhí uaidh ar deireadh, ach is léir gur bhain sé féin an-chuid as an traidisiún trína chuid oibre allamuigh i measc an phobail, “[having] spent many years in the Irish-speaking districts” á oiliúint féin chun an chúraim, mar a dhein an *Irish Times* cur síos air (The Irish Times, Aibreán 19, 1912: 9). Cuirim i gcás an iontráil seo aige faoin gceannfhocal ‘baldness’:

Baldness, n., the state or condition of being bald ... in Tyrone there is a word for baldness which I am unable to identify but the following spelling gives the sound cannáithid” (O’ Neill Lane, 1916: 138).

Ní chaitheann Corpas na Gaeilge aon solas ar bhunús an fhocail seo sa scríbhinn. Ní ón litríocht a fuair sé an leagan seo áfach, ach ó chaint an Chabháin; ní deacair an foclóirí dúthrachtach seo a shamhlú agus é i mbun cadrála le cainteoir dúchais éigin ón taobh sin tíre nach raibh scríobh aige ach a raibh saibhreas Gaeilge le tabhairt uaidh ach go n-éistfí leis.

Is mó téarma, frása nó gné áirithe ghramadaí a thug sé ina fhoclóir ar léirigh sé baint a bheith aige le ceantar áirithe in Éirinn, agus dhein sé an méid sin trí chomhartha ar leith a chur ina n-aice, ó (Aran.), (Arm.), (Cavan), (Clare.), (Con.)/(N. Con.)/(S. Con.), (Cork)/(W. Cork)/(S. Cork), (Der.), (Don.), (Erris), (Fer.)/(Ferm.), (Foxford), (Gal.)/(N. Gal.), (Ker.)/(E. Ker.)/(W. Ker.), (Kild.), (Kilk.), (Lim.), (M.)/(Mun.), (Mayo.), (Mea.), (Mon.), (Mulranny), (N.), (Or.), (Roscom.), (Sligo), (Spiddal), (Tip.), (Tor.)/(Tory I.), (Tyr.), (U.), (W. Ker.), (W. Lim.), (Wat.), (W.). Is é atá sa mhéid seo a leanas ná cuntas ar an bhfeidhm a bhain T. O’ Neill Lane as an ábhar ó bhéil ina fhoclóir.

Ba é (*Or.*), Oiriaila, an t-aon nod a bhaineann le ceantair a míníodh sa “list of authorities quoted”. Deineadh trí chéad is seacht déag tagairt dó seo, agus dá bhrí sin, ba é an ceantar ba mhó é a bhí mar fhoinsé aige d’fhoclóireacht O’ Neill Lane. Tugadh eolas suimiúil i dteannta an lipéid chéanna, ar a raibh focail aonaracha, mar shampla:

Easy-going, a., ... Paddy-go-easy, giolla gan aire (*Or.*)” (ibid: 512)

Eolas gramadaí a bhain go dlúth leis an gceantar, mar shampla:

Hundreds, n., ... under thy protection h. gathered, faoi do choimrighe a chruinnighear na céadtan (*Art McCooey*). [This form of plural is common in *Oriel*]” (ibid: 803)

Company, n., (1) ... (c) comhluadar, -air, m. : ... [pron. *Cluadar in Or., ...*]” (ibid: 327)

Rannta filíochta, mar shampla:

Day, n., ... Even if the day be long the night comes, but youth never comes twice, m’ás fada tig an oidhche ach chá [sic] dtig an óige fá dó choidhche (*Or.*)” (ibid: 408)

Agus coda amhráin, mar shampla:

Milking, n., the act of drawing or pressing milk from a cow’s udder ... (4) bléanach (bleagnach), -aigh, -aighe, m. : déanfad mo theach ar an árd/is beidh baile bó bhán is bhreac agam; ní leigfead aon duine ghá mbleagán/acht Mailigh dheas bháin Ní Chuileanáin (*Or. Song*), (ibid: 1018)

Bhí Iarthar Luimnigh tábhachtach mar fhoinsé sa bhfoclóir chomh maith. Is é an t-inspreagadh a samhlaíodh le T. O’ Neill Lane ina chuid iarrachtaí léinn agus foclóireachta ná an chreidiúint a bhí aige ina chultúr dúchais, agus fiúntas a cheantair féin go háirithe; ba é sin Iarthar Luimnigh dar ndóigh. Is i dteannta nós na bothántaíochta agus na scéalaíochta Gaelaí a mhair traidisiún na Gaeilge labhartha, agus ba ón traidisiún sin a fuair O’ Neill Lane a shuim agus a shaibhreas sa teanga chéanna. Ba dhóigh le duine gurbh é ba bhrí leis an lipéad (*W. Lim.*) ina fhoclóir seo ná comhartha go raibh na focail agus na frásaí a tugadh leis mar chuid den toradh a bhí ar an obair bhailithe a dhein sé ar Ghaeilge Iarthar Luimnigh. Más ea, is beag bailiúchán eile dá leithéid (léargas ar an nGaeilge bheo dhúchasach ba dhéanaí a labhraíodh i gcontae Luimnigh) atá ar fáil.

Má bhí léargas d'aon saghas le fáil ina dhiaidh, ba ar an staidéar a deineadh ar thionchar na Gaeilge ar an mBéarla sna ceantair chéanna a thiocthadh sé. Murar mhair an teanga sa cheantar, mhair an spéis inti, agus bhíothas braiteach ar an tslí ina raibh an Béarla áitiúil faoina hanáil. Feictear blúire den spéis seo i liosta beag a chuir oide darbh ainm Maitiú Ó Duilleáin (Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin) le chéile faoin teideal 'Linguistic', mar dhréacht do Bhailiúchán na Scol sa bhliain 1937: "list of Irishwords that have been adopted into the popular English speech of the Galltacht" an réamhrá a thug sé ar a shaothar (Ó Duilleáin, 1937). Ar fhoinsí mar seo a bhíothas ag brath mar sin chun an léargas ar Ghaeilge Luimnigh a chur ar fáil. Ba mar sin a bhí le hiarrachtaí Niocláis Bhreathnach sna liostaí a chuir sé amach sa bhliain 1946, 1950, agus 1953 dar teideal "focail Ghaedhilge atá le clos sa Bhéarla a labhartar sa Chaisleán Nua, Co. Luimnigh" (Breathnach, 1946: 203-208, 1950: 169-179, 1953, 47-51). Ba mar sin a bhí le hiarracht Phádraig Uí Snodaigh agus Sheáin Uí Shúilleabháin léargas den saghas céanna a bhaint den ábhar a chruinnigh Ó Snodaigh ó Mhuiris Baróid sa bhliain 1970 (Ó Snodaigh agus Ua Súilleabháin, 1997: 517). Go dtí le déanaí, bhí go leor leor focal Gaeilge i mBéarla an cheantair móorthimpeall ar Theampall an Ghleanntáin, cuid mhór acu atá in úsáid go fóill, agus foilsíodh liosta dá raibh ann in *Glór Inse Bán*, irisleabhar áitiúil a dhéanadh an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar. Más amhlaidh gur tearc é a leithéid de rud agus bailiúchán ar thréithe na Gaeilge beo in Iarthar Luimnigh, is í an cheist a d'fhéadfaí a tharraingt anuas i dtaobh bhailiúchán O' Neill Lane ná arbh ó iarsmaí den Ghaeilge a mhair sa Bhéarla a dhein sé a bhailiúchán den "Ghaeilge labhartha" i gcontae Luimnigh, nó arbh é ó chaint laethúil Ghaeilge sa dúthaigh a fuarthas é.

Is cosúil ó chríochnúlacht na faisnéise a raibh sí ar chumas O' Neill Lane a thabhairt go raibh beocht éigin sa teanga lena linn. Ar an gcéad dul síos, feictear óna bheith ag faire ar ar chuir O'

Neill Lane sa bhfoclóir gur le feirmeoireacht ba mhó a bhain na hiontrálacha a léirigh an saibhreas dár fágadh de Ghaeilge in Iarthar Luimnigh. Is amhlaidh mar sin gurbh í an réimse den saol inar mhair an Ghaeilge sa cheantar. Tá cúpla sampla den mhéid sin le feiscint sna hiontrálacha seo a leanas:

Agriculture, *n.*, tillage, ... cuireadóireacht, -a (*W. Lim.*) ; (LLEID: 49)

Agriculturist, *n.*, one engaged in tillage, cuireadóir, -óra, -rí, *m.* (*W. Lim.*) ; (ibid: 49)

Aid, *n.*, (1) help ... (d) fóir, -e, *f.*, applied in *W. Lim.* to the help which farmers give to each other on certain important occasions such as cutting turf, " putting in " hay, etc. ; it is however merely casual while (e) cómhar, -air, *m.*, is regular mutual aid with men and horses between two or more farmers in their agricultural operations. (ibid: 49)

Dance, *v.i.*, ... (2) To caper, frisk or skip about merrily, damhsaim (nó damhsuighim), -sadh, and damhas : the calves on a summer morning dancing on the lea, na gamhna maidean samhraidh ag damhsa ar na bán-taibh. This word is also applied to human dancing, but in *W. Lim.* it is confined to the frisking of lambs, calves, etc. (ibid: 402-9)

Time, *n.*, ... (4) A particular point of time, ... (c) specifically milking time, eadarshudh, *m.*, also eadarthráth (cf. B.L.L. IV. 164, 8, coetrud= go headradh, which is glossed eter-rodh .i. sodh meadhonach an lae .i. mid-day meal and *W. Lim.* it is still so understood) ; (ibid: 1588)

Uaireanta, tugadh éachtaint ar fhuaimniú Ghaeilge Luimní, agus dúradh go hoscailte cén fhoghraíocht a bhain leis an bhfocal faoi mar a fheictear atá sna hiontrálacha seo a leanas:

Bend, *n.*, (1) a curve, ... (c) in the back, (i) dronn, *g.* druinne, *pl.* -a, *f.* (also druinn, *pron.* drún in *Con.* ... druinn in *W. Lim.*)” (ibid: 170)¹

Beforehand, *ad.*, ... (2) aforetime, roimh ré (*pron.* rí-ré, *W. Lim.*)” (O’ Neill Lane 1916: 162).

Dhá shampla iad seo a thabharfadh le tuiscint gur ‘i’ fada a bhí i gceist go ginearálta le ‘i’ ag deireadh focail aonsiollaigh. Ina theannta sin, bhí eolas le fáil ar conas mar a caitheadh leis an litir ‘r’ tar éis chonsan tosaigh in Iarthar Luimnigh:

R, ruis (the elder tree), the fourteenth letter of the Irish alphabet. Etymologically R is most closely related to L, N and S, as in le = re, with; liom = riom, with me ; ... After C and D,

¹ c.f. “dri:ŋ” ag Nioclás Breathnach (1950: 172)

R becomes N, and N becomes R, drúis, adultery, becoming dnúis in *W. Lim.*; in *Con. And U. cnoc* is pronounced *cruc* and *gruc*” (ibid: 1266)

Slattern, *n.*, a woman who is careless of her dress or house- hold duties, ... (2) sríl, -e, - eacha, *f. dim. srílín* (straóill, *W. Lim. and Mayo*)“ (ibid: 1425).

Ba é an tátal a bheadh le baint as an méid sin ná gur ‘n’ a deineadh de ‘r’ i ndiaidh ‘d’ (‘drúis’ go ‘dnúis), agus gur ‘tr’ a deineadh de ‘r’ i ndiaidh ‘s’ (‘sríl’ go ‘straóill’), (c.f. ‘straóil’, seachas ‘sraóill’ an chaighdeáin oifigiúil, ag Nioclás Breathnach, 1950: 178).

Is léir nach mar a chéile na tagairtí do na ceantair éagsúla, ó thaobh na húsáide a baineadh astu, ná ó thaobh fhairsinge na húsáide a baineadh astu. Deineadh, mar shampla, dhá chéad is a dó thagairt do Ghaeilge Chonnachta, idir (Con.), (N. Con.), agus (S. Con.) agus deineadh naoi dtagairt is seachtó do leaganacha Gaeilge ó Thír Eoghain, a dtagraíonn (Tyr.) dóibh. Ag an am céanna áfach, níor deineadh ach dhá thagairt do Ghaeilge Chill Chainnigh, a dtagraíonn (Kilk.) dó, agus níor deineadh ach ceann amháin do Ghaeilge Chill Dara. Bhí mearbhall éigin ann i dtaobh na lipéad féin afach, agus cad dó ar sheas siad. Cé go raibh liosta curtha ar fáil aige de na foinsí clóite a raibh iniúchadh déanta aige orthu, chomh maith le liosta de noda gramadaí tríd an bhfoclóir, gan ceachtar acu a bheith cuimsitheach, níor thug sé aon mhíniú in aon chor ar bhrí na nod a bhí curtha ar fáil aige chun léargas a thabhairt ar bhunús na bhfocal. Níor luaigh sé gur dhein sé a leithéid in aon chor go fiú. Ar na noda go léir a tugadh chun an ceantar a mbaineann focal nó frása leis a thabhairt le fios, ó (Aran) go (Wi.), níor míníodh ach an t-aon cheann amháin sa “list of authorities quoted”, agus ba é sin (Or.), Oriel nó Oirialla, faoi mar atá feicthe againn.

Fágtar de chúram ar an léitheoir míthreoraithe a chiall féin a bhaint dá bhfeiceann sé de noda. Níor mhó ná sásta a bhí Ciarán Ó Duibhín leis an scéal seo, é ag rá: “ONL's reference list of abbreviations is very incomplete. For example, it is unclear whether "Fer." means "Fermanagh"

or (as with Dinneen) ‘Ferriter’” (Ó Duibhín, 2008). Bhí (Ferm.) mar nod ag O’ Neill Lane ar ndóigh:

Apparel, n., ... (4) urradh, -aidh, m., (iorradh, -aidh, Ferm.)” (LLEID: 84)

Agus thuigfeadh duine go saoráideach as sin gur Fear Manach a bhí i gceist. Cé nach bhfuil tásca ná tuairisc ar an nod áirithe sin arís, faightear nod atá cosúil leis, (Fer.), níos déanaí amach sa bhfoclóir, agus is cosúil gur Fear Manach a bhí i gceist leis an nod sin chomh maith óna chéad nochtadh ar aghaidh:

Attention, n., (1) heed, ... (f) uídh, -e, f. (Fer.) (ibid: 121).

Ach níor soiléiríodh rudaí mar sin riamh go hoscailte, sa tslí is go mbíonn ar léitheoir an fhoclóra dul i muinín na réasúnaíochta chun a fháil amach cad a bhí i gceist ag an bhfoclóirí.

Gan aon agó, bheadh roinnt nod intuigthe gan mórán de mhíniúchán, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go raibh roinnt in úsáid i bhfoclóirí eile cheana. Mar shampla, tagtar ar an lipéad (M.) faoin gceannfhocal ‘About’:

About, prep., (1) around, on every side of, ... (b) fá, fé (M.)... , (ibid: 8).

Ba dhóigh le duine ón (M.) seo ná gurbh é a bhí i gceist ag an bhfoclóirí ná leagan a bhaineann le cúige Mumhan, go háirithe óir is é an nod a bhí tugtha ag an Duinníneach ina fhoclóir siúd (Ó Duinnín, 1904: xvi). (M.), Cúige Mumhan. Deineadh dhá chéad seasca is a seacht tagairt don ghnáthnod sin, .i., ‘(M.)’, ar thosnaigh sé amach leis chun Gaeilge Chúige Mumhan a shuaithniú. Bhí ‘(m.)’, le ‘m’ beag, mar nod ag O’ Neill Lane trí huair sa bhfoclóir chomh maith, chun a léiriú go raibh focal éigin ina fhocal firinsneach, cé gurbh é ‘m.’, a bhí ceaptha aige leis an gcúram sin a dhéanamh sa liosta giorrúchán. Rud beag eile é seo a chuirfeadh mearbhall ar léitheoir an fhoclóra. Deineadh deich dtagairt do nod eile chomh maith, ‘(Mun.)’, a bhí le feiscint

chomh maith tríd an bhfoclóir, beagáinín isteach i sraith ‘B’ na bhfocal. Faightear thíos faoin gceannfhocal ‘bean’ é:

Bean, n., a leguminous herb (*faba vulgaris*), ... póire, f. (Mun.) (ibid: 154)

Ní hamhlaidh gur úsáideadh (*Mun.*) in áit (*M.*) chun mearbhall idir ‘(*M.*)’ agus ‘(*m.*)’ a sheachaint, óir nár cuireadh le chéile riamh iad san iontráil chéanna ná ar an leathanach céanna go fiú;

Acclivity, n., a slope, ardán (*m.*), suas in aghaidh cnuic (ibid: 17)

Advantage, ... (3) Good, esp. moral good ; (a) leas, -a, m. ... is féarr le duine órdlach d’a thoil bannlámh d’a [leas], a man prefers an inch of his will to a handle (2 ft.) of what is for his a. (*Mun. prov.*) (ibid: 35)

Ba mhínic gur ‘*Mun.*’ a tugadh nuair ba sheanfocal nó amhrán a bhí ann, faoi mar a bhí thuas, ach ní i gcónaí é ach oiread. Tagraíonn an dá leagan den nod seo don cheantar céanna maith go leor, ach ní féidir a bheith siuráilte glan mar gheall air toisc nár chuir an t-údar an méid sin ar shúile an léitheora, agus dá bharr sin, caithfear féachaint air mar shampla eile den easpa buanseasmhachta a bhain le saothar O’ Neill Lane. Tógann nithe den saghas seo ó údarás fhoclóir O’ Neill Lane.

Bíodh is gur thug T. O’ Neill Lane aitheantas do na ceantair as ar tháinig na focail dhifriúla sa bhfoclóir, níor cuireadh an iomad béime ar an gcanúnachas. Teanga náisiúnta ab ea an Ghaeilge, a mhairfeadh ina gcanúintí dá leanfaí den nós a bhí ann díriú ar an gcanúnachas (Mac Nia, 1987: 6). Is cosúil gurbh é sin é an dearcadh a bhí ag O’ Neill Lane i dtaobh na teanga leis, agus tá a rian sin le tabhairt faoi deara i réamhrá a chéad fhoclóra ina gcuireann sé síos ar an nGaeilge mar theanga a bhaineann leis an nGael agus le muintir na hÉireann uile:

The Irish language, as bequeathed to us by masters of verse and prose is a highly perfected instrument... when the language begins to be widely used as a means of intercommunication between the sea “sea-divided Gael” it will rapidly develop the technical vocabulary necessary to

meet all modern requirements. To the rising generation in Ireland this English-Irish Dictionary will, it is considered, be very useful (LEID: vii).

Chuir seo ar fad, dhein sé saibhreas na teanga uile a thiomsú in aon saothar amháin, le neamhshuim nach mór a dhéanamh den chanúnachas. Chuir sé leaganacha agus frásaí ó gach áit in Éirinn san áireamh, rud a bheadh ag teacht leis an mbraistint choiteann a bhí ann ar an aimsir sin “gur ar an teanga bheo a chaithfí an caighdeán ... a bhunú” agus “nach raibh saibhreas iomlán na teanga le fáil in aon chanúint ar leith”, faoi mar a mhínigh Cathal Ó Háinle dearcadh Eoin Mhic Néill, eagarthóir ar *Iris na Gaeilge* ó 1894 amach, i leith caighdeán don Ghaeilge (Ó Háinle, 1996: 757-8). Chun tabhairt faoi Bhéarla nua-aimseartha na linne sin a aistriú ina iomláine, ba ghá tarraingt as focail agus nathanna cainte ó gach áit sa tír. Mar shampla, d’aistrigh O’ Neill Lane an abairt Bhéarla “she put an addition to her skirt” go Gaeilge trí chabhair a lorg ar Ghaeilge Oiriaila mar fhoinsé, áit ina raibh leagan dúchasach sa chaint a d’fhreastalódh ar an úsáid áirithe sin den fhocal ‘addition’ i mBéarla na linne sin:

Addition, n., ... (3) ... in addition to that ... (d) she put an addition to her skirt, chuir sí íce le n-a sgiorta (Or.) (O’ Neill Lane 1916: 29).

Is i dTír Eoghain a tháinig sé ar aistriúchán don téarma leighis ‘falling-sickness’ nó ‘epilepsy’:

Falling-sickness, n., epilepsy, ... (9) tinneas taobh amuigh de thigh (*Tyr.*) (ibid: 580).

Ba dheacair glacadh le cruinneas na tuairisce seo a leanas áfach, inar tugadh le fios go raibh an leagan ‘rotha na glintidheachta’ le fáil go nádúrtha sa chaint i gConamara mar thiontú Gaeilge ar an ngléas nua-aimseartha iompair ar glaodh ‘bicycle’ air:

Bicycle, n., a light vehicle on two wheels with a saddle, propelled by the rider's feet acting on cranks, ... rotha na glintidheachta, wheel of perpetual motion (*Connemara*) (ibid: 180)

Pé scéal é, is léir gur theastaigh ó T. O’ Neill Lane an tábhacht chuí a bhronnadh ar na mórchanúintí a bhí fós ina mbeatha is á labhairt sna pobail éagsúla Ghaeltachta, ach is cosúil go

raibh beann aige chomh maith ar iarsmaí den teanga a fágadh in áiteanna ar tréigeadh ar an mórgóir í go dtí sin. Dá bhrí sin, tá idir thagairtí do Ghaeilge Chonamara agus thagairtí do Ghaeilge Chill Dara sa bhfoclóir. D’fhéadfá an dá sprioc a shamhlú leis an nós imeachta áirithe seo; (i) stór focal caighdeánaithe a fhorbairt mar ab fhearr ab fhéidir leis chun go bhfreastalódh an Ghaeilge ar gach réimse den saol nua-aimseartha, ag úsáid shaibhreas teangeolaíoch iomlán na tíre, agus, (ii) an tír a thabhairt le chéile mar phobal daingnithe aontaithe in athbheochan na teanga - is cosúil gur theastaigh ó O’ Neill Lane a chur in iúl gur leis an tír ina hiomláine a bhain an Ghaeilge, gan tosaíocht a thabhairt d’aon cheantar ar leith, ná fiú amháin do na ceantair thraidisiúnta Gaeltachta.

Ach más cothrom mar sin an deis a thug T. O’ Neill Lane do gach ceantar sa tír cur leis an gcaighdeán léacsach a bhí á fhorbairt ag an am, ní raibh a chuid oibre i leith na deilbhíochta chomh inmholta céanna. Is é sin le rá nach raibh caighdeán deilbhíochta socraithe aige dá shamplaí; uaireanta cuireadh leaganacha ar fáil in abairtí a chloígh le córas gramadaí an cheantair as ar tháinig siad, uaireanta eile, chloígh siad le córas gramadaí a bhain le ceantar éigin eile. Ní fios an é a bhí ann ná go raibh caighdeán deilbhíochta sa cheann ag T. O’ Neill Lane agus gur dhein sé faillí é a chur i bhfeidhm ar na samplaí tríd síos, nó ar dhearmad a bhí ann gan leaganacha áirithe a chur ar fáil sa ghramadach a bhainfeadh le ceantair a mbunúis. Cnámh spairne ab ea é seo ar shlí do dhaoine cosúil le Ciarán Ó Duibhín, foclóirí, a dhein an gearán gur ar éigean go bhféadfaí focal a úsáid mar shampla d’aon chanúint ar leith, toisc focal ó cheantar áirithe a bheith curtha ar fáil aige faoi chóras gramadaí a bhain le ceantar eile: “With O’ Neill Lane too examples illustrating the lexis of one dialect often conform to the grammar of another... Many words with marked provenance are also found in examples quoted under other headwords, without any provenance being there given” (Ó Duibhín, 2008). Cuid den am, is cinnte gur dhein

T. O' Neill Lane cúram de leaganacha cainte ó cheantar faoi leith a scríobh go beacht macánta de réir na slí inar chuala sé iad san áit inar chéadchuala sé iad, mar shampla;

Occupation, n., (1) the principal business of one's life, employment, calling, trade... (f) what is your o. ? Goidé do bheó (Don.), (LLEID: 1103).

Feictear anseo gurb é an leagan malartach 'goidé' a dhein ionadaíocht ar an leagan ní ba chaighdeánaí 'cad é'. Ach é sin ráite, b'fhíor do cháineadh Uí Dhuibhín sa mhéid is gur mhinic a bhrúigh O' Neill Lane gramadach ó chanúint amháin ar fhriotal canúna eile.

People, n., ... (2) Persons generally, an indefinite number of men and women, folks... (d) bunadh, -aidh, m.: misfortune usually falls on dilatory p., bíonn an donas ar an mbunadh fadálach (Don.)" (ibid: 1168).

Sa chás áirithe seo, feictear gur urú a cuireadh ar an ainmfhocal 'bunadh' atá sa tuiséal tabharthach anseo, agus ar ndóigh, ní nós é sin a shamhlófaí le Gaeilge Uladh in aon chor, ach le Gaeilge an deiscirt. Bheifí ag súil le séimhiú ar an gconsan céanna ó thrascríobh dflis. Is é is dóichí de ná gurb é a fheictear anseo ná sampla amháin eile d'easpa buanseasmhachta in obair O' Neill Lane.

Bhí sé mar sprioc mar sin ag O' Neill Lane léacsas le dealramh a thiomsú ó shaibhreas Gaeilge as gach cearn na hÉireann, agus ba inmholta an smaoineamh é teanga na Gaeilge a dhreachadh mar a bheadh teanga náisiúnta, ach chuaigh sé amú sa dearcadh sin ar shlite. Mar shampla, ní follasach cén tairbhe a bhain lena leithéid seo d'iontráil agus iad seo:

Gull, n., one of many species of long-winged seabirds of the genus *Larus*, (1) (*Larus canus*) faoilltheán, -áin, m., (W.Lim.); (2) faoilleadán (Or.); (3) faoilleannan (Mon.) ; (4) faoile (Don.) ; (5) faoileog (Don. and Mayo) ; (6) faoileagán (Don.) ; (ibid: 730-1)

Fairy, n., a supernatural spirit which assumes human form (generally diminutive) and interferes for good or evil in human affairs, ... (5) a fairy whose purse is never empty, ... (a) lugharacán, -áin, m.; also cliuracan, (Don.); ... (c) lurgadán, -áin, m. (Tip.) (d) lútharagán, -áin, m. (W. Lim.) ; (e) luchramán, m., (Mulranny) (ibid: 578)

Sa dá chás seo, ba é an t-eolas a cuireadh ar fáil ná na leaganacha malartacha a bhí ag focal áirithe tríd an tír. Níl aon dabht ach gur inspéise a leithéid d’eolas mar thuairisc ar fhuaimniú na bhfocal sna ceantair dhifriúla, faoi mar a chonacthas sa léargas a tugadh ar fhoghraíocht Ghaeilge Iarthar Luimnigh thuas, ach níorbh é sin é gnó an fhoclóra Béarla-Gaeilge a bhí ag féachaint le focail chomhchiallacha Gaeilge a thabhairt don Bhéarlóir. Ba dheacair a dhéanamh amach cén chabhair a dhéanfaí ar léitheoir an fhoclóra a lorgódh focal áirithe Béarla, agus a gheobhadh ceithre nó cúig leagan Gaeilge atá nach mór mar an gcéanna ó thaobh an litrithe de. Bheadh dóthain cúraim ar an bhfoghlaiméir a bheith ag strácáil le tuisil dhifriúla, seachas a bheith clipthe agus rogha á déanamh aige idir leaganacha malartacha nach raibh puinn éagsúlachta ina mbrí. Ba é gnó an fhoclóirí sa chás sin ná rogha a dhéanamh go feasach idir na foirmeacha malartacha difriúla, seachas an cúram sin a fhágaint faoin léitheoir, a mbeadh an claonadh ann b’fhéidir rogha a dhéanamh d’fhocal ón gceantar ba chónaraí dó, rud a d’fhágfadh arís b’fhéidir go mairfeadh an teanga ina canúintí. Ina ionad sin, mhol Sidney Landau gur gá téarma canónta, nó téarma caighdeánach, a roghnú i gcónaí nuair a bheifí i mbun foclóir ginearálta a chur le chéile ar theanga a bhfuil canúintí difriúla inti (Landau, 2001: 98), agus is ar an mbonn áirithe sin a sheachnófaí fadhb na hútamála faoi mar a léiríodh thuas.

Ach arís, cé gur mhinic nár dhein sé cúram de, is cosúil gur thuig T. O’ Neill Lane go raibh cuid den fhreagracht sin air féin. Is é a bhí i gceist aige i ndáiríre ná ligeant do gach réigiún sa tír a thionchar a bheith aige ar an mbunús caighdeánach a bhí le cur faoin nGaeilge. Réiteodh an socrú sin an fhadhb a bhain le ‘cúigeachas’ a bhí forleathan sna díospóireachtaí ar bhunús an chaighdeáin a bhí le cur fáil; is é sin “éad agus formad, ceartas agus coimhlint a bhíodh ag Gaeilge cúige le cúige eile” (Colm Ó Gaora, athfhriotal déanta air in Ó Háinle, 1996: 764), rud a bhí soiléir san iomaíocht idir na canúintí in *An Chlaidheamh Soluis*; bhí sé mar pholasaí ag

Pádraig Mac Piarais gan níos mó ábhar Gaeilge a chur isteach san iris ó chúige amháin ná mar a bheadh curtha isteach aige ó ábhar cúigí eile. Ar an modh sin, is é an freagra a tugadh ar an nGaorach tar éis dó scéal Béaloidis a chur faoi bhráid na hirise ná “tá go leor de Ghaeilge Chonnacht agam faoi láthair... agus bheadh na Muimhnigh agus na hUltaigh ag clamhsán dá gcuirfinn tuilleadh isteach” (Ó Háinle, 1996: 764). Ós amhlaidh a bhí, cé go raibh beann ag T. O’Neill Lane ar urlabhra na tíre go léir, agus súil aige go nglacfaí leis an nGaeilge mar theanga náisiúnta, ba dheacair air gan claonadh a bheith aige i leith ceantair áirithe. Faoi mar is léir thuas, is mór an tionchar a bhí ag Gaeilge Chonamara agus ag Gaeilge Dhún na nGall ar an bhfoclóir, faoi mar a bheifí ag súil leis, ach d’fhéadfaí a rá gur shampla eile de chúigeachas, nó de mhórtas cine, a bhí ann (*W. Lim.*) a chur taobh le (*Don.*) ar nós gurbh inchurtha an dá phobal ó thaobh bheocht na Gaeilge de. Agus ní léir conas mar a taibhsíodh dó an oiread sin airde a thabhairt do Ghaeilge Oiriaila, go háirithe nuair a thógtar san áireamh an léargas seo ar bhisiúlacht an phobail a bhí in ainm is a bhí á chothú;

Another, (3) ... (d) ... like another I let the Irish out of my head .t. I forget the Irish; leig mé an Ghaedhilg as mo cheann cosmhail leis an chéad fhear eile (*Or.*) (LLEID: 77).

Is fiú a lua áfach go ndealraíonn sé gurbh í sin an t-aon chanúint, go bhfios dúinn, as a bhfuair sé liostaí focal ó scoláirí dó, agus mar sin, is neamhionadh é gurbh é (*Or.*) an nod is mó a fheictear sa bhfoclóir, le breis is céad tagairt níos mó ná mar a deineadh don dara foinse ba mhó a bhí in úsáid aige, Gaeilge Dhún na nGall. D’fhéadfaí gurbh amhlaidh mar sin gur cuireadh isteach sa bhfoclóir iad díreach de bharr go raibh na liostaí ar fáil dó, gan aon anailís ródhoimhin a dhéanamh ar a bhfiúntas don togra. Ní léir cad ab fhiú tagairtí do chanúint nárbh fholáir go raibh sí ag dul i léig a bheith sa bhfoclóir a raibh sé mar sprioc aige bunús a thabhairt d’athshlánú na teanga náisiúnta, nuair ba dhóigh le duine gur chirt go mbunófaí bunús úr na Gaeilge ar na

canúintí a bhí fós beo rábach, go háirithe le foclóirí go raibh tuiscint aige ar thábhacht na cainte beo.

Mar sin, cé gurbh inspéise na tagairtí seo do na ceantair as ar tháinig na focail agus na frásaí difriúla ó thaobh na faisnéise a d'fhéadfaí a bhaint astu, gur ghéarchúiseach an cleas iad a úsáid chun an teanga a chur i láthair mar mhaoin náisiúnta, agus gurbh oiriúnach na foinsí seo a úsáid mar phointe imeachta as a molfaí agus a gcumfaí aistriúcháin ar réimsí nua den saol, ba leibideach an obair a bhí ann uaireanta. Chonacthas an méid sin sa tslí inar deineadh faillí míniú a thabhairt ar na noda a sheas do cheantair áirithe, agus gur chosúil gur deineadh dearmad a lua go mbeadh tagairtí á ndéanamh do cheantair dhifriúla in aon chor. Uaireanta chomh maith ar ndóigh, meascadh na noda, cuirim i gcás (*M.*)/(*Mun.*), (*Fer.*)/(*Ferm.*), (*Tory*)/(*Tory I.*), sa tslí is nach bhfuil buanseasmhacht ina chóras tagairtí, rud a chuirfeadh mearbhall ar léitheoirí. Uaireanta eile, níor léir cad fáth gur taibhsíodh dó cinní áirithe a thógaint; ní haon áis don fhoghlaimeoir na leaganacha malartacha go léir d'fhocail áirithe, agus b'ait gurbh í Gaeilge Oiriaila ba mhó, níos mó ná aon cheantar eile, a sholáthair leaganacha cainte sa bhfoclóir, agus a bhí mar chuid mhór do bhunús nua na teanga dá bharr dar leis. Ar deireadh áfach, pé máchail a bhí ar a shaothar, is gá fairsinge a chuid obair bhailiúcháin, chomh maith leis an muinín a thaispeáin sé as an gcaint bheo ina iarracht ar léacsas caighdeánaithe a fhorbairt, a mholadh mar chéim sa treo ceart i bhforbairt na foclóireachta Béarla-Gaeilge.

4.3 'List of Authorities Quoted' Maille leosan Nár Luadh

Ní féidir leis an bhfoclóirí aonair, dá mhéid a thaithí agus a chumas, an stór focal is gá d'fhoclóir ginearálta teanga a chur le chéile agus a mhíniú. Chuige sin baineann sé earraíocht as réimse leathan foinsí dála caint na ndaoine, foclóirí agus gluaiseanna éagsúla eile... (Ó Brosnacháin, 2001: 279)

B'amhlaidh do T. O' Neill Lane agus é i mbun an obair foclóireachta, agus más ea, pléifidh an chuid seo den tráchtas leis na foinsí ar bhain O' Neill Lane úsáid astu agus a d'fhág nach raibh sé mar fhoclóirí aonair ar fad. Chinn O' Neill Lane ar chlár oifigiúil d'fhoinsí ar dhein sé tagairtí dóibh a sholáthar i mbrollach a fhoclóra faoin teideal "list of authorities quoted". Bhí nócha foinse liostaithe aige faoin gceannteideal sin, ar a raibh foclóirí éagsúla, gluaiseanna, saothair litríochta, irisí iomlána, idir mhíreanna foilsithe agus lámhscríbhinní ón tSean-Ghaeilge anuas go dtína aimsir féin, a raibh rochtain aige orthu i Músaem na Breataine agus in institúidí mar é, faoi mar a thug sé le fios i réamhrá LEID, agus é ag maíomh gur thug sé "special attention to the study of the grammar of the language which is essential to any genuine lexicographic enterprise. For this purpose, I examined the existing authorities on the subject in the British Museum and in various other quarters" (LEID: v). Agus é ag cur freagra ar litir a fuair sé o Roger Casement sa bhliain 1909, mhaígh sé go raibh an foclóir a bhí idir lámhaibh aige le bheith "compiled on scientific lines" (O' Neill Lane, 1909). I 1915, luaigh sé gurbh í an sprioc ba mhó a bhí aige ná na bríonna difriúla a bheadh ag gach aon fhocal a mhíniú d'fhoghlaimoirí Gaeilge, "giving examples of its use drawn from the highest authorities" (LLEID: vii). Deineadh amach i nuachtáin an lae gur scoláire mór le rá a bhí in T. O' Neill Lane, mar shampla: "Mr. O' Neill Lane is a highly competent authority as a Gaelic scholar to undertake such a task" (The Irish Times, 27 Meitheamh, 1903: 23). Ba dhóigh le duine ón gcaint ar fad anseo ar "genuine lexicographic enterprise", "scientific lines", "Gaelic scholar" agus ar "existing authorities" gur shaothar scolártha tromá ab ea é seo a raibh léann críochnaithe ann. Déanfar an méid sin a mheá anseo trí éachtaint a thabhairt ar an úsáid a bhain T. O' Neill Lane as na foinsí a bhí aige mar scoláire, chomh maith le trácht ar na foinsí féin, san ord céanna inar leag sé amach ina chlár oifigiúil iad. Feicfear nach i gcónaí a dhein sé tagairt d'fhoinsé éigin a bhí leagtha amach mar

cheann de na “authorities quoted” aige, agus nach é sin amháin é, ach go raibh neart foinsí nár luaigh sé san “list of authorities quoted”, agus ar baineadh úsáid fhorleathan astu ar feadh an fhoclóra. Is tábhachtach an tuiscint sin don bhreithiúnas a dhéanfar ar luach scolártha shaothar foclóireachta O’ Neill Lane.

Ag deireadh an réamhrá ar fad, agus díreach roimh chlár oifigiúil na bhfoinsí, ghabh O’ Neill a bhuíochas le lucht Webster, a thug cead dó a bhfoclóir a úsáid mar fhoinsé Bhéarla:

I beg also to acknowledge my indebtedness to Webster's International Dictionary, upon which I have (with the sanction of the proprietors of the copyright) largely relied in the English portion of this work as the standard dictionary authority of the English Language (LLEID: ix).

Ní fios go díreach cén t-eagrán de WID a bhí aige, ach tháinig réamhleagan de amach sa bhliain 1890 (Porter, 1907: iii); foilsíodh leagan méadaithe de sin deich mbliana ina dhiaidh sin (Landau, 2001: 86), agus deineadh cúpla athchló ar an eagrán sin (Porter, 1907: iii-iv), thuas go dtí aimsir *Webster’s New International Dictionary* sa bhliain 1909. Léirigh Niall Ó Brosnacháin gur réabhlóideach an dream foclóireachta iad lucht Webster, agus go raibh luí acu le Béarla Mheiriceá agus é mar thraidisiún acu a bheith ag imeacht ó Bhéarla Shasana. Foclóir Béarla ar ardchaighdeán ab ea é a fáisceadh é as pobal léitheoireachta Mheiriceá (a raibh meas mór aige ar fhoclóirí) mar chuid d’fheachtas lucht Webster sa chogadh foclóireachta i gcoinne lucht Worcester chun dílse an phobail sin a bhuachaint, rud ar tháinig feabhas sa bhfoclóireacht as ar deireadh (Ó Brosnacháin, 2001: 70).

Ceann de na cineálacha cur chuige a mhol Tomás de Bhaldraithe don té a bheadh ag cur foclóra dátheangaí le chéile ná “na focail is na leaganacha sa dara teanga a thiomsú, agus féachaint le ceannfhocail sa chéad teanga a aimsiú dóibh” (de Bhaldraithe, 1980: 7). Is é sin an cur chuige a bhí ag O’ Neill Lane; tar éis dó a shaol a chaitheamh ag bailiú focal agus cora cainte agus ag cur

taithí ar éagsúlacht na gcanúintí difriúla, bhí air leaganacha Béarla a aimsiú a d'fhreastalódh ar an saibhreas Gaeilge a bhí tiomsaithe aige, agus a mbeadh feidhm cheannfhocal acu ina fhoclóir. Bhí WID mar fhoinsé ghinearálta Bhéarla ag O' Neill Lane, ach ba ann a fuair sé an chuid is mó dá liosta ceannfhocal leis. Bhain sé úsáid as na sainmhínte Béarla ann chomh maith chun sainbhri an cheannfhocail Bhéarla a shoiléiriú sula gcuirfí Gaeilge air mar shampla:

Eye, *n.*, (1) the organ of sight, (*a*) súil” (LLEID: 572).

Féach an ceannfhocal céanna i bhWID:

Eye (ī), *n.* ... 1. The organ of sight or vision (Porter, 1907: 534).

De bharr an nóis seo, is minic gur fhéach daoine áirithe ar an bhfoclóir mar “f[h]oclóir Béarla-Béarla-Gaeilge” (Mac Nia, 1987: 5). Is dócha gur thagairt chaolchúiseach don ghné seo de chur chuige foclóireachta O' Neill Lane a bhí i gceist ag Edmund Fournier D'Albe nuair a dúirt sé an méid seo a leanas i réamhrá a fhoclóra féin: “Now it is evident, as matters stand, that the chief purpose and usefulness of an English-Irish Dictionary lies, not in the interpretation of English, but in the harmonious development of Irish speech” (Fournier d'Albe, 1905: iii).

Ní raibh O' Neill Lane teanntaithe le focail ná sainmhínte ó WID mura raibh gá aige leo. Mar shampla, is cosúil gurbh é a shainmhíniú féin a thug sé faoin gceannfhocal ‘characteristic’ chun réimse céille an Bhéarla a thaispeáint:

Character, *n.*, (1) a quality or disposition peculiar to an individual which can only be injured by his own acts as distinguished from reputation, which is what others think he is; reputation is subject to be injured by the acts of others irrespective of his own, but it may exist though character be gone; on the other hand reputation may be lost by slander though character remain: cáil (ibid: 280).

Is sainmhíniú é sin a bheadh an-oiriúnach don fhocal ‘cáil’, agus is dócha gur ar an mbonn sin nár bhac sé le sainmhínte WID sa chás sin. Is minic a chuir O' Neill Lane a chuid focal Béarla féin

isteach sa liosta ceannfhocal chomh maith. Ní raibh an focal ‘Boreen’ mar cheannfhocal in WID, ach chuir O’ Neill Lane isteach é mar gur bhain ‘boreen’ le cultúr Bhéarla na hÉireann, agus dá bhrí sin, le gnáthfhoclóir fhormhór na ndaoine a bheadh ag úsáid an fhoclóra. Ba é ab fhearr a d’fhreagródh don fhocal Gaeilge ‘bóithrín’, seachas ‘lane’, nó ‘byroad’ (ibid: 210). Cuireadh ‘hurling’ san áireamh mar cheannfhocal chomh maith, arbh é an leagan Gaeilge dó ná ‘iománuidheacht’ (ibid: 805). Is minic leis gur chuir sé trácht le ceann de na ceannfhocail ó WID ar ghné de Bhéarla na hÉireann, á chur in oiriúint do léitheoir Éireannach:

Cadet, n., the youngest son, a younger brother, an mac is óige ; sósar, ... The word ceadé (cadet) is very commonly used both in Irish and Hiberno-English for a strolling good-for-nothing—a remnant of the recruiting for the “Wild Geese” (Tórna) (ibid: 248)

Ba ó Thórna, faoi mar a dúradh, a tháinig an trácht shuime sin, cé gur bheag a thairbhe é toisc nach raibh ann ach mioneolas ar úsáid fhocail áirithe sa Bhéarla. Agus uaireanta, ba ghá dó focail a chumadh chun freastal ar thaobh na Gaeilge de, agus is iad na samplaí a luaigh de Bhaldráithe ná ‘sleeping pin’ agus ‘gadfull’ chun ‘biorán suain’ agus ‘lán gaid de mhnaoi’ a aistriú faoi seach (de Bhaldráithe, 1980: 10). Ar ndóigh, níorbh aon chabhair don léitheoir é sin ach oiread toisc nach mbeifí ag lorg aistriúcháin ar fhocal Béarla nárbh ann dó.

Pé scéal é, is é a bheidh sa mhéid seo a leanas ná liosta de na foinsí ar tugadh an ceanteideal “list of authorities quoted” air sa bhfoclóir, le trácht dá réir orthu ina dhiaidh.

Liosta na nÚdar in LLEID (ibid: xiii):

LIST OF AUTHORITIES QUOTED.

A.C.L. Archiv für Celtische Lexicographie.
 Æn. Imtheaceta Æniasa Ed. Ir. Text. Society.
 Δ.Σ.Ι. Διηγήσειν ἱστορίαν ἀπὸ τῶν ἀρχαίων.
 Aisl. M. Aislinge Meic Coinglúine. Ed. K. Meyer.
 B.A. Búr d'ar gairm níod, Rígh Loctáinn. D. MSS.
 B.B. Book of Ballymote.
 B.C. Bpéaga eipeann le míleáit maḡ Ruaróifi.
 Bedell, The Old Testament translated into Irish by Dr. William Bedell.
 Ed. 1852.
 B.F. Book of Fenagh. Ed. Hennessy.
 B.H. Bonaventure Hayes or Hussey an Irish Poet-priest. D. MSS.
 B.L.L. Brehon Laws.
 B.M. Brian Merriman. Cúige an mheádon Oróide.
 B.R. Book of Rights. Ed. O'Donovan.
 B.S. botḡ an eḡsoláitir. D. MSS.
 C.B. Christian Brothers' Grammar and Composition.
 C.M. Codex Malbrihte 12th cent. MS. in Brit. Mus. quoted by Reeves.
 Conneys. Irish English Dicty., by Thos. de Vere Conneys, 1849.
 Conroy. Scádeán an tSrábaig (The Mirror of Religion), 1626. D. MSS.
 C.S. Rev. C. Short.
 D. Rev. L. Donnellan's MSS.
 D. Finn. Dunaire Finn. Ed. Ir. Text. Soy.
 Din. Rev. P. S. Dinneen's Irish-English Dicty., 1904.
 Donl. Donlevy's English-Irish Catechism, 1732.
 C.C.C. Cúictepa Críomhán éat-buabáig ar ḡleann an tólar a uḡir ró
 tinn a uoḡeilt búr taitic núc tḡonn ar ḡannab eipeann. D. MSS.
 C.F. Cúictepa foirbe maic Concubair núc neaps, Rígh títaró. D. MSS.
 E. O'N. Coḡan Ó neáitáin.
 E.R. Eoghán Ruadh O'Sullivan's Poems. Ed. Din. 1902.
 C.C.C. Cúictepa taitic núc tḡonn go hÉirinn agur tóirigeáit na Coillige
 ar tinnre Coiric. D. MSS.
 F.B. Fleid Breicrind.
 Féil. Gn. Féilire Gengusa. Dublin, 1880.
 F.L. foctóir an tóige, 1905.
 F.M. Annals of the Four Masters. Ed. O'Donovan.
 Foley. Foley's English-Irish Dictionary, 1855
 G.D. Galway MS. Dictionary.
 G.O'D. Poems by Geoffrey O'Donoghue of the Glens.
 Goid. Goidelica-Stokes, 1872.
 G.S.T. Gaelic Society's Transactions, 1808.
 H.M. Henry Morris's Seanfocta títaró, 1907.
 Hogan. Hogan's Irish and Scottish names of Herbs, Plants, etc., 1906.
 Ir. Glosses. Latin Declension Tract. Ed. Stokes, 1860.
 Ir. Texte. Irische Texte, by Stokes and Windisch.
 J.C.W. Prof. J. C. Ward, of Killybegs.
 J.F. Compánac an Críofóaróe, by Rev. J. Furlong, 1842.
 J.S. James Scurry: Four Maxims of Christian Philosophy. Waterford, 1825.
 Keat. Keating's (a) History of Ireland, (b) Three Shafts of Death. Ed.
 Atkinson, (c) Coḡair ḡiáit an tSírinn. Ed. P. O'Brien.
 K.M. Kuno Meyer's Contributions to Celtic Lexicography.
 L.B. Leabair Bpéc.
 L.F.F. Lorgairóacé foarḡair foirómeáit, Flann foiréit, agur tóllen : as
 noḡs. D. MSS.
 L.L. Book of Leinster.

Liosta na nÚdar in LLEID (ibid: xiv):

XIV LIST OF AUTHORITIES QUOTED.

L.U. Leabhar na hÉirene.
McD. Seafán Cláircé mac Doimnall.
MacHale. Archbishop Mac Hale's translation into Irish of (a) The Old Testament; (b) Homer; (c) Moore's Melodies.
M.O. Mícheál Ureacán.
M.C. Michael Comyn's Ossianic Tales in Verse.
M.F.D. mac Fingín Dub. P. O'Shea, 1903.
M.L. Battle of Magh Lena. Ed. O'Curry.
M.R. Battle of Magh Rath. Ed. O'Donovan, 1842.
Niamh. Rev. Canon Peter O'Leary's Niamh.
O'B. O'Brien's Irish-English Dicty., 1832.
O'Bog. O'Bogley's and Mac Curtin's English-Irish Dicty., 1732.
O'D. The New Testament translated into Irish by Dr. William O'Donnell. Ed. 1852.
O'Gal. O'Gallagher's Irish Sermons. Ed. U. J. Bourke.
O'M. O'Molloy's Irish Prosody. Ed. Ó Flanagan, 1908.
O'N. O'Nolan's Sanas Gramadaigh.
Or. = Oriol.
O'R. O'Reilly's English-Irish Dicty. with O'Donovan's Supplement.
Oss. Ossianic Society's Publications.
P.H. Passions and Homilies from the Leabhar Breac. Ed. Atkinson, 1885.
P.L. Rev. P. Lamb's MS. Account of Purgatory. D. MSS.
P.M. Poets and Poetry of Munster.
P. O'L. Rev. Canon Peter O'Leary.
P.S. Patrick Stanton's MS. Irish Dicty.
P.W.J. Joyce: Irish Names of Places. 3 Vols.
R.C. Revue Celtique.
Sc. = Scotch Gaelic.
S.L.C. Seapc Ieanhianc Épire (Imitation of Christ) ἀρχαῖοις λέγει ἂν ἀπὸ τοῦ Ὀδοῦνι ὁ συνλιόβαν, 1822.
S. mac C. Seamus mac Cuarta. D. MSS.
S.R. Saltair na Rann. Stokes.
C.D.B. Keating's Three Shafts of Death. Ed. Atkinson.
T.C. T. Connellan's English-Irish Dicty.
T.C.C. Tóruigeacht Clann Concubair mhí neara Ríḡ Ularó le Cuparóib na Ciaróib-iaróib. D. MSS.
T.Con. Thomas Conneannan.
T.F. Three Fragments of Irish Annals. Ed. O'Donovan.
T na hC. Tóruigeacht na hÉirene. D. MSS.
T.H.C. Cupar Uarla Éamón-Éróic mhíean Ríḡ na Fraince go hÉirinn agus a Tóruigeacht don Fraince le Caoḡ glé mhí Cian mhí Orlóil Olum. D. MSS.
Tóp. Ó. Tóruigeacht Tharmanada in Éirinn.
T.P. Thesaurus Palaeohibernicus. Stokes.
Wb. Windisch's Wörterbuch, 1880.
Z. Zeuss: Grammatica Celtica.
Z.C. Zeitschrift für Celtische Philologie, 1897, etc.

4.3.1 A.C.L. Archiv für Celtische Lexicographie [sic]².

Iris ab ea í seo a bhunaigh Whitley Stokes i gcomhpháirt le Kuno Meyer agus Domhnall O' Davoren sa bhliain 1900 chun freastal ar léann na focleolaíochta Ceiltí. Chuir na scoláirí Eorpacha seo gluaiseanna éagsúla de theangacha Ceilteacha ar fáil san iris (An Bhriotáinis, An Choirnis, An Bhreatnais, agus an Ghaeilge) (1911 Encyclopedia, 2010), tráth a rabhthas ag teacht ar an tuiscint go raibh gaol ag an nGaeilge leis na teangacha Ind-Eorpacha. Is i gcomthéacs na bhfionnachtana teangeolaíocha seo agus foilsíúchán mar Archiv für Celtische Lexicographie agus Bopp's Comparative Grammar (nach bhfuil luaite mar fhoinsé aige ach a bhí ina chnuasach

² Archiv für Celtische Lexikographie a bhí i gceist aige.

leabhar féin) inar pléadh na fionnachtana a thug O' Neill Lane faoi léargas a thabhairt ar shanasaíocht fhocail áirithe Ghaeilge ina fhoclóir. Bhí sé luaite aige mar fhoirse do LEID, cé nár an-soiléir an úsáid a bhain sé as an eagrán áirithe sin, ach bhí na focail Ind-Eorpaise, ar deineadh aird a tharraingt orthu trí chomhartha ar leith a úsáid, le sonrú ar fud LLEID. Mar shampla:

Limb, n., (1) an arm or leg of a human being or of an animal, ball, gen. and pl. baill, m. (cf. Gr. φαλλος, √ bhel, to swell, *Mac Bain*)” (LLEID: 935).

Tabhair faoi deara chomh maith nár luadh ‘A.C.L.’ ná ‘Archiv für Celtische Lexicographie’ mar fhoirse san iontráil thuas ná in aon áit eile sa bhfoclóir. Luadh an t-ainm ‘Mac Bain’ leis an eolas sanasaíochta faoin gceannfhocal ‘Limb’ thuas, agus i gcúpla áit eile tríd an bhfoclóir, cé nár luadh ‘Mac Bain’ mar cheann de na húdarais i mbrollach an fhoclóra; cá bhfios mar sin ach gur i gceann d’imleabhair Archiv für Celtische Lexicographie a fuair O’ Neill an t-eolas seo ó Mac Bain. Ach ní léir dúinn an méid sin agus sa mhéid sin, faightear léargas ar a scaipthe is a bhí obair thagartha T. O’ Neill Lane ar uairibh.

4.3.2 *Æn. Imtheacta [sic]*³ *Æniasa Ed. Ir. Test. Society*

Sa bhliain 1907 agus faoi eagarthóireacht George Calder a d’fhoilsigh Cumann na Scríbhneann nGaedhilge an t-aistriúchán Gaeilge seo a deineadh sa cheathrú haois déag ar *Æneid* (Irish Texts Society, 2010), dán epiciúil de chuid Virgil, file Rómhánach. Dhein O’ Neill Lane seacht dtagairt déag don fhoirse seo tríd síos sa bhfoclóir, agus, cuireadh níos mó ná a leath acu isteach i rannóg ‘S’ an fhoclóra, faoi mar a bheadh dearmad déanta aige faoin bhfoirse luachmhar sin aige go dtí an chuid sin den fhoclóir, agus fuadar faoi ansin feidhm éigint a thabhairt di sula mbeadh deireadh déanta aige. Bhí an fhoirse seo mar áis aige chun fiúntas a aistriúcháin féin ar an téarma comhaimseartha ‘canal’ a fhógairt:

³ Imtheachta *Æniasa* ó cheart, ar ndóigh.

Canal, n., an artificial waterway, ... (3) dobharchlais, -se. –eacha and –eanna, *f.*, from dobhar, water, and clais, a trench (*cf.* canals, claiseanna, *Ir. Æn.* 2008) (LLEID: 254)

Feictear san iontráil gur thóg se mír dhúchasacach ón téacs, ‘clais’, á chur taobh le mír dhúchasach eile, chun téarma le cruth Gaelach air a chruthú: ‘dobharchlais’.

Thaispeáin an t-aistriúchán a chuir sé ar líne ó aiste critice le John Dryden (“Virgil makes Æneas...”) ar an ábhar (i) arís eile, an léann fairsing ginearálta a bhí air sa tslí is go raibh cur amach ar an saghas seo léirmheastóireachta i scríbhneoireacht Shasanach an seachtú haois déag⁴ agus (ii) an fheidhm oideachasúil a shamhlaigh O’ Neill Lane le *Imtheacta Æniasa*, faoi mar a bheadh sé ag tabhairt abairte samplaí do mhac léinn a bheadh ag scríobh tráchtas ar an téacs:

Avoucher, n., one who avouches... Virgil makes Æneas a bold avoucher of his own virtues, do-ghní Uirgil Aonghus n-a dheimhningtheóir dhána ar a shubháilcibh féin” (ibid: 127).

Is é ábhar an dáin ná turas aonarach Æniasa ón Traí go dtí an Iodáil, agus an cogadh idir na Traígh agus na Laidinigh ina dhiaidh sin, agus dá chomhartha sin, ba iad téarmaí taistil, agus cogaidh ba mhó a bhain O’ Neill Lane as an bhfoinse seo, faoi mar is féidir a dhéanamh amach ón rogha seo a leanas d’iontrálacha:

Archery, n., the use of the bow and arrow, ... (2) saighdeóracht, *f.* (*Æn.* 1552) ; (ibid: 95)

Dastardly, a., meanly, timid; base, (1) meathta, *ind.* (*Æn.* 2253, 2260) ; (ibid: 406)

Sea-water, n., sáile, g. id., f. or m. (in *Æn.* 168 it is f., but m. in *Fel. Oen.* 1905) (ibid: 1369)

Wary, a., cautious of danger, ... (4) friothálmach, -aighe (*Æn.* 2064) (ibid: 1689)

San iontráil faoin gceannfhocal ‘sea-water’ thuas, thug O’ Neill Lane le fios go raibh sé tar éis teacht ar neamhréir le hinscne an fhocail ‘sáile’, go raibh tugtha faoi deara aige é a bheith

⁴ Bhí an leabhar seo a leanas ina chnuasach pearsanta leabhar: Strunk, W. Jr. (1898) *Dryden: Essays on the Drama*. New York: Henry Holt and Company.

firinsneach in *Imtheachta Æeniasa*, agus é a bheith bainsneach in *Félire Ængusa*. Níor thug sé aon bhreithiúnas ar an gceist seo, cé go bhféadfadh aois na dtéacsanna a bheith mar bhonn aige an scagadh a dhéanamh; scríobhadh *Félire Ængusa* sa naoú haois, cúig chéad roimh aimsir *Imtheachta Æeniasa*, agus athfhoilsíodh é arís sa bhliain 1880. B'fhéidir gur chirt tosaíocht a thabhairt don fhoinsé ba luaithe tagtha ar an saol *Imtheacta Æenias*, agus é a cheapadh ina fhocal firinsneach amháin, mar atá sé in FGB an lae inniu. Bhí an dá inscne ar chomhthábhacht ag an Duinníneach chomh maith áfach i bhfoclóir 1904 (Ó Duinnín, 1904: 587), ach ba thúisce go mbeadh ar an Duinníneach mar fhoclóirí Gaeilge-Béarla tuairisciú a dhéanamh ar insní fhocail Ghaeilge. Ba fhocal firinsneach aige sin é i bhfoclóir 1927, gan aige ach nod fíorbheag ag deireadh na hiontrála ar fad:

Sáile, *g.id., m.*, sea-water, salt-water... .. *al.f.* (Ó Duinnín, 1927: 931).

4.3.3 A.G.I. Amhráin [sic] Gaedhilge [sic] an Iarthar [sic].

Ba é a bhí i gceist leis an nod thar a bheith gonta seo, a sheas do leabhar ar scríobhadh a theideal go míchruinn, agus nár ainmníodh a údar, ná cnuasach d'amhráin ó Mhaigh Eo (Ó Baoill, 1990: 383) dar theideal *Abhráin Ghaedhilge an Iarthair / Gaelic songs of the West* a chuir Michael Timony amach sa bhliain 1906. Níor dhein O' Neill Lane ach an t-aon tagairt amháin don fhoinsé seo a luadh mar fhoinsé in LLEID, agus níor leis an nod 'A.G.I.' a bhí ceaptha aige sa chéad áit a thagair sé dó. Ag druidim le deireadh an fhoclóra, caitheadh tagairt don fhoinsé isteach, agus cuma mhaith ar an iontráil go fiú, ach amháin gur dheacair ar dhuine fios a bheith aige arbh é an fhoinsé chéanna is a luadh sa liosta giorrúchán a bhí i gceist ag O' Neill Lane, toisc an dá ghiorrúchán bheith an-difriúil le chéile; is é sin, go raibh an chéad tagairt thuas míchruinn agus diamhair, agus go raibh an ceann seo a leanas leargasach:

Support, v.t., ... (2) To maintain, nourish or provide for, ... (c) ní barr maoin bhéarf ar i dtír tú (Timony's *Abhráin Ghaedhilge* 39)" (LLEID: 1531).

Nár chuma áfach faoin iontráil bheag bhídeach seo ina aonar ag deireadh an fhoclóra nuair atá an botún sonrath sin chun cinn ar fad ann, sa rannóg "list of authorities quoted".

4.3.4 Aisl. M. Aislinge Meic Coinglinne. Ed. K. Meyer.

Bhí an fhoinsé seo ag O' Neill Lane sa chéad fhoclóir chomh maith, agus bhí an méid tagairtí céanna sa chéad eagrán agus mar a bhí sa leagan méadaithe a raibh a thrí oiread ní ba mhó leathanach ann; is é sin gur deineadh fiche is ceathair tagairt dó⁵. D'fhoilsigh Kuno Meyer an t-eagrán a bhí ag O' Neill Lane sa bhliain 1892. Téacs Meán-Ghaeilge is ea *Aislinge Meic Coinglinne* (Ní Mhaoldomhnaigh, 2007: 177), agus aithníodh eagrán Meyer as a bheith dílis don bhuntéacs (ibid: 44). Ghabh gluais le heagrán Meyer agus bhí sé sin in úsáid ag O' Neill Lane chomh maith mar a thuigtear ón méid a leanas:

Importunity, *n.*, urgent, incessant, or frequent application or request, troublesome pertinacity, (1) liostacht, *f.* (*Aisl. M. Gloss*) (LLEID: 821).

Bheadh *Aislinge Meic Coinglinne* ar cheann de na hinsintí aoire ba mhó aitheantas ó ré luathlitríocht na Gaeilge (Ní Mhaoldomhnaigh, 2007: 181), agus dá bhrí sin, ní haon iontas é gur tarraingíodh as chun adhmaid a chur leis an iontráil faoi 'satire':

Satire, *n.*, an invective poem ridiculing vice and folly, ... (3) aer, *g.* áire, *pl. id., dat.* áir, *f.* (*cf. Aisl. McC.*); (ibid: 1351).

4.3.5 B.A. Bás Airgin Mhóir, Righ Lochlainn, D. MSS.

Is cosúil nár deineadh tagairt in aon chor don fhoinsé áirithe seo a luadh sa chlár foinsí.

⁵ Is é sin murach tagairt don fhoinsé céanna é an giorrúchán (A.M.C.), nod atá le feiscint sa bhfoclóir chomh maith.

4.3.6 B.B. Book of Ballymote.

Imleabhar fóilió a scríobhadh ag deireadh na ceathrú haoise déag i mBaile an Mhóta, Co. Shligigh. Níor deineadh ach trí thagairt dó, ceann amháin nár deineadh ach chun litriú malartach, (dímholta go fiú), a chur in iúl ar bheag a thairbhe don fhoclóir é.

Dwell, v.i., to abide, remain, continue, reside, ... (4) áitreabhaim, -adh (*cf.* adtrebhaim, *B.B.* 316a, 30, 34) (*ibid.*: 506)

4.3.7 B.E. Bréaga Eireann le Mícheál Magh Ruaidhrí.

Leabhar béaloidis é seo a foilsíodh sa bhliain 1906. Níor deineadh aon tagairt dó sa bhfoclóir.

4.3.8 Bedell, The Old Testament translated into Irish by Dr. William Bedell, Ed. 1852 / O'D. The New Testament translated into Irish by Dr. William O'Donnell. Ed 1852.

Ba é a dúirt Niall Ó Brosnacháin faoi úsáid ábhar reiligiúin sa bhfoclóireacht ná: “Is cuid de thraidisiún na foclóireachta é go mbaintear earraíocht as teanga liotúirgeach... d’fhonn cur le stádas agus údarás agus sollúntacht an tsaothair” (Ó Brosnacháin, 2001: 55). Ní foláir nó gurbh amhlaidh a thuig O’ Neill Lane an cúram. Is féidir rian den tsollúntacht sin a dhéanamh amach ón iontráil seo a leanas ó Léivític:

Desolation, n., (1) the act of laying waste or ravaging... I will make your sanctuaries a d., do bhéarfaidh mé bhar sangtóra chum uaignis (Lev. 26, 31), (LLEID: 440).

Ba dhóigh le duine gur theist ar an nglacadh a bhí aige le húsáid an Bhíobla i dtraidisiún na foclóireachta é gurbh é an Bíobla an fhoinsé ba mhó ar bhain sé úsáid as, idir an Sean-Tiomna le William Bedell a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 1685 (Welch, 1996: 44), agus an Tiomna Nua le William O’ Donnell, a foilsíodh sa chéad uair sa bhliain 1602 (*ibid.*: 44). Thug O’ Neill Lane le fios gur eagrán ón mbliain 1852 ab ea an dá cheann a bhí aige, rud a léireodh go mb’fhéidir gurbh é a bhí aige ná ceann de na heagrán inar cuireadh an dá Bhíobla Ghaeilge le

chéile, á bhfoilsíú le chéile mar aon faoin teideal ‘An Bíobla Naomhtha’, rud a deineadh den chéad uair sa bhliain 1690 i Londain (ibid: 44) , agus a dhein na Hardy Brothers arís go deimhin sa bhliain 1852 i mBaile Átha Cliath faoin teideal *An Bíobla Naomhtha air na tharruing ó na Teangthaibh Bunadhúsacha go Gaoighilig*, saothar inar luadh ainmneacha Bedell agus Uí Dhomhnaill, chomh maith le hÉadbhard Ó Raghallaigh, foclóirí, agus a dúradh a bheith déanta faoi choimirce an *Hibernian Bible Society*. Ní foláir nó gurbh é sin an t-eagrán a bhí ag O’ Neill Lane, ach, ó tharla gur foilsíodh an t-eagrán seo leis féin, b’ait mar a leag sé an dá Bhíobla amach mar fhoinsí ar leith, á gcur ag dá cheann chlár na bhfoinsí, i.e., “Bedell, The Old Testament translated into Irish by Dr. William Bedell, Ed. 1852” agus ansin “O’D. The New Testament translated into Irish by Dr. William O’Donnell. Ed 1852”. Bhí tagairtí ag O’ Neill Lane do gach ceann de leabhair an Bhíobla. Deineadh céad fiche is a cúig tagairt do Leabhar na Ríthe ón Sean-Tiomna amháin, a bhfaightear sampla amháin de san iontráil thíos faoin gceannfhocal ‘Knowledge’: “... sailors that had knowledge of the sea, loingseoirí ag a raibh eólas na fairrge (1 Kings 9, 27)” (LLEID: 893). Deineadh céad is a dó tagairt d’Eoin, ar sampla acu é an iontráil seo a leanas:

Lad, n., a boy, a youth, a stripling, ... (3) buachaill beag, m. : there is a boy here, tá buachaill beag annso (John 6, 9) (ibid: 896).

An locht atá ar a chuid tagairtí d’Eoin áfach ná nár dhein sé scagadh idir na trí leabhar a bhí i gceist le fianacht Eoin; Níor bhéas le T. O’ Neill Lane ach ‘John’, uimhir chaibidle agus ansin uimhir véarsa a thabhairt, gan trácht ar cén leabhar le hEoin as ár tógadh an sliocht. Ar an mbonn sin, is deacair teacht ar na bunastriúcháin de na tagairtí scríoptúir céanna i dtiontú Gaeilge Uí Dhomhnaill, toisc gur chloígh sé sin leis an múnla ina mbíonn trí leabhar de chuid Eoin; ní fios ó thagairtí O’ Neill Lane cén rannóg d’Eoin a bhí i gceist aige. Ag an am céanna, níor dhein sé faillí

an t-eolas céanna a thabhairt d'aon cheann de na leabhair eile go raibh níos mó ná rannóg amháin i gceist leo, i.e., leabhar Pheadair:

Ornament, n., adornment, decoration, embellishment, ... (3) maise, g. id., f. : the o. of a meek and quiet spirit, maise na spioraid ceannsa ciúin) (1 *Pet.* 3, 4), (ibid: 1124)

Nó leabhar na gCorantach:

Perfect, v.t, to finish or complete without defect or blemish, ... (2) iomlánuighim : my strength is made p. in weakness, iomlánuightheas mo chumhachta in éagcruas (2 *Cor.* 12, 9), (ibid: 1169)

Díreach mar a dhein O' Neill Lane mionchoigeartú ó thaobh litrithe agus gramadaí de ar ábhar léacsach ó fhoinsí ársa áirithe, dála fhoclóir Chonchubhair Uí Bheaglaoich, d'athraigh sé friotal an Bhíobla Ghaeilge an chuid is mó den am chomh maith chun é a thabhairt suas chun dáta; tar éis an tsaoil, bhí an Sean-Tiomna tar éis a bheith ar an bhfód le daichead is a cúig bliain fiú amháin ar lá a fhoilsithe féin. Sampla de sin is ea an láimhseáil a dhein sé ar “léig dhamhsa imtheachd *ar tús* agus máthair daghlacadh” ó Mhatha 8, 21: “léigh dhamhsa imtheacht ar dtús agus m’athair d’adhlacadh” (ibid: 241). Níor rómhór an t-athmhúnlú é seo ar an mbuntéacs, ráite go raibh tuairim is trí chéad bliain idir iad agus a fhoclóir féin. Uaireanta níor dhein sé ach trácht a dhéanamh ar ghnéithe den fhriotal sa téacs ársa:

Shred, v.t., to cut or tear into small lengthy pieces, ... (2) gearraim, -adh : he s. the wild gourds into the pot of the pottage, do ghear iad [na buinneain] i bpota na praisig [usually praise] (2 *Kings* 4, 39) (ibid: 1407).

Sa chás áirithe seo, feictear chomh maith gur athraigh sé foclaíocht thaobh an Bhéarla mar aon lena chuid tráchtairéachta ar thaobh na Gaeilge, ach nár chinn sé a chur in iúl gur chuir sé isteach ar thaobh an Bhéarla trí lúibíní cearnóga a úsáid faoi mar a bhí déanta aige ar thaobh na Gaeilge de (“[na buinneain]” á chur isteach aige féin, agus an stráice ar lár aige féin chomh maith). Is é “... shred *them* into the pot of pottage” atá i mBíobla Rí Séamas ag 2 Ríthe 4, 39 (bhí ‘them’ sa chló Iodálach sa bhuntéacs) i ndáiríre, ach faoi mar atá le fheiscint, d’athraigh O’ Neill Lane an

focal ‘them’ go ‘the wild gourds’, le gurbh fhusa a leanfadh an léitheoir comhthéacs an tsampla is dócha. Is ait áfach go dtabharfaí ábhar Bíobalta isteach is é faoi eagar gan é sin a admháil go hoscailte. Ní i gcónaí a chuir sé Béarla leis na sleachta Gaeilge ón mBíobla áfach:

Allure, v.t., to entice, to attract, (1) meallaim, -adh ; meallaidh siad le hainmianaibh macnasacha na colla (2 Pet. 2, 18), (ibid: 1916)

Ba leor nod Béarla “2 Pet. 2, 19” don té a rachadh á chuardach sa Bhíobla chun an mhacasamhail Bhéarla a fheiscint. Ba mhór an méid spáis a bheadh spártha sa bhfoclóir aige dá leanfaí den nós ciallmhair seo tríd síos. Ach ba bhéas leis taobh Béarla na sleachta Bíobla a thabhairt d’fhormhór, rud a bheadh áisiúil don fhoghlaimoír nach mbeadh air imeacht ón bhfoclóir go dtí an Bíobla agus ar ais arís agus é i mbun staidéir.

Tá léiriú eile le fáil ón méid gur thug sé taobh Béarla na sleachta Bíobla chomh maith; léiríonn siadsan gur ó lucht Webster a fuair sé na sleachta Béarla, agus gurbh é féin a d’aimsigh an t-aistriúchán Gaeilge sa tSean-Tiomna nó sa Tiomna Nua, agus gur chleas glic é sin a bhí aige chun na hiontrálacha a chur le chéile; níor ghá dó féin smaoineamh ar shamplaí léirithe, ach aithris a dhéanamh ar na cinn a bhí i WID, agus leaganacha Gaeilge ó Bedell agus Ó Domhnaill a chur orthu. Tuigfear gurbh amhlaidh a bhí ach sracfhéachaint a thabhairt ar an dá iontráil seo a leanas, cé gur cosúil gur athraigh sé na sleachta Béarla ón riocht ina raibh siad ag lucht Webster:

Fill. v.t. ... 1. To make full ; to supply with as much as can be held or contained ; to put or pour into, till no more can be received; to occupy the whole capacity of. The rain also *fillet*h the pools. Ps. lxxxiv. 6. Jesus saith unto them, *Fill* the waterpots with water. And they *filled* them up to the brim John ii. 7. (Porter, 1907: 558)

Fill, v.t., (1) to make full, líonaim ... the rain filled the pools, do líon an fheartainn na locháin; they filled them to the brim, do líonadar iad go soithe a mbruachaibh (John 2, 7). (O’ Neill Lane, 1916: 604)

Ag cuimhneamh do dhuine ar an méid seo, d'fhéadfadh sé teacht ar an tuiscint nár le teann 'sollúntacht' a thabhairt don saothar a bhí tagairtí don Bhíobla a bhí á ndéanamh ag O' Neill Lane, ach chun an obair foclóireachta a éascú air féin.

Thar a cheann sin, cé gur chaomhnaigh sé an Ghaeilge ársa ón mBíobla ar shlí, ní hamhlaidh gur chloígh sé le bun-Bhéarla na mBíoblaí as ar aistríodh an t-ábhar Gaeilge; ba iad sin Bíobla na Ginéive i gcás Thiomna Nua Uilliam Ó Domhnaill agus Bíobla Rí Séamas i gcás Shean-Tiomna William Bedell (Welch, 1996: 44). Bhraith O' Neill Lane ar Bhíobla nua-aimseartha do thaobh an Bhéarla de, (is dócha gurbh é a bhí aige ná an Leagan Athcheartaithe de Bhíobla Rí Séamas ar tháinig cuid an Tiomna Nua de amach sa bhliain 1881 agus cuid an tSean-Tiomna de amach sa bhliain 1885) agus dá chomhartha sin, sholáthair sé Béarla comhaimseartha ar ghnáthstór focal Bhéarlóir na linne sin chun an Ghaeilge ársa sin a aistriú. Tá an tátal le baint as seo gur Ghaeilge Bhíobalta an seachtú haois déag ab fhearr a d'fhreastalódh ar an réim chéanna a raibh Béarla thosach an fichiú haoise ag freastal air, dar le T. O' Neill Lane. Mar sin, sa bhliain 1916, i gcomhthráth leis na díospóireachtaí ar nuachóiriú na teanga, ba leaganacha fíor-ársa ba mhó a bhí O' Neill Lane ag cur os comhair an phobail mar mholadh ar an saghas Gaeilge ar cheart a úsáid.

Mar atá le sonrú ón méid thuas, abairtí gairide a léireodh úsáid fhocail ina chomhthéacs ceart ba mhó a chuir sé isteach ón mBíobla. Ach uaireanta bhraith O' Neill Lane go raibh léargais ghramadaí le fáil sa Bhíobla, mar shampla:

Sorcerer, n., an enchanter, a magician, ... (3) piseogach... (4) pl., lucht na bpiseog (Rev. 22, 15)
(LLEID: 1451)

Tháinig nathanna beaga cainte ón mBíobla corruair chomh maith:

Finally, ad., ultimately, lastly, ... (6) tuilleadh eile (Phil. 3. 1) (ibid: 605)

Léirigh faisnéis den saghas seo an chríochnúlacht a bhain leis an staidéar a bhí déanta ag O' Neill Lane ar Bhíobla Bhedell agus Uí Dhomhnaill.

4.3.9 B.F. Book of Fenagh. Ed. Hennessy.

Eagrán de Leabhar Fhíonach (athscríobh a deineadh i bhFíonach, Contae Liatroma sa bhliain 1516 ar lámhscríbhinn eile darb ainm Leabhar Chaillin ón gceathrú haois déag) a d'fhoilsigh W.M. Hennessy sa bhliain 1875. Níor deineadh aon tagairt dó sa bhfoclóir.

4.3.10 B.H. Bonaventure Hayes or Hussey an Irish Poet-Priest. D. MSS.

Lámhscríbhinn de shaghas éigin ar dhóigh le duine gur Bonaventure Hussey nó Ghiolla Brighde Ó hEódhasa a bhí mar ábhar ann. File agus sagart ab ea é sin arbh as Contae Fhearmanach dó agus a chuaigh ar deoraíocht go dtí an Lobháin áit a raibh sé mar ollamh le Diagacht. Scríobh sé dánta agus leabhar ar ghramadach na Gaeilge. Deineadh trí thagairt don fhoinsé seo i gcorp an fhoclóra, agus baint ag ceann acu le cúrsaí creidimh, mar shampla an rann seo:

Nun, n., a woman devoted to a religious life and who lives in a convent under the three vows of chastity, obedience and poverty, ... (3) cailleach dhubh: do thréig an umhlacht ar a thoil féin/cailleach dhubh aige n-a mhnaoi/ is mhanach gidh go raibh sé he[Luther] abandoned his vow of obedience for his own will, with a nun for his wife, although he was a monk (B. H.) (O' Neill Lane, 1916: 1093).

4.3.11 B.L.L. Brehon Laws

Ba chosúil nach raibh Dlíthe na mBreithiún ag O' Neill Lane mar fhoinsé sa chéad fhoclóir uaidh, agus nuair a thug sé isteach é mar fhoinsé in LLEID, níor thug sé aon eolas ar conas mar a fuair sé rochtain ar an bhfoinsé seo, ná cén riocht ina raibh na dlíthe os a chomhair amach go fiú, bíodh sin ina lámhscríbhinní ná ina n-achoirí i mBéarla faoi mar a bhí déanta ag Laurence Ginnell faoi 1894 (Ginnell, 1894). Ach nuair a tugadh an fhoinsé sin isteach, tháinig sé i gcomharbacht ar fhoinsé dlí (an t-aon fhoinsé amháin a luadh i mbrollach LEID ach nár chosúil

go raibh lua air in LLEID), ar chuma dhifriúil, a bhí in LEID ach nach ndúradh a bheith mar fhoinse do LLEID. Ba é sin *Ancient Laws and Institutes of Ireland* le R. Atkinson, agus luadh go raibh gluais ar fáil ann: “Laws – Ancient Law and Institutes of Ireland, 5 vols., with Glossary by R. Atkinson” (LEID: vi). Pé leagan a bhí ag O’ Neill Lane agus é i mbun staidéir ar an bhFéineachas mar fhoinse do LLEID, bhí gluais curtha leis sin chomh maith, faoi mar ba léir ón iontráil seo a leanas:

Measure, *n.*, (1) the dimensions or capacity of anything reckoned according to some standard, (a) ... tógaint an toimhse (pron. tuise, *W. Lim.*), (see *Wb.* and *Gloss.* to *B.L.L.*, under Tomhas) (O’ Neill Lane, 1916: 1001).

Ní dúradh go hoscailte leis an léitheoir fiosrach, ach chuirfeadh an saghas seo obair lorgaireachta amhras air gurbh ionann “*B.L.L. Brehon Laws*” (ibid: xiii) agus “Laws – Ancient Law and Institutes of Ireland, 5 vols., with Glossary by R. Atkinson” (ibid: xi), agus dá chomhartha sin, gurbh é ba dhóichí ná gurbh é *Ancient Laws and Institutes of Ireland* le Atkinson an foilsíúchan a thug deis do O’ Neill Lane cur amach a fháil ar fhriotal an Fhéineachais.

Bheadh an léitheoir céanna deimhnitheach de gurbh ionann an dá rud dá dtógfadh sé faoi deara; (i) nár thosaigh O’ Neill Lane ar an ngiorrúchán ‘*B.L.L.*’ a úsáid go dtí an iontráil ‘flotsam’, breis agus sé chéad leathanach amach sa bhfoclóir (ibid: 622), agus (ii) nach raibh scartha aige leis an nós a bhí aige sa chéad fhoclóir ach go dtí sin amháin; ba é sin ‘*Laws*’ a bheith aige mar ghiorrúchán do Leabhar na mBreithiún, cé nár luadh an nod sin in aon áit sa i gclár na bhfoinsí in LLEID. Ba é ‘Fortnight’ an ceannfhocal deireanach ina raibh an nós sin caomhnaithe aige:

Fortnight, *n.*, the space of fourteen days, coichthigheas, -ghse, f. : also -ghis, *m.* (*Laws* ii. 240)” (ibid: 644).

Ba é ‘flotsam’ an chéad iontráil eile inar deineadh tagairt do Leabhar na mBreithiún, agus go tobann, ba dhóigh leat, bhí malairt aigne tagtha ar O’ Neill Lane, agus ba é ‘*B.L.L.*’ an giorrúchán

a chleacht sé⁶, amhail is gur tháinig tuiscint thobann air go raibh earráid leanúnach tar éis a bheith ar siúl aige:

Flotsam, *n.*, goods lost by ship-wreck and floating on the sea (jetsam being goods that sink) ... (2) targas, -air, *m.*: an targas do chuirthear do thuinn (*cf.* **B.L.L.** i. 170, 12)” (ibid: 622, liomsa an cló trom agus fostríoc le ‘B.L.L.’).

Chloígh sé leis an nós sin ón uair sin amach. Beagáinín ina dhiaidh sin, tháinig sé ar an gcéad téarma eile a bhí curtha isteach in LEID aige faoin gceannfhocal ‘garlic’, ba é sin ‘creamh’, agus a bhí ag teastáil don cheannfhocal céanna san iarracht úr. Ghéill sé don athrú intinne a tháinig air ag ‘flotsam’ thuas, agus d’athraigh sé an lipéad tagartha a ghabh leis an iontráil ó ‘Laws’ go dtí ‘B.L.L.’, ag teacht leis an nós úr a bhí leagtha amach aige trian den tslí isteach sa bhfoclóir. Tabharfar suntas don athrú sin sa difríocht idir an dá iontráil anseo thíos.

Garlic, *s.*, creamh, -a, *m.*— *Laws* II., 326, v. 474 & 482 ; (LEID: 237)

Garlic, *n.*, a plant of the genus *Allium* with a bulbous root, a very pungent taste and strong smell, ... (2) Wild garlic, (*a*) creamh, -a, *m.* (B.L.L. ii, 326 ; v. 74 and 482) ; (LLEID: 675)

Idir ‘Laws’ agus ‘B.L.L.’, dála an scéil, deineadh daichead agus a dó tagairt don tráchtas dúchasach dlí seo mar fhoirse, ach ar an mórgóir, níor baineadh mórán úsáide as chun téarmaíocht Ghaeilge a cheapadh ná a chur in oiriúint d’earnáil an dlí chomhaimseartha, rud a bhí in easnamh ar an teanga ag an am. Seo a leanas a raibh aige de théarmaí a tháinig ó Leabhar na mBreithiún agus a raibh aon chuma dhlíthiúil orthu:

Appease, *v.t.*, ... (3) To mitigate, ... (b) talgaim, -adh. The word for appeasing in the Brehon Laws is talgadh, see vol. v., 466, 1 (ibid: 86)

Devolve, *v.i.*, to pass by transmission or succession, (1) diobhaidim, -adh ... [*cf.* dibhadh, inheritance, legacy, *Laws* i. 206-18, 262-17...] (ibid: 446)

⁶ Bhí ‘B.L.L.’ aige uair amháin roimhe sin, agus an uair sin amháin; faoin gceannfhocal abortion: Abortion, *n.*, a miscarriage, ... (4) toghluaiseacht, -a, *f.* (B.L.L. III. 550...), (ibid: 8).

Restore, *v.t.*, ... (2) To bring back to the owner, airighim, -seag (*cf. B.LL. III. 490*) (O' Neill Lane, 1916: 1310) (*ibid*: 1310)

Wages, Wage, *n.*, hire, pay, tuarastal, -ail, *m.* (*cf. B.LL. V. 310, 6*)" (*ibid*: 1680).

Thairis sin, ba leaganacha dúchasacha ar sheanchoincheapa nithiúla a bhí sa saol Gaelach riamh a fuair sé ón bhfoinse seo don chuid is mó, mar shampla:

Auger, *n.*, a carpenter's tool, ... (3) taráthar... do raghaidis trí pholl thráthaire (Mun.). also the spelling in the Brehon Laws (*cf. IV. 310-11*) (*ibid*: 123)

Jug, *n.*, a vessel, usually of earthen-ware, with a swelling body, narrow mouth and a handle on one side, ... (3) míolán, -áin, *m.* (*B.LL. I. 134, 14*) (*ibid*: 876)

Mud, *n.*, earth and water mixed so as to be soft and adhesive, ... (15) ceachair, -e, *f.* (of a quagmire), (*B.LL. IV. 100, 7*) (*ibid*: 1052)

4.3.12 B.M. Brian Merriman. Cúirt an Mheadhon Oidhche.

Bhí sé seo mar fhoinse sa chéad fhoclóir aige, agus eolas breise aige faoin eagrán a bhí aige nár cuireadh ar fáil in LLEID: "B.M. – Brian Merriman : *Mediæ Noctis Consilium*: Cúirt an Mheadhon Oidhche, le Briain Mac Gialla Meidhre. Ed. P. O' Brien". Bhí an t-eolas breise sin míchruinn áfach; ní raibh teidil Laidine ar aon cheann d'eagrán P. O' Brien. Is cosúil mar sin gurbh é a bhí sa tagairt a dheim O' Neill Lane i bhfoclóir na bliana 1904 ná meascán mearaí de dhá eagrán dhifriúla; leagán P. O' Brien, agus leagan Sheáin Uí Dhálaigh, a chuir eagrán amach de *Cúirt an Mheadhon Oidhche* sa bhliain 1850 agus arís sa bhliain 1879. Deineadh ceithre thagairt déag dó pé scéal é, agus bhí dhá cheann acu agus ba mar a chéile an dá cheann acu leis.

Ba iad sin:

Chemise, *n.*, a woman's under-garment or shift... léine mná... i n-aghaidh an tsrotha do thomainn mo léine i súil trém' chodladh le cogar óm chéile (*ibid*: 285)

Shift, *n.*, (a) léine... i n-aghaidh an tsrotha do thomainn mo léine i súil trém' chodladh le cogar mo chéile (*ibid*: 1400)

Feictear athchúrsáil anseo ar an ábhar céanna nuair go mb'fhéidir gurbh fhearr crostagairt don chéad cheannfhocal a chur isteach. Rud eile, bhí neamhréir san obair athchúrsála sin ó T. O' Neill

Lane sa mhéid is gur ‘óm chéile’ a bhí aige an chéad uair, agus ‘mo chéile’ a bhí aige an dara huair. Bhí ciall leis an dá rud ar ndóigh, ach sciorra eile ón bhfoclóirí ab ea é (i) an t-athfhriotal sin a bheith istigh faoi dhó aige agus (ii) neamhréir a bheith eatarthu.

4.3.13 B. R. Book of Rights. Ed. O'Donovan.

Cuntas ab ea é seo ar na cíosa agus ar na tuarastail a dhíol rí na hÉireann leis na ríthe cúige, chomh maith le híocaíochtaí eile i saol na hÉireann sa deichiú haois (Dillon, 1962: ix). Ba é eagrán John Ó Donovan ó 1847 ní foláir a bhí ag O' Neill Lane. Níor deineadh aon tagairt oscailte don fhoinsé seo sa bhfoclóir, cé gur shuimiúil an ról a d'fhéadfadh a bheith aige ar théarmaíocht airgeadais.

4.3.14 B.S. Bolg an tSoláthair. D. MSS.

Bailiúchán filíochta ó fhilí na Mumhan, Eoghan Rua Ó Súilleabháin san áireamh, i bhfoirm lámhscríbhinne. Níor deineadh aon tagairt don fhoinsé seo sa bhfoclóir.

4.3.15 C.B. Christian Brothers' Grammar and Composition.

Theip orm a fháil amach cad é a bhí i gceist leis an bhfoinsé seo ón méid a thug sé anseo mar thagairt, agus níor dhein sé tagairt fhollasach dó sa bhfoclóir ach oiread.

4.3.16 C.M. Codex Malbrihte 12th cent. MS. in Brit. Mus. quoted by Reeves.

Is deacair aon eolas breise ar an bhfoinsé seo a sholáthar seachas mar a bhí ag O' Neill Lane féin sa mhéid thuas; is é sin gur lámhscríbhinn ón dara haois déag go raibh teacht uirthi i Músaem na Breataine a bhí inti, agus gur dhein an Reeves seo athfhriotal air. Deineadh dhá thagairt bheachta, débhileoga san áireamh, don lámhscríbhinn féin:

Apostle, n., one of the twelve disciples of Christ, ... abstal, ... ceann na n-apstal n-uasal n-árd (C.M. [sic]⁷, fol. 9b) (LLEID: 83).

Widow, n., ... the son of the widow, ... mac na feadhba (cf. *C. M. fo. 97, 6 ...*) (ibid: 1714).

Agus deineadh dhá thagairt eile d'ainm an scoláire sin 'Reeves' chomh maith, cé gur mar gheall ar a chuid oibre ar fhoirse éigin eile é, foirse go bhfuil tagairt ag O' Neill Lane dó anseo thíos, ach nár aithin sé é a bheith sa bhfoclóir maidir le clár na bhfoinsí de.

Cling, v.t., to stick fast, adhere closely, ... her name clung to the plain [Armagh], do lean a hainm don mhaighso (Reeves, *An. Ch. Arm. 44*) (ibid: 304)

Ward, n., ... (3) One who or that which is guarded... (b) a division or quarter of a town or city, trian, -a, m. (cf. Reeves *An. Ch. of Armagh, p. 19*) (ibid: 1687)

4.3.17 Coneys. Irish English Dicty., by Thos. de Vere Coneys, 1849.

Bhí sé seo mar fhoirse sa chéad fhoclóir aige chomh maith. Deineadh cúig thagairt dó sa bhfoclóir, agus ceithre cinn acu sin roimh chuid C an fhoclóra, leis an tagairt dheireanach dó ar gcúl ar fad faoi mar a bheadh dearmad déanta aige ar an téacs seo a bheith mar fhoirse aige, faoin gceannfhocal 'Tongs':

Tongs, n., ... (2) A smith's t., teannchair, -crach, -cracha, f., also g. -e, pl., -í, f. (Coneys)" (ibid: 1597).

Is féidir cuid de thionchar na foirse seo ar shaothar O' Neill Lane a fheiscint sa mhéid is go ndúirt de Bhaldraithe fúithi gur bunaíodh ar an mBíobla é agus gurbh é an tairbhe a bhain leis ná an tslí inar thug Coneys "an chaibidil agus an véarsa sa Bhíobla le cuid mhór de na focail" (de Bhaldraithe, 1980: 12). Taispeánadh thuas conas mar a chuir O' Neill Lane ábhar teanga ón mBíobla ar fáil. Thug Liam Mac Amhlaigh le fios gurbh é Coneys an chéad fhoclóirí a bhronn an t-ómós seo ar an mBíobla, gur "chuir sé i leith na bhfoclóirí a bhí foilsithe roimhe sin gur foilsíodh iad gan aon tagairt do na scríoptúir" (Mac Amhlaigh, 2008: 68). D'fhéadfaí a rá mar sin

⁷ Bhí C.M. sa chló Gaelach anseo aige ar chúis éigin.

gurbh é ón bhfoinse seo a d'fhorbair O' Neill Lane an nós imeachta a bhí aige maidir le tagairtí don Bhíobla.

4.3.18 Conroy. Scáthán an Chrábhaigh (The Mirror of Religion), 1626 [sic] D. MSS.

Téacs ab ea é seo a scríobh Florence Conry, Ard-Easpag Thuama, agus a clódh sa bhliain 1616 (seachas 1616 faoi mar a dhein T. O' Neill Lane amach thuas) sa chlochiar a bhunaigh sé féin i Lováin sa bhliain 1606. Ceann de shraith leabhar ab ea é seo a d'fhéach le freastal ar an teagasc Críostaí trí Ghaeilge. Cóip lámhscríbhinne a bhí ag O' Neill Lane faoi mar is léir ón méid thuas. Níor deineadh ach tagairt amháin dó sa bhfoclóir:

Amongst, of a number, (a) imeasg, followed by *gen.* (*cf.* W. y mysk and Bret. Emesq.) : iar sin imeasg droinge eile, after that a. another crowd (Conroy, II., c. 5), (LLEID: 68)

4.3.19 C.S. Rev. C. Short.

Pléadh ionchur an Urramaigh Short sa chaibidil ar mhodheolaíocht O' Neill Lane agus an chabhair a fuair sé ó scoláirí eile a linne.

4.3.20 D. Rev. L. Donnellan's MSS.

Pléadh ionchur an Urramaigh Donnellan sa chaibidil ar mhodheolaíocht O' Neill Lane agus an chabhair a fuair sé ó scoláirí eile a linne.

4.3.21 D. Finn. Dunaire [sic]⁸ Finn. Ed. Ir. Text. Soy.

Cnuasach dánta ón seachtú haois déag a bhain le Fionn Mac Cumhaill. Ní raibh ar an saol faoi aimsir O' Neill Lane ach cuid a haon de, saothar a d'fhoilsigh Cumann na Scríbhneann nGaedhilge faoi eagar Eoin Mhic Néill sa bhliain 1908. Níor deineadh ach tagairt amháin do *Dunaire Finn*

⁸ Ba é *Dunaire Finn* an teideal ceart ar ndóigh. Botún cló ar cheart é a bheith glanta toisc é a bheith ar leathanach a bhí chun tosaigh ar fad sa saothar foclóireachta.

faoin nod ‘D. Finn.’ ach más féidir glacadh le ‘D. F.’ mar thagairt dó, tá ceithre thagairt don fhoinsé seo sa bhfoclóir idir an dá nod sin:

Defend, v., to protect, uphold, guard, ... (5) Ainicim, v.n. anacal, *fut.* aineóchad : young maid I will d. thee, aineóchad tusa a inghean óg, (D. F. 210)”, (ibid: 421)

Hiding- place, n., a place of concealment, ... (3) foilchis, -e, -í, *f.* (D. Finn. 16, 34)”, (ibid: 777).

4.3.22 Din. Rev. P. S. Dinneen's Irish-English Dicty., 1904.

Tosnaíodh ar é a chur le chéile thart ar cúig bliana déag tar éis thosach chúrsa O’ Neill Lane, ach tháinig foclóir Gaeilge-Béarla cásach an Duinnínigh amach sa bhliain chéanna is ar tháinig an chéad iarracht foclóireachta amach ó T. O’ Neill Lane. Ní hamhlaidh mar sin go raibh O’ Neill Lane inniúil ar an bhfoclóir comhaimseartha a úsáid mar fhoinsé dá chéad fhoclóir in 1904, ach chuir sé isteach é ina dhiaidh sin chun úsáid fhorleathan a bhaint as mar fhoinsé do LLEID in 1916. Deineadh ocht dtagairt déag d’fhoclóir an Duinnínigh go hoscailte, lenar tugadh focail Ghaeilge nach raibh sa chéad eagrán in aon chor, mar atá:

Abashed, *a.*, put to shame, náirighthe; spasasach (also baspas), -ais, *m.* (Din.). (ibid: 3)

Abashment, n., confusion from shame, ... (2) spaspas (also baspas), -ais, *m.* (Din.). (ibid: 3)

Abscess, n., a collection of pus in any tissue or organ of the body, ... (4) othar , -air, *m.* (ulcer). *mammary a.*, gabhaltsruth, -otha, *m.* (Con. and Din.). (ibid: 11)

Account, n., ... (2) Statement of facts ... (b) ... (iv) tárg, -a (*m.* Din.; *f.* P. O’L.); (ibid: 20)

Actor, n., (1) (in a play), ... (f) reabhradhach, -aigh, *m.* (Din.); (ibid: 27)

Banner, n., flag or standard, bratach, -aigh, -acha, *m.*; meirge, gen. id., pl. -gí (Din., *m.*; Coneys, *f.*); (ibid: 142)

Breaking in or taming a horse, v.n. riadadh,, dtha, *m.*; bréadach, -aigh, *m.* (Din.) (ibid: 220)

Breeze, n., a light gentle wind. ... (8) lóithne, *f.* (Din.). (ibid: 222)

Campion, n. (Bot.), a plant, ... (2) wild c. (L. didica), coireán coilleach (Din.); (ibid: 253)

Canal, n., an artificial waterway, ... (5) cainneál, -éil, *m.* (Din.): (ibid: 254)

Carouse, 71., a drinking bout ... (6) ríoradh, *m.* See Din. (ibid: 261)

Cattle-diseases, n., ... (3) lumps on the skin caused by the chrysalis of the gadfly, ... fáibre Ker.; Din. (ibid: 269)

Department, n., a subdivision of business or instruction, earnáil, -ála, f. (Din.). (ibid: 432)

Drug, n., any substance used in compounding medicines or in dyeing or chemical operations, (1) coguis, -e, -í, f. (cf. coguisí dochtúra, doctor's medicine (Din.) ; (ibid: 499)

Penthouse, n., a shed or lean-to sloping from the main wall of a building, (1) sgimheal, -mhil, m.; also -mhle, f. (Din.) ; (ibid: 1167)

Rennet, Runnet, n., the mucous membrane of the fourth stomach of a calf, ... (2) córaid, -e, f. (cheese-rennet, Din.). (ibid: 1300)

Subjection, n., the state of being subject, obedient or submissive, (1) mursanacht, -a, f., also mursantacht, -a, f.: under the s. of idleness, fá mh. an díomhaoinis (Din.) ; (ibid: 1517)

Tomb, n., a monument or vault for the reception of the dead, ... (3) a stone t., uladh, g. ulta, pl. id., dat. pl. -taibh, f. (cf. B.LL. V. 448, 29; and Sil. Gad. 252, 30; cf. O'B.'s Dict., who has ulla and tulla ; cf. B.LL. V. 308, 8, déanamh ulaidh ; cf. Din., ulaidh, -e, -eacha, f. (ibid: 1596)

Ach tá tionchar an Duinnínigh le feiscint i bhfad níos forleithne sa bhfoclóir ach go mbeifí ag faire amach dó. Is mó rud a bhain O' Neill Lane as *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* gan an méid sin a ligeant lena ais. Mar shampla, thug O' Neill Lane eolas foghraíochta leis an bhfocal 'allfraits', mar aistriúchán ar an gceannfhocal 'Barge' aige, agus b'ionann an t-eolas sin agus a raibh d'eolas tugtha faoin gceannfhocal 'allfraits' ag an Duinníneach.

Barge, n., a scold, ... (2) a scolding man, allfraits, -sithe, m. (final syllable of nom. like atch in match) (ibid: 145).

Allfraits, pl. sithe, m., a scold, a barge, a rough fellow (pron. with termination like Eng. -atch, as in batch) (Dinneen, 1904: 24).

Is leor an chosúlacht idir "final syllable of nom. like atch in match" (O' Neill Lane) agus "pron. with termination like Eng. -atch, as in batch" (Ó Duinnín), chomh maith leis an bhfíric nár mhinic d'O' Neill Lane a bheith ag tabhairt eolas foghraíochta ina fhoclóir agus nach raibh fiú amháin an focal 'allfraits' aige sa chéad fhoclóir (i.e. sula bhfaca sé foclóir an Duinnínigh), chun go dtiocfadh an t-amhras ar dhuine gur mar aithris ar an Duinníneach a thug O' Neill Lane an iontráil isteach, gan é sin a admháil. Féach chomh maith gur mar a chéile cuid ar leith den iontráil

ag O' Neill Lane faoin gceannfhocal 'billet' agus cuid ar leith den iontráil ag an Duinníneach faoin gceannfhocal 'billéad'. Ag deireadh na hiontrála sin, ba é a bhí ag O' Neill Lane ná "... (cf. saighdiúr ar billead, children's game (Con.)." (LLEID: 182). Arís, ní raibh an leagan áirithe sin ag O' Neill Lane in LEID, agus is dócha go bhfuarthas an méid sin d'eolas ón Duinníneach, gan é sin a admháil:

Billéad, -éid, pl. id., m., a billet, saighdiúr ar billéad, a children's game in Con. (Dinneen, 1904: 66).

Ní féidir cóipcheart a chur ar eolas lom ar ndóigh, ach is féidir cóipcheart a fháil ar an tslí a chuirtear an t-eolas sin i láthair (Landau, 2001: 214), agus is léir anseo gur mar a chéile ní amháin an t-eolas a fuair O' Neill Lane ón Duinníneach, ach an cur i láthair chomh maith; is é sin gur dhein sé aithris air. Níl sa mhéid seo ach dha sholaoid bheaga ar bheagán de bhradaíl liteartha, mar a nocht sí í féin i saothar O' Neill Lane, ar chuid de thraidisiún na foclóireachta í faoi mar a deireann Sidney Landau (ibid: 43). Don leith eile áfach, feictear in áit eile gur imigh O' Neill Lane ó rogha léacsach a bhí déanta aige féin agus ag an Duinníneach sa bhliain 1904; is é sin 'giumhas' a cheapadh mar cheannfhocal, théarma canónta agus aistriúchán ar an bhfocal Béarla 'pine' nó 'bog-deal', bíodh is gur aithin Ó Duinnín go raibh curtha in iúl ag Peter O' Connell, scríbhneoir fhoclóir Gaeilge-Béarla lámhscríbhinne, gur chirt na leaganacha malartacha 'giús' nó 'giuth' (Dinneen, 1904: 364). Bhí malairt intinne tagtha ar O' Neill Lane faoi 1916, agus ar a chonlán féin, d'fhógair sé 'giumhas' agus 'giumhais' a bheith mícheart, agus cheadaigh sé 'giús' mar leagan canónta, ag tagairt do Windisch mar thaca dá thuairim:

Bog-deal, n., ... giús... this is the correct spelling, not giumhas and giumhais. *See Wi.; Ir. Gl.* 563, and *T.B.F.* 140 (LLEID: 204)

Ghlac an Duinníneach leis an gcinneadh léacsach seo, le hurraim d'O' Neill Lane ba dhóigh leat, dá atheagrán siúd dá fhoclóir i 1927; san eagrán sin, dála O' Neill Lane, ba é 'giús' an leagan

canónta, agus ba é an ceannfhocal a ndíreofaí an léitheoir chuige dá lorgódh sé leagan malartach dála ‘giumhas’ nó ‘giumhais’. Mar sin, cé gur fíor gur bhain O’ Neill Lane cuid mhór ón Duinníneach, gan é sin a admháil cuid den am, níor go dall a bhraith sé air; bhí meon criticiúil aige agus é ag dul i ngleic le scoláireacht an fhoclóirí eile.

4.3.23 Donl. Donlevy's English-Irish Catechism, 1732 [sic]⁹.

Bhí sé seo mar fhoinsé sa chéad fhoclóir chomh maith, ach ba é *Irish and English Catechism*, seachas ‘English-Irish Catechism’, ainm an leabhair seo a priontáladh i bPáras, agus ba é a bhí i gceist leis ná bailiúchán d’oidim riachtanacha a dúradh a bheith áisiúil don té a raibh de chúram air teagasc Críostaí a chur ar an óige i dtaobh chúrsaí creidimh, íonachta agus móraltachta (Donlevy, 1742: xli). Bhí cuid den fhriotal sin le feiscint sa rogha a dhein T. O’ Neill de théarmaí as, faoi mar a fheictear anseo thíos:

Article, s., (1) a distinct part of portion of a thing, such as an instrument, a discourse, writing, etc., (a) alt, g. and pl. ailt, m. : bunailt an chreidimh, the chief articles of faith (Donl., p. 12 ; he also gives airtíogal in a foot-note on the same page) ; (ibid: 103)

Consider, v.t., (1) to meditate or think on with care, to study, to ponder, (a) smuainim, - neadh and -neamh: ... ní foláir dhúinn smuaineadh go minic créad fá’s chuir dia ar an tsaoghal sinn (Donl. 10) ; (ibid: 248)

Image, n., a representation or likeness of any person or thing sculptured, drawn or painted, ... (2) dealbh, -eibhe, -a, f., : ... constantly professing that we do not adore images, ag admháil go buan ná adhramaoid deilbhe (Donl. 62) ; (ibid: 815)

Means, n.. (1) that through which or by which an end is attained, ... (b) ... (iv) slighe, g. id. pl. – ghthe f.: an effectual means whereby men are sanctified, slighe bhríoghmhar tré naomhthar na daoine (Donl. 44) ; (ibid: 999)

⁹ Ba í 1742 bliain an fhoilsithe.

4.3.24 E.C.C. Eachtra Chriomthan cath-bhuadaigh ar gleann an iolair a dTír fó thuinn a dhioghailt bás Thailc mhic Treun ar fhiannaibh Éireann. D. M.SS.

Ní léir gur baineadh aon úsáid as an lámhscríbhinn seo ar dócha go raibh sé á léamh ag O' Neill Lane in institiúid éigin.

4.3.25 E.F. Eachtra Foirbe Mac Chonchubhair mhic Neasa, Righ Ulaidh. D. MSS.

Cúig fhinscéal ó chúige Uladh ó dheireadh na seachtú haoise déag. Ní léir gur baineadh aon úsáid as an lámhscríbhinn seo ar dócha gur léigh O' Neill Lane é in institiúid éigin.

4.3.26 E. O'N. Eoghan Ó Neachtain.

Deineadh ocht dtagairt don scoláire bisiúil seo ó aimsir Athbheochan na Gaeilge, agus ba théarmaí tábhachtacha matamaitice iad seacht gcinn acu sin, rud a léiríonn gurbh fholáir nó gur thámgadar as leabhar dá chuid, *Ceimseata Euclid* (1908). Dá bhrí sin, ghlac O' Neill Lane le haistriúcháin Uí Neachtain, agus chuir sé ar fáil don phobal iad ina fhoclóir, rud a bheadh tairbheach d'earnáil an oideachais trí Ghaeilge níos déanaí ar ndóigh. Is iad seo a leanas na téarmaí.

Angle, n., ... (3) (Geom.), ... Alternate angles, uillinneacha umthánacha (E. O'N.). Corresponding angles, comhuillineacha (E. O' N.). External angle, uille seachtarach (E. O'N.). Internal angle, uille inmheadhónach (E. O'N.). Obtuse angle, maol uille (E. O'N.). (ibid: 73)

Corollary, n., an additional deduction from a demonstrated proposition, ... (2) comhthoradh (E. O'N.). (ibid: 366)

Hypotenuse, n., the side opposite the right angle of a right angled triangle, taobhagán, -áin. (E. O'N.) (ibid: 808)

Intersection, n., ... (2) Geom., the point where one line cuts another, tachar, -air, *m*. (E. O'N.). (ibid: 858)

Isosceles, a., having two legs or sides that are equal, comhchosach, as an isosceles triangle, triantán comhchosach (E. O'N.). (ibid: 866)

Lozenge, n., ... (2) In Euclid, not right-angled, fiaróg (E. O'N.). (ibid: 961)

Obtuse angled, a., having an obtuse angle, maoluilleannach, -aighe (E. O'N.). (ibid: 1102)

Quick, a., ... (5) Sensitive, perceptive in a high degree ... (d) ag imtheacht 'sna ful-durára (E. O'N.) (ibid: 1264)

4.3.27 E.R. Eoghan Ruadh O'Sullivan's Poems. Ed. Din. 1902.

Bailiúchán d'fhillíocht Eoghain Ruaidh Úí Shúilleabháin as ar thóg sé blúirí len iad a chur isteach i gcúig iontráil ar leith chun an léiriú ar úsáid fhocail a mhaisiú. Mar shampla:

Win, v.t., (1) to gain by superiority in a competition or contest, to gain a victory over rivals, (a) ... I give him the victory for aye and a day . . . that he won without doubt the fair lady, bheirimse an bárr do go bráth is arís... gur buaidheadh leis gan amhras an mhodhamhail-bhruinneall mhaordha (E. R.)” (ibid: 1718)

4.3.28 E.T.T. Eachtra Thailc Mhic Treun go hÉirinn agus Tóruigheacht na Caillighe ar Innse Toirc. D. MSS.

Níor deineadh ach tagairt amháin don lámhscríbhinn seo inar insíodh Eachtra Thailc Mhic Thréun, finscéal eile ó chúige Uladh ó dheireadh na seachtú haoise déag, agus ba thruamhéalach an tagairt é sin, a d'fhéadfadh a bheith mar léiriú eile ar ghreann O' Neill Lane:

Yet, ad., ... (3) Until now, up to the present time, ... (b) go fóill : I have never yet made love to anyone, níor dheárnas cumann le duine riamh go fóill E.T.T. . 289 (ibid: 1744)

4.3.29 F.B. Fleid Breicrind.

Níor bhac sé lena thabhairt le fios anseo conas mar a fuair sé rochtain ar an téacs sean-Ghaeilge seo, ach thug sé le fios amach sa bhfoclóir, laistigh den aon tagairt amháin a dheimníodh sé don fhoinsé seo, gurbh é eagrán Chumann na Scríbeann nGaedhilge a bhí aige, téacs a chuir siad amach sa bhliain 1899 faoi eagarthóireacht George Henderson (agus dheimníodh sé sin eagar ar an leagan den téacs seo faoi mar a bhí le fáil in *Lebor na hUidre*, atá mar fhoinsé ag O' Neill Lane chomh maith níos faide síos):

Sunset, n., the descent of the sun below the horizon, ... (2) Fuinneadh na gréine (Ir. Tex. F. B. 80) (ibid: 1528).

4.3.30 Fél. Ć. Féilire Ćengusa. Dublin, 1880.

Téacs ab ea é seo a bhí le fáil sa Leabhar Breac, atá mar fhoinse aige thíos, ach ó tugadh ‘Dublin’ agus ‘1880’ thuas mar thagairtí don fhoinse seo, is cosúil gur ó shraith a bhí á scríobh Whitley Stokes, *On the Calendar of Oengus*, a fuair O’ Neill Lane rochtain ar *Féilire Ćengusa*, ós rud é gur i mBaile Átha Cliath, i gcaitheamh na bliana céanna a foilsíodh obair Stokes ag an *The Royal Irish Academy*. Dhein O’ Neill Lane tagairt do dhátaí na dtréimhseachán in dhá áit sna hiontrálacha féin, mar shampla,

Phosphorescent light, ... (2) breó, g. id., f. : the fire over the sea in effulgence, an bhreo uas tuind i trilis (Fel. Ćen. Apr. 23) (ibid: 1181)

Report, n., (1) rumour, ... (c) tásg, -áisge, f.; a report of Mary's death, tásg bháis Máire (Fel. Ćen., Jany. 18th) (ibid: 1302)

Dhein sé ocht dtagairt don fhoinse seo san iomlán, ar a raibh:

Brine, n., (1) the ocean, the water of the sea or a salt lake, sáile, gen. id. m. (Fel. Ćen. 1905), f. (Aen. 168) (ibid: 226)

Deacon, n., a subordinate officer in a church, deagánach, -aigh, *pl.* id. m.; ceallach, -aigh, m. (Fel. Ćen.) (ibid: 409)

Salt-water, n., water impregnated with salt as that of the sea, sáile, gen. id., m. and f. (m., Fel. Ćen. 1905 ; f., Aen. 168) (ibid: 1347)

Sea-water, n., sáile, g. id., f. or m. (in Aen. 168 it is f., but m. in Fel. Ćen. 1905) (ibid: 1369)

Feictear i dtrí áit thuas, faoi ‘brine’, ‘salt-water’ agus ‘sea-water’ gurbh í an úsáid chéanna a bhain sé as an bhfoinse, is é sin an focal ‘sáile’, chomh maith leis an léargas go raibh sé firinsneach in *Féilire Ćengusa* agus go raibh sé baininsneach in *Imtheachta Ćeniasa*. Ba mhinic athrá den saghas seo a bheith aige san eolas a thug sé.

4.3.31 F.L. Foclóir an Leagha, 1905.

Foclóir de théarmaí leighis a d’fhoilisigh Conradh na Gaeilge, ar theaghlaim é d’iarracht Risteard De hAodha (a bhuaigh an chéad duais) agus d’iarracht Thomáis Mhic Choistealbha (a bhuaigh an

dara duais) ar chomórtas Oireachtais na bliana 1903 a bhuachan. Deineadh aon tagairt déag dó sa bhfoclóir, agus ba fhocail iad seo arbh ann dóibh roimh aimsir *Foclóir an Leagha* féin, seachas téarmaí nua-chumtha. Cuireadh na focail seo a bhí ann cheana ar aird O' Neill Lane leis an bhfoclóir seo, agus ba é seo an saghas eolais a bhí ag teastáil ó O' Neill Lane lena chomórtas féin sa chéad aít. Is iad seo a leanas an deich moladh ar théarmaí a fuair O' Neill Lane ó *Foclóir an Leagha*: ‘anabaidheacht’ mar aistriúchán ar ‘abortion’ (ibid: 8), ‘easc-asgail’ mar aistriúchán ar ‘abscess in the armpit’ (ibid: 99), ‘smulgadán’ mar aistriúchán ar ‘clavicle’ (ibid: 299), ‘ráig’ ar ‘frenzy’ (ibid: 653), ‘feag’ ar ‘gash’ (ibid: 676), ‘ith’ ar ‘hives’ (ibid: 784), ‘uirbhéal’ agus ‘sgrabhas’ ar ‘open mouth’ (ibid: 1117), ‘brachóg’ ar ‘pimple’ (ibid: 1187), ‘ballghalar’ ar ‘rheumatism’ (cuma na cumadóireachta ar an gceann sin) (ibid: 1316), ‘caog’ ar ‘wink’ (ibid: 1316). Téarmaí gonta áisiúla ab ea iad sin go léir a d’oirfeadh mar comhfhreagrú dá macasamhla Béarla.

4.3.32 F.M. Annals of the Four Masters. Ed. O'Donovan.

Bhí sé seo mar fhoinsé sa chéad fhoclóir aige, áit ar thug sé eolas le dealramh faoin eagrán a bhí aige: “The Four Masters : Annals of Ireland by the F. M. to 1616, with Tr. and Notes by John O'Donovan. 7 vols. 1851” (LEID: xv). Dhein sé ceithre thagairt déag dó, ar a raibh idir téarmaí réadúla úsáideacha:

Bell-ringer, n., one who rings a bell, ... (5) fear bainte chluig, (F.M. 448)” (LLEID: 168)

Agus abairtí iomlána ar inspéise iad ach nach mbeadh chomh húsáideach céanna:

Reached... (1) Ráinig : a notice and forewarning of the resolution [reached] O'Neill, ráinig rabhadh agus reimhfhiús na comhairle sin go hUa Néill (F. M. A. D. 1522) (ibid: 1277)

4.3.33 Foley. Foley's English-Irish Dictionary, 1855

Bhí sé seo mar fhoinsé sa chéad fhoclóir aige chomh maith. Pléadh an úsáid a baineadh as sa bhfochaibidil ar O' Neill Lane agus foclóirithe Béarla-Gaeilge eile.

4.3.34 G.D. Galway MS. Dictionary.

Ní follasach cad é go díreach a bhí i gceist ag O' Neill Lane leis an tagairt seo. Dhein sé seasca seacht tagairt dó seo go dtí gur stop sé á úsáid leathslí amach sa bhfoclóir, tar éis dó 'sonnda' a thabhairt mar aistriúchán ar 'impudent' an Bhéarla.

Impudent, a., bold with contempt or disregard of others, shameless, saucy... (5) sonnda, ind., (G. D.)" (ibid: 823).

Bhí daichead is a dó ceann de na tagairtí sin sa rannóg 'A'aige, amhail agus gur mheas sé ag an tosach ról tábhachtach a bheith ag an bhfoinsé seo, ach gur ghearr gur laghdaigh ar an úsáid a bhain sé as.

4.3.35 G.O'D. Poems by Geoffrey O'Donoghue of the Glens.

Is é is dóichí de gurbh é a bhí i gceist leis an bhfoinsé seo ná *Dánta Sheafraidh Uí Dhonnchadh an Ghleanna*, leabhar a d'fhoilsigh Pádraig Ó Duinnín sa bhliain 1902. Ar chúis éigin, shocraigh O' Neill Lane aistriúchán Béarla a thabhairt ar theideal an leabhair seo mar fhoinsé, agus gan a chur in iúl gurbh é an Duinníneach a dhein eagar ar an mbailiúchán seo. Is ait é sin ag cur san áireamh nár dhearmad sé an t-eolas cuí i dtaobh shaothar eile de chuid an Duinnínigh a thabhairt; *Eoghan Ruadh O' Sullivan's poems*. Níor deineadh ach trí thagairt dó seo (ceithre cinn más é a bhí i gceist le 'G. O'Don.' chomh maith) ar tagairtí do bhlúirí filíochta gach ceann acu. Ní maisiú le saibhreas filíochta amháin a bhí i gceist le dhá cheann acu sin. Fuair sé an focal 'tathaoir' mar leagan do 'reproach' ón líne "gur indiu nár thuill tathaoir" (ibid: 1303), agus fuair sé an focal

‘giobanta’ mar leagan do ‘sharp’ ón líne “cé’r ghiobanta a ghlór, níor dhíoghbháil a ghníomh” (ibid: 1395)

4.3.36 Goid. Goidelica-Stokes, 1872.

Bailiúchán de thrascríobh ar ghluaiseanna Sean-Ghaeilge agus luath-Mheán-Ghaeilge a caomhnaíodh ar an mór-roinn agus in Éirinn a dhein Whitley Stokes agus d’fhoilsigh sé i Londain faoin teideal ‘Goidelica’, (níl tagairt O’ Neill Lane an-soiléir faoin méid sin). Ní léir gur deineadh níos mó an t-aon tagairt amháin dó seo, agus is é seo a leanas é:

Abortion, n., a miscarriage, ... (4) toghluaiseacht, -a, f., ... *Stokes Goid. 55*” (ibid: 8).

4.3.37 G.S.T. Gaelic Society's Transactions, 1808.

Transactions of the Gaelic Society of Dublin ab ea teideal na sraithe imleabhar seo. Deineadh ceithre thagairt don fhoinsé seo, ar ghiotaí beaga gach ceann acu de chomhairle sa mhodh ordaitheach ar conas nár cheart do dhuine é féin a stiúradh sa saol, mar an dá cheann seo a leanas:

Decide, v.t., ... (4) beirim breith : though near your friend do not decide /until you hear the other side, ná beir breith le gaol dá ghóire/ go breith don taobh eile ort (G. S. T. 229)” (ibid: 415).

Plot, v.i., to plan, to scheme, to devise, ... p. no treachery, ná cum feall (G. S. T. 230)” (ibid: 1202).

Tháinig na ceithre thagairt don bhfoinsé seo ón dá leathanach chéanna ann, faoi mar is léir thuas, agus é sin toisc gur as an gcúpla rann céanna (a bhí mar chuid de phlé éigin eile i gcomhthéacs eile) a thóg O’ Neill Lane iad. Ba é a bhí i gceist leis an gcúpla rann sin ná briathra comhairle ó “the profound Mac Brodin”, Donncha Ó Briain, an ceathrú Iarla Thuamhumhan.

4.3.38 H.M. Henry Morris's Seanfhocla Uladh, 1907.

Ba é Enrí Ua Muirgheasa ainm an údair faoi mar a bhí sé le feiscint ar chlúdach an leabhair seo féin a chuir Conradh na Gaeilge amach. Dhein O’ Neill Lane seachtó ceathair tagairt don fhoinsé

seo as a bhfuair sé seanfhocail chuí Ghaeilge chun úsáid focal áirithe a léiriú, mar shampla, san iontráil faoi ‘oak’:

... According to the following old rann an oak may live two thousand years and after lying on the ground for another two thousand a sound brown plank may be had from its middle : Míle bliadhain ag fás/ míle bliadhain ar stát (stationary in size)/ míle bliadhain ar lár/ míle bliadhain de bharr/ is bainfear clár donn daraighe as a lár (H. M. 474), (ibid: 1095).

Bhí roinnt mhaith athrá sna seanfhocail a roghnaigh sé chomh maith áfach. Féach gur tugadh seanfhocal léirithe thíos faoin gceannfhocal ‘before’:

Before, ad., ... (3) ... (v) sul má ... the child must creep before he walks, is éigin do’n leanbh lámhacán sul má siubhlaidh sé (U. Prov. H. M. 680).

Deineadh athchursáil ar an seanfhocal céanna agus cuireadh faoin gceannfhocal ‘crawl’ é chomh maith:

Crawl, v.i., (1) ... (d) a child must crawl before before he can walk, is éigin don leanbh lámhacán sul má siubhlaidh sé (H. M. 680), (ibid: 381).

Is inspéise gur athraigh “do’n” ón gcéad athfhriotal go “don” sa dara ceann i mbun phróiséas na hathchursála. Dhein O’ Neill Lane an rud céanna leis na ceannfhocail ‘honey’ agus ‘lick’, agus ba é an seanfhocal a bhí i gcomhroinn eatarthu sin ná “even though [honey] is sweet do not [lick] it from thorns/briars, má’s milis an mhil ná ligh-se/lich den ndreasóig í (H. M. 756)” (ibid: 790, 927). Dhein sé amhlaidh faoi ‘notice’ agus ‘miss’, ‘good’ agus ‘advantage’, chomh maith le ‘party’ and ‘company’. Ba dhóigh le foclóirí go mb’fhéidir gurbh éifeachtaí crostagairt a thabhairt d’iontráil eile i gcásanna den saghas seo, chun nach mbeadh cuma athráiteach ar an obair, agus ar ndóigh, le go sabhálfai spás sa bhfoclóir. Chuimhneofaí sa mhéid sin ar dhearcadh Sidney Landau: “Almost every criticism made of dictionaries comes down at bottom to the lexicographer’s need to save space” (Landau, 2001: 113). Ach feictear sa chás seo, i gcásanna

eile níos déanaí sa tráchtas, gur chuir O' Neill Lane é féin ar shlí a cháinte trí spás a chur amú gan chéill agus an iomad á chur ar fáil aige.

4.3.39 Hogan. Hogan's Irish and Scottish names of Herbs, Plants, etc., 1900.

Ba é ‘Luibhleabhrán – Irish and Scottish Gaelic names of Herbs, Plants, Trees, etc.’ teideal ceart an leabhair seo, agus ba é John Hogan thuas a chuir le chéile i gcomhpháirt le John MacErlean. B’ann a fuair O’ Neill Lane leaganacha Gaeilge d’ainmneacha luibheanna, plandaí agus crann, ní nach ionadh, mar shampla:

Balsam, n., ... (2) (*Bot.*) (a) garden balm (*impatiens balsamina*), lus na malla, m. (*Hogan*) ; (b) bastard balm, lus na beag (*Hogan*) (*ibid*: 139)

Dhein sé cúig thagairt déag ar fad don fhoinsé seo, ach ar na cúig thagairt déag sin, bhí trí cinn ann nár bhain le luibheolaíocht i ndairíre, mar shampla, bhí leaganacha aige do ‘cone’

Cone, n., ... a solid having a circle for its base and tapering to the top... (3) cruach (*Hogan*), (*ibid*: 340)

do ‘languor’:

Langour, n., ... feebleness, lassitude, laxity, ... (5) an enfeebling disease, dianghalar (*Hogan*), (*ibid*: 901)

Agus do ‘ridge-pole’:

Ridge-Pole, n., of a house, (1) féice tighe (*Hogan*), (*ibid*: 1319)

4.3.40 Ir. Glosses. Latin Declension Tract. Ed. Stokes, 1860.

Ba é ‘A Mediaeval Tract On Latin Declension’ teideal ceart an leabhair seo ó Whitley Stokes. Cuntas ar dhíochlaonadh na Laidine a bhí gceist, inar míníodh na samplaí as Gaeilge. Cuireadh gluaiseanna ó Leabhar Ard Mhacha isteach ann chomh maith, agus ba as sin a tháinig “muine draighin (*Ir. Gl.* 110), brake of blackthorns, also in *Bk. of Armagh*”, (*ibid*: 217). Is cosúil nár deineadh ach tagairt amháin eile don fhoinsé seo go hoscailte:

Arm, n., (1) the limb of the human body, or of a monkey, from the shoulder to the hand, (a) lámh, ... under the arms and hands of those immortal enemies (Ad. Vis., Ir. Gos. 1008) (ibid: 98).

Is dócha gur as an bhfoinse seo a fuair O' Neill Lane deimhniú ar fhocail Laidine sa bhfoclóir aige, faoi mar a fheictear anseo, cé nár dheimhnigh O' Neill Lane gur ón A *Mediaeval Tract On Latin Declension* féin a fuarthas an t-eolas:

Deluge, n., (1) the Deluge, díle ... (cf. Bret, diluch ; L. diluvium, *Stokes*) (ibid: 429).

4.3.41 Ir. Texte. Irische Texte, by Stokes and Windisch.

Iris Ghearmánach ab ea í seo dar teideal 'Irische Texte mit Wörterbuch', ar tháinig cúig imleabhar de amach faoi eagarthóireacht Stokes agus Windisch ó 1884 go dtí 1900. Níor dheimhnigh O' Neill Lane ach dhá thagairt don fhoinse seo, agus an dá thagairt sin thíos faoin iontráil chéanna:

Affection, n., ... (2) A tender attachment but less than love, ... (b) cion, gen. ceana, m.; Cá hiongnadh cion agam féin ar chrích Alban (Irische T. II.2 115) [sic]¹⁰; tré chion droch-mhná (Irische T. I.2, 13)¹¹ (ibid: 37).

4.3.42 J.C.W. Prof. J. C. Ward, of Killybegs.

Duine den phobal scoláirí, ar gabhadh buíochas leis sa réamhrá, a thug cabhair do O' Neill Lane agus é i mbun an foclóir a chur i dtoll a chéile. Deineadh ocht dtagairt dó faoin ngiorrúchán oifigiúil a tugadh thuas (J.C.W.), mar shampla;

Fellow, n., ... (4) A man without good breeding or worth, an ignoble or mean man, ... (b) deólach, -aigh, m. (Don.) ; [deamhanlach is the way I heard this word up to lately. J.C.W.] (ibid: 595).

Tagraíodh dá shloinne in áit amháin eile, neamhréir eile i gcóras tagartha O' Neill Lane a d'fhág gur naoi dtagairt san iomlán a deineadh dá chabhair sa togra:

¹⁰ Irische T. II.2 116 is ea an tagairt cheart don imleabhar sin.

¹¹ Níl an abairt seo le fáil leis an tagairt a thug sé in aon chor.

Answering, n., ... *Answering well*, is athchumair (nó deisbhéalach) an buachaill tú ; is maith thú ag fuasgail ceisteanna (J. C Ward)", (ibid: 78).

Friotal an mholta curtha ar fáil sa mhéid sin ag O' Neill Lane le cabhair an ollaimh, rud a bheadh áisiúil do mháistir scoile nó a leithéid i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge.

4.3.43 J.F. Compánach an Chríosaíde, by Rev. J. Furlong, 1842.

Bhí sé seo mar fhoinsé sa chéad fhoclóir aige, agus bhí níos mó eolais aige san eagrán sin: "J.F. – Compánach an Chríosaíde; nó tiomsughadh d'urnaighibh cráibhtheacha oireamhnach chum gach dualgais do bhaineas le Creideamh do chóimhlíonadh. Le Jonathan Furlong. 1842." Deineadh trí thagairt dó san iomlán, agus is le friotal an chreidimh a bhaineann siad faoi mar a bheifí ag súil le leabhar urnaithe;

Betrayed, a., ... (2) bráithte tré phóig le h-Iudas (J.F.), (ibid: 176).

4.3.44 J.S. James Scurry: Four Maxims of Christian Philosophy. Waterford, 1825.

Níor deineadh ach tagairt neafaiseach amháin don fhoinsé seo, ar chuaigh díom a thuilleadh eolais a fháil ina thaobh:

Glimpse, n., a short hurried view, ... flogadh, -gtha, m., in order to give you a small g. of light on it, chum go tabhrfainn [sic] flogadh beag soluis air (J.S. 103), (ibid: 692).

4.3.45 Keat. Keating's (a) History of Ireland, (b) Three Shafts of Death. Ed. Atkinson, (c) Eochair Sgiath an Aifrinn. Ed. P. O'Brien.

Bhí sé seo mar fhoinsé aige sa chéad fhoclóir chomh maith, ach bhí eolas beagáinín difriúil lena bhfuil anseo aige: "Keat. – Keating's History of Ireland (various editions). Three Shafts of Death, with Glossary by R. Atkinson, 1890 ; Poems, Ed. J.C. Mac Erlean, 1900". Dhein sé fiche agus a trí tagairt ar fad don Chéitinneach, ach faoi mar is léir on méid thuas, bhí trí fhoinsé dhifriúla ag O' Neill Lane dá shaothair sin, agus feictear an scagadh sin sna tagairtí féin níos déanaí amach sa bhfoclóir. Mar shampla, bhí an giorrúchán (Keat.) aige faoi mar a bhí thuas:

Account... on account of... (6) a los ; a los a fhoghluma (Keat.), (ibid: 21)

Ach ina theannta sin, bhí (Keat. Hist.) aige:

Mortification, n., ... (3) Subjection of the passions and appetites by penance, ... seasgadh, -gtha, m. : mortifying themselves by watching, praying and fasting, ag fuireachas, ag guidhe agus ag trosgadh dá seasgadh féin (Keat. Hist.)”, (ibid: 1044).

Bhí (Keat. TBB.) aige chomh maith:

Deep, n., (1) that which is deep, a sea or ocean, an abyss, (a) aigéan, -éin, m., ... in the d. of the mind, in aigéan na hintinne (Keat. Tbb. 208, 24)”, (ibid: 419).

Ba abairtí ba mhó a thóg O’ Neill Lane as saothar Chéitinn mar adhmaid foclóra, agus bhain na habairtí sin le creideamh, agus le stair, cúinse a d’fhág gurbh fhriotail sollúnta a bhí O’ Neill Lane ag cur isteach sa bhfoclóir agus é ag baint leasa as tráchtas stairiúla pholaitiúla Chéitinn mar ábhar teangeolaíoch. Chuir sé le hiarracht Chéitinn an treibh Ghaelach a chosaint agus é ag cur athfhriotail den saghas seo a leanas san áireamh:

Commendable, a., laudable, ... (3) somholta : the clergy of this land (says Cambrensis speaking of Ireland) are c. enough, atá, ar sé (Cambrensis ag labhairt ar Éirinn) cliar na talmhan-so somholta go leór (Keat. Hist.)”, (ibid: 324).

4.3.46 K.M. Kuno Meyer's Contributions to Celtic [sic] Lexicography¹².

Foinse sa chéad fhoclóir aige ach gur tugadh ‘Meyer.’ mar ghiorrúchán air, agus bhí crostagairt ann dá chuid foilsíochán eile, is iad sin *Aisling Meic Conglinne* agus *Archiv für Celtische Lexikographie* chomh maith, rud nach bhfuil san eagrán seo. Cuireadh eolas breise faoin bhfoinse ann: dúradh gur in “A.C.L.” (an iris *Archiv für Celtische Lexikographie*; pléadh leis thuas) a bhí an saothar seo le fáil. Ach b’earráid amach agus amach an tagairt seo, agus b’earráid é a tháinig slán gan cheartú ó chéad eagrán an fhoclóra isteach sa leagan deiridh, faoi mar a fheictear anseo.

¹²‘Contributions to Irish Lexicography’ ab ea ainm don imleabhar.

Ní dócha gurbh ann do shaothar darb ainm ‘Contributions to Celtic Lexicography’ in aon chor. Ba é ‘Archiv für Celtische Lexikographie’ ainm na hirise, a raibh baint ag Kuno Meyer léi, as ar eascraíodh an saothar seo sa Bhéarla (agus an rud a chuir O’ Neill Lane amú sa tagairt anseo is dócha): *Contributions to Irish Lexicography*. Foilsíodh é sin ina imleabhair in *Archiv für Celtische Lexikographie* ó 1900 ar aghaidh. D’fhoilsigh Kuno Meyer cnuasach de na himleabhair sin sa bhliain 1906 faoin teideal céanna, *Contributions to Irish Lexicography*, ach ní dócha go raibh sé sin ag O’ Neill Lane, mar, ar fhéachaint dom ar na focail a fuair O’ Neill Lane ó *Contributions to Irish Lexicography*, ní raibh aige ach focail dár dtúslireacha A-C, faoi mar a bhí curtha ar fáil sna himleabhair, ach bhí ábhar forlíontach, thuas go DNO ag Meyer ina leabhar foilsithe. Ar aon chuma, deineadh deich dtagairt don fhoinse seo faoin ngiorrúchán ‘K.M.’, agus deineadh ceann amháin eile di faoi shloinne an údair, inar thug sé an teideal ceart ar an bhfoinse:

Nut, n., the fruit of certain trees or shrubs as the almond, walnut, filbert, etc., cnú, gen. cno, pl. cnoi, ... cnoi caecha, blind or empty nuts (... see Meyer’s *Cont. Ir. Lex.*) (ibid: 1094).

Tá neamhréir eile ann mar sin sa tslí is gur “Contributions to Celtic Lexicography”, an botún, a luaigh sé i gclár na bhfoinsí agus gur “Cont[ributions to] Ir[ish] Lex[icography]”, an leagan ceart, a bhí i gceist aige anseo. Bheadh an baol ann leis an méid sin nárbh eol don léitheoir gur don saothar céanna a thagair an dá theideal dhíchosúla. Is ait go ndéanfadh O’ Neill Lane faillí sa teideal ceart (ní hamháin sa chéad eagrán, ach sa dara heagrán leis) a thabhairt ar shaothar scoláire chomhaimseartha leis a bhí ag treabhadh an ghoirt chéanna agus a raibh sé sin ag iarraidh a éacht féin a tharraingt le chéile ann, scoláire eile a dhíol síntiúis leis (ibid: list of subscribers, 9). Ní shamhlófaí leis an méid sin go raibh an foclóir tar éis a bheith “thoroughly revised”, faoi mar a maíodh ar an leathanach teidil.

4.3.47 L.B. Leabhar Breac.

Dhein O' Neill Lane trí thagairt don fhoinse seo. Níor luaigh sé conas mar a bhí rochtain aige ar ábhar na cáipéise tábhachtaí staire seo ón gcúigiú haois déag, ach ní cosúil gur ó eagrán nua-aoiseach a fuair sé é, ón tagairt a dhein sé d'fhóilió anseo:

Digression, n., the act of digressing, ... (1) eadaraisnéis, -e, f. (L.B. fol. 107) (ibid: 453).

Thabharfadh sé seo le fios go mb'fhéidir gur léigh sé sa lámhscríbhinn é, ach cá bhfios ach nár dhein sé ach tagairt a dhéanamh do thagairt a dhein scoláire eile dó. Is gá a lua áfach go raibh macasamhail de in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin mbliain 1876.

4.3.48 L.F.F. Lorgaireacht Fhearguis Feidhmeach, Flann Foirtíl, agus Iollan Gorm-rosg. D. MSS.

Chuaigh díom eolas a fháil ar an bhfoinse seo ná tagairt dó sa bhfoclóir.

4.3.49 L.L. Book of Leinster.

Foinse sa chéad eagrán aige, ach gur luaigh sé ansin gur i bhfoirm 'fac-simile' a bhí an leagan ar dhein sé staidéar air. Agus go deimhin féin, bhí macasamhail de Leabhar Laighean in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin mbliain 1880. Dhein sé dhá thagairt don fhoinse seo sa chéad eagrán den fhoclóir – ach ba é an t-eolas céanna a bhí i gceist sa dá iontráil, ach faoi dhá cheannfhocal dhifriúla: 'eagle' (LEID: 174) , agus 'salmon' (ibid: 467). Ní raibh aon tagairt in aon chor di sa bhfoclóir méadaithe ar chuma éigin.

4.3.50 L.U. Leabhar na hUidhre.

Níor luaigh O' Neill Lane cá raibh teacht aige ar an bhfoinse chluíteach seo, ach bhí sé ar fáil fiú lena linn féin in Acadamh Ríoga na hÉireann, agus bhí trascriobh ar fáil ag scoláire darbh ainm Joseph O' Longan ó 1870 amach, i measc aistriúchán agus tráchtairachtaí ina dhiaidh sin (Best,

1912: 161). Deineadh dhá thagairt don fhoirse seo, ar shampla amháin díobh é an méid seo a leanas:

Piebald, a., having spots and patches of different colours, mottled, ... marcach... eich alaidh (L.U. b. 25)", (LLEID: 1183).

4.3.51 McD. Seaghán Clárach Mac Domhnaill

Deineadh trí thagairt don fhile seo mar fhoirse. Ní luaitear cén saothar ina raibh teacht ag O' Neill Lane ar a chuid filíochta, ach is iomaí eagrán dá chnuasaigh dhánta a bhí ar fáil ar an aimsir sin, agus d'fhéadfaí gur foilsíochán le David Comyn, nó T. O' Rahilly, nó leis an Duinníneach féin a bhí aige. Ba línte filíochta a bhí i gceist leis na trí thagairt seo, ar cheann amháin acu an méid seo a leanas:

Choice, n., ... (3) The thing chosen or selected, ... (a) rogha, as in 2: he is the choice I chose for myself, is é mo rogha do thoghas dom féin (McD.)" (ibid: 290).

Iarracht éigin anseo ó O' Neill Lane ar chuid den ghnáthchaint a mhaisiú le haistriúcháin a deineadh ar bhonn na filíochta.

4.3.52 MacHale. Archbishop Mac Hale's translation into Irish of (a) The Old Testament ; (b) Homer ; (c) Moore's Melodies.

Foinse sa chéad eagrán aige. Deineadh cúig thagairt ar fad don easpag seo, ar tagairt ceann amháin acu d'fhoclóir lámhscríofa dá chuid, rud nár luadh i gclár na bhfoinsí:

Bull, n., (1) the male of any species of cattle, ... (b) ... a cow matched by the b. is said to be bó dhórtha [cf. ... also faoil ait, fá clith (Dr. MacHale's MS. Dict.) of sows...], (ibid: 235).

D'úsáid sé an t-eolas céanna arís faoin gceannfhocal 'coition' (ibid, 314). Ní léir cad é go díreach a bhí i gceist aige leis an méid seo a leanas faoi lúibíní ag deireadh na hiontrála:

Bumper, n., a glass filled to the brim... (4) cuachóg, *f.* (Dr. MacHale), "one bumper at parting", (ibid: 236).

Is geall le foclóir Gaeilge-Béarla anseo é sa mhéid is gur cosúil gur shainmhíniú Béarla é seo, ón easpag MacHale, ar fhoclóir Gaeilge (a bhí ag freagairt do cheannfhocal Béarla cheana). Agus in áit amháin eile, deineadh tagairt do shaothar aistriúcháin eile ó MacHale nár luadh thuas:

World, n., ... (1) the Universe, the earth, ... (b) cruinne. g. id., f.; níl anns an gcruinne aon cumar [sic] ná gleann (Dr. MacHale's translation of "The Meeting of the Waters.")", (ibid: 1734).

Leis an dá thagairt chomhionanna don fhoclóir lámhscríofa, agus don aistriúchán eile, níl fágtha ach dhá cheann eile a d'fhéadfadh baint a bheith acu leis na trí théacs a luadh thuas, rud a léireodh go bhfuil ceann amháin thuas ar a laghad nár tagraíodh dó.

4.3.53 M.B. Mícheál Breathnach.

Is cosúil gur Mhícheál Breathnach Chois Fharraige a bhí i gceist, ar cuireadh sliocht dá chuid scríbhinní amach sa bhliain 1913 faoi eagar Thomáis Mhic Dhomhnaill (*Sliocht de Scríbhinnibh Mhíchúil Bhreathnaigh, maille le n-a bheathaidh*). Is dócha gurbh ann a bheadh teacht ag O' Neill Lane air mar fhoinsé. Deineadh tagairt amháin don fhoinsé seo:

Strip, n., a narrow piece or one comparatively long, ... (4) liobar, -air, m.(M. B.)", (ibid: 1509).

4.3.54 M.C. Michael Comyn's Ossianic Tales in [sic] Verse¹³.

Deineadh trí thagairt dó seo, ach ní fios ón tagairt seo cad é go díreach a bhí i gceist aige; seans gur *Laoidh Oisín air Thír na n-Óg* (1880) a bhí aige, saothar a chuir Cumann Oisín amach le haimsir O' Neill Lane. Sampla den mhéid a cuireadh isteach sa bhfoclóir as is ea an leagan áisiúil cainte seo a leanas:

¹³ *Ossianic Tales and Verse* ab ea ainm don fhoilseachán seo.

Leave, n., (1) permission, allowance, licence, cead, -a, pl. id., and -anna, m. : we took leave of the maid, do ghabhamar ár gcead leis an óig (M. C.)”, (ibid: 915).

4.3.55 M.F.D. Mac Finghin Dubh. P. O'Shea, 1903.

Mac Finghin Dubh: A story by P. J. O'Shea ab ea ainm an scéil fhicsin seo le Cónan Maol.

Deineadh dhá thagairt dó sa bhfoclóir, ar a raibh:

Appear, v.i., ... shamhluigheadar, it appeared to them (M.F.D.) (ibid: 83).

4.3.56 M.L. Battle of Magh Lena. Ed. O'Curry.

Téacs Sean-Ghaeilge is ea é seo ar chuir O' Curry eagrán de amach sa bhliain 1855. Níor tógadh ach leathabairt amháin as sa bhfoclóir:

Stratum, n., ... (2) A layer artificially made, a course, ciseal, -sil, m. : s. on s., ciseal ar chiseal (M. L. 46, 13 ; 94, 18), (ibid: 1503).

4.3.57 M.R. Battle of Magh Rath. Ed. O'Donovan, 1842.

Tharla an cath stairiúil seo sa seachtú haois, ach ba sa chúigiú haois déag a deineadh tiomsú de na cuntais ar fad ar an gcath. Ba as an gcuntas áirithe sin a dhein O' Donovan a eagrán sin, an t-eagrán a bhí in úsáid ag O' Neill Lane. Deineadh seacht gcinn de thagairtí don fhoinsé seo. Ní léir cén tairbhe a bhaineann leis an iontráil seo a leanas:

Dish, n., (1) a vessel as a plate, platter or bowl in which to serve food, ... (a) ... the silver dish was turned into a wooden one, do righneadh mias cranda den mhéis airgid (M. R. 28)”, (ibid: 467)”.
Dish, n., (1) a vessel as a plate, platter or bowl in which to serve food, ... (a) ... the silver dish was turned into a wooden one, do righneadh mias cranda den mhéis airgid (M. R. 28)”, (ibid: 467)”.

Ach le tagairt eile, feictear gur úsáid sé an fhoinsé ársa mar thaca agus bhonn dá chuid eolais shanasaíoch:

Give, v.f., (1) to bestow, to grant, (a) do bheirim ... N.B.—do bheir under the influence of accent became tabhair, hence tabhairt and tabhram (cf. do bheart maíne móire dóibh M. R. p. 42)”, (ibid: 688).

Agus fuair sé téarma gonta tábhachtach amháin as chomh maith do théarmaíocht an chatha:

Overpower, v.t, to cause to yield, to vanquish, to subdue, ... (2) turtuighim, -ughadh (M. R. 292, 4), (ibid: 1134).

4.3.58 Niamh. Rev. Canon Peter O'Leary's Niamh.

Is cosúil nár deineadh níos mó ná an t-aon tagairt amháin don úrscéal stairiúil seo a foilsíodh sa bhliain 1907. Bhainfeadh sé le dealramh ábhar eile a d'fhéadfadh a bheith tógtha ag O' Neill Lane as *Niamh* a bheith istigh faoin tagairt (P. O'L.) aige.

4.3.59 O'B. O'Brien's Irish-English Dicty., 1832.

Deineadh dhá thagairt déag dó seo, an chéad fhoclóir Gaeilge-Béarla a tiomsaíodh (i 1768 an chéad lá). Deineadh athfhoilsiú ar an bhfoclóir in 1832, agus ba é sin a leagan a bhí ag O' Neill Lane. Bhí suim ar leith ag Seán Ó Briain i mbunchráifeacht fhocail na Gaeilge (O' Brien, 1768: iii), sa Cheiltis agus sa tsanasaíocht, agus i bhfocail dheacra go ginearálta (Mac Amhlaigh, 2008: 44). Feictear a rian sin san athláiithriú a fuair sé i bhfoclóir O' Neill Lane. Maidir le sanasaíocht, bhí:

Apparel, n., ... (3) a complete suit, culaidh (= cúléadach O'B.)” (ibid: 84)“

Arm, n., (1) the limb of the human body, or of a monkey, from the shoulder to the hand, ... (d) brac, -aic, m., from which comhrac (combhrach) is said (O'B.) to be derived” (ibid: 98).

Maidir le focail dhiagachta, bhí:

Creation, n., the act of bringing into existence, ... tuisdin, -e, f. ... tuisdin na cruinne, the creation of the world (O'B.) (ibid: 382).

Is inspéise (agus b'áisiúil cuid acu) na tagairtí a deineadh d'fhoclóir Uí Bhriain, ach ní mór an úsáid a baineadh as an saothar ar deireadh, go háirithe ag cur san áireamh gur réamhtheachtaí tábhachtach foclóireachta ab ea é.

4.3.60 O'Beg. O'Begley's and Mac Curtin's English-Irish Dicty., 1732.

Foinse sa chéad fhoclóir aige agus níos mó eolais aige sa dara foclóir aige: “O’ Beg. – The English-Irish Dictionary, le Conchobhar O’ Beaglaoidh, mar on le congnamh Aodh Bhuidhe Mac Cuirtín agus fós. Paris, 1732”. Ba í príomhfhoinsé fhoclóireachta O’ Neill Lane. Féach 4.1 thuas maidir le foclóirí Béarla-Gaeilge eile mar fhoinsí aige.

4.3.61 O'D. The New Testament translated into Irish by Dr. William O'Donnell. Ed 1852.

Féach Bedell thuas.

4.3.62 O'Gal. O'Gallagher's Irish Sermons. Ed. U. J. Bourke.

Cuireadh an leabhar *O’Gallagher’s Irish Sermons* amach sa bhliain 1900, agus teideal Gaeilge de *Seanmóiridh le Dochtúir Séamas Ó’ Gallchobhair, easbog Rátha-Bhoth* air. Joseph O’ Sullivan, Illinois Mheiriceá a chuir eagar air, seachas an tUasal Bourke. Earráid ó T. O’ Neill Lane ab ea é sin toisc is dócha gur chuir Bourke eagar ar leabhar eile cosúil leis dar teideal *Sermons in Irish-Gaelic, with Literal Idiomatic English Translation On Opposite Pages, and Irish-Gaelic Vocabulary, Also a Memoir of the Bishop and His Times by U.J. Bourke*, leabhar a foilsíodh sa bhliain 1877. Trí thagairt a deineadh don fhoinsé seo faoin ngiorrúchán (O’ Gal.) ach go hairithe; tá (O’G.) ann in áiteanna chomh maith cé nach léir an saothar Uí Ghallchobhair atá i gceist nó nach ea. Dhá abairt agus téarma amháin; ‘áilleagán’ mar aistriúchán ar ‘bauble’ (ibid: 151) a fuair O’ Neill Lane as.

4.3.63 O'M. O'Molloy's Irish Prosody. Ed. Ó Flangaile, 1908.

De Prosodia Hibernica, nó *On Irish Prosody* ab ea teideal don leabhar seo a scríobh an tUrramach Francis Molloy sa Laidin ar ghramadach na Gaeilge, agus ba é an chéad leabhar gramadaí a scríobhadh ar an nGaeilge riamh dar le Tomás Ó Flangaile, eagarthóir an leabhair

agus an fear a d'aistrigh ó Laidin go Béarla é. Ní léir cén úsáid a bhain O' Neill Lane as seachas an t-aon tagairt shoiléir amháin a dhéanann sé dó sa bhfoclóir;

Assonance, n., resemblance of sound, ... (2) comharda, g. id., m. (O'M., p.6) (ibid: 113)

Níl an tagairt seo cruinn ach oiread: níl a leithéid d'fhocal agus 'comharda' ar leathanach sin an eagráin, ná aon ní cosúil leis. Dhein sé tagairt chomh maith do shaothar gramadaí le John O' Molloy ó 1867 (ainm nach raibh sa chlár foinsí in aon chor), gan céadainm an duine sin a lua, sa tslí is gur dhóigh le duine gur eagrán éigin de shaothar Francis O' Molloy i gcónaí é:

Cushion, n., a soft pillow or pad, fuimín, m. (Molloy's Gram., 1867, p. 32 ; ...) (ibid: 397).

Dhein sé tagairt amháin eile don ainm 'Molloy' i dtreo dheireadh an fhoclóra, gan deighilt a dhéanamh idir an bheirt, ach is féidir a dhéanamh amach cé a bhí i gceist ós í an iontráil chéanna, ina raibh an focal 'comharda', a chuir O' Neill Lane leis an ainm (O'M.) sa chéad áit:

Rhyme, n., (1) an expression of thought in verse, ... (2) Correspondence of sound in the terminating words or syllables of two or more verses, ... (p) comharda, g. id., m. (O'Molloy) (ibid: 1317).

Dhein sé cuid mhaith tagairtí do (M. O'M.), sa chlórómhánach agus sa tseanchlórómhánach chomh maith, agus ní follasach an leagan earráideach den tagairt seo do Molloy atá i gceist leis seo nó nach ea, ná cén rud eile é murab ea.

4.3.64 O'N. O'Nolan's Sanas Gramadaigh.

Ba é seo an bailiúchán téarmaí a bhí curtha amach ag Tomás P. Ua Nualláin (*Sanas Gramadaigh: An English-Irish vocabulary*) sa bhliain 1909 mar chuid d'iarracht leanúnach a bhí á déanamh ag an am an teanga a fheistiú le téarmaí teicniúla a d'fhreastalódh ar ábhair mhórga léinn agus eolaíochta. Dhein O' Neill Lane cúig thagairt dón fhoinsé seo, ach ní nithe rótheicniúla a thóg sé uaidh le fírinne, mar shampla:

Cleanly, ad., ... (2) Innocently, purely go heanach (O'N.), (ibid: 300)

4.3.65 Or. = Oriel.

Féach an plé a deineadh sa bhfochaibidil ar cheantáir dhifriúla na hÉireann mar fhoinsí focal. Ba é seo an t-aon cheann acu a luadh mar fhoinse.

4.3.66 O'R. O'Reilly's English-Irish [sic]¹⁴ Dicty. with O'Donovan's Supplement.

Is an-suaithinseach an chuma go ndéanfadh O' Neill Lane faillí i dteideal ceart shaothar réamhtheachtaí thábhachtaigh fhoclóireachta a thabhairt; foclóir Gaeilge-Béarla seachas Béarla-Gaeilge, mar a dúirt O' Neill Lane, ab ea an saothar seo le hÉadbhard Ó Raghallaigh a céadfhoilsíodh sa bhliain 1817. Botún ab ea é seo nach raibh aige sa chéad eagrán dá fhoclóir, agus a shleamhnaigh isteach sa bhfoclóir méadaithe. Ba é ceann de na foinsí ba thábhachtaí sa chéad fhoclóir é; deineadh naoi dtagairt is seachtó dó. Níor dhein sé ach fiche is a trí thagairt dó sa bhfoclóir méadaithe ina raibh an botún, agus seacht gcinn, trian nach mór, acu sin istigh i rannóg A an fhoclóra, rud a léiríonn go mb'fhéidir go raibh sé sa cheann aige i dtosach a thuilleadh uaidh a chur isteach. Is é an t-eagrán den fhoclóir a bhí ag O' Neill Lane ná eagrán 1864 ina raibh forlíontán d'fhocail ón gcaint a chuir John O' Donovan ar fáil (Mac Amhlaigh, 2008: 63). Tá an chuma ar an scéal gurbh fhocail den saghas sin a ghlac aird O' Neill Lane, faoi mar atá:

Advice, (1) counsel, ... (c) constal, -ail, m. (O'R.) (LLEID: 216)

Boxer, n., a pugilist, ... smulcaire¹⁵, m. (O'R.)” (ibid: 216).

¹⁴ Is é *Sanas Gaoidhilge – Sagsbhearla: An Irish- English Dictionary* an teideal ceart.

¹⁵ Focal a bhí i bhforlíontán Uí Dhonnabháin seachas i gcorp fhoclóir Uí Raghallaigh.

Is mó focal eile atá sa bhfoclóir a luaigh O' Neill Lane ainm Uí Dhonnabháin leo chomh maith, focail a tháinig ón bhforlióntán thuasluaite chomh maith lena shaothar clúiteach gramadaí, *A Grammar of the Irish Language* nár luadh anseo i gclár na bhfoinsí:

Designedly, ad., (1) d'aon toisg (O'Don. Sup.)" (ibid: 438).

Leek, n., a plant of the genus *Allium* with a flavour stronger than that of the onion, ... (2) lus... like leek, onion, garlic and pepper, mar atá lus, uineamhain, gáirleog, 7 pibur (O'Don. Gram. 451)", (ibid: 917).

4.3.67 Oss. Ossianic Society's Publications.

Transactions of the Ossianic Society for the Years, 1853-1858 ab ea teideal na sraithe imleabhar ba dhóchúla a bhí i gceist aige anseo, foilsíúchán a raibh scéalta agus ábhar béaloidis mar ábhar dó. Bhí sé mar fhoinsé sa chéad fhoclóir aige, agus arís sa leagan méadaithe. Deineadh céad is a ceathair tagairt dó san eagrán nua den fhoclóir, agus deineadh a bhformhór mór acu d'imleabhar a ceathair, le cúpla tagairt d'imleabhar a trí, sa tslí is gur cosúil gurbh iad sin an dá imleabhar a bhí aige de:

Regard, n., attention, respect, ... (5) spéis,-e, f. ; I have no r. for the clerics, annsan gcléir ní'l mo spéis (Oss. IV. 2, 7), (ibid: 1291).

Sake, n., account, concern, regard, ... (3) thar ceann : but demanded battle for his wife's s., ach d'iarr cath thar ceann a mhná (Oss. III. 88), (ibid: 1345).

Feicfear ón méid seo cuid de na habairtí as scéalta a tháinig ón bhfoinsé seo. Bíodh is gur an-íomadúil na tagairtí don fhoinsé seo sa bhfoclóir, bhí roinnt mhaith athrá san úsáid a bhain sé as chomh maith, mar shampla amháin:

Everybody, n., every person, (1) cách, g. cáich, m. : march with e. or without them, triall le cách nó gan iad (Oss. III. 232), (ibid: 553).

March, v.i., (1) to move with regular steps as a soldier, triallaim, v.n. triall : m. with everybody or without them, triall le cách nó gan iad (Oss. III. 232), (ibid: 983).

4.3.68 P.H. Passions and Homilies from the Leabhar Breac. Ed. Atkinson, 1885.

Mar fhoinse sa chéad fhoclóir aige ach le tuilleadh eolais mar gheall air: “Pass. And Hom. – Passions and Homilies from the Leabhar Breac, with Glossary and Introduction on Irish Lexicography, by R. Atkinson. 1885-7”. Ní léir cén bunús atá leis an dáta 1885 aige in aon chor; foilsíodh ‘part 1’ den tsraith seo sa bhliain 1887. Deineadh seacht dtagairt dó faoin ngiarrúchán ‘P.H.’ faoi mar atá luaite anseo sa bhfoclóir méadaithe, ach bhí tagairt amháin eile do “Pass. And Hom.” chomh maith, faoi mar a bhí sa chéad fhoclóir, cosúil leis an neamhréir (is é sin, a bheith ag cloí le nós tagartha ón gcéad fhoclóir cé go raibh sé athraithe go soiléir aige i gclár na bhfoinsí) a bhí i gceist sna tagairtí a bhí ar siúl aige do Leabhar na mBreithiún:

Deacon, n., a subordinate officer in a church, deóchán, -áin, m. (Pass. and Horn. 442, 7446), (ibid: 409).

I dteannta na neamhréire sin áfach, feictear an saghas úsáide a baineadh as an bhfoinse seo go ginearálta: friotal cráifeach agus eaglasta a chur ar fáil.

4.3.69 P.L. Rev. P. Lamb's MS. Account of Purgatory. D. MSS.

Deineadh seasca ceathair tagairt don lámhscríbhinn seo, ina raibh cuid mhaith cainte ar chúrsaí an anama, ar chúrsaí ainmheasarthachta agus cúrsaí creidimh go ginearálta, faoi mar a bheifí ag súil le saothar den teideal ‘Account of Purgatory’:

Drunkenness, n., (1) the state of being intoxicated with alcoholic drink, ... (g) bachaireacht,-a, f. : since d. is the mother of everything evil, step-mother of the virtues, loss of the time which should be spent in good works, shipwreck of chastity, beginning and end of every vice, ós í meisce máthair na n-olc, leasmháthair na subháilce, caill na haimsire ba chóir a chaitheamh le deighníomha, longbhriseadh na geannmhaidheachta, tús agus deireadh gach míghreann (P. L. 451), (ibid: 500).

Ní léir cén tairbhe a dhéanadh an abairt sin d'fhoghlaimoír, nuair nár deineadh go fiú léiriú inti ar an bhfocal, 'bachaireacht', a bhí i gceist. Bhí roinnt mhaith abairtí úsáideacha eile ann áfach nár bhain go dlúth le cráifeacht agus cúrsaí creidimh, mar shampla:

Answer, n., (1) reply or response, ... deirim mar fhreagra ar do cheist, in a. to your question I say that . . . (P. L.), (ibid: 77)

Grant, v.t., ... (3) To bestow, ... (c) tabhrain., tabhairt : I cannot g. you that request, ní féidir liom an athchuinge sin do thabhairt duit (P. L.), (ibid: 710).

Feictear ón abairt áirithe seo agus ó chinn eile, áfach, go raibh roinnt mhaith athrá arís aige in úsáid na foinse áirithe seo chomh maith, agus áit amháin ina bhfuil sé seo le haithint is ea an iontráil faoin gceannfhocal 'request' inar tugadh an abairt chéanna mar shampla léirithe:

Request, n., the act of asking for something desired, also that which is asked for, ... (2) athchuinge, g. id., pi. -p, f. : I cannot grant you that r., ní féidir liom an athchuinge sin do thabhairt duit (P. L. 395), (ibid: 1305).

4.3.70 P.M. Poets and Poetry of Munster.

Bhí dhá leabhar den teideal seo ar an saol le linn O' Neill Lane, bailiúcháin fhilíochta iad araon; ceann amháin le John O' Daly a a foilsíodh sa bhliain 1860, agus ceann eile a foilsíodh in 1884 ar chuir C.P. Meehan eagar air. Níor bhac O' Neill Lane féin lena thabhairt le fios cé acu a bhí i gceist aige, ach is féidir an méid sin a dhéanamh amach de dhroim an dá thagairt a dhein sé don fhoinsé a iniúchadh beagáinín. Bíodh is nár shoiléirigh O' Neill Lane cén leabhar díreach a bhí i gceist aige, thug sé uimhreacha na leathanach ar a raibh na focail a bhí curtha isteach sa bhfoclóir aige, rud a ligfeadh do dhuine cuardach sna leathanaigh chuí féachaint cén saothar ina raibh na hiontrálacha le feiscint:

Activity, v., the state or quality of being active, (1) lúth... le lúth ár lámh (P.M. 160), (ibid: 27).

Dá chomhartha sin, is féidir a rá gur *The poets and poetry of Munster: a selection of Irish songs by the poets of the last century* (1884), iarracht Meehan, a bhí aige. Tógadh an líne "le lúth ár

lámh” as véarsa d’amhrán darb ainm ‘Caitlín Ní Uallacháin’ a bhí mar mhír sa leabhar (Meehan, 1884: 160).

4.3.71 P. O’L. Rev. Canon Peter O’Leary.

Chuir gné na ndúchasóirí in athbheochan na Gaeilge béim mhór ar an bpráinn a bhain le litríocht úr Ghaeilge a sholáthar le bunús i gcaint na ndaoine, agus bhí Pádraig Ó Laoghaire ar cheann de cheannródaithe na gluaiseachta sin (O’ Leary, 1994: 10, 93). Ba údar é a bhain “leas ar fónamh... as a chanúint dhúchais féin mar fhriotal liteartha” (Ó Háinle, 1996: 758), faoi mar a dúirt Ó Háinle. Bhí *Séadna*, as ar tháinig cuid mhaith de thagairtí O’ Neill Lane d’Ua Laoghaire (“what caused Seadna to say, cad fé ndear do Shéadna a rádh (P.O’L.)”, (ibid: 270), (i) mar thaisce chaomhnaithe do leaganacha cainte de bhunadh shaibhreas chaint na ndaoine (ibid: 761), agus (ii) mar shaothar gléineach tarraingteach do phobal léitheoireachta na Gaeilge (ibid: 759) in éineacht. Ní haon ionadh mar sin go mbainfeadh O’ Neill Lane adhmaid as saothair údair mar Pheadar Ua Laoghaire, a scríobh scéalta mar gheall ar ghnáthdhaoine ina dteanga féin agus iad lonnaithe in Éirinn na linne sin. Dhein O’ Neill Lane bailiúchán i bhfoirm foclóra den ábhar Gaeilge a bhí curtha ar fáil don phobal léitheoireachta ag údair mar Pheadar Ua Laoghaire, sa treo agus go ndéanfaí pobal scríbhneoireachta den phobal léitheoireachta, agus cuid de Ghaeilge Uí Laoghaire á mhacashamlú acu toisc é a bheith le fáil acu i bhfoclóir O’ Neill Lane. Deineadh céad agus a triocho a haon tagairt d’ainm an scríbhneora seo. Gnáthleaganacha cainte agus abairtí ó chomhrá laethúil ba mhó a fuair O’ Neill Lane uaidh, mar shampla:

Need, v., to be in want of, to lack, to require, ... (6) without need or necessity, gan gádh ná riachtanas (P. O’L.), (ibid, 1916: 1071).

Notion, n., ... (b) cuimhneamh, -nimh, m. : it is little n. I had of it, is beag dá chuimhneamh a bhí agam air (P. O’L.), (ibid: 1089).

Scolding, n., the act of chiding with rudeness and clamour, ... (4) Idiom : she gave him a s., (a) thug sí aghaidh na muc 7 na madraí air (P. O'L.), (ibid: 1360).

Vile, a., (1) low, base, worthless, mean, despicable, ... (g) cailte, ind.: it is the vilest act, is í an bheart is cailte í (P. O'L.), (ibid: 1671).

4.3.72 P.S. Patrick Stanton's MS. Irish Dicty.

Deineadh ceithre thagairt déag don fhoinsé seo. Ní léir cad a bhí i gceist leis an lámhscríbhinn seo, ach b'fhéidir gurb é Pádraig Stundún, scríobhaí, a bhí i gceist.

4.3.73 P.W.J. Joyce : Irish Names of Places. 3 Vols.

Deineadh sé thagairt don tsraith seo a foilsíodh ó 1869 go 1813, ar a raibh:

Sedgy, a., covered with sedge, ... A s. place, muing, -e. f. (cf. P. W. J. II. 393) (ibid: 1373).

Níor dhein sé tagairt don tríú himleabhar sa tsraith in aon chor, faoi mar a bhí le tuiscint ón mblúire "3 Vols." den tagairt thuas. Ach in áiteanna eile níor chuir sé an léitheoir ar an eolas i dtaobh na n-imleabhar in aon chor, níor thug sé ach leathanach:

Rampart, n., ... (2) ronnach and tonnach, -a g., m. (P. W. J. 220), (ibid: 1272).

Cá bhfios ach gur imleabhar III a bhí i gceist leis an méid sin. Feictear chomh maith ón dá shampla seo gur focail a fuair sé on bhfoinsé seo, mórán ar nós na bhfoinsí eile, seachas aon saineolas ar chúrsaí logainmníochta. Ar an ábhar sin, tá an foclóir ábhar gann ar leaganacha Gaeilge do logainmneacha na tíre, ach b'fhéidir nach cúram d'fhoclóirí é seo.

4.3.74 R.C. Revue Celtique.

Foinsé sa chéad fhoclóir aige, ach gur luaigh sé san eagrán sin go raibh ceithre imleabhar is fiche de ann idir imleabhair a foilsíodh ó 1870 go 1904, bliain fhoilsithe an chéad fhoclóra. Ní foláir nó gur léigh sé cúpla ceann acu go macánta idir foilsíú an chéad fhoclóra agus foilsíú an dara foclóra, nó go bhfuair sé cupla iris bhreise, mar nach raibh sa chéad cheann ach tagairt amháin

don *Revue Celtique*, agus trí cinn déag de mhéadú air sa dara foclóir. Thug sé uimhir an imleabhair agus an leathanaigh i ngach cás;

Bran, n., the broken coat of cereal grains when separated from the flour or meal, ... bran, g. and pl. bruin, m., (R. C. IX. 229), (ibid: 218).

4.3.75 Sc. = Scotch Gaelic.

Ní fios go díreach an amhlaidh go ndeachaigh sé go hAlbain chun urlabhra a muintire a thomhas sa bheo, ach bhí leabhar ina chnuasach ar foláir ná gur thug sé léargas éigint ar an nGàidhlig dó. Ba é sin *A Pronouncing Gaelic Dictionary* le McAlpine (1833). B'ait é mar scéal mura mbeadh sracfhéachaint tugtha aige ar fhoclóir Dwelly leis (1904), iarracht fhoclóireachta a tháinig amach i gcomhthráth lena cheann féin. Ní raibh 'Scotch Gaelic' luaite mar fhoinse aige sa chéad fhoclóir, ach is léir go raibh sé sa cheann aige riamh go gcabhródh ábhar teangeolaíoch na hAlban le leathnú réim na teanga Gaelaí, de réir mar a thiocfadh feabhas ar chumarsáid idir na Gaeil:

When the language begins to be widely used as a means of intercommunication between the "sea-divided Gael" it will rapidly develop the technical vocabulary necessary to meet all modern requirements (LEID: viii).

Dhein sé naoi dtagairt do Ghaeilge na hAlban mar fhoinse ar feadh an fhoclóra sin. Le ceann amháin acu sin, dhein sé forbairt ní ba chaolchúisí ar a thuairim gurbh ionann an dá dhream Gael in Albain agus in Éirinn istigh sa bhfoclóir féin, mar shampla, sa mhéid seo a leanas:

Fosterage, n., the care of a fosterchild, ... f. to one hundred, blood relationship to twenty, comhdhaltas go céad, cáirdeas fola go fiche (Sc. prov.). [This shows the great importance the Gaels attached to fosterage.] (LLEID: 646).

Seanrá Albanach ab ea é sin, ach tugadh an tuiscint leis an méid seo go raibh baint aige le nádúr an Ghaeil chomh mór is mar a bheadh baint le mír chultúir ó Iarthar Luimnigh. Ach thairis an iontráil inspéise sin, ní mór a bhí sna tagairtí do Ghaeilge na hAlban seachas tuairimíocht ar

conas mar a bhí cuid de na focail Ghàidhlig cosúil leis an nGaeilge, mar a shonrófar sa mhéid a leanas:

Breeze, n., a light gentle wind... feoithne, g. id. f. (Sc. feothan, feothachan, a little breeze) (ibid: 222)

Wasp, n., a stinging insect of the genus *Vespa*, (1) coinnspeach, -eiche, -a, f. (c.f. Sc. connspeach) (ibid: 1690)

Feictear an lipéad tagartha ‘Sc.’ dhá uair déag i gcorp an fhoclóra ar an iomlán, ach i gceithre chás, ba thagairt do Bhéarla na hAlban seachas don Ghàidhlig a bhí i gceist aige, ciall bhreise nár chuir sé leis an lipéad thuas in aon chor:

Biestings, n., the first milk given by a cow immediately after calving, ... (5) gruthrotha, pl. id. m. In W. Lim. often Englished cruds (cf. Sc. crowdie, croods ... “ (ibid: 180)

Bobtailed, a., short-tailed, cucach, -aighe (cf. Sc. cutty)” (ibid: 202)

Soot, n., a black substance which collects in chimneys, (1) súth... (cf. Sc. suith, Fr. suie)” (ibid: 1450).

Visor, n., the part of a helmet covering the face which can be lifted or closed at will, (1) cealtair, -trach, p., -tracha, f. (cf. ... Sc. kilt ...) (ibid: 1675)

Níor dhein sé an soiléiriú a bheadh ag teastáil dá mba fhonn leis tagairtí a dhéanamh do Bhéarla na hAlban mar aon le Gaeilge na hAlban, ach an t-aon uair amháin, inar deineadh tagairt do ‘Sc. Gaelic’:

Peck, n., a vessel, a measure = two gallons, (1) peic, -e, -eanna, f., also pic [in Sc. Gaelic peic = 2 gallons], (ibid: 1161).

Mar bharr ar an donas, scríobh sé na leaganacha ó Ghaeilge na hAlban sa seanchló Gaelach, rud nár bhain leis an teanga sin a thuilleadh, agus ba mhíchruinn a leithéid a dhéanamh, go háirithe ó thug sé de stró air féin cló ceart na Gréigise a chur ar fáil do leaganacha ón nGréigis.

4.3.76 S.L.C. Searc Leanhaint Chríost (Imitation of Christ) aistrighthe leis an athair Domhnall Ó Súilliobháin, 1822.

Ba é seo an t-aistriúchán Gaeilge a deineadh ar an aistriúchán Béarla, *The Imitation of Christ*, a deineadh sa séú haois déag ar théacs Laidine dar theideal *De Imitatione Christi* a scríobh Thomas à Kempis sa chúigiú haois déag. Deineadh trí thagairt dó seo; cúrsaí spioradálta agus móraltachta a bhí i gceist leo:

Vanity, n., ... (2) Empty pleasure, idle show, ... v. of vanities, baosradh na mbaosradh (S. L. C. 2) (ibid: 1663).

Tá sé le tabhairt faoi deara sa tagairt áirithe sin gur chuir sé uimhir leathanaigh ar fáil; leathanach a dó a bhí aige, an leathanach céanna a luaigh sé sa dá thagairt eile, rud a thabharfadh le fios go mb'fhéidir nár léigh sé ach roinnt bheag leathanach den saothar.

4.3.77 S. Mac. C. Seamus Mac Cuarta D. Mss.

Is cosúil nár deineadh ach tagairt amháin don lámhscríbhinn seo, agus ba é seo é:

Order, n., ... (7) A number of things or persons arranged in a suitable place or relative position, a rank, a row, a grade, (a) grád, ... the nine orders of the angels of heaven, bainríoghan ar neamh na naoi ngrád (S. Mac. S.), (ibid: 1122).

4.3.78 S.R. Saltair na Rann. Stokes.

Téacs Meán-Ghaeilge ab ea é seo inar tugadh cuntas gairid ar stair an chine dhaonna i riocht mórdháin bhíobálta. Chuir Whitley Stokes eagrán gan aistriú de amach mar chnuasach dánta i bhfoirm leabhair dar theideal *Saltair na Rann. A Collection of Early Middle Irish Poems* (1883). Deineadh fiche tagairt don fhoinse seo, agus thug sé le fios i ngach cás cén líne den dán as a raibh ábhar bainte amach aige, mar shampla:

Flake, n., a loose filmy mass or a thin chip-like or scale-like layer of anything, ... flakes of snow, sláma sneachtaidh, S.R., 524, (ibid: 6130).

Téarmaí ón ngnáthshaol is mó a fuair sé ón bhfoinse filíochta seo, á nuashonrú mar ba ghá.

4.3.79 T. B. B. Keating's Three Shafts of Death. Ed. Atkinson.

An dara huair gur luaigh sé an fhoinse seo; faoi 'Keat.' agus anseo faoi 'T.B.B.'. Dhein sé an rud céanna sa chéad fhoclóir. Saghas botúin é sin toisc go bhfuil sé ag caint ar an bhfoinse chéanna agus ar an eagrán céanna den fhoinse chéanna. Botún ab ea é seo nár cheartaigh sé.

4.3.80 T.C., T. Connellan's English-Irish Dicty.

Bhí sé seo mar fhoinse sa chéad fhoclóir aige chomh maith. Níor deineadh ach naoi dtagairt dó, ach pléadh an úsáid a baineadh as, dá laghad é, sa bhfochaibidil ar O' Neill Lane agus foclóirithe Béarla-Gaeilge eile.

7.3.81 T.C.C. Toruigheacht Chlann Chonchubhair Mhic Neasa Righ Ulaidh le Curaidhibh na Craobh-ruaidhe. D. MSS.

Ní léir gur deineadh tagairt don fhoinse seo in aon chor.

7.3.82 T. Con. Thomas Conceannan.

Is dócha gurbh é seo Tomás Bán Ó Concannon, cainteoir dúchais ó Oileáin Árann agus eagraí de chuid Chonradh na Gaeilge i gConnacht (Dunleavy, 1991: 246), scríbhneoir bisiúil comhaimseartha do O' Neill Lane a d'fhoilsigh scata scéalta Gaeilge, mar shampla *Gorm-fhlaith: Inghean Árd-Ríogh Éireann* (1905), agus leabhair i mBéarla ar stair na hÉireann (*Irish Nuns in Penal Days*, srl.). Deineadh trí thagairt is fiche don duine seo mar fhoinse, ar a raibh:

Account, n., ... current account, cunntas reatha (T. Con.) ... fictitious a., c. bréige (T. Con.); accurate a., c. beacht (T. Con.), (ibid: 20).

Dynamo, n., an electric machine, fuinneach, -nigh -nighe m. (T. Con.), (ibid: 506).

Tá an chuma ar an scéal go mb'fhéidir gur tháinig na leaganacha seo chuig O' Neill Lane mar iarratais ar an gcomórtas moltaí ar conas an d'fhéadfaí an chéad fhoclóir a fheabhsú.

7.3.83 T.F. Three Fragments of Irish Annals, Ed. O'Donovan.

Deineadh neart tagairtí do O' Donovan i dtaca lena chuid saothar eile, ach is cosúil nár deineadh tagairt don saothar áirithe seo sa bhfoclóir.

7.3.84 T. na hE. Tóruigheacht na hÉilite. D. MSS.

Is cosúil nár deineadh ach dhá thagairt don lámhscríbhinn seo sa bhfoclóir, agus gan na tagairtí sin a bheith soiléir ach oiread:

Compare, v., to be like, equal or worthy of comparison with, (1) idiom : all were beautiful till compared with Etain, caomh cách go hÉtain (T. E. 5)" (ibid: 328)

Out, ad., ... Out of the way places, is cosúil, ar sé, gur i ndiamhair coille in n-uaimh talmhan, i gcuais cairrge nó i ngleanntán sléibhe a hoileadh tú (Tor. E. S. 76)", (ibid: 1128).

7.3.85 T.N.C. Turas Nuala Chaomh-Chotach Inghean Righ na Fraince go hÉirinn agus a tóruigheacht don Fhrainc le Tadhg glé Mhic Cian mhic Olioll Olum. D. MSS.

Ní léir gur deineadh tagairt don fhoinsé seo.

7.3.86 Tór D. Tóruigheacht Dhiarmada is Gráinne.

Is dócha gurbh é leagan Standish O' Grady a bhí aige; d'fhoilsigh an *Ossianic Society* a eagrán siúd sa bhliain 1855. Pé scéal é, ní leis an nod thuas a deineadh an dá thagairt sa bhfoclóir do *Tóruigheacht Dhiarmada is Gráinne* ach le 'T. Dh.'.

Astray, ad. and a., out of the right way, literally or figuratively ... (6) astray, confused, wandering... lead me not a. ná cuir-se mé ar mearbhall (T. Dh. 156) (ibid: 115)

Agus le 'Tor. Dh.':

Caul, n., ... (3) (a) druimiall, -éille, pl. -a, f. : this son had a caul over his head, is amhlaidh bhí an mac sin agus druimiall thar a cheann air (Tor. Dh. 4, 25) (ibid: 269).

Frásaí ón ngnáthchaint a bhí sa dá shampla as.

7.3.87 T.P. Thesaurus Paelœohibernicus. Stokes.

Cnuasach gluaiseanna a ghabh le filíocht agus próis ón tSean-Ghaeilge a bhí i gceist leis an bhfoilsíúchán seo a foilsíodh ina imleabhair ó 1901 go 1910. Deineadh daichead is a hocht tagairt don fhoinsé seo, ar a raibh an ceann fadálach seo a leanas, nach mór a thairbhe do thuiscint an léitheora ar an bhfocal ‘cáin’:

Law, n., ... four chief laws of Ireland, the law of Patrick and of Dare and of Adamnan and of Sunday. The law of Patrick, not to slay clerics, the law of Dare not to steal cattle, of Adamnan not to slay women [i.e. exempting them from military service], the law of Sunday, not to travel. Ceithre príomh-chána na hÉireann .i. Cáin Phádraig 7 Dairí 7 Adamnán 7 Domhnaigh. Cáin Pádraig, iomorro, gan chléireacha do mharbhadh; Cáin Darí gan ba do ghoid; Adamnán mná do mharbhadh; Domhnaigh gan dul ar imeacht. (T.P. II., 306, spelling slightly altered)”, (ibid: 908).

Is ait an tslí ar mheas sé a thabhairt le fios go raibh an litriú athraithe anseo (“spelling slightly altered”) aige, agus anseo amháin; gluaiseanna ón tSean-Ghaeilge a bhí i gceist, agus dá bhrí sin, bheadh athrú litrithe le déanamh aige i ngach cás. Chomh maith leis sin, ba as seo a fuair sé téarmaí d’fhriotal na hargóinteachta, bearna a rabhthas (an Duinníneach mar dhuine d’urlabhraithe na gluaiseachta sin) ag cuimhneamh ar a líonadh in aimsir O’ Neill Lane (O’ Leary, 1994: 49), dála ‘frithcheirt/friothaidheacht’ (‘observation’) (ibid: 1098), ‘foillsiughadh’, (‘manifestation’) (ibid: 980), agus ‘taipe’ (‘epitome’), (LLEID: 543).

7.3.88 Wb. Windisch's Wörterbuch, 1880.

Mar fhoinsé sa chéad fhoclóir chomh maith, agus le níos mó eolais mar gheall air: “Wb. – Wörterbuch, by Windisch ; in Irische Texte, by Stokes and Windisch. 1880, etc.” Deineadh tagairt amháin dó *Wörterbuch* sa chéad fhoclóir;

Arrow, ... breo-shaighid, fiery arrow —Wb.; (LEID: 38).

Ní raibh an giorrúchán ‘Wb.’ le feiscint in aon chor sa bhfoclóir méadaithe, faoi mar a bhí sa chéad fhoclóir agus a bhí leagtha amach aige thuas. Deineadh tagairt don fhoinsé seo áfach; níor Chill Mhantáin a bhí i gceist le ‘(Wi.)’ (a bhí cosúil le ‘Wick.’ ag an Duinníneach), ach ‘Windisch’ arís, leis an tagairt chéanna ón gcéad fhoclóir:

Arrow, n., a missile weapon to be shot from a bow, ... breó-shaighid, fiery arrow (*Wi.*), (O’ Neill Lane, 1916: 102).

Sampla eile is ea é seo den nós a bhí ag O’ Neill Lane giorrúchán nó nod a bheith leagtha amach aige ach é a bheith athraithe go tobann aige amuigh sa bhfoclóir gan choinne.

7.3.89 Z. Zeuss : Grammatica Celtica.

Leabhar fíorthábhachtach ab é seo a chuir tús le staidéar teangeolaíoch nua-aimseartha ar an nGaeilge mar theanga Ind-Eorpach; scríobh Johann Kasper Zeuss é sa Laidin, agus foilsíodh é don chéad uair sa bhliain 1853. Níor deineadh ach dhá thagairt dó anseo áfach, agus bhí tábhacht chúlúrtha seachas tábhacht teangeolaíoch le ceann amháin acu sin, dar le O’ Neill Lane:

Napkin, n., ... lámhbhrat (*cf.* Zeuss 613, lámhbhrat bís thar glúine, a napkin that is over the knees). [This is very interesting as showing the existence of a highly civilized social custom among the Irish about a thousand years ago.], (*ibid.*: 1916).

Tá rian ar an méid seo d’athshlánú na hÍomhá Gaelaí faoi mar a bhí ar siúl in áiteanna sa bhfoclóir agus i bhfoclóireacht na Gaeilge go ginearálta.

4.3.90 Z.C.P. Zeitschrift für Celtische Philologie, 1897, etc.

Iris Ghearmánach eile a d’fhreastail ar chúrsaí Sean-Ghaeilge agus Cheiltis na Mór-Roinne, agus a raibh Kuno Meyer freagrach aisti, ab ea í seo. Bhí sí mar fhoinsé sa chéad fhoclóir aige, ach amháin gur 1897-1904 atá luaite ansin, sonra a thug le fios go raibh sé ag baint as an iris go dtí am an-ghar d’fhoilsiú an fhoclóra sin, cé nár deineadh ach tagairt amháin dó san eagrán sin, agus gan ach ceithre cinn sa bhfoclóir méadaithe. Luaigh gach ceann de na tagairtí sin imleabhar IV,

rud a thabharfadh le tuiscint gurbh é an t-aon cheann a bhí in úsáid go diansheasmhach aige. Ar a raibh ann bhí:

Oblivion, n., the act of forgetting or the state of being forgotten, forgetfulness, ... terra oblivionis, , i. tír an dearmhaidh (Z. C. P. IV. 437, 12)", (ibid: 1099).

4.3.91 Tátal

B'shin an méid foinsí a thug O' Neill Lane ina "list of authorities quoted" mar sin. Tá cuid acu agus níor deineadh tagairt dóibh in aon chor, agus, ag an am céanna, faoi mar atá ráite, is mó foinse eile a bhí in úsáid aige sa bhfoclóir nach raibh luaite aige i gclár oifigiúil na bhfoinsí. Sampla amháin de sin is ea an nod 'D.A.' ar deineadh ocht gcinn déag de thagairtí dó, a raibh rian den fhuath ban i roinnt de na hathfhriotail as, mar shampla:

Seduction, n., the act of seducing, ... (2) milleadh, -lte, m. : I am often guilty of the s. of young women, adultery and drunkenness, is minic oibrighim milléamh óg-mhná, briseadh pósta agus póitearacht (D. A. 336z)" (ibid: 1373)

Ní féidir a rá go cruinn cad a bhí i gceist leis óir nach leor 'D. A.' mar nod don té a dteastódh uaidh buille a thabhairt faoin tagairt chruinn a thomhais. Bhí 'M.M.R.' aige mar nod chomh maith, ar deineadh ar a laghad cúig thagairt dó, mar shampla amháin:

Quick, a., ... (5) Sensitive, perceptive in a high degree ... Going as q. as possible (colloq.) ... (b) ag imeacht i mbárr na bhfasgaidhte (M. M. R.) (ibid: 1264).

Ós rud é nár bhac O' Neill Lane féin le heolas a thabhairt ar na foinsí breise seo seachas na noda a chaitheamh go fánach isteach i gcorp an fhoclóra, ní féidir aon léargas a thabhairt ar cad iad gan mórthaighde a dhéanamh, rud a bheadh lasmuigh de theorainn an tráchtais seo, agus ar bheag ab fhiú é ar deireadh. Ach is léir gur bhain O' Neill Lane úsáid as réimsí leathan foinsí, idir chinn a bhí scrúdaithe go mion aige, agus chinn eile nach cosúil gur tugadh ach sracfhéachaint orthu. Ceal ama nó trí dhearmad, nó an dá rud le chéile, ba dhóigh le duine, a d'fhág gur dhein sé faillí i bhfoinsí áirithe a cheadú sa liosta oifigiúil d'fhoinsí.

Chonacthas chomh maith go raibh ‘*Laws*’ in úsáid aige mar nod a chuirfeadh Leabhar na mBreithiún in iúl, nod nár luadh i gclár oifigiúil na bhfoinsí in aon chor ach a bhain leis an gcéad fhoclóir. Chonacthas ansin an tslí inar cheartaigh sé an dearmad ansin níos faide amach sa bhfoclóir (más fíor), á athrú go ‘*B.L.L.*’, cé nár bhac sé le pé earráid a bhí curtha isteach aige roimhe sin a cheartú. Chonacthas go raibh claonadh aige na noda a athrú go mion, trí dhearmad nó eile, sa tslí is nár mhar a chéile an chuma ar noda áirithe ar fud an fhoclóra; ní raibh buanseasmhacht ann. Sampla de sin ab ea an láimhseáil a dhein sé ar na tagairtí do *Tóruigheacht na hEilite*, ar sheas ‘*T. E.*’ agus ‘*T. na hE.*’ dó araon, agus d’ábhair Gaeilge ó chúige Mumhan, ar sheas ‘*M.*’ agus ‘*Mun.*’ dó araon.

Feictear ón méid thuas chomh maith gur mhinic earráidí déanta ag O’ Neill Lane i dteidil na bhfoinsí a bhí in úsáid aige. Thiocthadh an léitheoir géarchúiseach ar an tuiscint sin fiú amháin ón gcéad tagairt ar fad sa liosta, inar thug sé ‘*Archiv für Celtische Lexicographie*’ seachas ‘*Archiv für Celtische Lexikographie*’ ar iris Whitley Stokes agus Kuno Meyer. Bhí níos mó botún den saghas seo le sonrú níos faide ar aghaidh sa liosta, agus ba é an peaca ba mhó acu sin is dóigh ná an cur síos a dhein sé ar fhoclóir Uí Raghallaigh mar fhoclóir Béarla-Gaeilge, saothar a mbeifí ag súil leis go mbeadh foclóirí Béarla-Gaeilge ar an eolas (cruinn) faoi. Laghdaíonn nithe den saghas seo ar stádas an fhoclóra mar shaothar inchreidte acadúil.

Maidir le rogha an ábhair ó na foinsí a d’úsáid sé, bhí an scéal beagán níos fearr, cé gur mhinic a chuaigh sé i bhfad scéil le hiontrálacha agus spás á mheilt aige dá bharr (cuirim i gcás an tagairt do *Thesaurus Paelæohibernicus* faoin iontráil ‘*Law*’ a chonacthas thuas). B’inmholta an cinneadh téarmaí leighis ó *Foclóir an Leagha*, bailiúchán le Risteard De hAodha agus Tomás Mac Coistealbha a bhuaigh comórtas Oireachtais sa téarmaíocht, a chur sa bhfoclóir; chabhródh

tacaíocht O' Neill Lane don bhailiúchán téarmaí sin le scaipeadh agus caighdeánú na téarmaíochta agus í á ceapadh do réimsí nua an tsaoil, seachas é a bheith ag dul i mbun a chuid ceapadóireachta féin nuair b'ann do théarmaí cheana. B'uaimhianach agus ba chiallmhar an moladh uaidh go mbeadh nasc idir téarmaíocht na Gaeilge agus na Gàidhlig, agus chuige sin, tharraing sé aird ar an ábhar sin tríd an mblúire uaidh ar an "sea-divided Gael" ina chéad fhoclóir (LEID: viii), agus sa mhéid go raibh *Luibhleabhrán – Irish and Scottish Gaelic names of Herbs, Plants, Tree, etc* agus teanga na Gàidhlig féin ('Sc.') mar fhoinsí aitheanta ina chlár oifigiúil aige. Maidir leis na foinsí stairiúla teanga a bhí in úsáid aige, ní léir i gcónaí cén áis a dhéanadh cuid acu toisc iad a bheith ársa, ach is minic a bhain sé leas ar fónamh as préamhacha seanfhocal chun nuathearmaíocht a chruthú, faoi mar a chonacthas sa tiontú a dhein sé ar 'dobhar' agus 'clais' chun an focal 'dobharchlais' a chumadh, focal dar leis a d'aistreadh an focal Béarla 'canal'. Lasmuigh d'earnáil na ceapadóireachta, ba an-oiriúnach an leas a bhain sé as scríbhneoireacht Pheadar Uí Laoghaire, chomh maith lena chuid obair bhailiúchán Gaeilge féin, chun leaganacha ó chaint na ndaoine a sholáthar, nós úr i saol na foclóireachta Gaeilge inar dírdhóid cuid mhór den am ar fhocail dheacra a mhíniú sular thángthas ar an meas nua don chaint bheo le linn O' Neill Lane.

Ar deireadh, is ceart a rá go mbeadh sé intuigthe go rachadh foclóirí i muinín foinsí mar seo chun saothar foclóireachta a thiomsú, ach ní mór an tairbhe a dhéanann siad más don íomhá amháin a thugtar isteach iad. Bhí pointí suimiúla le déanamh ag O' Neill Lane maidir le sanasaíocht agus le húsáid na bhfocal, ach ní dócha gur ghá an liosta ollmhór a chuir sé ar fáil ina fhoclóir, go háirithe nuair a chuimhnítear nár deineadh ach dornán tagairtí don chuid is mó acu, agus go raibh brú air liosta ollmhór mar é a láimhseáil, rud a d'fhág nár éirigh leis botúin bhunúsacha a ghlanadh sa liosta.

Caibidil a Cúig

Foclóir Béarla - Gaedhilge Timothy O' Neill Lane

Dhein Sidney Landau tagairt don nós a bhíodh ag foclóirithe na seanré réamhráite fada a chur isteach ina gcuid foclóirí (Landau, 2001: 148), rud a bhí fíor i gcás fhoclóireacht na Gaeilge chomh maith; cuirim i gcás an brollach daichead leathanach i bhfoclóir Uí Bhrian ón mbliain 1768 ina bhfaighfí a leithéid seo d'abairt: "... after the removal of the Pelasgi from Thessaly to that Peninsula, where, according to the above account of Herodotus, they were called Dorici or Dores, (a name which they brought with them from Doris, where they had inhabited, in the city of Pindus, as I have already observed, and what I find confirmed by Gurtlerus, lib. 2. c. 30. s. 56.) ...” (O' Brien, 1832: xxxviii). I gcontrárthacht leis an nós ársa sin, feictear do Landau gurb é an nós atá i dtreis sa lá atá inniu ann ná réamhráite gairide a chur isteach sna foclóirí (Landau, 2001: 148), agus céad bliain ó shin, níor thaise d'O' Neill Lane é; dhá leathanach go leith a thug sé de réamhrá in LLEID, inar leag sé a chuid spriocanna mar fhoclóirí amach, agus inar ghabh sé buíochas leo siúd a chabhraigh leis ar shlí difriúla. D'fhág sé seo gur le corp an fhoclóra amháin, seachas le réamhrá fadchainteach, a d'fhéadfadh an léirmheastóir a chuid dua a chaitheamh agus O' Neill Lane á mheá mar fhoclóirí aige. Más fíor gur sheachain O' Neill Lane an réamhrá téagartha a bhain le traidisiún fhoclóireacht na Gaeilge, d'fhan sé amach ó threoir a sholáthar ar conas an foclóir a úsáid chomh maith, agus is nós eile atá nua-aimseartha é sin de réir Landau (ibid: 149). Ach ní raibh O' Neill Lane ag plé le ré an phobail fhoclóireachta a mbaineann Landau léi; is é sin pobal ina bhfuil cur amach forleathan ag daoine ar fhoclóirí. Bhí O' Neill Lane ag plé le náisiún nach mbeadh an taithí chéanna acu in aon chor ar fhoclóirí, gan trácht ar fhoclóirí Gaeilge. Bhí gá le treoir úsáide, agus tabharfar faoi deara go raibh a leithéid ag an Duinníneach ina fhoclóir siúd sa bhliain 1904: “After nouns, the genitive singular and nominative

plural are given ; after verbs (which are given in the 1st person singular, indicative mood), the verbal is given ; after adjectives ... after compound nouns...”, (Dinneen, 1904: xvi). Féach an méid a bhí le rá ag Edmund Fournier d’Albe mar réamhrá d’fhoclóir Béarla-Gaeilge:


The word so chosen is accompanied with a notation which makes it ready for use without the necessity of referring to an Irish-English dictionary for grammatical information. Where an English word has more than one meaning, the Irish translation is given under the various meanings... as regards spelling, I have taken the “line of least resistance”. A standard of spelling has been evolving itself of late, and the only decisive peculiarity will be found in the substitution of sc, sp, st, for sg, sb, sd, which I have adopted at the suggestion of Father Dinneen and Mr. R. Foley. The uniform substitution of éa for eu is not new, and should be accepted even if the other change were regarded as optional. I have not replaced idhe by í, as I consider such replacement unwarranted and corrupt, though of course more phonetic as modern pronunciation goes (ibid: vii)

Caithfear a rá gur mhór an méid cabhrach d’fhoghlaimoir teanga é a leithéid, áis fhoghlama a bheadh an-tairbheach don mhac léinn a raibh O’ Neill Lane in ainm is a bheith ag freastal air, agus ar locht air a easnamh. É sin ráite, is fíor gur thug sé “list of contractions” tar éis an réamhrá (LLEID: xi), agus b’ann a mhínigh sé cén bhrí a bhí le roinnt nod a bhí in úsáid sa bhfoclóir. Deirim “roinnt nod” de bhrí nach raibh an liosta sin in aon ghaireacht do bheith cuimsitheach, faoi mar a chonacthas sa liosta foinsí a bhí aige.

Féachfaidh an chaibidil seo, más ea, le cuntas a thabhairt ar leagan amach an fhoclóra d’fhonn tuiscint a fháil ar an tslí inar leag O’ Neill Lane a chuid eolais ar an nGaeilge amach sa bhfoclóir. Díreofar ar dtús ar an liosta giorrúchán a tugadh sa bhfoclóir mar an t-aon áis a thug sé féin lena shaothar a thuiscint, agus ar an gcóras nodaireachta go ginearálta; is é sin go míneofar a raibh i gceist leis na noda sa bhfoclóir. Ina dhiaidh sin, tabharfar cur síos ginearálta ar leagan amach chorp an fhoclóra, agus déanfar meá ar an láimhseáil a deineadh sa bhfoclóir ar na príomhranna cainte.

5.1. ‘List of Contractions’

An liosta nod a thug O’ Neill Lane in LLEID (LLEID: xi):



LIST OF CONTRACTIONS.	
<i>a.</i> —Adjective.	<i>n.</i> —Noun
<i>acc.</i> —Accusative.	<i>nom.</i> —Nominative.
<i>ad.</i> —Adverb.	<i>ord.</i> —Ordinal.
<i>comp.</i> —Comparative.	<i>p.</i> —Participle.
<i>cpd.</i> —Compound.	<i>pp.</i> —Past participle.
<i>cond.</i> —Conditional.	<i>pers. pron.</i> —Personal pronoun
<i>conj.</i> —Conjunction.	<i>pl.</i> —Plural.
<i>d.</i> —Dative.	<i>poss. pr.</i> —Possessive pronoun.
<i>dem.</i> —Demonstrative.	<i>prep.</i> —Preposition.
<i>dem. pr.</i> —Demonstrative pronoun.	<i>pron.</i> —Pronoun.
<i>emph.</i> —Emphatic.	<i>prond.</i> —Pronounced.
<i>f.</i> —Feminine.	<i>rel.</i> —Relative.
<i>fut.</i> —Future.	<i>sing.</i> —Singular.
<i>gen.</i> —Genitive.	<i>sub.</i> —Subjunctive.
<i>gaf.</i> —Genitive singular feminine.	<i>v.i.</i> —Intransitive.
<i>imp.</i> —Imperfect tense.	<i>v.n.</i> —Verbal noun.
<i>imper.</i> —Imperative mood.	<i>v.t.</i> —Transitive verb.
<i>ind.</i> —Indeclinable.	<i>voc.</i> —Vocative.
<i>indef.</i> —Indefinite.	√.—Sign of Indo-European
<i>inter.</i> —Interjection.	root-words.
<i>m.</i> —Masculine.	

5.1.1. *a.*—Adjective

Seo nod a bhí aige chun ceannfhocal Béarla a rangú ina aidiacht don chuid is mó. Ina theannta sin, bhí sé le fáil mar fhochuid de noda eile nár luadh sa liosta giorrúchán, mar shampla, ‘v.a.’, *verbal adjective*, (cf. ‘accoutred’, *ibid*: 21) agus ‘p.a.’, *participial adjective*, (cf. ‘born’, *ibid*: 211), agus é mor ghiorrúchán don fhocal ‘adjective’ i gcónaí laistigh de na noda eile sin.

5.1.2. *acc.*—Accusative

An tuiseal cuspóireach a bhí i gceist leis an méid seo. Thagair sé dó agus é i mbun plé ar ghné éigin de ghramadach nó de shanasáocht ainmfhocal Gaeilge de ghnáth, ach bhain sé le taobh an Bhéarla in áit amháin; dhein sé tagairt don tuiseal cuspóireach chun soiléiriú a dhéanamh ar fheidhm ghramadaí cheannfhocal amháin Béarla:

Whom, acc. sing. and pi. of Who, A : on w. he worked treachery, ar a ndearnaidh sé feall.
See Who. (ibid: 1713)

Chabhraigh an soiléiriú seo leis dul i ngleic leis an gceannfhocal a aistriú go Gaeilge ar shlí níos intuigthe, agus is fearr a thuigfeadh an léitheoir cad a bhí á aistriú de bharr an soiléiriú a bheith déanta ar thaobh an Bhéarla de sa chéad áit. Thagair sé don tuiséal cuspóireach chomh maith agus é ag míniú fheiniméan an chlaochlaithe thosaigh sa Ghaeilge, agus é ag cloí le deighilt shoiléir idir an tuiséal ainmneach agus an tuiséal cuspóireach:

T (teine, furze ; Genista spinosa), U) the sixteenth letter of the Irish alphabet... After the article t- is prefixed in the singular number to mas. nouns beginning with a vowel in the nom. and acc. cases... (ibid: 1545)

5.1.3. *ad.*–Adverb.

De bharr go mbíonn dobhriathra an Bhéarla ina bhfocail aonaracha don chuid is mó, seachas ina bhfrásaí dobhriathra ina gcuirtear réamhfocal le haidiacht mar a bhíonn sa Ghaeilge, is furasta ceannfhocail a dhéanamh astu i bhfoclóirí. B’amhlaidh a dhein lucht Webster, agus dá réir sin, b’amhlaidh mar a dhein O’ Neill Lane ina fhoclóir siúd; tá líon ollmhór dobhriathra i measc na gceannfhocal Béarla aige. Bhí ‘ad.’ aige mar nod chun dobhriathra an Bhéarla a rangú. Níor i gcónaí dobhriathar a bheith tugtha mar fhreagraí dó ar thaobh na Gaeilge ar deireadh áfach; b’an-mhinic a thug sé frásaí dobhriathra:

Designedly, ad., (1) d’aon toisg (ibid: 438).

5.1.4. *comp.*–Comparative.

Ba í breischéim na haidiachta a bhí i gceist leis an nod seo. Ní i gcónaí a tugadh an nod seo i dteannta na foirme lenar bhain sé. Mar shampla, tugadh é le ‘lom’:

Bald, a., ... (2) Bare, undisguised, unadorned, lom, comp. luime : (ibid: 138)

Ach níor tugadh é le ‘carthanach’:

Kind, a., ... (3) Characterized by tenderness or goodness ; benevolent, benignant, gracious, (a) carthanach, -aighe : (ibid: 885)

5.1.5. *cpd.*–Compound.

Ní léir gur úsáideadh an nod seo sa bhfoclóir, agus dá bhrí sin, ní féidir a bheith cinnte faoin mbrí a bhain leis, bíodh is gur dhócha gur ‘comhfhocal’ a bhí ann. Ní nod é a bhí in úsáid ag an Duinníneach ná ag lucht Webster.

5.1.6. *cond.*–Conditional.

Níor úsáideadh an nod seo ach cúpla uair sa bhfoclóir. Is é an fheidhm a bhí leis ná aird a tharraingt ar fhoirm an bhriathair sa mhodh coinníollach ar thaobh na Gaeilge de.

5.1.7. *conj.*–Conjunction.

Bhí an nod seo sa bhfoclóir aige chun cur síos ar idir cheannfhocail Bhéarla (cf. faoin gceannfhocal ‘than’, ibid: 1567) agus leaganacha Ghaeilge (cf. ‘ó’ san iontráil faoin gceannfhocal ‘arising’, ibid: 97) ar chónaisc a bhí i gceist leo.

5.1.8. *d.*–Dative.

Ba nod é seo a bhain le taobh na Gaeilge d’iontrálacha an fhoclóra. Ní fheictear an nod ‘d.’ leis féin riamh faoi mar atá anseo thuas, ach feictear ‘d. pl.’, is é sin, nod a thagair d’fhoirm an ainmfhocail sa tuiseal tabharthach iolra:

Band, n., a company or troop, ... (8) foireann, g. and pl. –fóirne dat. foirn and foireann, d.pl. fóirneibh, f.; (ibid: 140).

Descendant, n., one who descends from as offspring no matter how remote, (1) ó, g. uí and i, dat. ó and ua, dpl. uíbh and íbh ... ; (ibid: 436)

Ba é ‘dat.’, de bharr ar ‘d.’, an nod a bhí aige don tabharthach uatha;

Draught, 7i., ... (2) The amount of drink drawn into the mouth, (a) -deoch, gen. dighe, dat. digh, pl. -a, f. ; (ibid: 490)

5.1.9. *dem.*–Demonstrative / *dem. pr.*–Demonstrative pronoun.

Ba noda iad seo a bhí ceaptha le freastal ar thaobh na Gaeilge den fhoclóir, agus ar na haidiachtaí taispeántacha go háirithe. Níor úsáideadh an nod ‘dem.’ ach aon uair amháin áfach, agus níor úsáideadh an nod ‘dem. pr.’ in aon chor.

All, a., n. and pron., the whole, every, the whole amount, degree, duration, extent, number or quantity, (1) uile ... (g) pron. ... (ii) after the dem. pronouns, as : a. this, so u. ; (ibid: 54).

Ní hé sin le rá nár dheim T. O’ Neill Lane a chúram mar le haidiachtaí taispeántacha áfach; bhí eolas aige ina dtaobh, faoi mar a chífimid. Níl ann ach nár chloígh sé leis na noda a bhí leagtha amach sa “list of contractions” dó féin agus don léitheoir.

5.1.10. *emph.*–Emphatic.

Ba é seo an nod a bhí ag O’ Neill Lane chun tagairt a dhéanamh d’fhoirmeacha treise d’fhorainmneacha agus de fhorainmneacha réamhfhoclacha. Bhí sé bisiúil go maith aige tríd síos.

Him, pron., objective case of sé, he, (1) é ; (2) emphatic form, eisean ... To him, unto him, (a) - dó, emph. dósan (ibid: 780-1)

Mine, pron., belonging to me, my, (1) liom ; (2) emph., liom-sa (ibid: 1021)

5.1.11. *f.*–Feminine. / *m.*–Masculine.

Ba é ‘f.’ an nod a bhí aige chun ainmfhocal baininsneach a chur in iúl agus ba é ‘m.’ an nod a bhí aige chun ainmfhocal firinsneach a chur in iúl. Bhí ‘fem.’ mar ghiorrúchán aige do ‘feminine’ chomh maith, nuair nárbh é inscne an ainmfhocail per se a bhí faoi chaibidil, ach eolas mar gheall ar ainmfhocal baininsneach, nó ar choincheap baineann i suíomh gramadaí éigin. Níor mhínigh sé gur mar seo a bhí sa liosta giorrúchán, ach is féidir an patrún sin a aithint sa chúpla sampla seo a leanas:

H., ... It is used as an aspirate, esp. in books printed in Roman characters. It has also grammatical functions. It follows (a) the article na, gen. sing. fem., when the noun begins with a vowel, as bláth na hóige, the bloom of youth ; (ibid: 732)

Mare, n., the female of the horse and other equine quadrupeds, ... (2) capall, g. -aill, and caiple (U., where láir is seldom used, gearran being the word for horse ; it takes fem. pron. in this sense) (ibid: 984)

T, (1) the sixteenth letter of the Irish alphabet... The article also prefixes t- to nouns beginning with s followed by a vowel, or the liquids l, n, f in the nom. sing. fem. (ibid: 1544-5)

Mar an gcéanna leis an deighilt idir ‘f.’ agus ‘fem.’ aige, bhí ‘masc.’ mar ghiorrúchán aige do ‘masculine’ chomh maith, nuair nárbh é inscne an ainmfhocail per se a bhí á cur in iúl, ach plé mar gheall ar ainmfhocal firinsneach éigin, nó ar choincheapa fireanna, ar shlí ghinearálta. Agus dála ‘fem.’, níor mhínigh sé é seo sa liosta giorrúchán ach oiread, cé gur féidir an patrún sin a aithint sa chúpla sampla seo a leanas:

Age, ... Ages of man, ... (2) leanbaidheacht, -a, f. (7 to 14 masc., 7 to 12 fem.) ; (3) ógántacht, -a, f. (14-21 mas., 12-18 fem.) ; (4) macaomhacht (21-28 masc., 18-25 fem.) ; (ibid: 45)

S, ... Etymologically s is most nearly related to t, which eclipses it or takes its place if it commences a word preceded by the article and is followed by a vowel or l, n or r in the nom. sing. fem, and the gen. sing, masc. (ibid: 1340)

5.1.12. *fut.*–Future.

Is leis an nod seo a dhein sé tagairt d’fhoirm na haimsire fáistíní i gcás cuid de na briathra Gaeilge, faoi fhoirm leama an bhriathair Bhéarla:

Exalt, v.t., to raise high, to elevate, to lift up, árdúighim, -ughadh, fut. árdóchad and áirdeochad : (ibid: 556)

5.1.13. *gen.*–Genitive.

Ba nod é seo a bhain le taobh na Gaeilge d’iontrálacha an fhoclóra, chun tagairt a dhéanamh do thuisil ghinideacha na n-ainmfhocal. Tabharfar faoi deara sna samplaí a leanas áfach nár

úsáideadh an nod ‘gen.’ chun a léiriú don léitheoir cén ceann de na deirí a bhain leis an tuiséal ginideach uatha agus cén ceann a bhain leis an tuiséal ainmneach iolra:

Dreamer, n., one who dreams, a visionary ... (2) taidhbhrichteóir, -óra, -rí, m. ; (ibid: 492).

Window, n., an opening in a wall, fitted with a frame and panes, for the admission of light and air, fuinneóg, -óige, -a, f. ; (ibid: 1720)

Ba mhinicí ná a mhalairt an nod ‘gen.’ a bheith ar iarraidh, déanta na fírinne, agus dá dheasca sin, caithfidh an léitheoir an córas sna hiontrálacha a oibriú amach dó féin, ag tarraingt as a chuid taithe féin ar an bhfoclóir. Ach fós, bhí ‘gen.’ aige mar nod ar uairibh, cé nach féidir mórán de phátrún a dhéanamh amach. Cuireadh ‘gen. id.’, is é sin ‘genitive identical’, le focail nach dtagann athrú ar a bhfoirmeacha sa tuiséal ginideach;

Anchor, n., an iron instrument attached to a cable which when thrown overboard keeps the ship in a particular place, ancoire, gen. id. Pl. –rí f. (ibid: 71)

College, n., a building for study and instruction in the higher branches of knowledge, (1) coláiste, gen. id., pl. –tí, m.; (ibid: 316)

Hall, n., ... (e) a vestibule or corridor, (1) alla, gen. id., pl. –aí, m.; (ibid: 737)

Tearer, n., one who tears, (1) stracaire, gen. id., pl. –rí, m.; (2) stiallaire, g. id., pl., -rí, m. (ibid: 1557)

Feictear chomh maith go bhfuil meascán de ‘gen. id.’ agus ‘g. id.’ sa bhfoclóir. Lasmuigh d’fhocail nach dtagann athrú orthu sa tuiséal ginideach, ní féidir pátrún a dhéanamh amach sna hiontrálacha a luadh ‘gen.’ iontu. Níor cuireadh an nod ‘gen.’ san iontráil faoin gceannfhocal ‘bundle-cloth’:

Bundle-cloth, n., coarse linen cloth, anairt, -e, -eacha, f. (ibid: 141)

Ach cuireadh san iontráil faoi ‘bandog’, an chéad cheannfhocal eile, ar an leathanach céanna. Ní léir cén chúis a bhain lena thabhairt isteach:

Bandog, n., a mastiff or other large and fierce dog, árchú, gen. -chon, pl. -choin and -chona, m. (ibid: 141)

B'fhéidir gurbh amhlaidh gur shocraigh sé ar 'gen.' a thabhairt isteach nuair a bhí an ginideach nó an t-iolra neamhghnách sa tslí agus go m'bhféidir go gcuirfí an foghlaimeoir trí chéile gan soiléiriú a bheith déanta. Ach ní i gcónaí a bhí sé sin amhlaidh ach oiread. Féach mar shampla an iontráil faoin gceannfhocal 'neighbour':

Neighbour, n., a person who lives near another, one whose abode is not far off, (1) comharsa, -an, dat. -ain, pl. -ain, and -anna, f.: (ibid: 1074)

Níor deineadh an soiléiriú ar dóigh le duine go mbeadh sé ag teastáil sa chás seo. Is cosúil mar sin gur go randamach a úsáideadh an nod 'gen.', nó, b'fhéidir gur chóra a rá gur dhearmad a bhí ann nuair nár chuir sé isteach é.

5.1.14. *gsf.*—Genitive singular feminine.

Ginideach na haidiachta baininscní, uatha a bhí i gceist leis nod seo; ba é sin an t-aon fhoirm infhillte den aidiacht a thug sé de ghnáth sa bhfoclóir:

Dirty, a., (1) not clean, filthy, foul, nasty, (a) salach *gsf.* sailche ; (ibid: 458)

Severe, a., (2) Violent, extreme, dian, *gsf.* déine. (ibid: 1389)

Ach mar an gcéanna le 'gen.' thuas, ní i gcónaí a tugadh an '*gsf.*' seo. Bhí an chosúlacht ar an scéal nár tugadh é ach i gcás na n-aidiachtaí rialta a athraíonn go mór sa ghinideach baininscneach uatha. B'aidiachtaí den saghas sin iad 'sailche' thuas agus 'déine' thuas. Arís, más amhlaidh a bhí an córas i gceann O' Neill Lane, ba mhaith an mhaise dó beagáinín de mhíniúchán a sholáthar á thabhairt sin le fios.

5.1.15. *imp.*—Imperfect tense

Ní 'imperative' a bhí i gceist ag O' Neill Lane le 'imp.', cé gurbh é sin an chiall a thug sé dó trí dhearmad in aon áit amháin (cf. 'make', ibid: 972: luaigh sé 'imp. pl.' agus an t-ordaitheach iolra i gceist aige), ach 'imperfect' nó gnáthchaite – nod a bhí aige chun cur síos ar na ceannfhocail Bhéarla ar bhriathra san aimsir chaite a bhí iontu:

Awoke, imp. of Awake... (ibid: 130)

Drank, imp. of Drink... (ibid: 489)

Fought, imp. of Fight... (ibid: 647)

Kept, imp. and p.p. of keep... (ibid: 882)

Más botún uaidh a rá gur gnáthchaite nó ‘imperfect’ a bhí i gceist leis na foirmeacha ‘awoke’, ‘drank’, ‘fought’, ‘kept’, ba ar oidhreacht ó lucht Webster a fuair O’ Neill Lane an nós sin:

Drank (drank), imp. of Drink (Porter, 1907: 451)

Fought (fat), imp. & p. p. of Fight (ibid: 589)

Pé scéal é, níorbh é an aimsir ghnáthchaite a thug sé ar thaobh na Gaeilge de na ceannfhocail Bhéarla seo, ach an ghnáthaimsir chaite;

Began, imp. of Begin : I b. to speak, do thionnsgnas ar labhairt ; he b. to speak, do thosuigh (nó thosnuigh) sé ar labhairt ; (LLEID: 163)

Bore, imp. of Bear (beir), rug (ibid: 210)

Caught, (1) imp. of beirim ar, to catch, do rug : do rug sé orm, he caught me (ibid: 269)

Ba é seo an príomh-mhodh aige mar sin chun foirmeacha den aimsir chaite a chur ar fáil.

Bhí níos mó ná an t-aon úsáid amháin ag O’ Neill Lane don nod seo ‘imp.’; tá díreach léirithe againn go raibh ‘imp.’ aige chun tagairt a dhéanamh don ‘imperfect tense’ faoi mar a bhí tugtha le fios aige sa liosta giorrúchán, ach ar an drochuair, ba mhinic é aige chun tagairt a dhéanamh d’fhoirm an mhodha ordaithigh do bhriathra Gaeilge chomh maith:

Bathe, v.t. and v.i.; to wash by immersion, ... (4) fothragaim, -dh (imp. fothraigh) (ibid: 150)

Bear, v.i., to suffer or endure with patience, ... (3) seasuighim, -samh 7 seas, imp. seas (ibid: 154)

Cover, v.t., ... (3) To cover or hide for the purpose of preservation, coiglm, -gilt, imp. coigil (ibid: 375).

Make, v.t., ... [*note* in parts of Ulster déanaidh, imp. pl. is pron. téanaigh, which is somewhat akin to the sound of the final gh and dh. in Mun] ; he made him to the likeness of God, i gcosamhlacht Dé do rinne sé é (Gen. 5, 1) (ibid: 972)

Number, v.t., to count, to reckon, to enumerate, (1) áirmhim, -reamh, imp. áirimh...
comhairmhim, v.n. comhaireamh, imp. comhairimh (ibid: 1093)

B'earráid shuntasach í seo a chuirfeadh mearbhall ar an léitheoir ós rud é go raibh an modh ordaitheach ina ghné den teanga a raibh 'imper.' ceaptha le freastal a dhéanamh uirthi de réir an liosta giorrúchán.

5.1.16. imper.—Imperative mood.

Ba é seo an nod a chleacht O' Neill Lane chun tagairt a dhéanamh don mhodh ordaitheach sa Ghaeilge. Nuair a tugadh é, bhí an tagairt don nod seo le fáil san iontráil faoin bhfoirm leama den bhriathar Béarla (is é sin, an t-infinideach lom) sa liosta ceannfhocal. Mar shampla:

Find, v.t., to come upon by seeking, (1) faighim, v.n. faghail, imper. faigh... (ibid: 606)

5.1.17. ind.—Indeclinable

Bhain an nod seo le haidachtaí ón dara díochlaonadh nach ndéantar aon infhilleadh orthu i mbreischéim ná i sárchéim na haidiachta, ach dúradh a bheith dodhíochlaonta dá bharr sin.

Disabled, a., deprived ability, rendered incapable, ... (3) martartha, ind. (ibid: 458)

5.1.18. indef.—Indefinite.

Ní cosúil gur deineadh aon tagairt in aon chor don nod seo ón liosta giorrúchán. Is é a bhí i gceist ag an Duinníneach don chuid is mó le 'indef.' ná 'indef. prn.', an forainm éiginnte, mar shampla:

Cách, g. cáich, everyone, all in general, the whole, each, every, all the others ; *indef. prn.*,
(Dinneen, 1904: 102).

Cé nach raibh an nod seo in úsáid aige in aon áit, bhí an rangú céanna déanta ag T. O' Neill Lane ar fhocail den saghas sin, .i., go raibh éiginnteacht ag baint leo nó go n-úsáidtear "indefinitely" iad:

He, pron., ... (2) Anyone, used indefinitely, an té : (LLEID: 737).

Bhí an téarma céanna ag an Duinníneach chun tagairt a dhéanamh don bhriathar saor:

Atáthars, -as, corrupt forms of atáthar, 3 sing. indef. of atáim ; a. ag teacht some one is coming, etc. (Dinneen, 1904: 43).

Agus bhí ag O' Neill Lane chomh maith, in áit amháin ach go háirithe, cé gur úsáid sé an téarma iomlán arís seachas an nod a bhí leagtha amach dó féin.

Intransitive, a., (Gram.), ... Intransitive verbs have no passive form (except indefinite or impersonal passives, e.g., siubhaltar, meastar, &c.) (LLEID: 859).

5.1.19. *inter.*—Interjection.

Ba é a bhí i gceist leis an nod seo ná cur síos ar na ceannfhocail Bhéarla arbh intriachtaí iad, mar shampla:

Hist ! interj., hush ! be silent ! éist ! (ibid: 783)

5.1.20. *n.*—Noun.

Ba nod é seo a cuireadh leis na hainmfhocail agus leis na hainmneacha briathartha ar fad i measc na gceannfhocal Béarla, mar shampla:

Loyalist, n., a person who adheres to his sovereign, fear dílis don rígh (ibid: 961)

5.1.21. *nom.*—Nominative.

Is don tuiseal ainmneach sa Ghaeilge a sheas an nod seo. Nuair a bhí ainmfhocal á chur ar fáil ag O' Neill Lane, ba í a fhoirm sa tuiseal ainmneach an chéad fhoirm de a thug sé i gcónaí, mar shampla:

Bank, n., (1) the margin of a watercourse, lake, river or sea, (a) bruach, -aich, -a, m.: (ibid: 141)

Tabharfar faoi deara anseo áfach nach raibh an nod 'nom.' le feiscint san iontráil seo. Níor mhinic an nod sin a bheith in úsáid aige; bheadh sé le tuiscint gan amhras gurbh é an tuiseal

ainmneach a thabharfadh sé mar leagan leama d'ainmfhocal. Ba í an úsáid ba mhó a bhain O' Neill Lane as an nod 'nom.' mar sin ná tagairt a dhéanamh do thuiséal ainmneach an ainmfhocail i gcomhthéacs (i) plé ar leaganacha malartacha ainmneacha don ainmfhocal céanna:

Cheese, n., the curd of milk coagulated and pressed into a solid mass, cáise, gen. and pl., id., f., also nom., cáis (ibid: 285)

Foe, n., one who entertains a personal grudge, hatred or malice against another, (1) námhaid, gen., námhad, pl. náimhde, f. nom. also náma (ibid: 626)

Pain, n., ... (d) pl. pains in the joints, rheumatic pains, ... (ii) sgoilteacha, f. (sgoiltighe, nom. sing. sgoilteach, Mayo), (ibid: 1139)

Nó (ii) plé bunaithe ar léargas ginearálta maidir leis an thuiséal ainmneach a raibh sé tar éis teacht air nó ar mheas sé tábhacht a bheith leis mar áis foghlama.

Collection, n., ... (2) That which is collected, ... (h) of men, gasradh, -aidh, m. [note that -radh, -raidh and -readh mean a collection or multitude. The correct nom is -ra, -re, gen. -radh, dat. -raidh ; these latter developed a new gen. in -raidhe] (ibid: 316)

People, n., ... (4) With a possessive pronoun, (a) one's ancestors or family, I kindred, relations, muinntear nó muinntir, -tíre, f. ; his p. followed him, leanadar a mhuintir é [Note— If the nom. be a coll. or pi. noun the verb often takes the form of the synthetic 3rd pers. pi., O'D. Gram. 358] (ibid: 1168)

Trench, n., a long narrow cut in the earth for draining, covering troops, etc., ... (8) clas, g. -ach, pl. -a, f. (cf. nom., B LL. IV 112, 3 ; ...) (ibid: 1612).

Ba bhéas leis ar uairibh an nod sin a úsáid chun soiléiriú a dhéanamh ar fheidhm ghramadaí fhocail Bhéarla:

I, pron., the nom. case of the pron. of the 1st pers., mé (ibid: 808)

B'áisiúil agus ba ghá a leithéid de shoiléiriú a dhéanamh ar an mBéarla gan amhras, ach cé gur shuimiúil iad na tagairtí do leaganacha malartacha agus do leaganacha ársa d'fhocail áirithe, ní rabhadar chomh háisiúil céanna; b'fhearr don fhoclóirí Béarla-Gaeilge ar ndóigh leagan canónta d'fhocal a thabhairt gan a bheith ag cur mearbhaill ar an bhfoghlaim le foirmeacha malartacha agus leaganacha a bhí imithe as dáta.

5.1.22. *ord.*–Ordinal

Ba nod é seo a bhí ceaptha aige chun tagairtí a dhéanamh d’orduimhreacha, bíodh is gur chosúil nár úsaid sé é ach an t-aon uair amháin sa bhfoclóir, agus é mar chuid den sainmhíniú ar an bhfocal Béarla:

Fourth, a., the ord. of Four, ... ceathramhadh (ibid: 648)

Ní luaitear an téarma ‘ordinal’ go fiú sa chuid is mó d’iontrálacha a bhain le horduimhreacha; ba eisceachtaí iad ‘first’ thíos, ‘fourth’ thuas, ‘fortieth’ (ibid: 645), ‘hundredth’ (ibid: 503), ‘thirteenth’ (ibid: 1576), ‘twelfth’ (ibid: 1627), ‘twentieth’ (ibid: 1627) ar an mbonn is dócha go raibh an téarma ‘ordinal’ sna sainmhínithe a ghabh leo.

5.1.23. *p.*–Participle

Ní minic a bhíonn an nod áirithe seo le feiscint sa bhfoclóir ina aonar, agus nuair a fheictear ina aonar é, ní haon rangabháil a bhíonn i gceist leis, ach ‘plural’:

Buttock, n., the rump, ... (4) geadán, g. and p. -áin, m. ; (ibid: 244)

Visor, n., the part of a helmet covering the face Which can be lifted or closed at Will, (1)
cealltair, -trach, p., -tracha, f. (ibid: 1675)

Is é ‘participle’ atá i gceist leis maith go leor agus é mar chuid den nod ‘p.a.’, nod a bhí ag an Duinníneach leis, agus arbh é ba bhrí aige sin leis ná ‘participial adjective’ (Dinneen, 1904: xvi).

5.1.24. *pp.*–Past participle

Chonacthas go raibh cuimhneamh éigin ag O’ Neill Lane ar ‘participial adjective’ mar théarma chun cur síos ar an aidiacht bhriathartha sa Béarla go luath sa bhfoclóir, á chaitheamh uaidh ina dhiaidh sin. Is dócha gurbh fhearr ‘pp.’ mar nod a d’fhreagair don aidiacht bhriathartha ar thaobh Gaeilge na n-iontrálacha. Agus chloígh sé leis an nod sin tríd síos, tar éis dó é a thabhairt isteach. Seo thíos cúpla sampla:

Boil, v.i., (1) to boil like water, ... (c) bruithim, v.n. bruith, pp. bruite (U.); (ibid: 204)

Deliquesce, v.t. and i., to dissolve gradually, leaghaim, -adh, pp. leaghta (prond. leachta). (ibid: 427)

Bhí neamhréir gan cheistiú sa bhfeidhm a bhain sé as an nod ‘pp.’ leis an méid seo a leanas áfach: in áit amháin, d’úsáid sé é faoi mar a bheadh sé ag tagairt don ‘imp.’ ar pléadh thuas leis:

Bought, pp. of Buy, ceannuighthe (ibid: 213)

Agus ar chúis éigin, chinn sé in áit amháin eile ar aidiacht bhriathartha a thabhairt d’fhocal a dúradh a bheith ina ainmfhocal, rud atá beagáinín ait:

Sepulture, n., burial, interment, (1) adhnacal, -ail, m., pp. adhnactha ; (ibid: 1382)

5.1.25. *pers. pron.*—Personal pronoun

Ba é seo an nod a bhí ceaptha dó féin do na forainmneacha pearsanta. Mar ba choitianta leis na nota, is cosúil leis an gceann seo chomh maith nár luaigh sé é ach an t-aon uair amháin:

Who, pron., (1) as interrogative pronouns who and its objective case whom ask the question which or what person or persons, cia, cé ... Note.—An interrogative pron. with pers. pron. can ask a question without the aid of the assertive verb is, as : who is Daniel? cia hé Domhnall?; (ibid: 1712)

Lasmuigh de sin, is é an téarma iomlán, seachas nod, a bhí aige chun tagairt a dhéanamh dóibh:

All, a., -n. and pron., the whole, every, the whole amount, degree, duration, extent, number or quantity, (1) uile ... (f.) when it follows the personal pronouns : -maoidh nó -muid, sinn, sibh, siad, as : we are a. very well, támaoid u. go rómhaith... (ibid: 54)

E, ... (2) é in Irish, the acc. form of the personal pronoun sé, he, it.: it is he himself who is there, is é féin atá ann ; ... (ibid: 508)

In, prep., signifies situation or place and is used with verbs signifying being, resting or moving within limits or in limiting circumstances or conditions. It is used, ... In, combined with pronouns : ... All these can be made emphatic by the addition of the particle -sa for singular and -ne for plural, which immediately follow personal pronouns, but in the case of possessive pronouns they come after the thing possessed or after an adjective if there is one. (ibid: 825)

Self, n., used with personal pronouns to express emphasis, -féin ; (ibid: 1377)

5.1.26. *pl.*–Plural.

Ba é a bhí i gceist leis an nod seo ná iolra an ainmfhocail nó iolra an bhriathair ar ndóigh, agus bhí sé in úsáid aige chun cur síos ar thaobh an Bhéarla agus ar thaobh na Gaeilge araon, faoi mar a léiríonn an iontráil seo a leanas:

Ambages, n. pl., circumlocution, “runs” in a story, n., sgoraidhe (pl.), m.: (ibid: 65)

Níor ghnách áfach an nod ‘pl.’ a bheith tugtha i dteannta ainmfhocail Gaeilge mar gur mheas O’ Neill Lane is dócha gurbh intuigthe ó ghnáthord na hiontrála cén fhoirm den fhocal a bhí mar ghnídeach agus cén fhoirm a bhí mar ainmneach iolra srl. Is minicí mar sin a fheictear an nod ‘pl.’ ag O’ Neill Lane mar fhochuid de noid eile nach bhfuil luaite sa liosta giorrúchán in aon chor, dála ‘gen.pl.’ (cf. ‘trench’, ibid: 1612) agus ‘imp. pl.’ (cf. ‘make’, ibid: 972) agus a leithéid

5.1.27. *poss. pr.*–Possessive pronoun.

Is é seo an nod a bhí ceaptha aige don aidiacht shealbhach, ach níor úsáid sé é mórán i ndiaidh dó é a cheapadh mar nod giorrúcháin. Bhí sé aige chun focail ar thaobh an Bhéarla agus le taobh na Gaeilge araon a rangú ina ranna cainte:

D ... (3) Poss. pr., prefixed: d’athair, thy father. (4) Poss. pr., suffixed: dod leathar féin, of your own leather (ibid: 400)

Agus bhí sé mar nod aige a ndéanfadh sé tagairt dó i mbun plé ar an ngramadach agus ar ghá don léitheoir é a thuiscint mar théarma:

N... (2) n. The survival of a case ending belonging to certain words from which it is now separated, and carried forward to the word which follows, causing eclipsis... after a prep, ending with a vowel before the poss. pr. a. (ibid: 1061)

Ach arís, ba mhinicí a thagair sé don téarma iomlán agus é ag plé le haidiachtaí sealbhacha, faoi mar is léir ó:

T, ... (2) possessive pronoun before a vowel: t’oide, thy teacher ; (ibid: 1545)

5.1.28. *prep.*–Preposition

Ba nod é seo a bhí aige chun cur síos ar cheannfhocail Bhéarla don chuid is mó:

In, prep., signifies situation or place and is used with verbs signifying being, resting or moving within limits or in limiting circumstances or conditions... (ibid: 824)

Bhí an téarma ‘prepositional’ nó ‘preposition’ féin an-choiteann aige chomh maith sa chás go mbeadh sé i mbun plé ar ghné éigin den ghramadach, agus lipéad a bheith á thabhairt aige chun tagairt a dhéanamh d’fheiniméan éigin gramadaí, mar shampla:

Going, n., departure, travelling, (1) imtheacht, -a, f. : ... (3) dul, ind. See Go. Note imtheacht can be used independently, but dul must be followed by a prepositional or adverbial phrase indicating destination or purpose, (ibid: 700)

5.1.29. *pron.*–Pronoun.

Nod ab ea é seo a bhí ceaptha aige chun tagairt a dhéanamh d’fhorainmneacha, agus nuair a bhí an fheidhm sin aige, ba ar na ceannfhocail Bhéarla ba mhó a díriodh é:

Herself, pron., (1) an emphasized form of 3rd fem., ise : it is h., ise atá ann ; (ibid: 776)

Him, pron., objective case of ye, he, (1) é (ibid: 780)

Cé gur úsáideadh é ar thaobh na Gaeilge ar uairibh chomh maith:

H, ... (e) after the pron. cia, as cia huair ; (ibid: 733)

Ba mhínic a bhí sé le feiscint mar chuid de noid eile nach raibh luaite sa liosta giorrúchán, dála ‘poss. pron.’ (cf. ‘its’, ibid: 867), ‘reciprocal pron.’ (cf. ‘itself’, ibid: 867), agus ‘pron. adj.’ (cf. ‘his’, ibid: 783), srl.

Ba í an úsáid ba mhó ar fad a bhí aige dó áfach ná ceann nach raibh luaite aige in aon chor sa liosta giorrúchán ach a tháinig salach ar nod eile a bhí sa liosta sin aige; ba do chúrsaí foghraíochta a thagair ‘pron.’ mar nod go hiondúil, cé go raibh ‘prond.’ tugtha aige sa chéad áit

chun an áis sin a dhéanamh. Is léir don léitheoir ó chomhthéacs na samplaí seo thíos gur mar sin atá, ach mar sin féin, is neamhréir é sa chóras foclóireachta a bhí ceaptha aige:

Forge, n., a smithy, ceárdcha, gen. -chan, ... (pron. ceártha) (ibid: 641)

L, it is most closely related... to d which is silent before it as in codladh pron. colla, sleep. (ibid: 894)

5.1.30. *prond.*—Pronounced.

Ba é seo an nod a bhí leagtha amach aige chun tagairt a dhéanamh d'fhoghraíocht na bhfocal. Is ar thaobh na Gaeilge amháin a bhí an t-eolas seo aige, agus ní raibh an t-eolas tugtha ach i gcás ainmfhocal áirithe. Thug sé fuaimniú de réir noirm fhoghareolaíochta na Gaeilge de ghnáth, ach in áit amháin, aisteach go maith, chuaigh sé i dtuilleamaí fhoghareolaíocht Bhéarla an léitheora:

Family, n., (1) the collective body of persons who live in one house under one head, teaghlach (prond. ty-lach) (ibid: 582).

Lasmuigh de seo, agus den neamhréir a bhain le 'pron.' a bheith in úsáid mar nod eile a phléigh le cúrsaí foghraíochta, bhí soláthar na faisnéise ar an bhfoghraíocht rialta go maith.

5.1.31. *rel.*—Relative.

Níor deindeadh ach fothagairt don nod seo sa bhfoclóir, agus é mar chuid den nod 'rel. pron.' gach uair, mar shampla:

All, a., -n. and pron., the whole, every, the whole amount, degree, duration, extent, number or quantity, ... (3) gach, rel. pron., also gach uile : (ibid: 54)

Úsáideadh an téarma féin 'relative' agus é i mbun plé ar ghné de ghramadach a bhain le míreanna coibhneasta:

That, pron., ... (2) As a relative it is equivalent to who or which, (a) té : (ibid: 1568)

What, pron. and a., ... (3) As a relative pronoun, a which eclipses, (a) used substantively: what I say is true, is fíor a n-abraim; (ibid: 1704)

5.1.32. *sing.*–Singular.

Bhí an nod seo in úsáid aige chun idirdhealú a dhéanamh ar thaobh na Gaeilge de idir pearsanra uatha agus iolra d’fhorainmneacha réamhfhoclacha, nó de bhriathra in aimsirí, nuair ba ghá; mar shampla, nuair a bhí an baol ann go gcruthódh iontráil éigin mearbhall toisc foirmeacha uatha agus iolra a bheith á gcur ar fáil taobh le chéile:

Before, prep., (1) in front of, ahead of, preceding in space, (a) roimh(e) : b. me romham; b. you (sing.). romhat ; b. him, roimhe ; b. her, roimpe ; b. us, romhainn ; b. you (pl.). romhaibh ; b. them, rompa ; (ibid: 161)

Bhain sé chomh maith le foirmeacha uatha d’ainmfhocail i dtuisil dhifriúla, agus mar sin, is minic é a bheith mar fhochuid i noid ar nós ‘gen. sing.’ agus ‘nom. sing.’ (cf. ‘breakers’, ibid: 220) srl. Má tugadh ainmfhocal Béarla éigin ina fhoirm iolra mar cheannfhocal, ba é an nós a bhí aige ná a mhacasamhail Ghaeilge a thabhairt air, san uimhir iolra, agus an fhoirm uatha a thabhairt ina dhiaidh sin, le ‘nom. sing.’ á thabhairt aige mar nod chun an t-idirdhealú a dhéanamh:

Smithireens, n. pl., fragments, atoms, smidiríní, m., nom. sing. smidiríní. (ibid: 1436)

Thug sé eolas chomh maith maidir leis na hathruithe tosaigh a bhaineann le hainmfhocail éagsúla sna tuisil uatha éagsúla:

H, ... It follows (a) the article na, gen. sing., fern., when the noun begins with a vowel ; (ibid: 732)

S, ... Etymologically s is most nearly related to t, which eclipses it or takes its place if it commences a word preceded by the article and is followed by a vowel or l, n or r in the nom. sing. fem, and the gen. sing. masc. (ibid: 1340)

T, (1)... (b) ... The article also prefixes c- to nouns beginning with r followed by a vowel, or the liquids t, n, f in the nom. sing. fem. or gen. sing. mas.; (ibid: 1545)

5.1.33. *sub.*–Subjunctive.

Níor deineadh tagairt sa bhfoclóir don nod thuas ná d’aon eolas eile in aon chor a bhaineann leis an modh foshuiteach, ainneoin é a bheith sa liosta aige.

5.1.34. *v.i.*–Intransitive verb. / *v.t.*–Transitive verb.

Bhí an dá nod seo ar fud liosta na gceannfhocal Béarla sa bhfoclóir, agus lig siad dó idirdhealú a dhéanamh idir briathra aistreacha agus briathra neamhaistreacha, mar shampla:

Measure, v.t., to ascertain the dimensions, extent, quantity of capacity of, hence to estimate, to judge, to value, to appraise (1) tómhaisim, -mhas: (ibid: 1002)

Mediate, v.i., to interpose between parties, to entreat for another, (1) eidirtheadhóim, -adh; (ibid: 1003)

5.1.35. *v.n.*–Verbal noun.

Bhí ainmneacha briathartha Béarla áirithe mar cheannfhocail aige, ach níor rangáodh iad mar ainmneacha briathartha; ba é ‘n.’ an nod a cuireadh leosan, á rangú mar ainmfhocail. Ní raibh róphráinn le hainmneacha briathartha a thabhairt i bhfoclóir Béarla-Gaeilge ar aon chuma ós rud é go bhfuil cumadh na n-ainmneacha briathartha sa Bhéarla rialta go maith, is é sin, ní gá ach ‘-ing’ a chur ag deireadh phréamh an bhriathair. Ba ghá ainmneacha briathra na mbriathra Gaeilge ar fad a shoiléiriú áfach, agus ba é sin an fheidhm a bronnadh ar an nod ‘v.n.’. Cuireadh é le formhór mór na mbriathra Gaeilge, faoin bhfoirm léicséime (.i. an t-infindeach lom) den bhriathar Béarla, agus is dócha gur dhearmad uaidh é nuair a fágadh amach iad.

Put, v.t, (1) to place, to lay, to set ; fig., to bring to a stated mental or moral condition ; cuirim, v.n. cur : (LLEID: 1258).

5.1.36. *voc.*–Vocative.

Is é an tuiseal gairmeach a bhí i gceist aige leis an nod seo, cé nár mhinic é a bheith tugtha aige.

Company, n. ... (5) A party, a following, ... (c) drong, g. druinge, pl. id. and -a, voc. Drong dat. druing, f. ; (ibid: 327)

5.1.37. √.–Sign of Indo European root-words

Is le litreacha beaga a chuir sé na noda ar fad in iúl, agus ansin ar deireadh, tháinig creat aduain uilleach ar an bhfód chun súil an léitheora a tharraingt anuas air féin. Is é a bhí i gceist leis seo ná comhartha go raibh bunús ag an bhfocal Gaeilge a bhí i gceist san Ind-Eorpais, dar leis. Is mó bunús eile (idir an Fhraincis agus teangacha Ceilteacha eile) a luaigh sé i dtaca le focail Ghaeilge faoi mar a thabharfar faoi deara sa sampla thíos, ach níor thug sé ciall na nod a bhain leosan le fios sa liosta giorrúchán. Is dócha gur theastaigh ó O’ Neill Lane go ndéanfaí díol suntais den ghné seo dá fhoclóir ós rud é nach raibh foclóir Béarla-Gaeilge ar an bhfód roimhe seo a léirigh baint a bheith ag focail Ghaeilge leis an Ind-Eorpais; theastaigh uaidh is dócha go seasfadh a fhoclóir siúd amach sa tslí chéanna agus a ghobann an nod seo amach ón leathanach ina suíonn sé. Sampla dá úsáid sa bhfoclóir ab ea an iontráil faoin gceannfhocal ‘Hill’ thíos. Ba é ‘tulach’ an tarna focal Gaeilge a thug sé air, agus dhein sé ceangal idir é agus ‘teva’ nó ‘tu’ na hInd-Eorraise: “to swell, to be strong”:

Hill, n., a natural elevation of land less than a mountain, ... (2) tulach, gen. and pl. tulcha, dat. tulaigh. f., dim. tulchán, m. (cf. Gr. *τολος*, knob; *τυλη*, swelling, weal, √ teva ; tu, to swell, to be strong ; Skr. tu, to have power)” (ibid: 780)

5.1.38. Tátal

Is é an méid thuas a raibh ag O’ Neill Lane de mhíniúcháin ar an nodaireacht ina fhoclóir. Rud a bhí suimiúil i dtaobh na nod ann agus an liosta inar thug sé míniú éigin orthu ná go bhféadfadh an té nach dtuigfeadh an téarma mínithe a ghabh le nod áirithe an bhrí leis a chuardach i gcorp an fhoclóra. Ní hé atá i gceist agam go bhfaighfeadh sé léargas breise ón aistriúchán Gaeilge a thabharfaí ar an tearma mínithe, ach ón sainmhíniú Béarla a ghabhfadh leis, faoi mar atá le gach ceannfhocal sa bhfoclóir. Cuirim i gcás, mura dtuigfeadh an léitheoir an téarma ‘nominative’ ón liosta giorrúchán, thiocfadh leis an ceannfhocal ‘nominative (case)’ a lorg sa bhfoclóir, leis an

toradh go bhfaighfeadh sé “that case or form of a noun which stands as the subject of a finite verb” (ibid: 1084) mar mhíniú, chomh maith leis an aistriúchán Gaeilge.

Faoi mar atá ráite, níl an “list of contractions” thuas cuimsitheach in aon chor. Is mó nod atá sa bhfoclóir nach bhfuil sa liosta seo a thug sé féin, agus nach bhfuil luaite sa phlé thuas ach oiread, fiú amháin cinn atá an-chomónta sa bhfoclóir. Tugadh stádas ar leith don Ind-Eorpais sa liosta giorrúchán, mar sin, cé go raibh mórán tagairtí do theangacha eile ar fud an fhoclóra chomh maith. Is léir sin ón iontráil seo a leanas mar shampla:

Kiln, n., ... (4) soirn, -e, f. (Ban. 3, 23) ; cf. L. fornax; W. fform ; Corn, and Bret. forn. (ibid: 884)

Bhí an Laidin, an Bhreatnais, an Choirnis agus an Bhriotáinis ar taispeáint aige, ach ní raibh aon nod aige sa liosta giorrúchán á soiléiriú do dhuine b’fhéidir nach dtuigfeadh a raibh i gceist. Nod eile ab ea ‘coll,’/‘(Coll.)’ a thug cnuasíolraí le fios ar thaobh an Bhéarla agus ar thaobh na Gaeilge, agus a bhí mar nod fiú amháin istigh i sliocht scríbhneoireachta ar ghné éigin den teanga, mar shampla:

Ember, n., a live coal smouldering among ashes, (1) gríosach, -aighe, f. (coll.) ; (ibid: 525)

People, n., ... (4) With a possessive pronoun, (a) one's ancestors or family, I kindred, relations, muinntear nó muinntir, -tíre, f. ; his p. followed him, leanadar a mhuintir é [Note— If the nom. be a coll. or pi. noun the verb often takes the form of the synthetic 3rd pers. pi., O'D. Gram. 358] (ibid: 1168)

Bhí ‘(colloq.)’/‘colloq.’, chomh maith le ‘idiom’, mar noda aige a dhein léiriú ar an réim chainte lenar bhain frása nó téarma ar leith. Tabharfar faoi deara go raibh tuairisc aige ar réim úsáide na bhfocal Béarla mar aon leis na focail Ghaeilge.

Certainly, ad., without doubt, unquestionably, ... (7) Idiom : he will certainly come, ní baoghal ná go dtiocfaidh sé (ibid: 274)

Cocksure, a. (colloq.), quite certain, (1) dearbhtha, ind.; (2) diongmhála, ind.; (3) lánchinnte (ibid: 312)

Fuss, n., unnecessary or annoying bustle about trifles, ... (4) colloq. futa fata, g. id., m.; (ibid: 667)

Pine, v.i., to languish, to lose, flesh, to waste away, ... (4) idiom, he pined away, do chuaidh sé as (ibid: 1188)

I dteannta na réime úsáide, bhí lipéid úsáide curtha le téarmaí áirithe sa bhfoclóir aige chomh maith, lena thabhairt le tuiscint cén réimse den saol lenar bhain sainfhocail. Ar na noda éagsúla den saghas seo sa bhfoclóir, bhí (Bot.) (cf. ‘bluebell’, ibid: 199), (Mus.) (cf. ‘concord’, ibid: 337), (Gram.) cf. ‘feminine’, ibid: 557), (Med.) (cf. ‘julep’, ibid: 877), (Rhet.) (cf. ‘monotone’, ibid: 1038), (Geom.) (cf. ‘plane’, ibid: 1195), (Surg.) (cf. ‘amputate’, ibid: 69), (Myth.) (cf. ‘dragon’, ibid: 489), (Ornith.) (cf. ‘avocet’, ibid: 127), (Law.) (cf. ‘evidence’, ibid: 554), agus (Poetic.) (cf. ‘ope’, ibid: 116), i measc mórán eile. Is minic a thug sé fobhrí ar leith do shainchiall cheannfhocail éigin, agus é aicmithe de réir an lipéid úsáide:

Burn, v.t., ... (5) to cauterize (Surg.), loisgim... (ibid: 238-9)

B’inmholta an cur chuige foclóireachta seo gan amhras; ba mhór an chabhair é don chuardaitheoir agus é i mbun an rogha cheart a dhéanamh ar an bhfocal a bheadh uaidh. Ba é sin an sprioc a bhí ag O’ Neill Lane mar fhoclóirí; soiléiriú a dhéanamh i gcásanna ina mbeadh ar dhuine rogha a dhéanamh ar fhocal amháin thar focal eile. Is mar seo a mhínigh sé féin é i litir chuig Roger Casement:

An English-Irish Dictionary is of more value at the present time than an Irish-English one as many of the teachers have only a very imperfect knowledge of Irish. They know the right English word to use but they do not know its Irish equivalent or how to use it if they did. My dictionary will smooth away this difficulty (O’ Neill Lane, 1909).

Ach is é an trua é nár tugadh eolas ina réamhrá mar gheall ar na noda a raibh an soiléiriú bunaithe orthu. Ní léir cén dearcadh a bhí ag O’ Neill Lane ina thaobh seo ach go háirithe; d’fhéadfadh sé gur shocraigh sé go mbeadh noda den saghas seo sa bhfoclóir intuighthe don saghas duine a

bheadh i mbun foclóir a úsáid. Ach mura mbeidís intuigthe do dhuine éigin, agus sa chás nach mbeidís mínithe aige féin sa liosta giorrúchán, ba é deireadh gach seifte don léitheoir stuama ná dul agus foclóir eile a cheadú. Ba iad na noda céanna a bhí tugtha i bhfoclóir an Duinnínigh (Dinneen, 1904: xv, xvi) agus in WID (Porter, 1907: 1919-1923). Ní fios arbh é sin an cur chuige a mholfadh O' Neill Lane d'úsáideoirí a fhoclóra nó nárbh ea. Ach is é is dóichí ná gur mar gheall ar bhrú ama nár cuireadh "list of contractions" cuimsitheach sa bhfoclóir.

5.2. Leagan Amach an Fhoclóra

Bhí 1748 leathanach sa bhfoclóir mór ar éirigh le T. O' Neill Lane a fhoilsiú ag deireadh a shaoil. Sna leathnaigh sin bhí nach mór 30,000 ceannfhocal Béarla ar deineadh scagadh machnamhach ar a mbríonna agus ar a bhfobhríonna, agus iad rangaithe in ord aibítire, ar ndóigh. Is ait mar a chaith sé na litreacha féin mar cheannfhocail. Cuireadh tús le gach aon rannóg sa bhfoclóir le litir gan amhras; is é sin go raibh iontráil ar an litir 'a' i dtosach na rannóige do shraith na bhfocal dar tús 'a'. An rud a bhí ait mar gheall air seo ná an chuma gur ghlac sé leis na litreacha mar cheannfhocail Ghaeilge, á míniú de réir a gcéille sa Ghaeilge, ainneoin gur fhoclóir Béarla-Gaeilge a bhí idir lámhaibh aige. Cuirim i gcás na hiontrálacha faoi na ceannfhocail 'D' agus 'O':

D (1) the fourth letter of the Irish alphabet, called dair (the oak tree) ; it is closely related to c, with which it was in certain conditions interchanged and which it eclipses. (2) As a numeral it represents 500. (3) Poss. pr., prefixed: -d'athair, thy father. (4) Poss. pr., suffixed: dod leathar féin, of your own leather. (ibid: 400)

O, (1) O (oir, the shrub broom), the twelfth letter of the modern Irish alphabet. Etymologically o is most closely related to a (cf. cos, a foot ; casán, a footpath), and u (cf. corp, g. cuirp, a body ; corn, g. cuirn, a cup). In parts of Ulster o long is pronounced like a in hall, but its general pronunciation is like in more. The short sound of o is like the same vowel in mother, brother, which is nearly that of u short in English. (2) in Irish (a) cousinship (see Cousin) ; (b) from, since (see in Vocabulary). (3) O', a prefix to Irish names meaning a grandson or descendant, ó, ua, as O'Neill, ua Néill ; O'Connell, Ó Conaill (4) O ! interj., (a) an exclamation used in directly addressing a person, a, as Lord ! a Thighearna ; (b) an emotional or impassioned exclamation expressing pain, grief, surprise, desire, fear, etc., uch, uchón, olagón. (ibid: 1095)

Ní féidir a shéanadh ach gur luachmhar an t-eolas é seo go léir, ach ní fhéadfaí a rá gur chúram é

don fhoclóirí Béarla-Gaeilge. Is geall le hiontrálacha ó fhoclóir Gaeilge-Béarla iad seo thuas.

Féach na hiontrálacha céanna ag an Duinníneach:

D (Dair, the oak tree), the fourth letter of the Modern Irish Alphabet. D', contr. for do, de, preps., and for do, poss. prn. (which somet. becomes t') ; also for -do, verbal particle, pf. tense, act. and pass., and verbal noun (Duinnín, 1904: 218)

O, (oir, the broom), the twelfth letter of the Modern Irish Alphabet. Ó, g. uí and í, pl. uí, d. ó and ua, voc. a uí, gpl. ua, dpi. uíbh and íbh, voc. pl. a uí, m., a grandson, a descendant. See ua. Ó (ua), cousinship ; tá siad ar (or idir) a dá ó, they are second cousins ; ... Ó, interj., O, oh ! Ó, alas, woe is me ! olagón ó, alas, alas ! (ibid: 522-3)

Bhí na hiontrálacha seo an-chosúil le chéile, maraon leis an laimhseáil ar na litreacha ar fad go ginearálta, bíodh is gurbh fhoclóirí iad a raibh aidhmeanna an-dhifriúla acu. Is é an fáth leis seo ar ndóigh ná gur ghlac O' Neill Lane leis na litreacha mar litreacha Gaeilge nuair gur dhóigh le duine go mbeadh ar fhoclóirí Béarla-Gaeilge glacadh leo mar fhóinéimí Béarla.

Pé scéal é, chuir O' Neill Lane nod gramadaí le formhór mór na gceannfhocal Béarla. Ina dhiaidh sin, le beagnach gach aon cheannfhocal, bhí sainmhínte éagsúla Béarla chomh maith, iad rangaithe agus scagaithe óna chéile le huimhreacha de réir na sainbhríonna den fhocal Béarla a raibh sé le Gaeilge a chur air:

Merit, n., (1) desert in a good or bad sense... (2) Worth, excellence... (ibid: 1011)

Is i ndiaidh chúram an tsainmhínte a thug sé an focal Gaeilge cuí, agus an t-eolas gramadaí a bhain leis, agus tagairt d'fhoinsé an fhocail má bhí aige. Sampla den chur chuige sin a bhí aige ab ea an iontráil faoin gceannfhocal 'fast':

Fast, n., (1) voluntary abstinence from food as a spiritual discipline, trosgadh, -aidh, m.: ... (2) Complete fast for a certain time, céalacan, -ain, m.: ... (3) Fast for three days, tréadhanas, -ais, m. (4) Rigorous or black fast, dubhthrosgadh, -aidh, m.; ... (5) Fasting on Friday, aoine, g. id., pl. -nte, f. (ibid: 587)

Tar éis dó an gnáthchur chuige sin a leanúint, (.i., ceannfhocal Béarla, scagadh sna na fobhríonna, noda gramadaí, focal Gaeilge, noda gramadaí agus an uair sin eolas gramadaí), d'fhéadfadh aon

rud in aon chor a bheith tugtha aige, idir shanasaíocht, shamplaí léirithe, phlé ar ghnéithe de ghramadach ar an bhfocal, scéalta ón mbéaloideas, rannta filíochta, phaidreacha, chomhairle ar úsaid an fhocail, staróga ar úsaid an fhocail, nó meascra éigin den saghas sin, rud a chuir le saibhreas agus le cló pearsanta an tsaothair gan aon amhras.

Affray, n. , a tumultuous disturbance of the peace, (1) a quarrel, (a) bruighean, -ghne, -geanta, f.; (b) troid, -oda, pl. id. f.; (c) caismirt, -e, -í, f.; (d) imreas, -ris, m. (2) Brawl, (a) buaidhirt-dheartha, f.; (b) ciapáil, -ála, f.; (c) achrann, -ainn, m.; (d) connspóid, -e, -í, f.; (e) ceannairc, -e, f.

The Irish words under "quarrel" indicate more blows than talk, while those under Brawl generally signify a war of words. (ibid: 41)

Fade, v.i., (1) to lose colour or brightness, tréigim, -gean. This is the word used when a colour fades. (ibid: 575)

Mausoleum, n., a magnificent tomb, feart, -a, . (LL. 87) ; tuamba oirdheirc marmuir, chúig cnámhraoi déag 7 fiche ar aoirde; cheithre troighthe 7 dá fhichitt na thimchioll, ar na conggháil suas le n-a sé déag 7 fiche do phiolóiribh áille iongantacha, noch do thóg an rioghain Artemisia i n-onóir a fir phósta Mausolus, Rígh Chríche Cara ; agus do measadh an tuamba so mar aon do seacht n-iongantuis an domhain (O' Beg.) (ibid: 995)

Melted, a., reduced from a solid to a liquid state, leagtha (pron. leachta). [Note.—This is a survival of the guttural sound which gh formerly possessed in the middle of words.] (ibid: 1007)

Omen, n., any occurrence supposed to portend the character of some future event, a presage, an augury, (1) tuar, -air, m.: Marta tirm tuar plannda; (2) fáistine (prophecy), g. id., pl. id., and -ní, f. [Note.— The following rann gives some of the occurrences of the kind referred to:

Chuala mé an chuach is gan biadh

in mo bhroinn

An chéad seilide ag siubhal ar

a' leic luim

Uan dubh is a thón liom

B'urus damh aithint nach n-eireóchadh

An bhliadhain sin liom. (ibid: 1111)

B'ait í an iontráil a tugadh faoin gceannfhocal 'appertain'. Bhí seacht bhfobhrí is fiche faoi, agus an chuma ar an bhfoclóir ar feadh píosa go raibh sé tar éis iompú ina fhoclóir Béarla-Gaeilge-Béarla. Is maith an rud é gur thug sé faoi bhríonna uile an bhriathair 'bain' a mhíniú, agus tá deachosúlacht ar an méid gur ó na seandaoine a d'fhoghlaim sé conas idirdhealú a dhéanamh idir na bríonna éagsúla a bhain leis an mbriathar. Ach ar deireadh, is léir gur chuaigh sé thar fóir le líon

na bhfobhríonna:

Appertain, bainim, v.n. bain, baint; I appertain or belong to; appertaining; also beanaim and buainim, v.n. buain and buaint (applied only to reaping in M.)... (Note. Bainim is used in such a variety of ways by the old people that it might be convenient to set down here all of them I know.) (1) Cut, dig, lift, strip, strike, as ag baint fhéir, choirce nó mhóna... (2) To strike violently or hastily against: lest thou dash thy foot against a stone, d'eagla go mbainfeadh do chois le cloich (Ps. 91, 12). (3) Bainim, I take a thing unoffered, as opposed to glacaim, I take a thing that is offered to me. (4) Bainim as, I draw, take; (5) bainim... ar (a) I take from ; (b) I anticipate a person in taking a thing... (6) bainim = take, having the force of, happen, seize, overtake or come by chance: (7) Move, pull, ring, as bain an clog, pull the bell-rope... (8) bain de, to cease, undo, unloose, let go your hold of a thing: ... (9) bain de, extort, remove, take off, undress, unvest, etc.: ... (10) See Belong, chá [sic]¹⁶ mbaineann sé do'n bhaile seo... (11) bainim amach, achieve; make out... (12) bainim amach, take possession of, exact, eke out... (13) bainim, I win, succeed: the Arab won the race, bhain an t-Arab an rása. [It is generally pronounced as if written bhuin (exactly = win) in Ulster, and always in Achill Island, J. M. O' R.; also in parts of M.]... (14) bhain mé amach 'n-a dhiaidh, I followed them that is shrewdly (in a sharp sense), ably, keeping well in possession of their movements, they were not going to elude me (J. M. O' R.). (15) bain faoi, to humble: bainfear fút, you will be humbled (Or.);... (16) Ag baint sméar nó cnó, picking blackberries or nuts. See (1). (17) an ceann do bhaint de'n sgéal, to make a clean breast of it, it own up. (18) bhain sé as i mbárr na bhfásgaí, he rushed off as fast as possible; (19) Ní'l aon bhaint agam leis, I have nothing to do with him. See (10). (20) bain bárr na cluaise díom mara bhfuil an fhírinne agam, I assure you in all confidence it is true... See (1). (21) Bhain sé amach sa gcainnt, he warned to his subject... (22) bhain sé aithis asam, he snubbed me. (23) Agus mearbhall ar bith níor bhain dó gur bheannuigh sé isteach, and nothing out him astay until he entered. (24) bhain ocras dó, he got hungry (M.B.). (25) bhain sé preab asam, he startled me, took a "rise" out of me. (26) bhain sé a choiméad beatha as, he got his livelihood from it. (27) bainfead sásamh de, I will have satisfaction from him. (28) ar tí deatach a bhaint as na tighearnaibh talmhan, about to "knock" smoke out of the landlords. (ibid: 88)

Is mór an seans go laghdódh foclóirí eile líon na bhfobhríonna ansin go dtí a leath, nó níos lú. Ag dul tríd an bhfoclóir, agus go háirithe ar scrúdú na iontrála den saghas seo thuas do dhuine foclóireachta, is tapaidh a thiocthadh an tuiscint chuige gur bailiúchán giobach teanga é seo nach raibh cuimhneamh ann d'eolaíocht na foclóireachta i gcónaí. Bhí iarrachtaí ar chóras foclóireachta a chur i bhfeidhm áfach. Shabháil sé spás sa bhfoclóir, cuid mhór den am, murar dhein sé amhlaidh mar nós imeachta, trí cheannfhocal na hiontrála a ghiorrú sna samplaí léirithe, mar shampla:

¹⁶ Bhí 'chá' in ionad 'cha' aige tríd síos sa bhfoclóir.

Faithful, a., (1) having faith or belief, creidmheach, -mhighe: how is the f. City become a harlot, ciondus do rinneadh méirdreach don chathuigh chreidhmhigh (Isa. 1, 21) (ibid: 578)

Níor thug sé ach an chéad litir ón bhfocal, agus ponc ina dhiaidh. Ina theannta sin, tar éis dó focal Gaeilge a thabhairt in iontráil ar leith, bhí córas aige le giorrúcháin a dhéanamh ar a fhoirmeacha infhillte agus é ag soláthar na leaganacha éagsúla den fhocal sna tuisil dhifriúla agus san iolra agus mar sin. Is é an cur chuige a bhí aige ná fleiscín a chur i dtosach an fhocail, ag seasamh don chuid den fhocal a raibh an gnáthleagan de ar aon dul leis chomh fada le túslitir an infhillte.

Dodge, n., a cunning trick or artifice, constaic, -e, -í, f. (ibid: 482).

B'amhlaidh a bhí don láimhseáil a deineadh sa bhfoclóir ar gach aon fhocal Gaeilge ar tugadh eolas deilbhíochta ina thaobh, agus ar ndóigh, tugadh eolas deilbhíochta do nach mór gach aon fhocal.

Is é an sprioc a samhlaíodh leis an bhfoclóir tráth a fhoilsithe ná áis a dhéanamh don mhac léinn nó don fhoghlaimoir. Is é a bheidh sa chéad chuid den chaibidil seo mar sin, faoi mar a dúradh ag tosach na caibidle, ná scrúdú a dhéanamh ar an láimhseáil a deineadh ar na codanna den teanga a mbeadh foghlaimoir ag faire amach dóibh; is iad sin na ranna cainte.

5.2.1. An t-alt

Bhí eolas ag O' Neill Lane i dtaobh an ailt chinnte sa Ghaeilge faoin gceannfhocal 'the' an Bhéarla, faoi mar a bheifí ag súil. Ba chuimsitheach an t-eolas gramadaí a tugadh ann, agus b'áisiúil an tuairisc a tugadh ar chomhthéacs a úsáide:

The, definite article, a word placed before nouns or before adjectives when they precede their nouns to limit their meaning, an, na : the world, an domhan, an chruinne... The article is not used before a noun which governs another in the genitive case, though both are limited in meaning, as : the Son of Man, mac an duine... The same rule holds when the possessive is joined to the noun governed, as : the work of his hand, obair a láimhe. In Irish the article is also used idiomatically, (i) before a substantive followed by the demonstrative pronouns so, sin, úd : this man... (ii) also often before uile, all, every, as: an uile dhuine, every person. (2) Before a

noun preceded by its adjective, as : he is a good man, is maith an fear é. (3) Before the names of countries, places and rivers, as : an Spáinn, Spain ; ... Éire, Ireland, and Alba, Scotland, are exceptions, but they often have it in the genitive, as : Rígh na hÉireann, Rígh na hAlban. (cf. O' Don. Gram. 345, 6). (ibid: 1590)

Ba shoiléir don té a lorgódh 'a' nó 'an' mar ailt éiginnte nárbh ann dá leithéid sa Ghaeilge:

A, ... (2) ... There is no word in Irish for the indefinite article. It is always understood: Is cearc í, it is *a* hen (ibid: 2)

An. There is no word in Irish for the indefinite article. It is always understood, is eascú í. It is *an* eel (ibid: 70)

5.2.2. An aidiacht

Dála ar dhein sé le gach aon cheannfhocal eile ina fhoclóir, ghabh sainmhíniú Béarla leis na haidiachtaí Béarla i bhfoclóir O' Neill Lane, rud a chabhraigh leis smacht a choimeád ar an réimse chéille a bhí ag aidiachtaí áirithe. Féach mar eiseamláir an iontráil faoi 'gentle':

Gentle, *a.*, (1) well-born, uasal, -aisle. (2) Quiet and refined in manners, mild, meek, tender, (a) caomh, -oimhe ; (b) ciúin, -e ... (c) mín, -e ; (d) caoin, -e ... (e) sócamhail, -mhla ; (f) réidh, -e ... (g) tais, -e ; (h) séimh, -e ; (i) ceannsa, ind. (3) Quiet and docile, peaceable, (a) cneasta, ind.; (b) míonla, ind. (4) Soothing, pacific, (a) suaimhneach, -nighe ; (b) socair, -cra ; (c) mánla, ind. (ibid: 681)

Ar ndóigh, ba ó lucht Webster a fuair O' Neill Lane an t-idirdhealú seo idir na ceithre phríomhbhrí ag an bhfocal Béarla 'gentle'. Ghlac sé leis mar chreatlach chun eagar a chur ar a stór féin d'aidiachtaí Gaeilge a d'fhreagródh don fhocal 'gentle'.

Is é an t-ainmneach uatha den aidiacht Ghaeilge a thug O' Neill Lane i ndiaidh na gceannfhocal Béarla (arb aidiachtaí iad) agus na sainmhínithe a ghabhann leo, agus tugadh an ginideach baininscneach den aidiacht Ghaeilge i ndiaidh an ainmnigh uatha. Níor tugadh foirm na haidiachta sa tuiseal ginideach firinscneach ná san ainmneach iolra;

Doltish, *a.*, dull, stupid, támhánach, -aighe (ibid: 484).

Good, *a.*, (1) possessing excellent qualities ... maith, -e (ibid: 701).

Genuine, *a.*, (1) authentic, real, dearbh, -a (ibid: 682)

Interesting, a., exciting interest, curiosity or emotion, (1) spéis-amhail, -mhla (ibid: 856)

Quick, a., (1) alive, living, animate, beó, *ind.*

Fágadh faoin léitheoir teacht ar an tuiscint dó féin gurb ionann foirm an ghinidigh bhaininscnigh den aidiacht agus foirm na breischéime den aidiacht. Bhí an méid sin leagtha amach go soiléir (ainneoin earráid a bheith aige sin sa mhéid is gur thug sé sin le fios gur “dative singular feminine” a bhí i gceist seachas “genitive singular feminine”) ag an Duinníneach ina réamhrá-sa: “after adjectives, the dative [sic] singular feminine, which is also in general the same as the comparative and superlative, is given” (Dinneen, 1904: xvi). I gcás na n-aidiachtaí neamhrialta Gaeilge nach bhfuil neamhrialta sa Bhéarla, thug O’ Neill Lane le fios trí chúpla nod a thabhairt go raibh difear idir foirmeacha na breischéime den aidiacht agus foirmeacha an ghinidigh bhaininscnigh. Uaireanta, chun idirdhealú a dhéanamh idir an tsárchéim agus an ginideach uatha, thug sé an nod *g.s.f.*, “genitive singular feminine”, le haidiachtaí neamhrialta den chineál seo. Tá sampla le feiscint sa mhéid seo thíos:

Bad, a., evil, hurtful, painful, injurious, offensive, inconvenient, unfavourable, imperfect, (1) olc, comp. measa, sup. is measa ; miste somet. = measa (LLEID: 134)

Big, a., (1) large, mór, *comp.* mó and móide, méide (*N. Con.*), *g.s.f.* móire (ibid: 181).

Empty, a., (1) containing nothing, having nothing within, (a) folamh, *g.s.f.* foilmhe ; also folmha

Small, a., (1) little in size, quantity or degree, (a) beag, *gsf.* bige, *comp.* lugha (ibid: 1433)

Feictear i gcás ‘big’ go bhfuil nod eile nár míníodh sa liosta giorrúchán; .i., ‘somet.’. Is é an fheidhm a bhí aige ná a chur in iúl nárbh ann d’fhoirm nó do leagan éigin ach cuid den am, .i., ‘sometimes’. Feictear leis an méid sin go raibh oiread taithe ag O’ Neill Lane ar chanúintí difriúla na tíre go raibh sé in ann tarraingt as an eolas sin chun foirmeacha suimiúla malartacha a thaispeáint; sa chás seo, i mbreischéim na haidiachta Gaeilge ‘mór’. Tá tuilleadh saibhris le sonrú

sna hiontrálacha faoi ‘clear’ agus a leithéid mar shamplaí den nós a bhí aige cora cainte a bhaineann le húsáid aidiachtaí sa chaint a chur ar fáil le haidiachtaí áirithe:

Clear, a., (1) bright, transparent, luminous, (a) glan, -aine : as c. as water, chomh glan le huisge (ibid: 300)

Gray, a., ... (1) white mixed with black, ... (1) white mixed with black, ... (b) glas, -aise : as g. as a badger, chomh g. le broc ; a g. horse, capall g., never liath, except as a noun (ibid: 714).

Nasal, a., (1) of or pertaining to the nose, ... (2) Speaking through the nose, ... (c) gungach, -aighe: you are as n. as a Yankee, táir chomh gungach le Punncán (Or.). (ibid: 1064)

Bhí eolas luachmhar breise ón gcaint bheo aige faoin gceannfhocal ‘gray’, inar mhol sé nár ghnách an aidiacht ‘liath’ a lua le hainmhithe, ach gurbh é ‘glas’ an dath a bheadh orthu de réir ghnás na Gaeilge. Is maith an spléachadh a thabharfadh a leithéid seo de shampla, a léirigh dearcadh sonrath an chainteora Ghaeilge ar dhathanna, nó ar “the mental attitude of the people” ina chuid friotail féin (ibid: viii). Tugadh deimhniú leis an sampla faoi ‘nasal’ go raibh bunús ag an sampla áirithe sin uaidh sa chaint.

I gcás na n-aidiachtaí atá neamhrialta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, tugadh an fhoirm neamhrialta Ghaeilge a d’fhreagródh dóibh faoin gceannfhocal Béarla cuí. Mar shampla, níl aon lua ar ‘fearr’ faoin gceannfhocal ‘good’ mar bhreischéim de ‘maith’, agus tá sé faoin gceannfhocal Béarla ‘better’:

Better, a., (1) preferable in regard to value, use, fitness, rank, safety, acceptableness, etc., fearr, comp. of maith (ibid: 176).

Níor tugadh aon chomhairle ar conas struchtúir bhreischéime agus shárchéime a chur le chéile sa Ghaeilge áfach, is é sin, gur ghá ‘níos’, ‘níb’, ‘ní ba’, ‘is’, nó ‘ba’ a chur roimh cheann de na céimeanna comparáide, á shéimhiú mar is cuí. Is ar shlí chliathánach a thagann an léitheoir ar an eolas sin i bhfoclóir O’ Neill Lane; tugadh a leithéid faoi na céimeanna comparáide sa Bhéarla, agus dá bhrí sin, gheobhfar ‘níos sia’ faoin gceannfhocal (ar dobhriathar é seachas aidiacht)

‘further’ sa bhfoclóir (ibid: 666), agus ‘níos aoirde’ chomh maith le ‘is aoirde’ faoin gceannfhocal ‘higher’ (ibid: 779). Is é an trua é nár thug sé le fios gur bhain an leagan ‘níos sia’ le Gaeilge na Mumhan seachas ‘níos faide’ tríd an tír, blúire eolais a luífeadh leis an dúil a bhí ag O’ Neill Lane in éagsúlachtaí foclóra de réir na gcanúintí difriúla.

Further, ad., to a greater distance, in addition, moreover, (1) níos faide, níos sia (ibid: 666).

Higher, a., comp. of High, (1) in altitude, níos aoirde ; superl., is aoirde : the highest man, an fear is aoirde ; also áirde (ibid: 779).

Feictear go bhfuil nod amháin istigh sa tagairt dheireanach sin nár luadh i liosta oifigiúil na ngiorrúchán in aon chor, agus is é sin ‘superl.’, ar leor é mar nod don eolach a thuigfeadh gur ‘superlative’ a bheadh i gceist. . Ba é ‘sup.’ an nod eile a bhí ag O’ Neill Lane fo-uair chun foirm na haidiachta sa tsárcéim a léiriú, faoi mar a fheictear faoin gceannfhocal ‘bad’ thuas, dearmad a mbainfeadh an baol leis go gcuirfí mearbhall ar an bhfoghlaimoír. Ós rud é gur cuireadh “list of contractions” sa bhfoclóir seo a bhí ceaptha le freastal a dhéanamh ar mhic léinn, ba dhóigh le duine go ndéanfaí rogha ar cheann amháin ann, go míneofaí a leithéid go soiléir, agus gcloíff leis ar mhaithe le soiléireacht.

Tá aidiachtaí eile ann, dála ‘tomhaiste’ agus ‘claoidhte’ thíos, agus níor tugadh aon nod ná eolas breise leo, agus an fáth a bhí leis is dócha ná nach gnách iad a chur ina gcéimeanna comparáide, agus nach féidir infhilleadh a dhéanamh orthu ar aon chuma. Bhí nod aige (a mbeifear ag féachaint air níos déanaí) sa liosta giorrúchán a thabharfadh an chiall sin leis – ‘ind.’, *indeclinable* – ach níor cuireadh le haidiachtaí mar seo ar chuma éigin. Is dócha arís gur bhraith O’ Neill Lane nár ghá a chur in iúl go raibh a leithéid d’aidiacht dodhíochlaonta mar nach gnách iad a úsáid san iolra ná ina gcéimeanna comparáide. Níor mhiste soiléiriú ina leithéid de chás.

Measured, a., having the extent or capacity ascertained, tomhaiste (ibid: 1002)

Overpowered, a., vanquished, subdued, claoidhte (ibid: 1134).

5.2.2.1. An aidiacht bhriathartha

Dhein O' Neill Lane idirdhealú idir gnáthaidiacht agus an aidiacht rangabhála sa Bhéarla i gcorráit, cé nach léir cén bonn ná gá a bhí aige leis an idirdhealú sin a dhéanamh i bhfoclóir Béarla-Gaeilge. Ba é 'p.a.' an nod lenar dhein sé an t-idirdhealú sin, faoi mar a chonacthas thuas:

Abhorred, p. a., fuathuighthe. (ibid: 5)

Affianced, p.a., (1) pós-gheallta, ind.; (2) móidhte, ind.; (ibid: 40)

Born, p. a., brought into life, (1) beirthe nó béartha ... (cf. beirim, I bear or carry) (ibid: 211)

Níor cloíodh leis an scagadh sin idir an aidiacht rangabhála agus an ghnáthaidiacht tar éis an cheannfhocail 'born' áfach. Tá seans ann gur tuigeadh dó tar éis tamaill nach raibh tábhacht leis i bhfoclóir Béarla-Gaeilge. Mura mbeadh gá le caint ar aidiacht rangabhála i bhfoclóir Béarla-Gaeilge áfach, cruthaíodh deacrachtaí sa bhfoclóir nuair a tugadh stádas gnáthaidiachta do cheannfhocal Béarla a d'fhéadfadh bhriathair a bheith i gceist leis. Bhí sampla de dheacracht den chineál sin follasach san iontráil faoin gceannfhocal 'arrested':

Arrested, a., ... (1) gabhtha (also gaibhthe), (2) tógtha ; (3) beirthe ar. (ibid: 101)

Ba é 'arrest' an ceannfhocal a tháinig díreach roimh an gceann seo, ach níor tugadh aon eolas ar láimhseáil chéasta an bhriathair seo in aon aimsir sa Ghaeilge faoin gceannfhocal sin. Dá bhrí sin, ós rud é nach mbeadh an t-eolas cuí ar fáil faoi 'arrest', ba rómhóide go dtiocfadh an foghlaimeoir ar an gceannfhocal thuas agus é ag iarraidh a leithéid d'abairt agus "they were arrested" a aistriú go Gaeilge. Ba iad "bhí siad gabhtha" nó "bhí siad tógtha" nó níos measa fós, "bhí siad beirthe ar" na leaganacha a thabharfadh LLEID dóibh. Dá scriosfaí an leagan míthreorach mínádúrtha sin a chuir O' Neill Lane ar fáil ('beirthe ar'), agus dá ndéanfaí scagadh ciallmhar idir na haidiachtaí cearta ('gabhtha' agus 'tógtha'), agus an briathar saor san aimsir

chaite ('rugadh ar') a chaithfí a chruthú, ba mhór an áis é don fhoghlaimeoir agus bheadh an cúram déanta i gceart. Ach d'fhéadfaí a rá nach cúram d'fhoclóirí é aimsirí éagsúla de bhriathra a chur ar fáil. Ar a laghad ar fad mar sin, dá scriosfaí 'beirthe ar' den iontráil faoin gceannfhocal 'arrest', ligfí cúram theagasc an tsaorbhriathair leis na leabhair ghramadaí, agus ní chuirfí an léitheoir ar strae le "beirthe ar". Cuimhneofar gur dearcadh mar é a bhí ag Tomás de Bhaldraithe i gcásanna mar seo. Bhí dóthain cúraim air siúd rogha cheart a dhéanamh ar bhriathar cuí do réimse teanga cuí, agus leagan amháin den bhriathar a chur ar fáil, leama a roghnú d'úsáideoir an fhoclóra. Féach a láimhseáil siúd ar an mbriathar 'arrest':

arrest², v.tr. **1.** Coiscim, bacaim (gluaiseacht, obair etc.) **2.** Gabhaim (duine). **3.**

Tarraingím (umhail, aird). **4. Jur. To arrest judgement**, bac a chur ar bhreithiúnas .

arresting, a. sonrach; tarraingteach (de Bhaldraithe, 1987: 84)

Níor ghá don fhoclóirí plé mar sin plé le briathartha rómhór, fad agus a bheadh na samplaí léirithe cruinn agus soiléir. Dá mbeadh O'Neill Lane meáite ar bhaint a bheith aige le teagasc na gramadaí, seans gurbh fhearr dó cuimhneamh ar thábla briathra a chur ar fáil ar gcúl an fhoclóra. Pé scéal é, is é an trua é nár chinn O' Neill Lane an mearbhall go léir a sheachaint trí 'p.a.' a fhágaint ar lár ón bhfoclóir ar fad ar fad.

5.2.2.2. An aidiacht shealbhach

Tugadh gach ceann de na haidiachtaí sealbhacha Gaeilge faoina macasamhla Béarla:

My, a. and poss. pr., of or belonging to me (used always attributively) mo : my wife, mo bhean ; (ibid: 1059).

Our, poss. pron., of or pertaining to us, belonging to us, ár; eclipses and prefixes n- to vowels: our friend, ár gcara... our Father who art in heaven, ár n-Athair atá ar neamh. When the noun is not expressed ours (linn) is used, as: this is ours, is linn-ne é seo ; (ibid: 1127)

Yours, pron., poss. of you, (1) sing. do: I regret your sad plight, is olc liom do chás; (2) pl. bhar: bhur (cf. √ bus): run for your lives, rith ar son bhur n-anamh. (ibid: 1746).

Tugadh eolas soiléir faoi na hathruithe tosaigh a bhaineann le ‘ár’ thuas; dúradh soiléir gur urú a dhéantar ar a dtagann ina dhiaidh, agus tugadh samplaí á léiriú ina dhiaidh. Míníodh go soiléir gur struchtúr leis an gcopail agus an réamhfhocal ‘le’ a úsáidtear chun sealbh a chur in iúl “when the noun is not expressed” (ibid: 1127). Go ginearálta áfach, ní raibh leagan amach an eolais seo i dtaobh na n-aidiachtaí thar mholadh beirte, agus mar is iondúil sa bhfoclóir seo, caithfidh an léitheoir a thuiscint féin a bhaint as a bhfuil de shamplaí léirithe. Cuirim i gcás, maidir le ‘her’ thuas, tá seans gur dheacair ar fhoghlaimeoirí eolas cruinn a bhaint as frásaí dála “tá sí ‘na haonar” agus “le n-a toil féin” toisc nach aidiachtaí sealbhacha simplí atá iontu per se, ach aidiachtaí sealbhacha réamhfhoclacha.

5.2.2.3. An aidiacht thaispeántach

Feicfear thíos gur soiléir, cuimsitheach, léargasach an míniú a thug sé ar na haidiachtaí taispeántacha.

That, pron., (1) a demonstrative pronoun, sin, úd, súd : t. dog, an gadhar sin nó úd ; t. woman, an bhean sin nó úd ; those gentlemen, na daoine sin nó úd. [Note.—In Or, udaidh (udaigh, Mayo) and adaidh are often used for úd.] As a demonstrative pron. it points out something understood or previously mentioned. It usually follows the noun to which it refers, and if such noun is qualified then it follows the adjective as that great country, an tír mhór sin. There is one exception, viz., when the assertive verb is not expressed the demonstrative pron. precedes the noun : that is my game, sin mo chluiche ; that is the old woman, sin an tseanbhean ; ... That is often used in opposition to *this*, and then *this* refers to that which is nearer or last mentioned, and *that* to what is more remote : I like this better than that, is fearr liom so ná súd ; ... *T. man*, é sin. *T. woman*, í sin...

Those, pron., the pl. of That (cf. These), iad sin, iad súd : t. men, na daoine úd ... ; (ibid: 1578)

This, pron. and a., (1) as a demonstrative pron. this denotes something present or near in place or time, or something just mentioned or about to be mentioned, so, seo : when they heard t. they were pricked in their heart, ar n-a chloinsin so dhóibh do goineadh ann a gcroidhe iad (Acts 2, 37) ; ... (2) As an adjective *this* has the same demonstrative force as the pronoun, but in Irish it is preceded by a noun, as : t. book, an leabhar so ; t. town, an baile seo. Note the insertion of the e to correspond with the final vowel of baile, thus making the sound slender. Note also the idiomatic use of the definite article before nouns, followed by a demonstrative pronoun : t. boy.

an buachaill seo ; t. woman, An bhean so ; ... *This* may refer to a number of years, persons, etc., taken collectively : t. twenty years have I been with thee. An fithchidh bliadhan-so atáim ag fóghnamh duit (Gen. 31, 38). *This* may be used as opposed or correlative to *that* : t. is not it but that, ní hé seo é acht é siúd ; (ibid: 1577)

These, pron., pl. of This, (1) iad so : t. are ancient things, is neithe foirfe iad so ; ... (2) iad : what men are t. with you ? Créad iad na daoine-se ad'fhochair (Numb. 22, 9) ; (3) so : surely t. are poor, they are foolish, go deimhin atáid so bocht, atáid siad leamh (Jer. 5, 4) ; (ibid: 1572)

Bhí claonadh soiléir aige i dtreo noirm ghramadaí Ghaeilge na Mumhan sa nóta seo ar an teanga (is é sin, thug sé míniú ar an difríocht idir 'seo' agus 'so' faoi mar a bheadh sé ina ghné teanga a bhí forleathan sa tír), ach bhí eolas curtha isteach aige ó áiteanna (Maigh Eo agus Oiriaila) eile sa tír chomh maith, rud a chuir le saibhreas an eolais a bhí á chur ar fáil aige. Bhí neart samplaí léirithe chomh maith a chabhródh leis an bhfoghlaimoir ó thaobh cúrsaí comhréire, rud a bheadh tábhachtach ó tharla córas na bhforainmneacha taispeántacha sa Ghaeilge a bheith difriúil le córas an Bhéarla.

5.2.2.4. An aidiacht uimhriúil

Ba mar aidiachtaí a chaith sé leis na horduimhreacha, gan a thabhairt le fios go soiléir go fiú gur aidiachtaí iad na horduimhreacha a lonnaítear roimh an ainmfhocal:

Sixth, a., next in order after the fifth, seiseadh (ibid: 1420)

Third, a., (1) treas : and the evening and the morning were the t. Day, agus do budh é an nóin 7 an mhaidean an treas lá (Gen. 1, 13) ; (ibid: 1576)

Gan dabht, tá an tátal le baint as an sampla thuas go gcuirtear an aidiacht 'treas' roimh an ainmfhocal nuair a bhíonn feidhm orduimhreach aige, ach b'fhearr nithe den saghas seo a thabhairt le fios go soiléir don léitheoir, seachas iad a bheith tugtha go cliathánach. Níor thug O'Neill Lane eolas faoin athrú tosaigh (.i. séimhiú), a chuirtear ar ainmfhocail a leanann an orduimhir ríthábhachtach 'céad' ach amháin go cliathánach sa tríú sampla:

First, a., (1) preceding all others of a series or kind, earliest, ordinal of one, céad, ind. ... First book, céad leabhar.

First fruits, céad toradh, -rtha, m.
First love, céad-shearc, m. and f. (ibid: 609)

Cé gur thug sé le fios mar ba cheart gur dodhíochlaonta an aidiacht atá inti, níor chuir sé in iúl go séimhítear í féin nuair a chuirtear an t-alt roimpi.

Tugadh eolas éigin ar an deilbhíocht a bhaineann le húsáid orduimhreacha áirithe i suíomhanna gramadaí áirithe faoin gceannfhocal ‘hour’:

Hour, n., ... (1) sixty minutes, uair ... about three hours after, i dtimcheall thrí n-uair n’a dhiaidh sin (Acts 5, 7)... Ordinal numbers except *treas* prefix *h* to uair to as an t-aonmhadh huair ; an dara huair ; yesterday at the seventh hour the fever left him, i ndé ar an seachtmhadh huair d’fhág an fiabhras é (John 4, 52)... The cardinal numbers seven, eight, nine and ten and sometimes three, prefix *n*, as seven times, seacht n-uaire; aon and dá make no change (ibid: 797)

Tabharfar faoi deara chomh maith gur deineadh tagairt thuas d’athruithe tosaigh a dhéantar ar an bhfocal ‘uair’ tar éis na mbunuihmreacha. Rud eile, ba chosúil thuas go raibh O’ Neill Lane ag moladh “thrí n-uair” mar leagan ceart Gaeilge de “three hours”. Thug sé leagan (an leagan ceart ar ndóigh, de réir chaighdeán oifigiúil an lae inniu ach go háirithe) eile faoin gceannfhocal ‘three’ áfach:

Three, a., two and one, trí... t. times, trí huaire... (ibid: 1580).

Ba neamhréir eile é sin san eolas a bhí curtha ar fáil ag O’ Neill Lane; níl aon slí ag an gcuardaitheoir aineolach ar fáil amach cé acu de na leaganacha is cirte. Lasmuigh de sin, bhí a ceannfhocal féin ag gach bunuimhir sa bhfoclóir. Tugadh eolas deilbhíochta cruinn faoin gceannfhocal ‘two’ (cf. ‘two’, ibid: 1628), ach níor tugadh aon eolas in aon chor i gcás na mbunuihmreacha eile, cé gur ghabh samplaí léirithe leo. B’fhadhbach go maith an múnla sin, ach anuas air sin, tá mearbhall breise ann sa mhéid agus gurb é a bhí aige mar shampla léirithe i gcás gach ceann de na bunuihmreacha ná an bhunuihmhir féin agus í curtha leis an ainmfhocal neamhrialta ‘uair’:

Four, a., ceithre : f. times, cheithre huair. (ibid: 648)

Ten, a., ... t. times, deich n-uair... (ibid: 1561).

In éagmais fhianaise a mhalairte, ba bhaolach go gcuirfeadh samplaí léirithe den saghas thuas an cuardaitheoir amú, toisc iad a bheith ar an mbeagán samplaí a bhféadfadh an cuardaitheoir a thátal a bhunú orthu.

5.2.3. An t-ainmfhocal

Ba san ainmneach uatha a thug O' Neill Lane na hainmfhocail Bhéarla sa bhfoclóir, agus ba sa tuiséal céanna a thug sé leama dá macasamhla Gaeilge. Ba i ndiaidh fhoirm an leama a tugadh aon eolas deilbhíochta a bhí aige i dtaobh an ainmfhocail sin, de ghnáth san ord seo a leanas: (i) ginideach (ii) iolra (iii) gairmeach (iv) tabharthach (v) inscne (vi) sanasaíocht (vii) samplaí léirithe:

Booth, n., a house built of boards or other slight materials, ... (5) sgáthlán, g. and p., - ail, m.: (ibid: 209)

Company, n. ... (5) A party, a following. ... (c) drong, g. druinge, pl. id. and -a, voc. Drong dat. druing, f. ; (ibid: 327)

Decency, n., ... (2) cubhaidheacht, -a, f.; (ibid: 414)

Son, n., (1) a male child, mac, gen. mic, pl. id., voc. a mhic, m. (cf. O. W. map with interchange of c and p) : the son of the man, mac an fhir ; (ibid: 1449).

Soul, n., (1) the spiritual, rational and immortal part of man ; the seat of life, anam, -a. dat. - ain, f. : souls of the dead, anmanna na marbh ; (ibid: 1454)

Tabharfar faoi deara i gcás an ainmfhocail 'cubhaidheacht' thuas nár deineadh aon tagairt dá fhoirm iolra ós rud é gur coincheap teibí é nach samhlófaí cainníocht leis agus nach bhfuil iolra ag an ainmfhocal dá bharr. Nuair b'ionann an t-iolra agus an ginideach uatha (cuirim i gcás, 'drong' agus 'mac' thuas) tugadh nod a thug an méid le fios .i. 'pl. id.', nó scríobhadh 'g. and p.'. Ní i gcónaí a bhí foirmeacha gairmeacha ná tabharthacha ná eolas sanasaíochta aige, ba mhinicí ná a mhalairt ar ndóigh nach raibh, ach bhí sé in ann iad sin a fhágaint amach gan cur isteach ar

shlacht na hiontrála. Ar a laghad ar fad bhí ainmneach uatha agus iolra agus ginideach uatha aige formhór mór an ama. Bhí cuid mhaith ainmfhocal fós ann áfach nár luaigh sé aon eolas gramadaí ná deilbhíochta ina dtaobh, mar shampla:

Bandstickle, n., a fish, bioróg liodáin (ibid: 141)

Introduction, n., (1) the act of introducing or bringing to notice, seóladh nó treóradh isteach. (ibid: 860).

Shuttlecock, n., a cork stuck with feathers, also the game, (1) coileach sráide ; (2) cearc chalgach (ibid: 1410)

Is é is dóichí de ná gur trí dhearmad a tharla sé nár cuireadh eolas gramadaí leis na hiontrálacha seo. Is maith an seans gur leaganacha iad ‘bioróg liodáin’, ‘coileach sráide’ agus ‘cearc chalgach’ a cuireadh ar fáil ag céim dhéanach i gcur le chéile an fhoclóra, agus nach raibh an t-am aige plé leo mar ba cheart. Tá cuma an deabhaidh ar an iontráil ‘bandstickle’ gan aon amhras, ceannfhocal nach dtugtar d’eolas againn ina thaobh ach gur ‘fish’ atá ann. Maidir le ‘seóladh nó treóradh isteach’, bhí sé sin sa chéad fhoclóir aige (LEID: 303), agus mar sin, ní léir cén drogall a d’fhág nár leasaigh sé é. Is fíor a rá áfach gur chosúil go raibh leisce air go minic teacht salach ar shraith focal, nó frása, le nótaí ar an deilbhíocht:

Ambrosia, n., the fabled food of the gods, biadh na ndia mbréige nó bhfallás (LLEID: 66)

Organist, n., one who plays on an organ (1) duine shinneas ar orgán ; (ibid: 1123)

Lasmuigh de dhearmaid agus de neamhréireanna, bhí an-saibhreas ag O’ Neill Lane i measc na n-ainmfhocal aige, faoi mar is léir ón iontráil seo a leanas:

A mean fellow, wanting in spirit or decency, (a) sgrut, -uit, m. ; (b) sgut, -uit, m. ; (c) spriúnluigheóir, -óra, -rí, m., and spriúnlóigín, g. id., pl. -ní, m.; (d) sgannrachán, -áin, m. ; (e) spreallairín, m.; (f) staigín, m.; (g) ocrasán, -áin, m.; (h) raispín, m.; (i) raispíneach, -nigh;, -nighe, m.; (j) rannillín, m.; (k) sgraimín, m.; (l) coirlimín, m.; (m) cneamhaire, g. id., pl. - rí. m. (cnéamhaire, Con.) ; (n) cníopaire, g. id , pl. -rí, m.; (o) coisín, g. id., pl. -ní, m. (ibid: 999)

Agus ba mhaith iad na samplaí léirithe a thug sé, nuair a tugadh iad:

Wisdom, n. (1) knowledge of the best means towards the best ends, (a) eagna, g. id. f., the fear of God, is the beginning of wisdom, is tús na heagna eagla Dé ; (ibid: 1722)

5.2.3.1. Tuiseal ginideach an ainmfhocail

Thug O' Neill Lane foirm an tuisil ghinidigh uatha do gach aon fhocal beagnach. Ba é an chéad phíosá eolais é i ndiaidh fhoirm an ainmnigh an uatha;

Equal, n., a person or thing neither inferior nor superior to another, (1) macasamhail, -mhla, f. ; (ibid: 544)

Instrument, n., that by means of which any work is performed, (1) gléas, -éis, pl. -a, m. (ibid: 851)

Níor ghnách leis foirm an ghinidigh iolra a thabhairt, cé gur thagair sé di anois agus arís:

Entrail, Entrails, n., the internal parts of animal bodies, the bowels ... (7) sgairt, -e, pl. -eacha, g. pl. sgart, f. ; (ibid: 541)

Eye, n., (1) the organ of sight, (a) súil, -e, pl. id., g.pl. -súl, f. ; (ibid: 572)

H., h. (uath, the whitethorn tree) is not admitted as one of the letters of the Irish alphabet.... it follows ... in all cases after the art. pl., as do bhí na géin, except gen. plurals n- being used, as ceól na n-éan ; (ibid: 732)

Trench, n., a long narrow cut in the earth for draining, covering troops, etc., ... (8) clas, g. -ach, pl. -a, f. ... clas is still used in parts of U. and in M. in gen. pl., ag rómhar na gclás ; (ibid: 1612)

Woman, n., an adult female, bean, gen. mná, dat. mnaoi, dat. pl. mnáibh, gen. pl. ban, nom. pl. mná, f. (ibid: 1729)

Thug sé comhairle ar cathain is ceart an ginideach a úsáid fo-uair:

Abundance, n., profusion, copious supply, overflowing fullness, great plenty, ... (5) neart, g. eirt [sic], 7 nirt m., folld. by *gen.* tá neart saidhbhris aca, they have a. of riches ; (ibid: 14)

Able, a. ... (2) ... (g) ar chumas, Thomas is not a. to go there, ní'l sé ar chumas Thomáis dul ann. Note that all these idiomatic phrases are followed by a genitive and many of the old people translate them "fit" not "able." (ibid: 7)

Prosperity, n., the state of being prosperous, good fortune, success, ... (6) rath, -a, m. ; a man who is of great p., fear is mór rath [*note* when a substantive predicated of another by the verb if is qualified by an adjective of praise or dispraise it is not put in the genitive, O'D. Gram. 165] (ibid: 1243-4).

5.2.3.2. Tuiseal gairmeach an ainmfhocail

Ní raibh an tuiseal gairmeach aige ach i gcás cúpla focal Gaeilge (cf. ‘company’, *ibid*: 327 agus ‘descendant’, *ibid*: 436), mar shampla:

Son, n., (1) a male child, mac, gen. mic, pl. id., voc. a mhic, *m.* (*ibid*: 1449).

Ós rud é nach raibh an tuiseal gairmeach á thabhairt aige tríd síos, b’fhéidir go raibh sé de cheart aige nóta ginearálta amháin a thabhairt in áit éigin le cumadh an tuisil ghairmigh a mhíniú, seachas cúpla tagairt aonraithe a thabhairt ar an-deacair ar an gcuardaitheoir teacht orthu lasmuigh de theacht trí thaisme ar an gceannfhocal Béarla a thabharfadh an eolas den saghas sin.

5.2.3.3. Tuiseal tabharthach an ainmfhocail

Bhí idir fhoirmeacha uatha agus fhoirmeacha iolra den tuiseal tabharthach le fáil sa bhfoclóir:

Biestings, n., the first milk given by a cow immediately after calving, (1) maothal, *gen.* -aile, *dat.* -aile, *d. pl.* -tlaibh, *f.* (W. Lim. And Ker.), (*ibid* : 180)

Thug sé eolas soiléir anseo agus ansiúd ar cathain a bhíonn an tuiseal tabharthach d’fhocal ag teastáil sa Ghaeilge:

Account, n., ... On account of, ... (2) mar gheall air, mar ngeall air (Con.), also i ngiall ar, all followed by dative ; (*ibid*: 21)

Amid, Amidst, prep., (1) among, in the midst of or surrounded by separable things, ... (ii) idir, followed by *dat.* ... beannuighthe thu idir mnáibh, blessed art thou amongst women (*ibid*: 67).

Blame, v.t., to censure or find fault with ; ... (4) Aifirim, -firt, also Aifrim, -firt [note that this verb governs the person in the *dat.* with *ar* and the matter of blame or reproach in the accusative] : may God not b. you for it, nár aifridh Dia ort é ; (*ibid*: 189-90).

Ach níor chuir O’ Neill Lane foirm tabharthach ar fáil do gach aon fhocal. Is cosúil nár chuir sé foirm tabharthach ach leis na focail ar mheas sé a bhfoirmeacha tabharthacha a bheith caomhnaithe:

Ear, n., (1) the organ of hearing, cluas, *gen.* -aise, *dat.* -ais, *pl.* -a, *f.* ; (*ibid*: 567)

Foot, n., (1) the terminal part of the leg of a man or animal, (a) cos, gen. coise, dat. cois, pl. cosa, f. ; (ibid: 631)

Ireland, n., (1) Éire, gen. Éireann , dat. Éirinn, f. ; (ibid: 863).

Sun, n., (1) the luminous body which gives light during the day and round which the earth and the planets revolve, grian, gen. gréine, dat. gréin, pl. -a and -ta, f. (ibid: 1527).

Ach b'an-mhinic tuiseal tabharthach a bheith tugtha mar sin féin; chomh minic sin go bhfuil an baol ann go mb'fhéidir gur aibhéileach an tuairisc uaidh ar fhorleithne úsáid an tabharthaigh i nGaeilge a linne; cuirim i gcás, ní móide go raibh 'boin' (ibid: 376) coitianta mar fhoirm thabharthach den fhocal 'bó' ó aimsir na Sean-Ghaeilge.

5.2.3.4. Inscne an ainmfhocail

Tugadh inscne an ainmfhocail i gcónaí. Dá mba rud é go raibh fianaise ann go raibh slí le haon cheann den dá inscne a lua le hainmfhocal, tugadh an dá nod, faoi mar a deineadh leis na focail 'cara' agus 'talamh':

Friend, n., an intimate associate, a wellwisher, (1) cara, gen. Carad, dat. caraid, pl. cáirde, m. and f. (ibid: 655)

Ground, n., (1) the surface of the earth, talamh, g. talmhan, d. Talmhain, pl. talta, f., also m., (ibid: 723)

Agus má bhí amhras ann faoi inscne an fhocail i measc shaoithe na Gaeilge go ginearálta, léirigh sé go raibh sé feasach ar an éiginnteacht sin, agus chuir sé leis an díospóireacht trí athfhriotail chuí a dhéanamh ar théacsanna a raibh fianaise ábharach le fáil iontu. Féach mar shampla de sin an iontráil faoin gceannfhocal 'sea-water':

Sea-water, n., sáile, g. id., f. or m. (in *Æn.* 168 it is f., but m. in *Fel. Oen.* 1905) (ibid: 1369)

Thug O' Neill Lane le fios go raibh sé tar éis teacht ar neamhréir le hinscne an fhocail 'sáile'; bhí sé firinscneach in *Imtheachta Aeniassa*, agus baininscneach in *Félire CEngusa*. Bhí rian de chríochnúlacht an scoláire sa mhéid seo, cé nár thug sé aon bhreithiúnas uaidh féin ar an gceist.

Níor dhein sé ach tuairisc a thabhairt ar an dá inscne a bheith ann; leagadh an cúram ar an léitheoir mar sin an scagadh a dhéanamh dó féin, nuair go mb'fhéidir gur cheart go ndéanfadh an foclóirí Béarla-Gaeilge an cinneadh sin dó.

5.2.3.5. Tuiseal cuspóireach an ainmfhocail

Ba é an comhthéacs ba mhó inar tagraíodh don tuiseal cuspóireach sa bhfoclóir ná plé ar an tsanasaíocht; bhí nós aige tagairt a dhéanamh do thuisil chuspóireacha na bhfocal ó theangacha eile a raibh sé ag iarraidh an gaol sanasaíoch idir iad agus focail Ghaeilge a leiriú. Is cosúil ó na tagairtí seo a leanas gurb é an tuiseal cuspóireach d'fhocail choigríche áirithe a thug O' Neill Lane lena soiléiriú go raibh baint shanasaíoch acu le focail Ghaeilge (is mise a chuir an líne faoi na samplaí seo a leanas chun go mbeadh an ceangal idir na focail i gceist ní ba shoiléire):

Calf, n., young of a cow. (1) gamhain, pl. id. m. (cf. Skr. gau, acc. gam, cow) (ibid: 250)

Canoe, n., (1) a boat made of the trunk of a tree, (a) naobhóg, -óige, -a, f. (cf. Gr. ναύς, Skr. nâu, acc. nâvam) (ibid: 255)

Cow, n., (1) the female of bovine animals, bó, gen. bó, dat. boin or buin, pi. ba, dat. pl. buaibh, f. (cf. L. Bos ; Gr. βούς, acc. βούν)... (13) A stripper, gamhnach, -aighe, -a, f. (cf. Skr. gau, acc. gam ; cf. gamhain, a calf) (ibid: 376)

God, Dia, gen. Dé, pl. déithe and dée, m. (cf. W. duw ; Corn. duy ; Bret. doe ; L. deus ; Gr. Θεός, God, and Δίς, acc. Δίς) (ibid: 699)

Lasmuigh den phlé ar an tsanasaíocht trí mheán an tuisil chuspóirigh, thug O' Neill Lane an focal Gaeilge 'monarcha' mar shampla eile dá thuairimíocht theangeolaíoch; dar leis gur shampla é an focal 'monarcha' d'ainmfhocal a raibh foirm dhifriúil aige sa tuiseal cuspóireach lena raibh aige sa tuiseal ainmneach nó tuiseal tabharthach. Dar leis go raibh an cuspóireach iolra (monarchana) difriúil leis an ainmneach iolra (monarchain), rud nach gnách sa Ghaeilge:

Manufactory, n., a building or place where anything is manufactured, monarcha, g. -an, dat. -ain, nom. pl. -ain, acc. pl. -chana, f. (ibid: 982)

5.2.4. An briathar

Ba san infinideach lom a tugadh foirmeacha leama na mbriathra Béarla, agus dúradh pé acu ar bhriathra aistreacha nó neamhaistreacha a bhí i gceist leo, mar shampla:

Search, v.t. ... (ibid: 1367)

D'éascaigh an t-idirdhealú seo dó faoi seach láimhseáil a dhéanamh ar bhriathra na Gaeilge. Mar shampla, bhí sé in ann a léiriú in áiteanna gur minic réamhfocal a bheith ag teastáil le briathra aistritheacha sa Ghaeilge, agus dá bhrí sin, b'áis foghlama é an chodarsnacht a bhí sé in ann a dhéanamh idir briathra áirithe Béarla agus a macasamhla Gaeilge:

Compensate, v.t., to requite suitably, cúitighim, -teamh, which takes le with the person and the obj. case of the thing (ibid: 330).

Má bhí ciall aistreach agus neamhaistreach araon ag briathar áirithe (agus bíonn le cuid mhaith gan dabht), dhein sé dhá cheannfocal ar leith dóibh, ag glacadh le múnla WID agus dá bhrí sin, bhí sé inniúil ar na bríonna difriúla ar thaobh na Gaeilge a choimeád ó chéile.

Níor léir an-chuid den am áfach go raibh gá leis an idirdhealú sin sna ceannfocail, toisc an dá iontráil a bheith an-chosúil le chéile de bharr nach raibh dóthain difríochta ar thaobh na Gaeilge chun údar a thabhairt leis an idirdhealú sin. Mar shampla, bhí idirdhealú déanta ag lucht Webster idir an bhrí neamhaistreach agus an bhrí aistreach a bhain leis an bhfocal 'change':

Change ... v. t. ... **1.** To alter ; to make different ; to cause to pass from one state to another; ... **2.** To alter by substituting something else for, or by giving up for something else ; as, to change the clothes; to change one's occupation ; to change one's intention. ... **3.** To give and take reciprocally ; to exchange ; — followed by with ; as, to change places, or hats, or money, with another... **4.** Specifically : To give, or receive, smaller denominations of money (technically called change) for ; as, to change a gold coin or a bank bill. (Porter, 1907: 278).

Change, v. i. **1.** To be altered ; to undergo variation; as, men sometimes change for the better.

For I am the Lord and I change not

Matt. iii. 6.

2. To pass from one phase to another ; as, the moon changes to-morrow night. (ibid: 278)

Choimeád O' Neill Lane an múnla sin ina fhoclóir siúd, cé nach raibh mórán de thairbhe sa scagadh a dhein sé féin ar thaobh na Gaeilge de i gcomhthéacs an fhoclóra Béarla-Gaeilge:

Change, v.t., (1) to alter, vary or transform, (a) athruighim... (b) malartuighim... (c) iompuighim... (d) claochluighim... (e) aistrighim... (2) To give and take reciprocally, to exchange : neither shall any vessel (jewel) of fine gold be changed for it, ní bheidh a mhalairt ar shéadaibh d'ór fíneálta (Job 28, 17). (3) To change money, (a) brisim... (b) sóinseálaim... (4) To change, as one's faith, iompuighim... (O' Neill Lane, 1916: 279)

Change, v.i., (1) to undergo variation, athruighim, ... (2) To pass from one phase to another, aistrighim (ibid: 279)

Níl aon léargas nua sa dara hiontráil, ná aon difríocht i láimhseáil an bhriathair, ainneoin é in ainm is a bheith neamhaistreach agus éagsúil. Bhí sé de cheart aige b'fhéidir na fobhríonna ón dara ceannfhocal de 'change' a oibriú isteach sa chéad cheann chun iontráil amháin a chruthú. Dá ndéanfaí amhlaidh i ngach aon chás comhchosúil (cf. 'hear', ibid: 762,) ba mhó spás a bheadh sábháilte. Féach an lámh a dhein de Bhaldraithe ar an mbriathar céanna:

change². 1. v.tr. (a) Athraím... (b) **I changed my clothes**, chuir mé malairt, athrach, éadaigh orm féin... (c) **he changed his seat**, d'aistrigh sé go suíochán eile, go malairt suíocháin... (d) **to change a banknote**, nóta bainc a shóinseáil, a bhriseadh. **2.** v.i. Athraíonn. **It changed for the better**, tháinig iompú bisigh air; chuaigh sé i bhfeabhas ; (de Bhaldraithe, 1987: 111)

Chloígh sé sin leis an scagadh idir na bríonna aistreacha agus neamh-aistreacha den bhriathar 'change' sa Bhéarla, ach ar a laghad, athraíodh cur i láthair an taoibh neamh-aistrigh den bhriathar chun tairbhe, toisc gur athraíodh ó 'athraím' go 'athraíonn' mar fhoirm leama. Tugadh samplaí chomh maith a dhein léiriú ar fheidhm neamh-aistreach an bhriathair in úsáid ar shlí ar shoiléir í a bheith difriúil le feidhm aistreach an bhriathair. Tá an iontráil seo i bhfad níos gonta ná iarracht O' Neill Lane chomh maith; is fearr é go ginearálta mar eiseamláir fhoclóireachta

Tar éis an briathar a bheith aicmithe ina bhriathar aistreach nó ina bhriathar neamh-aistreach, tugadh an mhacasamhail Ghaeilge. Roghnaíodh foirm na chéad phearsa uatha san aimsir láithreach faoi seach mar fhoirm leama don bhriathar Gaeilge, mar shampla:

Cease, v.t., ... (1) stadaim... (ibid: 271)

Ba é an t-ainm briathartha an chéad phíosa eolais a tugadh ina dhiaidh sin:

Fade, v.i., (1) ... tréigim, -gean (ibid: 575)

Agus corruair, tugadh an aidiacht bhriathartha i ndiaidh fhoirm an ainm bhriathartha:

Hide, v.t. and i., ... (2) To withhold from knowledge, to keep secret, ceilim, -lt, p.p. -lte : (ibid: 777)

Ba luachmhar suimiúil na tuairiscí a thug sé ar úsáid an bhriathair sa chaint ar uairibh;

Burn, v.t., ... [The distinction between dóghaim and loisgim seems to be that dóghaim is used when a thing is wholly or partially reduced to ashes by the action of fire, and loisgim when a thing is deprived of life by the action of heat (like being scalded to death), partially injured (as blistered, singed, scorched), or altered or improved in character as lime or bricks without being materially destroyed ; (cf. dóghadh is losgadh ort, burning and scalding on you) ; but though broadly followed it has not been, and is not, by any means strictly adhered to.] (ibid: 239)

5.2.4.1. An aidiacht bhriathartha

B'ait le duine, b'fhéidir, gur chosúil gur cuireadh foirm na haidiachta briathartha ar fáil do chuid de na briathra, agus nár cuireadh in aon chor leis an gcuid is mó de na briathra, sa tslí is go raibh an chuma air seo gur neamhréir eile i saothar O' Neill Lane a bhí ann. Ach ní díreach mar sin a bhí. San áit nár thug sé foirm na haidiachta briathartha faoin bpríomhiontráil ar an mbriathar, bhí sé tugtha aige mar fhoirm ghinideach d'ainm briathartha an bhriathair chéanna. Cuirim i gcás, níor thug sé an aidiacht bhriathartha don bhriathar 'déan' faoin gceannfhocal 'do':

Do, v.t., (1) to bring about, achieve, effect, perform, execute, (a) déanaim (doghnímh), v.n. déanamh (ibid: 481)

Ach bhí sé le fáil mar fhoirm ghinideach den ainm briathartha ‘déanamh’, faoin gceannfhocal ‘doing’:

Doing, n., a deed or action, (1) déanamh, -nta, m.; (ibid: 483)

Thuigfeadh an cuardaitheoir ón méid seo thuas gurb é ‘déanta’ foirm na haidiachta briathartha den bhriathar ‘déan’. Agus is an-mhinic gur féidir an aidiacht bhriathartha a aimsiú sa tslí seo i bhfoclóir O’ Neill Lane. Dá bhrí sin, cé nár mhiste a thabhairt le fios i mbrollach an fhoclóra gurb amhlaidh ba ghá an foclóir a úsáid, cé gur chiotach an córas sin a chuirfeadh an cuardaitheoir ar útamáil tríd an bhfoclóir, agus cé go bhfuil roinnt briathra sa bhfoclóir fós nach bhfuil a n-aidiachtaí briathartha le fáil iontu, ní neamhréir amach agus amach atá sa mhéid seo ach go háirithe. Don chuid is mó mar sin, nuair nach raibh an aidiacht bhriathartha de bhriathar ar fáil in aon áit eile sa bhfoclóir, tugadh é faoin gceannfhocal faoina raibh an phríomhiontráil ar an mbriathar. Is mar seo a bhí sna samplaí seo a leanas:

Attract, v.t., (1) to draw to, tarraingim, -gt and tarrac (M.), pp. -gthe ; (ibid, 1916: 122)

Bind, v.t., (1) to tie or fasten, as with a cord, etc., (a) ceanglaim, -gal, and -gailt, imp. -gail, pp. -gailte : (ibid: 182)

Join, v.i., ... (2) To come together, to unite, to form a union, iadhaim, -adh, pp. iata : (ibid: 872)

5.2.4.2. Aimsirí an bhriathair

Faoi mar atá léirithe, ba é foirm na chéad phearsa uatha san aimsir láithreach a roghnaíodh mar fhoirm leama den bhriathar Gaeilge a tugadh faoin gceannfhocal a bhí mar fhoirm leama den bhriathar Béarla (.i., an t-infinideach lom). Tugadh foirmeacha d’aimsirí eile do bhriathra Gaeilge ar leith áfach. Tugadh na foirmeacha sin mar chuid de shraith d’eolas ar an mbriathar áirithe a bhí i gceist, díreach i ndiaidh na foirme a bhí roghnaithe mar leama; ní raibh sé seo aige mar nós ginearálta imeachta in aon chor áfach. Féachfar anois más ea ar an tslí inar phléigh O’ Neill Lane leis na ceannfhocail Bhéarla sa bhfoclóir ar briathra a bhí i gceist leo. Tabharfar faoi deara gurbh

é a dhein sé cuid mhaith den am ná an ceannfhocal den fhoirm leama den bhriathar sa Bhéarla a thógaint, agus stór mór eolais a thabhairt faoi i dtaobh an bhriathair Ghaeilge a d'fhreagair dó.

5.2.4.2.1. An aimsir fháistineach

Thug O' Neill Lane foirmeacha na haimsire fáistíní do chuid mhaith briathra sa bhfoclóir, ach is deacair pátrún a dhéanamh amach astu. Ní léir cén chúis go gcuirfí foirm na haimsire fáistíní ar fáil do bhriathar amháin agus nach dtabharfaí do bhriathar eile. Cuireadh réimniú fáistineach na mbriathra rialta 'caith' agus 'seas' ar fáil;

Eat, v.f., (1) to chew and swallow as food, to devour, ... (b) caithim, -theamh, pp. -thte, fut. caithfead (ibid: 512)

Maintain, v.t., ... (3) To hold and defend, not to surrender, ... (b) seasuighim, -samh, imper. Seas (seasamh, M.), fut. seasóchad (ibid: 971).

Ach níor tugadh réimniú na haimsire fáistíní ach do chuid de na briathra neamhrialta a bhfuil foirmeacha neamhrialta acu san aimsir fháistineach. Tugadh na foirmeacha cuí do na briathra 'téigh' agus 'ith':

Go, v.i., (1) to pass from one place to another, to proceed, to advance, ... (b) téidhim, v.n., dul, fut. rachad nó raghad ; (ibid: 696).

Eat, v.i., to take food, to feed, ithim, v.n. ite, fut. íosad (ibid: 512).

Níor tugadh na foirmeacha sin do 'abair', 'beir', 'tar' agus 'faigh' ar an tslí shoiléir chéanna, cé gur briathra iad seo chomh maith a bhfuil foirmeacha fáistineacha neamhrialta acu agus ar gá an foghlaimeoir a chur ar an eolas mar gheall orthu díreach mar ba ghá le 'téigh' agus 'ith'. Maidir le 'tar', ba ar shlí chliathánach ar fad a d'fhoghlaimfeadh gurb é 'tiocfaidh' foirm an bhriathair sin san aimsir fháistineach. Ní thugtar an fhoirm sin ach sna samplaí léirithe, gan aon trácht a dhéanamh orthu ná aird a tharraingt orthu, le nod ná le haon ní eile:

Come, v.i., (1) to draw near, to approach, tigim, v.n. teacht... (2) to arrive at a place... all the people who came or will come into the world, a dtáinig 7 a dtiocfaidh de dhaoinibh ar an domhan.

(3) To approach... the hour cometh and now is, tiocfaidh an aimsir 7 atá sí anois ann... (ibid: 319)

B'amhlaidh i gcás 'beir' aige; is é sin, níl foirm neamhrialta na haimsire fáistíní den bhriathar 'beir' in aice leis an mbunleagan den bhriathar (mar a deineadh le 'téigh' agus 'ith' thuas), ach tá i measc na samplaí:

Catch, v.t., (1) to lay hold on or grasp (a) beirim (ar), v.n. breith... (6) I shall catch him yet in a lie, béarfad air fós i mbréig (ibid: 268).

B'amhlaidh i gcás 'tabhair' chomh maith. Sa chás seo, ní mór an t-alt a leanúint ó thús deireadh sula gcuirtear an fhoirm fháistineach ar fáil:

Give, v.t. (1) to bestow, to grant, (a) do bheirim, v.n. tabhairt: ... (7) Give up or cease to do... (e) tabhram suas : I shall give up the drink, tabharfad an t-ólachán suas. (ibid: 689).

Níor tugadh an fhoirm spleách neamhrialta ar shlí shoiléir i gcás an bhriathair 'do-gheibh' san aimsir fháistineach ach oiread. Caithfear teacht ar an eolas sin i measc na samplaí:

Get, v.t., (1) to procure obtain, acquire, come by, win or gain possession of, ... (b) gheibhim, v.n. fagháil : he shall get dishonor, gheobhaidh sé easonóir ; ... I will get them praise and fame, gheóbhaidh mé moladh 7 clú dhóibh ; attend to luck when you get it, freastal an t-ád nuair a gheóbhair é... listen to the sound of the river and you will get a trout, éist le fuaim na habhann is geóbhair breac. (ibid: 683)

Feictear san iontráil dheireanach sin go bhfuil meascán d'fhoirmeacha scartha agus táite – “gheóbhaidh mé” sa chéad phearsa uatha aige, agus “gheóbhair”/“geóbhair” sa dara pearsa uatha – agus ba neamhréir a bhí sa mhéid sin ó ba í an fhoirm tháite a bhí aige don chuid is mó lasmuigh den iontráil seo agus an aimsir fháistineach á tabhairt aige. Bhain neamhréir leis an séimhiú ar an mbriathar seo san aimsir fháistineach; is mór an seans go gcuirfeadh an neamhréiteach idir “gheóbhaidh mé moladh” agus “geóbhair breac” an foghlaimeoir amú. Níor tugadh aon eolas substaintiúil i dtaobh an bhriathair 'faigh' faoin gceannfhocal 'get', ach pléadh leis faoin gceannfhocal 'obtain':

Obtain, v.t., to get by effort, to gain possession of, to procure or acquire in any way, (1) faighim, -gáil, imper. faigh, fut. fuighead (ibid: 1101).

Ní raibh aon tagairt in aon chor d'fhoirm na haimsire fáistíní den bhriathar 'abair' faoin gceannfhocal 'say' (ibid: 1558/9), ná d'fhoirm na haimsire fáistíní den bhriathar 'bí' faoin gceannfhocal 'be', ná in aon áit eile go mbeifí ag súil lena leithéid d'eolas a bheith ar fáil ann. Ós rud é gur tharraing sé aird fhollasach ar fhoirmeacha na haimsire fáistíní de bhriathra áirithe (idir chinn rialta agus chinn neamhrialta, .i., 'caith' agus 'go' thuas), gan é sin a dhéanamh le gach briathar neamhrialta nuair a bheadh sé sin ag teastáil (.i., 'tar', 'beir', 'tabhair', 'do-gheibh', 'abair' agus 'bí' thuas), caithfear a rá nach raibh an láimhseáil a dhein O' Neill Lane ar bhriathra neamhrialta áirithe san aimsir fháistineach thar mholadh. Toisc nach bhfuil aon neamhrialtacht ag baint le foirmeacha na mbriathra neamhrialta eile san aimsir fháistineach ('clois', 'feic', 'déan', srl.), mar sin, ní raibh sé chomh tromchúiseach céanna iad a fhágaint ar lár.

Tugadh beagáinín breiseolais faoin aimsir fháistineach sa Ghaeilge faoin gceannfhocal Béarla 'will', ach níor míníodh conas struchtúir fháistineacha a chur le chéile; ní raibh i gceist ach blúire scríbhneoireachta i leith chiall struchtúr áirithe fáistineach, agus sraith abairtí léirithe:

Will, v.t., ... (2) The auxiliary verb Will is expressed in Irish by certain terminations. In the first, person sing., willingness, consent, or promise is denoted according to the subject of the verb, I will return to you again if God will ; más toil le Dia é, fillfidh mé chugaibhse arís (Acts. 18, 21) ; I will come to you shortly, tiocfaidh mé chugaibh go haithghearr (1 Cor. 4, 19). In the second and third persons will simply foretells a future event with little or no idea of volition as, you will go, imtheóchair, he will go, imtheóchaidh sé ; should Donn-bo go with you I will go, dá ndeachadh leat raghadsa leat (Y. B. L.; cf. 24 R. C. 44, where the spelling raghadh is the same as is used in M. to this day) (ibid: 1717).

D'fhéadfaí a rá go raibh saghas trasnaíola ann sa mhéid gur thug sé aitheantas don fhíríc go n-imríonn deirí difriúla na mbriathra sna pearsana éagsúla san aimsir fháistineach tionchar ar chiall an fhrása, ach nár thug sé féin ach an chéad phearsa den bhriathar san aimsir fháistineach go hiondúil, má thug sé foirm an bhriathair san fháistineach in aon chor. Is é an locht atá le fáil ar T.

O' Neill Lane sa chás seo ná gur shocraigh sé ar an bhfoirm den aimsir fháistineach a thabhairt i gcás briathra áirithe. D'fhéadfaí a rá nach cúram d'fhoclóirí Béarla-Gaeilge a bheith ag tabhairt eolais ar bhriathra *per se*, ach ós rud é gur bheartaigh O' Neill Lane ar fhoirmeacha na haimsire fáistíní do bhriathra áirithe (.i., 'caithim', 'seasuighim', thuas) ar shlí shoiléir fhoirmiúil, ba dhóigh le duine go bhféadfadh sé freastal ar bhriathra neamhrialta chomh maith toisc gur mhó éiginnteacht a bheadh i measc fhoghlaimoirí na teanga maidir lena bhfoirmeacha san aimsir fháistineach.

5.2.4.2.2. An modh ordaitheach

Tugadh an modh ordaitheach chomh maith sa tslí chéanna is a tugadh eolas ar an aimsir fháistineach, ach amháin nár tugadh foirm an ordaitheach ach i gcás dornán briathra. Dá mbeadh patrún le tabhairt faoi deara, is dócha go bhféadfaí a rá gur do na briathra ba mhó a shamhlaítear iad a bheith curtha sa mhodh ordaitheach a chuir O' Neill Lane foirmeacha ordaitheacha ar fáil.

Féach mar shampla:

Answer, v.t., to reply, (1) freagraim, -gairt, fut. freigeórad and freagróhad ; imper. -freagair; (ibid: 77)

Dele, v.t. (Print.), to erase, cancel or delete, sgriosaim amach, imper. sgrios amach (ibid: 425)

Find, v.t., to come upon by seeking, (1) fágaim, v.n. fagháil, imper. faigh, (ibid: 606)

Guard, v.t. (1) to protect from danger, (a) cosnaim, -saint and -namh, fut. coisneóhadh and coiseónad, imper. cosain ... (4) To keep watch over to prevent escape, fairim, -re, imper. fair (ibid: 727)

Help, v.t., (1) to aid, to assist, ... (c) cabhruighim, -ughadh, imper. cabhair and cabhruigh (ibid: 770)

Thug sé cuntas ar conas struchtúir ordaitheacha a chur le chéile chomh maith, idir cúpla ceannfhocal difriúil:

No, a., not any, not one, none, ní, ná before imperatives : have no fear, ná bíodh eagla ort; let there be no strife between me and thee, ná bíodh ceannairc ar bith eadrum-sa 7 tusa (Gen. 13, 8) (ibid: 1081).

Not, ad., a word used to express negation, prohibition, denial or refusal, ní, ná... Ní immediately precedes verb (but not in the imper.) ... Ná: always precedes a verb in this sense : do not break the door, ná bris an doras ; do not do it, ná déan é (ibid: 1087)

Ní cosúil go raibh aon lua sa bhfoclóir ar an modh ordaitheach uimhir iolra lasmuigh den bhlúire de thuairimíocht ar an gcanúineolaíocht a tugadh dhá uair thuas, .i.,

Make, v.t., ... [*note* in parts of Ulster déanaidh, imp. pl. is pron. téanaigh, which is somewhat akin to the sound of the final gh. and dh. in Mun] ; he made him to the likeness of God, i gcosamhlacht Dé do rinne sé é (Gen. 5, 1) (ibid: 972)

5.2.4.2.3. An modh coinníollach

B'annamh O' Neill Lane ag soláthar réimnithe an bhriathair don mhodh ordaitheach, ach níor lú sin ná mar a chuir sé foirmeacha an bhriathair sa mhodh coinníollach ar fáil, rud nach raibh aige ach i gcúpla áit, mar shampla;

Depart, v.i., (1) to go away, to leave, quit or withdraw, imthighim, -theacht, fut. -theóchad, cond. -theóchainn..., (ibid: 432).

Durst, imp. of Dare, v.i.: I d. not go, ní lámhaim imtheacht, seldom used except in cond., ní leómhthainn (ibid: 505)

B'intuigte go ndéanfaí eisceacht i gcás na hiontrála faoin gceannfhocal 'durst' ós rud é gur nath cainte é nár úsáideadh ach sa mhodh coinníollach dar leis, ach, is ait mar a shocraigh sé foirm an mhodha choinníollaigh a chur ar fáil don bhriathar 'depart'. Ní hé gur briathar é 'depart' a úsáidtear go minic i suíomhanna coinníollacha sa Bhéarla, agus ní hamhlaidh do 'imigh' na Gaeilge ach oiread. Ní briathra neamhrialta iad seo ach oiread. Ní foláir mar sin gur dhearmad a bhí ann; b'fhéidir go raibh sé sa cheann ag O' Neill Lane foirmeacha den mhodh coinníollach a chur ar fáil tríd síos agus gur theip air sa sprioc sin de cheal ama nó spáis. Is iad na haon fhoinsí eolais eile atá aige don mhodh coinníollach ná an méid atá scríofa aige faoi na ceannfhocail

‘were’, ‘will’ (cé gurb ait é go bhfuil eolas ar an modh coinníollach faoi cheannfhocal a bhaineann le haimsir fháistineach aige; ní dócha go rachadh an Béarlóir go dtí an ceannfhocal ‘will’ d’aon ghnó agus comhairle á lorg aige ar struchtúr coinníollach a chur le chéile) agus ‘would’:

Were, the imp. indic. pl. and subjunctive sing. and pl. of To Be : ... as it w., (i) mar do bheadh, (ii) mar a bheadh ; w. I rich, dá mbeinn-se saidhbir ; if it w. so, dá mbeadh sé mar sin ; if you w. an honest man, dá mbeitheá-sa ad’ dhuine mhacánta... if you w. not a fool, muna (nó mara) mbeadh tusa ad amadán ; (ibid: 1703).

Will, v.t., ... (2) ... Would, as the imperf. of Will, is chiefly employed in the conditional, subjunctive and optative senses : he w. go if he could, rachadh sé dá bhféadfadh sé é ; he could go if he w., dá mb’áil leis d’fhéadfadh sé imtheacht ; he said he would go, dubhairt sé go raghadh sé ; whatsoever ye w. that men should do to you, gach uile nídh budh mian libh daoine do dhéanadh díbh (Mat. 7, 12)... Would is used conditionally for both present and future time, as: I w. go now if I were ready, rachainn leat anois dá mbeinn ullamh ; if it should rain he w. not go, dá ndéanfadh se fearthainn ní imtheóchadh sé. (ibid: 1717)

Would, imp. of Will (which see): I could do it if I would, do b’fhéidir liom a dhéanamh dá mb’áil liom é; what w. you like me to do, cad dob áil leat do dhéanfainn; I w. not do it for all the world, ní dhéanfainn é ar an domhan go léir; he thought no one w. find out, do shaoil sé ná fuigheadh éinne amach é ; he w. not find water in a river, ní bhfuigheadh sé uisce san abhainn ; w. he were married, do b’fheárr liom go mbeadh sé pósta ; great talk w. be made about it if I noticed him, is mór an chainnt dhéanfaidhe dhe dá dtugfainn faoi ndeara é. (ibid: 1736)

Ní raibh aon teagasc sa mhéid seo ar struchtúir choinníollacha chur le chéile, ach beagán comhairle ar úsáid an mhodha choinníollaigh go ginearálta, agus sraith abairtí léirithe. Is inspéise go bhfuil an briathar saor sa mhodh coinníollach san áireamh (“is mór an chainnt dhéanfaidhe...”). Bhí beagán de léargas ar struchtúir choinníollacha i gcúpla ceann de na samplaí léirithe faoin gceannfhocal ‘had’:

Had, imp. of Have, ... if we had enough money, dá mbeadh airgead go leór againn... had I not been a fool, muna mbeinn-se am amadán, muna mbeadh go rabhas im amadán... (ibid: 734).

Ba ghéarchúiseach an cleas é an t-eolas seo faoi struchtúir choinníollacha a chur ar fáil faoin gceannfhocal ‘had’ sa Bhéarla toisc gur dóchúil go maith go lorgódh an Béarlóir an ceannfhocal

‘had’ sa bhfoclóir agus iad ag cuimhneamh ar abairt den chineál “if we had enough money...” srl. a chur le chéile.

5.2.4.2.4. An aimsir chaite

Chuir sé eolas ar fáil ar fhoirmeacha na haimsire caite do mhórchuid de na briathra Gaeilge. Níor tugadh an t-eolas seo faoi na príomhiontrálacha ar na briathra áfach. Faoi mar atá léirithe thuas, thug sé an chuid is mó don eolas a bhí aige ar bhriathra faoin gceannfhocal a bhí mar fhoirm leama den bhriathar Béarla. Ach bhí ceannfhocail Bhéarla eile aige ar cuireadh ‘imp.’ mar noda leo, agus is futhu sin a bhí eolas ar an aimsir chaite aige go hiondúil, mar shampla:

Dug, imp. of Dig, (1) as witness that I d. this well, n-a bhfiadhnaise gur thochail mé an tobar so (ibid: 502)

Grew, imp. of Grow, d’fhás sé, (he) grew ; the youths grew, d’fhásadar na buachaillí (ibid: 719)

Had, imp. of Have, I had it, bhí sé agam ; he had it, bhí sé aige ; you had it, bhí sé agat ; we had it, bhí sé againn ; they had it, bhí sé aca; they had the house to themselves, bhí an teach fúthu féin aca ; she had it, bhí sé aici... (ibid: 734)

Hid, imp. and p.p. of Hide. (ibid: 777).

Maidir le ‘Hid’, thuas, ní raibh aon ábhar Gaeilge san iontráil aige, ach dá rachadh an léitheoir chuig ‘hide’ as a stuaim féin, gheobhadh sé “I hid myself, d’fholuigh mé mé féin” (ibid: 777) i measc na samplaí léirithe, agus bheadh leis. Ar an gcúpla iontráil thuas, ba é ‘Grew’ ab fhearr, de bhrí gur úsáid sé lúibíní chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an briathar san aimsir chaite – ‘d’fhás’ – agus an forainm – ‘sé’ – a ghabh leis, sa tslí is gur léir gurb é ‘d’fhás’ an chuid den struchtúr a d’fhreagair do ‘grew’ an Bhéarla.

Ar an iomlán áfach, ba dhíomách an cur chuige é seo nuair a chuimhneofar gurbh é seo an príomh-mhodh aige chun eolas a thabhairt mar gheall ar an aimsir chaite. Níor míníodh an ‘d’ réamhchlaonach roimh ‘fhás’ anseo nó in aon áit eile. Níor míníodh aon ní in aon chor i measc

fhoirmeacha na haimsire caite; bheadh ar an bhfoghlaimoir brath ar an mbeagán samplaí léirithe sna hiontrálacha agus a thátal féin a bhaint as ar cuireadh os a chomhair amach. B’annamh a tugadh foirmeacha spleácha agus neamhspleácha araon do na briathra. Agus níor tugadh eolas mar gheall ar cheist a chumadh sa Ghaeilge; ní raibh ‘did’ mar cheannfhocal aige in aon chor, agus dá dheasca sin, ní raibh aon deis aige míniú a thabhairt ar an mír cheisteach ‘ar’ le briathra rialta, ná ar an tslí a mbaineann ‘an’ mar mhír cheisteach le cúpla ceann de na briathra neamhrialta. Mar bharr air sin arís, agus toisc nach raibh ‘Made, imp. of Make’ mar cheannfhocal aige ach oiread, fágadh nach raibh deis aige plé le dealramh a dhéanamh ar neamhrialtacht an bhriathair bhunúsaigh ‘déan’ san aimsir chaite in aon chor. Ní bheadh foirmeacha na haimsire caite ar fáil in aon chor i gcás ‘déan’ murach gur deineadh cúpla tagairt sa tslí dóibh, sna samplaí faoin gceannfhocal ‘make’:

Make, v.t., (1) to create, to bring into being to form, produce, frame, fashion (i) déanaim, amh, and –adh : everything that he had made, gach nídh dá ndearna sé (Gen. 1, 31), [note in parts of Ulster déanaidh, imp. pl. is pron. téanaigh, which is somewhat akin to the sound of the final gh and dh. in Mun] ; he made him to the likeness of God, i gcosamhlacht Dé do rinne sé é (Gen. 5, 1) (ibid: 972)

Ar an gcuntas seo, ba dhóigh le duine gur thábhachtaí leis an plé ar chosúlachtaí éadoimhne idir na canúintí ná bunriachtanais fhoghlama. Ar a laghad, deineadh freastal éigin ar na riachtanais sin sa tuairisc a tugadh i dtaobh an bhriathair ‘faigh’, de thairbhe go raibh ‘Found, imp.’ agus ‘Got, imp.’ mar cheannfhocail sa bhfoclóir:

Found, imp. of Find : he f., fuair sé ; (ibid: 647)

Got, imp. of Get, fuaras (ó Sheághan é), I got (it from John) ; she got the length of his shoe .i. she is able to manage him, fuair sí fad a bhróige ; (ibid: 706)

B’oirbheartach an tslí inar mhúin sé an nath cainte “fad bhróg dhuine a fháil” agus eolas á thabhairt aige ar fhoirmeacha an bhriathair neamhrialta ‘faigh’ ag an am céanna.

Níor tugadh aon eolas in aon chor i dtaobh an bhriathair ‘tabhair’ faoin gceannfhocal ‘gave’:

Gave, imp. of Give. (ibid: 677)

Agus dá bhrí sin, is gá dul go dtí an iontráil faoin gceannfhocal ‘give’, áit ina dtiocfaí ar fhoirm na haimsire caite do ‘tabhair’ tar éis tamaill:

Give, v.t. (1) to bestow, to grant, ... (b) tabhram, -bhairt : I gave thanks to God, do thugas buidheachas do Dhia (ibid: 688)

Dá gcoimeádfadh an léitheoir air ina chuid réasúnaíochta as a chonlán féin, d’fhéadfadh sé teacht ar an smaoineamh go mb’fhéidir go mbeadh caint éigin ar an mbriathar ‘tabhair’ faoin gceannfhocal Béarla ‘bring’, agus go mb’fhéidir gurbh ann a gheobhadh sé léargas ní ba chríochnúla ar fhoirm na haimsire caite de:

Bring, v.t. ... *to bring home* ... (a) b. him home with you , tabhair leat abhaile é ; (b) to prove conclusively : the evil deed was brought home to him by the evidence of the facts themselves, tugadh abhaile chuige an droichbheart le deimhniúghadh an neithe féin... (3) To cause one to feel, know or appreciate by experience : ... this brought him to realize his sin, thug so chum aithne a pheacaidh (O’ Beg.) ; upon second thoughts his conscience brought it home to his own case, ar n-athsmuaineadh thug a choguas abhaile é chun a cháis féin (O’ Beg.) ... *to bring with*, do bhreith leis : thugamar féin an tsamhradh [sic] linn (sean amhrán)... (ibid: 227-8).

Bhí an briathar saor chomh maith leis an triú pearsa iolra don bhriathar seo le fáil faoin gceannfhocal seo ach go gceadófaí é, agus bhraith an méid seo ar ghéarchúis an léitheora.

Seo a leanas ar tugadh d’fhaisnéis ar fhoirm na haimsire caite den bhriathar ‘abair’ faoin gceannfhocal ‘said’ :

Said, imp. of Say: he s., dubhairt sé ; (ibid: 1343)

Níl aon léargas breise le fáil faoin gceannfhocal ‘say’ ach oiread. Fiú amháin dá mbuailfeadh fonn an léitheoir dul ag maoscal tríd an iontráil faoin gceannfhocal ‘tell’ ar tóir a thuilleadh eolais ar an mbriathar ‘abair’, ní bheadh luach a shaothair le fáil aige ar deireadh:

Tell, v.t. ... (4) To order, to request, to command, (a) deirim, v.n. rádh : he told me to go to Cork, dubhairt sé liom dul go Corcaigh ; he told her not to be frightened, dubhairt sé léi gan eagla do ghlacadh ; (ibid: 1559)

Ní raibh sa mhéid sin ach athrá ar an bhfoirm spleách, tríú pearsa uatha. Níl faoiseamh in ann don té a dteastódh tuilleadh eolais ar an mbriathar seo uaidh, cuardaíodh sé ‘allege’, ‘express’, ‘mention’, ‘report’, ‘sing’, ‘speak’, ‘state’ ‘utter’ faoi seach sa bhfoclóir, nó pé brí eile a d’fhéadfaí a chur ar an mbriathar ‘abair’.

Faoin gceannfhocal ‘came’, bhí an tuairisc ar an mbriathar ‘tar’ san aimsir caite áisiúil go maith:

Came, imp. of Come : he came, tháinig sé ; I came, thánag... I came like water and like wind I’ll go, thángas mar uisge is mar ghaoith imtheóhad ; everything that came or will come, gach nídh tháinig nó thiocfaidh (ibid: 253)

Bhí an baol ann áfach go gcuirfí an foghlaimeoir trí chéile nuair a d’fheicfeadh sé gur tugadh “thángas mar uisge” mar shampla d’aistriúchán ar “I came”, cé go ndúradh sa chéad áit, díreach roimhe sin, gurbh é an tiontú Gaeilge a bheadh ar “I came” ná “thánag”.

Ní hann don cheannfhocal ‘heard’ sa bhfoclóir, agus mar sin, is gá dul i gcomhairle an mhéid a tugadh faoin gceannfhocal ‘hear’ chun eolas a fháil ar fhoirm na haimsire caite don bhriathar ‘clois’:

Hear, v.t. (1) to perceive by the ear (a) cloisim... when he heard his father’s words, nuair do chualaidh sé briathra a athar ... I heard about him, chualas trácht air... (ibid: 762)

Hear, v.i., ... (2) to be informed, to be told, as: I have not heard from him for a week, (a) níor chualas uaidh le seachtmhain (ibid: 762).

Cé go mbainfí siar as an léitheoir a fheiscint nach raibh ‘heard’ mar cheannfhocal sa bhfoclóir, agus go mbeadh air an freagra a bhí ag teastáil uaidh a lorg i mball eile dá dheasca, bhí eolas dóthanach curtha ar fáil dó sa dá iontráil thuas (éagsúlacht sna pearsanra, foirmeacha spleácha

agus neamhspleácha ar taispeáint), maidir leis an bhfoirm den bhriathar ‘clois’ san aimsir chaite, le go ndéanfadh sé an bheart i scríobh an bhriathair sin ach go háirithe.

Tugtar roinnt eolais i dtaobh fhoirm na haimsire caite don bhriathar ‘bí’ faoin gceannfhocal ‘was’:

Was, ... imp. tense : I was there, do bhí mé (nó bhíos) ann súd ; he was there, bhí sé ann ; the good that is, is better than the good that was, is fearr an mhaith atá ná an mhaith a bhí ; and it was so, agus do bhí mar sin ; (ibid: 1689)

Níor tugadh sa mhéid sin áfach ach cúpla sampla den fhoirm neamhspleách. Tugadh fíorbheagáinín eolais ar an bhfoirm neamhspleách faoin gceannfhocal ‘were’:

Were, the imp. indic. pl., and subjunctive sing. and pl. of To Be : we w. bhíomair-ne ; ... as they w. not there, de bhrígh ná raibh siad ann ; (ibid: 1703)

Tugadh foirmeacha spleácha agus neamhspleácha araon do na briathra ‘feic’ agus ‘téigh’ faoi na ceannfhocail ‘saw’ agus ‘went’, áis a bhí annamh i bhfoclóir O’ Neill Lane, chaithfí a rá faoin tráth seo.

Saw, imp. of See : I s., do chonaic (nó chonnaire) mé ; God s. that it was good, do chonnaire Dia gur mhaith sin ; I neither s. man, dog or hound, ní fheaca mé duine, gadhar ná cú. (ibid: 1354).

Went, imp. of Go: I w. home, do chuidh abhaile ; he w. away, do chuidh sé chum siubhail ; they w. backward, do chuidh i ndiaidh a gcúil ; till we w. across the sea, go ndeachamar anonn tar sáile ; (ibid: 1703).

Is mairg nár leag sé gach ceann de na briathra neamhrialta amach sa tslí seo.

5.2.5. An cónasc

Bhí leaganacha dúchasacha Gaeilge curtha ar fáil aige tríd síos mar aistriúcháin ar na cónaisc sna ceannfhocail Bhéarla:

Except, conj., unless, if it be not so that, (1) muna ; (2) muna bheith ; (3) mara (M.) ; (4) acht amháin (ibid: 558)

Howbeit, ad., conj., be it as it may, albeit, although, but, however, nevertheless, notwithstanding, yet, (1) gidh ; (2) gidheadh ; (3) gidh trácht ; (4) giodh ; (5) n-a dhiaidh sin is uile ; (6) ar a shon san is uile, &c, (ibid: 800)

Uaireanta, bhí ‘conj.’ aige mar chur síos ar thaobh na Gaeilge aige, mar shampla:

Arising, or preceding from, ó, prep. and conj., (ibid: 97).

Cé gur breá nádúrtha iad na leaganacha thuas mar aistriúcháin Ghaeilge ar na ceannfhocail Bhéarla, ba dheacair ar an bhfoghlaimoír a dhéanamh amach gan samplaí conas ‘muna bheith [sic]’ nó ‘ó’ thuas a chur in abairtí i gceart. Bhí raidhse samplaí agus míniúchán aige i bhformhór na gcónasc áfach. Tá a chruthú sin le fáil sa chúpla iontráil seo a leanas;

Both, ... (2) conj., idir (eidir no eadar), when it precedes the first of two co-ordinate words with agus before the second, as both bad and good, idir olc 7 maith ; all, both weak and strong, both warrior and cleric, both old and young, gach aon idir through agus tréan, laoch agus cléireach, idir sean agus óg (ibid: 212).

Either, conj., correlative to *or*, (1) acht chomh beag : or any other person e., ná aon duine eile acht chomh beag ; (2) acht an oiread (*Con.* and *M.*), acht a oiread, (U.) : or to forget him e., nó a dhearmad acht an oiread ; (3) nó : ask it e. in the depth below or the height above, iarr é ‘san doimhne thíos nó ‘san áirde thuas ; take it in e. silver or gold, tóg é i n-ór nó i n-airgead ; (4) gan ór gan airgead, without e. silver or gold., (ibid: 519)

For, conj., (1) since, because ; introducing a cause, reason, motive or explanation of something before advanced, óir f (foir, U.) : give thanks to the Lord f. he is good, molaidh an Tighearna óir is maith é (Ps. 135, 1) ; f. we know, óir tá fios againn ; don't meddle with him f. he is a very cheat, ná bain leis óir is fíormhealltóir é ; f. the end of them is death, óir is é is críoch dóibh bás (Rom, a, 21). (2) Because, by reason that, for that, (a) mar gheall ar ; (b) de bhrígh ; (c) i dtaoibh : he was mad with me f. going home, bhí sé ar buile liom i dtaoibh dul abhaile ; (d) uime sin (ibid: 634).

Seachas an méid gur chosúil gur sheachain sé ceist an athraithe tosaigh leis an réamhfhocal ‘idir’ (bhí séimhiú aige ar ‘truagh’, ach ní raibh ar ‘maith’ ná ar ‘cléireach’ thuas), is féidir a rá gur mór an chabhair iad na samplaí léirithe a cuireadh leis na leaganacha dúchasacha Gaeilge.

5.2.6. An dobhriathar

Is é an dúshlán a bhaineann le hobair an fhoclóirí Béarla-Gaeilge i láimhseáil dhobhriathra an Bhéarla ná frásaí dobhriathartha oiriúnacha a aimsiú sa Ghaeilge chun aistriúcháin a chur ar fáil

do na focail dhobhriathartha sa Bhéarla. Más furasta an foirceann ‘ly’ a chur ag deireadh aidiachta chun a dobhriathar a chumadh sa Bhéarla, is féidir a leithéid de rud agus an réamhfhocal ‘go’ a chur díreach roimh an aidiacht chun a dobhriathar a chumadh sa Ghaeilge. Is é sin an príomh-mhúnla do chumadh dobhriathra sa Ghaeilge. Feictear go minic ag O’ Neill Lane é;

Bad, a., evil, hurtful, painful, injurious, offensive, inconvenient, unfavourable, imperfect, (1) olc, (ibid: 134)

Badly, ad., not well, go holc (ibid: 135)

Painful, a., (1) full of pain, causing uneasiness or distress (a) pianamhail, -mhla (ibid: 1139)

Painfully, ad., in a painful manner, go pianamhail (ibid: 1139)

Sympathetic, Sympathetical, a., produced by or expressive of sympathy, (1) báidheach, - dhighe ; (2) cásmhar, -aire (ibid: 1543)

Sympathetically, ad., in a sympathetic manner, (1) go báidheach ; (2) go cásmhar (ibid: 1543).

Níor tugadh a macasamhail dhobhriathartha do gach aon aidiacht Bhéarla áfach, fiú amháin má bhí sé i WID. Sampla de sin ab ea ‘discretely’, a bhí ag Porter (Porter, 1907) ach nach raibh sa liosta ceannfhocal Béarla ag O’ Neill Lane. Bhí ‘discrete’ aige áfach:

Discreet, a., prudent, sagacious, cautious, (1) discréideach, -dighe (LLEID: 464).

Dá mbeadh nóta gramadaí tugtha ag O’ Neill Lane ar chumadh dobhriathra sa Ghaeilge, chuirfí go glinn ar shúile an fhoghlaimora nár ghá ach ‘go’ a chur roimh ‘discréideach’ chun ‘discretely’ a aistriú dó féin. Mar atá, bheadh ar an léitheoir géarchúiseach a bheith ag brath ar an eolas cliathánach a bhí á thabhairt sna samplaí ag O’ Neill Lane chun teacht ar an tuiscint seo. Thug sé leid chaolchúiseach gurbh amhlaidh a bhí le dobhriathra na Gaeilge sa tslí a gcuireann sé dhá cheannfhocal ar leith le chéile, .i. ‘arrogant’ agus ‘arrogantly’:

Arrogant, a., haughty, assuming, conceited, presumptuous, (1) baothuaibhreach, -righe, ; (2) an-uaihbhreach, -righe ; (3) aibhéasach, -aighe ; (4) boithealldha, ind.; (5) díomsach, -aighe ; (6) mórdhálach, -aighe ; (7) sotalach, -aighe ; (8) tóstalach, -aighe ; (9) uailmhianach, -aighe ; (10)

ceannárdach, -aighe ; (11) bródamhail, -mhla ; (12) leitheadach ; (13) uallach, -aighe ; (14) mórtasach, -aighe; (15) stráiceamhail, -mhla.

Arrogantly, ad., in an arrogant manner, go baothuaibhreach, etc. (ibid: 101)

Cé go bhféadfadh duine dul ar bhóthar na saothíneachta agus a áiteamh nach é ‘arrogant’ in aon chor is brí le cúpla ceann de na moltaí a tugadh, is léir go bhfuil saibhreas suaithinseach san iontráil a bhain leis an aidiacht ‘arrogant’. Níor dhein sé an liosta focal sin a thabhairt athair nuair a tháinig sé chomh fada leis an dobhriathar a bhain leis; níor dhein sé ach an chéad aidiacht sa tsraith a thabhairt agus ‘go’ curtha roimhe, agus ‘etc.’ á leanúint, ag tabhairt le fios go bhféadfaí amhlaidh a dhéanamh leis na ceithre aidiacht déag eile. Ba chliste an cleas foclóireachta é seo chun dul i ngleic le dobhriathra, a shabhálfadh cuid mhaith spáis tríd síos, agus is é an trua é dá bhrí sin nár cleachtadh é mar nós imeachta ginearálta sa bhfoclóir. Níl sé le feiscint in aon áit eile.

Ní i gcónaí a d’oirfeadh an múnla thuas, a bhrathfadh ar ‘go’, chun dobhriathartha an Bhéarla a aistriú go Gaeilge áfach. Tá frásaí dobhriathartha Gaeilge ann nach mbaineann an múnla seo leo, agus níor dhein O’ Neill Lane faillí in úsáid a bhaint astu;

Eternally, ad., do shíor (ibid: 550)

Loudly, ad., in a loud manner, (1) ós árd (ibid: 957)

Previously, ad., antecedently, (1) roimh ré ; (2) roimh láimh ; (3) cheana (ibid 1231)

Go minic, bhí sé seo amhlaidh nuair a bhí dobhriathra i gceist sa Bhéarla nach gcríochnaíonn leis an bhfoirceann ‘ly’. Bhí an dá chur chuige aige chun aistriúcháin a dhéanamh orthu seo. D’fhormhór, bhí sé ábalta leaganacha dúchasacha a sholáthar agus an saghas seo dobhriathair á aistriú aige:

Abaft, ad., towards the stern, a sgaifirr ; a gcúl ; ar a’ dtaobh thiar ; chum deiridh (ibid: 2)

Ablaze, ad., and a., on fire ; (1) ar lasadh (ibid: 7)

Erelong, ad., soon, (1) sula abhfad ; sul nach fada ; (2) sara bhfad ; (3) gan mhoill (ibid: 546)

Ach uaireanta eile, bhí air aistriú lom ar an sainmhíniú Béarla a aimsiú.

Ablom, ad., in bloom, i mbláth (ibid: 7)

Cap-à-pie, ad., from head to foot, (1) ó bhathas go bonn (ibid: 257)

Crosswise, ad., in the form of a cross... (3) ar nós croise (ibid: 388)

Tá corrnóta aige ar réimíreanna sa Ghaeilge, agus ina measc, bhí an nóta a scríobh sé ar an réimír

‘so-’ san iontráil faoin gceannfhocal ‘easily’, atá ina dhobhriathar sa Bhéarla:

Easily, ad., ... N.B.—So- = (Skr. su), prefixed to adjectives means easily, opp. to do-, difficult ...

E. led or moved, soghluaiste.

E. clad, sochumduighthe (Don.).

E. closed, sodhúnta.

E. done, a., sodhéanta.

E. fatigued, sochortha.

E. formed, a., sochumtha (ibid: 511)

Ní léir cén fáth nár thug sé an nod ‘a.’ leis an gcuid is mó de na samplaí thuas, nuair a mheas sé é a chur le cúpla ceann acu. B’aidiachtaí ar fad iad ar ndóigh. Dearmad arís ab ea é sin is dócha. Is léir áfach go raibh an tuairim cheart aige i dtaobh aistriú dhobhriathra an Bhéarla isteach sa Ghaeilge.

Ní hannamh foghlaimeoirí a bheith i bponc ag na dobhriathra ‘up’ agus ‘down’, ach dhein T. O’

Neill Lane an-lámh ar iad a mhíniú agus a leagan amach go soiléir;

Up, ad., ... (2) With verbs of motion : from a lower to a higher position lit. or fig. : from the mouth toward the source of a river, from younger age, (a) suas (= motion upwards from the speaker) : they presumed to go up unto the hill-top, do chuireadar-san rómpa dul suas go mullach an chnoic (Numb. 14, 44)... (b) aníos (= motion from below up to speaker) : move up near the fire, druid aníos i n-aice na teineadh ; he came up, tháinig sé aníos ; he went up, do chuaidh sé suas ... (3) With verbs of rest, condition or state, situation, etc., in a higher position lit. or fig., in the state of having arisen, (a) shuas nó thuas : to be up on a hill, bheith thuas ar chnoc (ibid: 1653-4)

Down, ad., from a higher to a lower position *lit.* or *fig.*, síos, motion downwards from here : he was going down, bhí sé ag dul síos ; anuas, motion from above to here: that Moses delayed

to come down from the mountain, gur fhadáil Maoise Teach anuas ón tsiabh (Ex. 32, 1)...
thíos, at rest below (ibid: 487).

Ní hamháin sin, ach bhí míniúcháin den saghas céanna aige faoi na dobhriathra ‘above’, agus
‘below’ chomh maith.

5.2.7. An forainm

Dhein sé ceannfhocail de na forainmneacha Béarla ar fad, agus dhein sé ceannfhocail ar leith de
thuiseal cuspóireach agus de thuiseal ainmneach an fhorainm. Tugadh an dá thuiseal den
fhorainm Gaeilge faoin ainmneach Béarla, faoi mar is léir ón méid thíos. Mar shampla, tugtar ‘é’
chomh maith le ‘sé’ faoin gceannfhocal ‘he’ agus tugadh ‘í’ chomh maith le ‘sí’ faoin
gceannfhocal ‘she’, iad á n-idirdhealú óna chéile trí thagairtí do na noda ‘acc.’ agus ‘nom.’ faoi
seach:

He, pron., (1) a masculine pronoun of the third person singular *nom.* sé, *acc.* é. (ibid: 757)

Him, pron., objective case of ye, he, (1) é ; (2) emphatic form, eisean : (ibid: 780)

Her, pron., (1) í, emph. ise, the objective form of the personal pronoun she, sí ; (ibid: 773)

She, pron., this or that woman, animal of the female sex or object personified as feminine, sí, í ;
sise, ise, emph. form of sí and í (ibid: 1396)

It, pron., sé, é, í, sí, eadh (neuter) : it is raining, tá sé ag (cur) fearthainn ; is it not wonderful
work? Nach iongantach an obair í? ... Sometimes the pronoun is omitted : ... so it was, is
amhlaidh a bhí ; ... it was not long, níor bh’fhada... (ibid: 866).

We, the pl. nom. case of the pronoun of the 1st person, inn, sinn, emph. inne, sinne: (ibid: 1695)

Us, pron., sinn, sinne, inn, inne (ibid: 1656)

Me, pers. Pron., the person speaking regarded as an object ; acc. mé, mise (ibid: 997)

I, pron., the nom. case of the pron. of the 1st pers., mé ... ; emphatic form, mise: (ibid: 808)

Them, pron., the objective case of They, iad (ibid: 1570)

They, pron., the pl. of he, she, it, (1) siad... (2) iadsan (ibid: 1572).

Thee, per. pron., tú... (ibid: 1569)

You, pron., tú ; sibh; sibh-se : (ibid: 1746)

B'inspéise gur tugadh 'inn' mar leagan malartach den fhorainm 'sinn' faoi na ceannfhocail 'we' agus 'us' thuas, ach níor mhóide go raibh gá leis an rogha sin a chur ar an bhfoghlaimoír nach dtuigfeadh an difríocht. Ní hamhlaidh go raibh an leagan malartach sin fós coitianta faoin am sin. B'áisiúil an tuairisc a thug sé ar an bhforainm 'it'; thug sé eolas ar an gcopail gan dul i bhfad scéil léi, leis an míniú achomair go bhfágtar an forainm amach uaireanta. Tabharfar faoi deara chomh maith áfach nach raibh leanúnachas sa tslí inar chuir sé eolas ar na forainmneacha ar fáil, cé gurbh fhearr formáid sholáthar an tsaghais seo eolais a bheith de réir a chéile agus caighdeánach. Bhí an spleachadh a thug O' Neill Lane ar na forainmneacha éagsúil i gcás gach ceann acu ar shlite difriúla; mar shampla, ghabh sainmhínte, samplaí soiléire léirithe agus noda beaga gramadaí le cuid acu (.i., 'she'), ach ba lom an iontráil a tugadh faoin gceannfhocal 'you' i gcomórtas leis na cinn chríochnúla – níor tugadh aon sainmhíniú ar an gceannfhocal féin; níor tugadh foirm threise don fhorainm 'tú'; cuireadh an forainm 'sibh' isteach san iontráil gan a mhíniú cén difríocht a bhí idir 'tú' agus 'sibh' mar fhorainmneacha; ní raibh aon nod mínte lena thabhairt le fios go deimhin gur fhoirm threise de 'sibh' a bhí i gceist le 'sibh-se'. Is é is dóichí de ná gur caitheadh an iontráil seo le chéile ag céim dhéanach sa togra agus radharc ag an bhfoclóirí ar fhoilsíú an fhoclóra. Níl aon léargas breise le fáil faoin gceannfhocal 'thee' ach oiread.

5.2.7.1. An forainm réamhfhoclach

I gcás 'them' thuas, deineadh an scagadh idir an tuiséal ainmneach agus an tuiséal cuspóireach den fhorainm sin ó thaobh na bhfobhríonna a bhainfeadh leo (.i., bhí iontráil ar leith tugtha aige don tuiséal ainmneach agus iontráil ar leith eile tugtha aige don tuiséal cuspóireach), rud a bhí i bhfad níos soiléire. Ar an drochuair, níor cleachtadh an nós seo tríd síos.

Is faoi na forainmneacha sa tuiseal cuspóireach a bhí liostaí de na forainmneacha réamhfhoclacha (liostaí a raibh forainmneacha curtha le réamhfhocail chomhshuite ina measc) le fáil, agus bheadh an cur chuige áisiúil go maith óir is maith an seans go gcuardódh an Béarlóir an forainm cuspóireach mar cheannfhocal agus frása réamhfhoclach á chur le chéile aige. Mura gcuardódh, bheifí ag brath air go dtiocfadh sé trí thimpiste agus go gcuimhneodh sé air ina dhiaidh sin gur ann a bhí eolas ar an forainmneacha réamhfhoclacha. Ba é an iontráil faoin gceannfhocal ‘him’ ba chríochnúla, agus ba mhaith an mhaise dó na forainmneacha réamhfhoclacha a bhain leis sin a fháil i gceart toisc ‘it’ a bheith inaistrithe leis na foirmeacha céanna. Is mairg nár thug sé an méid sin le fios áfach, go háirithe ón uair nach bhfuil a leithéid d’iontráil agus é seo faoin gceannfhocal ‘it’ féin:

Him, pron., objective case of ye, he, ... (2) emphatic form, eisean... above him, ós a chionn. About him, n-a thimcheall. After him, n-a dhiaidh... At him, (a) air... (b) leis... (c) faoi... Before him, roimhe, roimis (M.)... Beyond him, thairis... By him, (a) .i. done by him, leis; emp., leisean... For him, (a) air... (c) dó... (d) leis... From him, uaidh. In him, ann. Of him... (a) air... (b) roimhe... (c) de... (d) as (e) thairis... On him or upon him, air... To him, unto him, dó, emph. dósan... Through him, tríd... Towards him, chuige... Under him, faoi... With him, leis... (ibid: 780)

Is tearc agus is díomách an méid eolais a tugadh i dtaobh fhoirmeacha réamhfhoclacha an fhorainm ‘mé’ áfach, forainm a bhfuil tábhacht mhór leis gan amhras:

Me, pers. Pron., the person speaking regarded as an object ; acc. mé, mise, dat. dam, damsa... love me, tabhair grádh dham (ibid: 997)

Fadhb eile is ea gur thug sé ‘dam’ mar “tuiseal tabharthach” do ‘mé’, mar dhea, cé go raibh “dham” sa sampla aige, gan é a bheith mínithe aige. Chuirfeadh sé seo mearbhall ar an gcuardaitheoir mar nár léir cén bunús a bhí leis an séimhiú ar ‘dam’ sa sampla léirithe. Bhí na hiontrálacha ar fhoirmeacha réamhfhoclacha d’fhorainmneacha eile mórán mar a bhí le ‘him’ thuas, seachas ‘she’ nár tugadh aon eolas ar réamhfhoclacha fúithi:

5.2.8. An intríacht

Dhein O' Neill Lane an-iarracht an saibhreas Gaeilge sa réimse seo a léiriú ina ranna inchreidte cainte faoi cheannfhocail inchoardaithe Bhéarla:

Alas, interj., an exclamation expressing sorrow or pity, (1) mo bhrón ; (2) mo chreach ; (3) mo chreach is mo léan ; (4) mo dhiachair ; (5) do dhoich ; (6) fóraoir ; fáiríor (U.), fáraor (Con.), fóríor (M.), fáiríor géar, fáiríor cráidhte ; (7) mo ghreadán ; (8) mo lagar ; (9) mo léan (géar) ; (10) mo léir ; (11) monuar ; (12) och ; (13) ochón ; (14) ochón ó ; (15) olagón ó ; (16) is truaighe ; (17) mo thruaighe ; (18) a Mhuire is truaighe (ibid: 52)

Avaunt, interj., begone, depart, imthigh ! (go!) fág mo radharc! Fág m'amharc (Mayo), (out of my sight !); chum bealaigh ! chum siubhail ! bí ar siubhal ! bailigh leat! (be off !). (ibid: 126)

Fie, interj., an exclamation expressing blame or disapprobation, (1) mo náire! my shame! ; (2) bobó (ibid: 601)

Hark ! interj., listen ! (1) éist ; (2) thost ; (3) cluin ; (4) clois. (ibid: 748)

Hollo ! Holloa ! Holla ! interj., a loud cry to attract attention, héileo ! ; hé ! (ibid: 787)

Lo ! interj., féach (ibid: 945)

O, ... (4) O ! interj., (a) an exclamation used in directly addressing a person, a, as Lord ! a Thighearna ; (ibid: 1095)

Welladay, interj., alas ! (1) monuar; (2) mo leán ; (3) foraois ; (4) óchón ; (5) mhaise, mhaise. (ibid: 1702).

Bíodh is gur Bhéarla léannta ardréime a bhí sna ceannfhocail aige, bhí leaganacha dúchasacha Gaeilge aimsithe aige, ba dhóigh leat, ó thobair éagsúla na teanga beo tríd an tír. Bhí a oiread agus ocht gcinn déag de leaganacha Gaeilge aige a d'fhreagródh don intríacht Bhéarla 'alas', agus bhí leaganacha malartacha aige ó na canúintí difriúla don intríacht a dtugtar 'faraor' mar litriú air sa lá atá inniu ann. Bhí 'héileo' an-bharrúil mar aistriúchán ar an gceannfhocal 'Hollo, Holloa'; ba chosúil gur thraslitriú ar an bhfocal Béarla 'hello' a bhí ann, ach is ródhócha go raibh sé cloiste aige tríd an nGaeilge i mball éigin, agus mar sin bheadh stádas éigin leis mar intríacht Ghaeilge. Lasmuigh de sin, is é an trua é nár thapaigh sé an deis míniú a thabhairt ar an ngramadach a bhaineann leis an tuiseal gairmeach faoin gceannfhocal 'O!', go háirithe agus 'voc.–Vocative.'

mar nod aige tríd an bhfoclóir agus foirmeacha gairmeacha d’ainmfhocail áirithe á dtabhairt aige; tá an chuma ar “a Thighearna” mar shampla léirithe gur roghnaíodh é de dhroim nach gá infhilleadh a dhéanamh air (agus dá bhrí sin, nár ghá an t-infhilleadh a mhíniú) sa tuiséal gairmeach.

5.2.9. An réamhfhocal

Is mó ceannfhocal Béarla a dúradh a bheith ina réamhfhocal i bhfoclóir T. O’ Neill Lane ná mar atá réamhfhocail sa Ghaeilge, agus dá bhrí sin, is minic go raibh air réamhfhocail chomhshuite a thabhairt ar thaobh na Gaeilge a d’fhreagródh do réamhfhocail an Bhéarla.

Against, prep., (1) opposite to, facing, towards, ós coinne: over a. the house, ós coinne an tighé (ibid: 44)

Over, prep., (1) above or higher than. os cionn : (ibid: 1131)

Nuair a bhí sé oiriúnach dó reamhfhocal simplí a thabhairt mar fhreagraí Gaeilge do réamhfhocal Béarla, bhí sé in ann deilbhíocht an réamhfhocail shimplí sin a chur ar fáil. Is é sin, na forainmneacha réamhfhoclacha a chur ar fáil.

Before, prep., (1) in front of, ahead of, preceding in space, (a) roimh(e) : b. me romham; b. you (sing.). romhat ; b. him, roimhe ; b. her, roimpe ; b. us, romhainn ; b. you (pl.). romhaibh ; b. them, rompa ; (ibid: 161)

To, prep., ... (3) To connects tr. verbs with their indirect object and adjectives, nouns and passive verbs with a following noun which limits their action... to herself, dí; to him, dó; to his; dá, to me, dam; to my, domh; to our, dár; to ourselves, dúinne; to their, dá; to thee, duit; to them, dóibh; to thy, dod; to us, dúinn; to your, dod; to you, díbh; to yourself, duitse... (ibid: 1592)

With, prep. With expresses relation or situation or proximity, connection, association, etc., (1) to denote a close relation of opposition or hostility, le, old form re... (2) to denote association... (a) le, re: ... (b) i measg... (c) i bhfochair... (d) i dteannta... (e) i bhfarradh... (3) On the side of, (a) le... (4) To denote the means or instrument, sometimes equivalent to by, le, re: ... (5) To denote association in thought... le, re... (6) To denote simultaneous happening or consequence, le, re... (7) To denote possession, ag: ... Pronominal combinations of ag and le nó re: w. Her, aici, léi. léithe, léi-se; fria, la; w. him, aige, leis, fris, ris ; w. me, liom, agam, rium, friom; w. my, liom, riom; w. thee, agat, leat, friot riot; w. them, aca, leó, riu; w. us, againn, linn, rinn ; w. you, agaibh, libh, ribh (ibid: 1725)

Is inmholta an cur chuige seo. Ar an tslí seo, chuardódh úsáideoir an fhoclóra an réamhfhocal

Béarla a bheadh uaidh, agus ní hamháin go bhfaigheadh sé an bunréamhfhocail simplí a theastódh uaidh, ach bheadh na forainmneacha réamhfhocail (tabharfar faoi deara gur “pronominal combinations” nó suffixed personal pronouns” a thug sé féin orthu, cf. faoin gceannfhocail ‘T’, ibid: 1544/1545) leagtha amach ag O’ Neill Lane dó. Is suimiúil gur thug sé an seanleagan den réamhfocail ‘le’, .i., ‘re’, rud nach dócha áfach go raibh gá leis i gcás an fhoghlaimeora nach dteastódh uaidh ach ‘with’ a aistriú go Gaeilge. Is minic go raibh air an-chuid réamhfhocail difriúil a thabhairt ar thaobh na Gaeilge chun na fobhríonna ar fad a bhain le réamhfocail amháin Béarla a aistriú. Bhí sé an-chríochnúil san obair seo, faoi mar is léir ón iontráil faoin gceannfhocail ‘of’:

Of, prep., (1) denoting that from which anything proceeds, indicating origin, source, descent, etc., (a) de... he is the blood of kings, is de’n fhuil ríogh é ; ... (b) le: drink is the cause of it, ‘sé an t-ólachán is bun leis ; (c) ó ... to take the advice of a person, comhairle do ghabháil ó dhuine. (2) Denoting the material of which anything is composed or what it contains, de: of yellow gold, d’ór bhuidhe; ... (3) Denoting possession or ownership, (a) de: ... he is a friend of mine, is cara dhamsa é ; (b) ar: possessed of little sense, ar bheagán céille... (c) i : weak of spirit, lag i spioraid. (4) Denoting part of an aggregate or whole, belonging to a number of quantity mentioned, from amongst, out of, (a) de... he is ten years of age, tá sé deich mbliadhna d’aois; (b) le: a doctor of medicine, ollamh le leigheas. (5) Denoting that by which a person or thing is actuated or impelled, also the source of a purpose or action, (a) le: not grudgingly nor of necessity, ní maille le doicheall nó le héigean (2 Cor. 9, 7) ; (b) ar: of their own will, ar a dtóil féin; ... (c) ó: no body can move of itself, ní féidir le corp ar bith gluaiseacht uaidh féin; (d) tré: of his great mercy, tré n-a mhóthrócaire. (6) Denoting reference to a thing, about, concerning, relating to, (a) timcheall: did not other tells it thee of me, nár inniseadar daoine eile dhuit é am thimcheallsa (John, 18, 34) ; (b) as: I am very proud of it, tá bród mór agam as (Con.), ... (c) fá, faoi (Con.), fá, fó (U.), fé, fá (M.) : I am ashamed of that story, tá náire orm fá’n sgéal sin ; (d) roimh: I am afraid of James, tá eagla orm roimh Shéamus... (e) ar: inquire of him, cuir tuairisg air... (f) le: inquire of him, cuir ceist leis; (g) do: he of speaks of grace, labhrann sé do ghrása (ibid: 1105)

San iontráil thuas, luadh fiche fochiall a bheith ag an réamhfocail ‘of’ sa Bhéarla, agus úsáideadh dhá réamhfocail déag ar thaobh na Gaeilge de chun na fochialla sin a aistriú go Gaeilge. Tá an iontráil an-chuimsitheach dá bharr; is dócha go bhfuil comhairle aige do gach aon chomhthéacs a dteastódh ó dhuine ‘of’ an Bhéarla a aistriú go ‘de’ na Gaeilge. Agus tá an iontráil seo samhlachúil go maith den dea-láimhseáil a deineadh ar réamhfocail sa bhfoclóir. Cé gur

cuimsitheach an t-eolas san iontráil áirithe seo áfach, níl aon eolas deilbhíochta ann don fhorainm réamhfoclach ‘de’, ná d’aon réamhfocal eile san iontráil sin; is dócha gurb é líon na réamhfocal i gcomórtas le hiontrálacha a d’fhág nár theastaigh uaidh tuilleadh borrrtha a chur faoi. Gheofaí an t-eolas sin a fháil in áiteanna eile sa bhfoclóir ar aon chuma, .i. faoi na forainmneacha pearsanta. Bhí liosta d’fhorainmneacha réamhfoclacha sna hiontrálacha a ghabh le gach aon réamhfocal eile.

5.3 Tatal

Tuigfear faoin tráth seo gur mó locht agus dearmad atá sa bhfoclóir seo. Go díreach mar a bhí leis an liosta údar a bhí aige, ní raibh an liosta giorrúchán ó bhrollach an fhoclóra cuimsitheach in aon chor, agus bhain cuid mhór neamhréireanna leis an tslí a cuireadh i bhfeidhm é i gcorp an fhoclóra. Níorbh inmholta an láimhseáil a dhein sé ar na briathra neamhrialta; faoi mar atá léirithe, bhí nós aige foirmeacha na haimsire fáistíní agus an mhodha choinníollaigh a thabhairt do bhriathra áirithe, mórchuid acu ina mbriathra rialta (mar shampla, ‘seas’) a ngabhann réimniú rialta leo, gan freastal ar fhormhór na mbriathra a dteastódh soiléiriú uathu (mar shampla, ‘tar’). Is ait nár luaigh sé in aon áit gurbh ann do bhriathra neamhrialta sa Ghaeilge. Ní hannamh botúin de chineálacha éagsúla sa chló aige ach oiread (cf. faoin gceannfhocal ‘blind’: “... nach air a *buileadh* an bhéim súl”, *ibid*: 194); stráicí fada ar lár, míltriú focal, lúbíní ar lár, camóga ar lár, srl.

D’fhéadfaí a rá go mbeifí ag tnúth lena leithéid ó thogra amaitéarach. Ach bhí maitheas ann mar sin féin. Bhí iarrachtaí d’eolaíocht na foclóireachta ann, agus ba mhaith an nuálaíocht iad na sainmhínithe a thabhairt ar na ceannfhocail Bhéarla. Bhí eolas cuimsitheach gramadaí aige ar inscní agus ar ghinidigh na n-ainmfhocal. Agus b’áisiúil inmholta an tslí inar phléigh sé le

réamhfhocail agus le hintriachtaí sa bhfoclóir. Thar aon ní eile, bhí saibhreas teanga ann; lasmuigh de na dearmaid sa saothar, is féidir é a mholadh mar fhoclóir suimiúil toirtiúil corrmhéineach arbh éacht é a chur i gcrích, agus ar mhó léargas atá le fáil ann i dtaobh phearsantacht a údair. Feictear a mhianach chun grinn sa mhéid seo a leanas:

Arsmart, n. (Bot., polygonum aviculare or knot grass), tónlogach [this word accurately describes the effect of sitting on the weed, as I know from youthful experience] ; (ibid: 102).

Ní raibh aon dealramh leis an méid sin mar aistriúchán ceart ar an bhfocal ‘arsmart’; ba é an áis ba mhó a samhlaíodh leis is dócha ná an léitheoir, mar aon le O’ Neill Lane féin, a chur ag gealgháire. Is mó is féidir a thuiscint i dtaobh phearsantacht O’ Neill Lane ón méid go raibh a leithéid de theanga sa phluic istigh sa bhfoclóir aige. Ní raibh san iontráil seo ach sampla amháin den tuin phearsanta a bhí aige ar fud an fhoclóra, .i., an tslí a raibh an chéad phearsa uatha in úsáid aige: “as I know from from youthful experience”. Chonacthas thuas an iontráil faoin gceannfhocal ‘appertain’ inar thug sé faoina chuid eolais a roinnt ar shlí a chuirfeadh teagascóir agus é i mbun ceardlainne teanga i gcuimhne do dhuine:

Appertain, bainim... (Note. Bainim is used in such a variety of ways by the old people that it might be convenient to set down here all of them I know.) (ibid: 88)

Is mó léiriú a tugadh ar an obair ghoirt a dhein sé agus é i mbun béaloideas a bhailiú sa bhfoclóir; tá focail agus leaganacha cainte ann ó nach mór gach áit sa tír. Cé nár mhór a dtairbhe don fhoclóir féin, thug iontrálacha fada mar seo a leanas léiriú ar an mbéaloideas mar shainréimse spéise aige:

Churchyard, n., a cemetery, (1) reilig, -e, -í, f. (cf. L. reliquise, relics or ashes of the dead) ; [at Carrickmore, in addition to the ordinary churchyard there was reilig na bhfear gonta for those who died a violent death (cf. gonta, wounded). The last person buried there was a boy who was stabbed to death about fifty years ago. Near it is reilig na leanbh for unbaptized children, and at a little distance reilig na mban, where none but women were buried. No dead man or live woman ever entered it. Until quite recently women were buried there at their own request. All these

were close to the site of an ancient monastery, all remains of which have disappeared, C S.] ; (ibid: 293)

Aisteach go maith, tá rian de dhrochmheas ar mhná le sonrú sa bhfoclóir anseo agus ansiúd, rud a thiocthadh leis an scéal a bhí ag McEnry go raibh sé luathbhéalach go maith sa mhasla a dhein sé ar sheanbhean éigin nuair a dhein sí gearán cantalach faoi fhuaim a bhróg agus í ag diúltiú labhairt leis (meabhraím gurbh é “I have often heard, but now I’ve seen, that useless women create a scene” a dúirt sé léi).

Abandon, v.t., (1) tréigim... do thréig sí go claon gan taise: Dearbhoirghilla, she wickedly abandoned him without pity— (LLEID: 2)

Apron, n., an article of dress worn in front to keep the clothes clean, ... is foigse do mhnaoi leithsgéal ná a braisgín (práisgín, Don.), an excuse is handier to a woman than her apron (U. prov.) ; (ibid: 92)

Beat, v.t., ... (2) to overcome in any contest ... (b) to surpass, overcome, sáruighim, -ughadh : a woman beats or surpasses the devil, sáruigheann bean an diabhal ; (ibid: 156)

Beauty, n., a combination of properties or graces pleasing to the physical, mental or moral senses, (1) sgéimh... a woman's worth seldom outlives lives b., is annamh meas mná tar éis a sgéimhe ; (ibid: 157)

Compare, v.i., to be like, equal or worthy of comparison with, ... (5) idiom : you are only a softheaded fool of a woman compared with the man, ní'l ionat acht cliobóg óinsighe ar ghualainn an fhir (M. M. R.); (ibid: 328)

Is dócha nár cheart léamh rómhór isteach sa mhéid seo; is é is dóichí ná gur le teann grinn a cuireadh an méid seo sa bhfoclóir. Tá an foclóir lán amach de rudaí corrmhéineacha dá leithéid sin. Bhí T. O’ Neill Lane toilteanach greann a dhéanamh nó nochtadh le tuairim éigin nó eolas mion a thabhairt ar mhionghné den chúram, pé cúram é, ag aon ócáid is léir; is cuma i mbun foclóireachta nó ar na botháin é.

Caibidil a Sé

Foclóir T. O' Neill Lane á mheas

Nuair a cuireadh ceist air cén dearcadh a bhí aige ina thaobh, is é a deirtear ná go ndúirt an tAthair Pádraig Ó Duinnín: “Ó, níl aon mhaith ann”. Ba dhóigh le Flann Ó Riain nach raibh ann ach an dúil a bhí ag an Duinníneach san imeartas focal (Ó Riain, 2000); imeartas focal ar shloinne an fhoclóirí féin a bhí i gceist aige, gan amhras. Ní hé sin le rá áfach go raibh an léirmheastóireacht dháiríre a deineadh ar an bhfoclóir mórán ní ba mholtaí. Is é a bheidh sa chaibidil dheiridh seo ná éachtaint ar an tslí inar glacadh le foclóir O' Neill Lane lena linn féin, agus ina dhiaidh sin.

Ós rud gurbh é an díspeagadh a dhein Mícheál Ó hÍcí san *Irish Ecclesiastical Record* ar iarracht O' Neill Lane na bliana 1904 an léirmheas ba thoirtiúla a deineadh ar aon ghné de thoradh shaothar T. O' Neill Lane, is air sin is gá aghaidh a thabhairt ar dtús. Bhí an chloch sa mhuinchille ag Ó hÍcí do O' Neill Lane riamh, gan an foclóir a bheith feiscithe aige in aon chor agus gan aon eolas a bheith aige faoin bhfear, faoi mar atá feicthe againn roimhe seo [lth. 43]. B'fhéidir gurbh é an cnámh spairne ba mhó a bhí ag Ó hÍcí le O' Neill Lane ná an méid go raibh a fhoclóir chun teacht salach ar pé todhchaí a bhí deartha amach sa cheann aige féin d'fhoclóireacht na Gaeilge. Ní nach ionadh mar sin gur dhein Ó hÍcí slad ar an gcéad fhoclóir ar theacht amach dó; bheadh air a bheith buanseasmhach sna tuairimí a bhí craobhscaoilte ina litir aige. Tar éis dó trácht i dtosach a ailt ar “flourish of trumpets”, a rá gurbh fhearr an saothar ná gach iarracht dá chineál a tháinig roimhe, lean Ó hÍcí air san alt céanna á thabhairt le fios go mb'fhéidir nár sáraíodh foclóir Fournier D'Albe de chuid an *Celtic Association* (O' Hickey, 1904: 526). Bhris ar an bhfoighne aige ina dhiaidh sin, agus thosaigh an sagart ag cáineadh an fhoclóra go géar, gan é a dhéanamh ar bhonn caolchúiseach ach an oiread. Ar an gcéad dul síos, bíodh is gur admhaigh sé

gur cuireadh dea-chlóg ar an leabhar, cháin sé an chlófhoireann a roghnaíodh, ag rá go raibh sí rómhór is nár oir sí do shaothar foclóireachta toisc í a bheith ag cur le méid an fhoclóra gan chúis: “The type selected gives the work a deceptive appearance: it is not suitable for a dictionary” (O’ Hickey, 1904: 526-7). Níor léir cad a bhí i gceist ag Ó hIcí agus é ag rá go raibh cuma fhabhtach mhealltach ar an gclóg, agus níor míníodh ach oiread é. Maidir len é a bheith rómhór, cuimhneofar gur minic foclóirithe gairmiúla ag fógairt gurb é an baol a bhaineann le clóg beag, ainneoin an spáis is féidir a shabháil, ná go laghdófar ar tharraingteacht agus inléiteacht an fhoclóra (Landau, 2001: 377). Ba lú í an chlófhoireann i bhfoclóir an Duinnínigh maith go leor, ach níor mhian leis é; ba de bharr “economic rather than aesthetic reasons” amháin a deindeadh an cinneadh sin faoi mar a thuairscigh Pádraig Ó Rian (Ó Rian, 2001: xiv). Ní raibh aon dealramh le O’ Neill Lane a lochtú ar an gclóg sa bhfoclóir. Cháin Ó hIcí an chaoi ar tugadh foirmeacha na mbriathra sa chéad phearsa uatha san aimsir láithreach sa bhfoclóir chomh maith, á thabhairt mar eiseamláir den “deplorably uncritical character of the work” (O’ Hickey, 1904: 528), fiú is gurbh é an múnla céanna a úsáideadh i bhfoclóireacht na Gréigise, mar shampla, riamh anall (Fowler & Fowler, 1976: réamhrá xviii), sa chuid is mó de na foclóirí Béarla-Gaeilge a tháinig roimh shaothair O’ Neill Lane, agus sna foclóirí Béarla-Gaeilge ar fad a tháinig ina dhiaidh; ní hé nach raibh stádas ná bunús le húsáid na chéad phearsa uatha san aimsir láithreach d’fhoirmeacha na mbriathra. Cháin sé na sainmhínte sa bhfoclóir a bhí easnamhach, neamhchriticiúil, agus a léirigh easpa tuisceana ar an teanga, dar leis (O’ Hickey, 1904: 527). Mhaígh sé go raibh dul amú ar O’ Neill Lane nuair a mhol sé ‘glaise’ mar aistriúchán ar ‘verdure’ an Bhéarla (O’ Hickey, 1904: 531), ach is é an rud céanna atá sa bhfoclóir Gaeilge is déanaí a cuireadh amach ar ‘greenness’ – is é sin, Foclóir Uí Dhónaill (Ó Dónaill, 1977: 638). Ar na nithe in *Lane’s English-Irish Dictionary* ar ghlac Mícheál Ó hIcí col ceart leo, bhí an iontráil a bhain leis an gceannfhocal Béarla

‘nincompoop’ in *Lane’s English-Irish Dictionary*, an chéad fhoclóir uaidh. Chuir Ó hIcí ar shúile an tsaoil, agus ar shúile O’ Neill Lane leis, go bhféadfadh sé aon cheann ar bith de ‘amalóir’, ‘breall’, ‘breallrún’, ‘breillice’, ‘búirte’, ‘baothán’ srl. a thabhairt mar chomhchiallach Gaeilge ar ‘nincompoop’, seachas an sainmhíniú timchainteach a tugadh. Ba é sin “duine baoth, bog, silte, sraoilleánta, gur uras amadán do dhéanamh dhe” (O’ Hickey, 1904: 528). Ina dhiaidh seo go léir áfach, d’admhaigh sé ar deireadh sé go raibh an foclóir áisiúil a dhóthain, agus go ndéanfadh sé an chúis go dtí go gcuirfí saothar ceart amach. Sa chás go mbeadh atheagrán ar na bioráin, dúirt sé nár leor go gcuirfí le hábhar an fhoclóra: “it needs drastic revision almost as much as enlargement” (O’ Hickey, 1904: 531).

Bhí léirmheas ní ba dhearfaí ní ba shéimhe, é moltach go maith, le fáil in *The Irish Times* cúpla mí roimh dhíspeagadh Uí Icí. D’fhéadfaí gur dá leithéid seo a bhí Ó hIcí ag tagairt ina alt féin nuair a shamhlaigh sé “flourish of trumpets” (ibid: 526) sa ghlacadh a bhí le foclóir O’ Neill Lane. Seo mar a bhí ag an údar anaithnid in *The Irish Times*:

The difficulties attending the compilation of an English-Irish Dictionary... are unquestionably great... Considerable dialectical differences, for example, exist in the modern language... then there is the difficulty of distinguishing between dead and living words... Applying to Mr. O’ Neill Lane’s book the tests represented by these two difficulties alone, the author has acquitted himself on the whole creditably and has produced a valuable book... There are points to which more attention should have been paid... The genders, for example, are not invariably given. Sometimes, too, sentences and verses showing the uses of particular words are given when they are not necessary, while, on the other hand, no such help is given in many places where it would be desirable (The Irish Times, 10 Meán Fómhair, 1904)

Ní fhéadfaí a rá áfach gur fíor gur dhein O’ Neill idirdhealú mar ba cheart idir focail bheo agus focail a bhí imithe ón gcaint; bhí focail ársa sa bhfoclóir aige maith go leor, ach níor thug sé le fios nach raibh siad bisiúil i gcaint na ndaoine a thuilleadh. Tá seans ann gur scaoil sé focail den saghas sin isteach sa bhfoclóir, agus é braiteach ar an bhfírinne gurbh fhocail ársa iad, de bharr is dócha gur theastaigh uaidh go dtiocfadh athbheochan ina n-úsáid. Tá sampla den chur chuige sin,

nó den fhoclóireacht rúrach, más maith leat, ag O' Neill Lane san iontráil faoin gceannfhocal 'rape':

Rape, s., sleith, -e, f., Aisl. McCon. ; (LEID: 446)

Ní raibh aon chomhartha anseo nach focal beo a bhí i 'sleith'. Ach bhí an ceart ag údar an ailt anaithnid in *The Irish Times* cáineadh a dhéanamh ar O' Neill Lane i dtaobh shamplaí léirithe agus tuairisciú ar inscne a bheith san easnamh áfach.

Níor chosúil go raibh aon lua in aon chor ar theacht amach cheachtar den dá fhoclóir uaidh sa *Limerick Leader*, príomhnuachtán a cheantar dúchais, lasmuigh den fhrása seo a leanas nár éirigh liom teacht air sa nuachtán féin ach a d'aimsigh mé mar chuid d'fhógra a cuireadh in *The Irish Times* cúpla uair i rith na bliana 1908: "A boon to the Gaelic student" (*The Irish Times*, 4 Aibreán, 1908). B'ait é nach raibh níos mó le rá ag an *Limerick Leader* ina thaobh, go háirithe ós rud é go mbíodh trácht acu ar chúrsaí Gaeilge ann. Mar shampla, bhí caint ar bhunú craoibhe de Chonradh na Gaeilge i dTeampall an Ghleanntáin sa bhliain 1905 (*The Limerick Leader*, 24 Aibreán, 1905) agus i mí Iúil na bliana sin, luadh Tórna, i measc liosta fada d'ainmneacha de phearsanra Gaeilge eile a bheith sa cheantar i mbun moltóireachta ar chomórtas ag feis Thuamhan, gan aon chaint ar T. O' Neill Lane (*The Limerick Leader*, 3 Iúil, 1905). Ós rud é is dócha nár fhreastail sé ar imeachtaí den saghas seo, agus toisc é a bheith as baile chomh fada sin, ní bhíodh sé i mbéal phobal a cheantair dhúchais.

Lasmuigh den chloch sa mhuinchille ar chosúil í a bheith ag an Mícheál Ó hÍcí do T. O' Neill Lane áfach, d'fhéadfaí a rá gur chomhairle a leasa a bhí curtha ar fáil ag Ó hÍcí don fhoclóirí macánta, agus gur léirmheastóireacht chuiditheach a bhí ann, dá ghéire é. Bheadh a leithéid riachtanach d'fhorbairt agus do chothabháil caighdeán foclóireachta; bhí neamhréireanna agus


dearmaid i bhfoclóir O' Neill Lane gan amhras, agus bhí roinnt de na héilimh ón sagart intuigthe go maith. Ní i bhfoirm léirmheasa chuidithigh a cuireadh faoi bhráid an fhoclóirí iad áfach, ach díspeagadh fíochmhar, agus da bhrí sin, níor thógtha ar O' Neill Lane é dá mba rud é nár mar chuidiú a d'fhéach sé féin ar an scéal (agus cé nár gríosadh é chun freagra a thabhairt ar Ó hIcí, dála ar dhein an Duinníneach, ní foláir nó go raibh an t-alt léite aige, toisc a dhírthe isteach ar chúrsaí reatha an léinn Cheiltigh a bhí sé go ginearálta). Ar an gcéad fhéachaint ar thoirt an dara foclóra mhéadaithe i 1916, ba chosúil go m'bhféidir go raibh aird tugtha ag O' Neill Lane ar chomhairle Uí Icí sa mhéid sin ar fad. Ach is léir nár dhein i ndáiríre agus is léir sin tar éis dúinn sracfhéachaint a thabhairt ar an saothar. Níorbh é Mícheál Ó hIcí a spreag é chun an dara foclóir méadaithe a thiomsú; bhí sé mar phlean ag O' Neill Lane i gcónaí go gcuirfí leis an saothar ach an t-am a bheith aige tabhairt faoin tionscadal sin. Nuair a foilsíodh *Lane's Larger English-Irish Dictionary* (1915) faoi dheireadh, ba léir go raibh curtha go mór le *Lane's English-Irish Dictionary* (1904), ach gur coimeádadh cuid mhór de chomh maith. Níor tugadh aon cheann den sagart in aon chor, agus i measc nithe eile, ba é an sainmhíniú céanna ar an bhfocal 'nincompoop' a thug sé sa dara foclóir méadaithe (LLEID: 1080). Ba mhó sampla den timchaint chéanna a bhí sa bhfoclóir méadaithe sin, ar a raibh:

Burglary, n., breaking into another's dwelling in the night with felonious intent, briseadh tige chum gaduidheachta do dhéanamh (ibid: 238)

Ba é 'glaise' an moladh a bhí aige do 'verdure' i gcónaí (ibid: 1667). Bhain sé úsáid as an gclófhoreann chéanna, agus moladh an cló céanna sin i léirmheas cothrom a deineadh in *The Irish Times* (The Irish Times, 4 Samhain, 1916: 6). Chomh maith leis seo, chloígh sé le húsáid na chéad phearsa uatha san aimsir láithreach d'fhoirm leama an bhriathair Ghaeilge.

Ba dhóigh le duine gur éist sé le húdar an ailt léirmheastóireachta in *The Irish Times* áfach sa mhéid gur mhinic nach raibh inscní aige in iontrálacha sa chéad fhoclóir. Bhí an dara hiarracht i bhfad ní ba bhuanseasmhaí ina thaobh sin; ní mór iad na hiontrálacha nach bhfuil inscní aige nuair is cuí. Níor bhac an sagart binbeach lena chuid léirmheastóireachta cuidithí a chur ar fáil don dara hiarracht, ní nach iontach.

Iontráil O' Neill Lane faoin gceannfhocal 'nincompoop' (ibid: 1080):



Bhí daoine eile, dar ndóigh, i bhfad Éireann ní ba mholtaí. Bhí Tórna agus an tUrramach Luke Donnellan sásta lámh chúnta a thabhairt don togra, faoi mar atá feicthe againn, agus bhí briathra molta uathu le léamh in alt fada a foilsíodh in Aibreán na bliana 1912 in *The Irish Independent*, trí bliana sular tháinig an foclóir amach. Is é a dúirt Tórna i dtaobh an fhoclóra ná: “I have no hesitation in saying that students of Irish will find it a most convenient and useful reference volume... Your work exceeds all others of its class that have appeared hitherto” (*The Irish Independent*, 15 Aibreán, 1912: 7). Agus is é a bhí le rá ag An tUrramach Luke Donnellan ná: “I... was much surprised at the variety and richness of the number of words... the examples of the various meanings of the words, give every facility for the translation of English into Irish in a

classical and idiomatic way” (ibid: 7). Foilsíodh alt eile tuairim is bliain tar éis gur foilsíodh an foclóir:

One of the most complete and comprehensive dictionaries of the Irish language yet issued from the press... Mr. O’ Neill Lane... has given Celtic scholars a work of which not alone they but all Irishmen should feel proud. As well as being an English- Irish Dictionary, the book is an English dictionary. It gives the meaning of every English word... added to the definitions are phrases of traditional and classical authority illustrating the proper application of words... (The Irish Independent, 17 Deireadh Fómhair, 1916)

Ní fhéadfaí a rá gur léirmheas ceart é sin áfach; ba ghaire d’fhógra é le fírinne. Bhí léirmheas glinn le fáil in *The Irish Times* timpeall ar mhí ina dhiaidh;

The amount of information is enormous, and full of interest, though it must be said that a larger number of documentary references would have added considerably to the value of the book, and, perhaps, the English headwords include a greater amount of synonyms than is inconsistent with real utility... its utility naturally vary according to the ability and experience of the user. In fact, one might almost say that the student who might safely be trusted alone with a dictionary of this kind is already independent of such aid... does *gníomthóir* bear the exclusive meaning of “broker”? Here a documentary reference would have been of interest. The translation of “imagination” is hardly adequate: *smuaineadh* rather suggests an action than a faculty. It would have been well to have added a periphrastic rendering in such a case. “Hackneyed” is rendered by *gnáthbhéasach*, and here again one would like an example. While the examples given are, as a rule, sound, in many, in many instances – particularly when they are drawn from the Irish Bible – the construction is unidiomatic, and not to be imitated by the student. The book is extremely well printed (The Irish Times, 4 Samhain, 1916: 6)

Bhí an ceart ar fad ag an údar anaithnid seo. Ós rud é go raibh ráite ag O’ Neill Lane go mbeadh a fhoclóir le bheith ina údarás, agus go háirithe ós rud é go raibh an-chuid “documentary references” luaite sa liosta údar aige, faoi mar atá feicthe againn, is cinnte go raibh sé de cheart ag O’ Neill Lane tuilleadh “documentary references” a chur isteach sa bhfoclóir. Agus gan amhras, d’fhéadfaí a rá go raibh an iomad focal comhchiallach Béarla, chomh maith leis an iomad eolais ar an mBéarla go ginearálta ann. Is suntasach go raibh amhras ag an léirmheastóir ciallmhair comhaimseartha sin i dtaobh fhiúntas an tsaothair do mhic léinn na linne sin.

Lenár linn féin, mhol Pádraig Ó Cearbhaill an “oidhreacht shaibhir chultúrtha Gaeilge” (Ó Cearbhaill, 1979: 66) a bhí le fáil sa bhfoclóir; “ar na buanna atá ag O’ Neill Lane maidir leis an bhfoclóir, tá gur chuir sé isteach raidhse abairtí léirithe, a bhfuil saibhreas dea-Ghaeilge iontu... Bhain sé feidhm as go leor seanfhocal, nathanna, ranna filíochta agus sleachta as an mBíobla” (ibid: 68). D’aithin Mac Nia saibhreas an tsaothair ó thaobh na dtagairtí a dhéanann sé don fhilíocht, don Bhíobla, do na teangacha Ceilteacha eile, agus go mór mór don Ind-Eorpais (Mac Nia, 1987: 6). Dar le Sidney Landau, is é an tsainéifeacht a bhíonn ag an tráchtareacht ar chúrsaí sanasaíochta (go háirithe agus focail Ghréigise nó Laidine ar taispeáint) i bhfoclóirí ná sceimhle a chur ar dhaoine a shamhlódh an foclóir dá bharr leis an traidisiún clasaiceach (Landau, 2001: 132). Bhí tagairtí don Laidin agus don Ghréigis sa bhfoclóir ag O’ Neill Lane maith go leor, ach is dócha gur ionadh, seachas sceimhle, a cuireadh ar a chuid léitheoirí leis na tagairtí don Ind-Eorpais, gné den fhoclóir a bhí nuálach agus úr i bhfoclóireacht na Gaeilge, arbh é ‘√’ a sheas dó, faoi mar atá feicthe againn:

Eight, a., ocht : eight years, ocht mbliana (cf. L. octo ; Gr. ὀκτώ ; W. wyth ; Corn, eath ; Bret. eith, eiz √ οἶτο). (ibid: 518)

Dá mhéad é an ‘saibhreas’ agus an ‘nuálachas’ sin áfach, bhraith de Bhaldraithe gur chuaigh O’ Neill Lane thar fóir leis go minic san iarracht ar léargas a thabhairt ar an nGaeilge agus ar chultúr an phobail a bhain léi, rud a chuir ar seachrán ó phríomhchuspóir an fhoclóra é; focal Gaeilge a thabhairt mar chomhchiallach ar fhocal Béarla (de Bhaldraithe, 1980: 10). Dhein Landau, saineolaí foclóireachta, spior spear d’fhoclóirithe a chuirfeadh stáróga caitheacha, tuairimíocht chliste agus sanasaíocht isteach i bhfoclóirí ginearálta aistriúcháin; dar leis siúd gur vástáil áiféiseach spáis é a leithéid toisc nach cúram d’fhoclóir ginearálta plé leis (Landau, 2001: 131).

B'fhoclóir ginearálta aistriúcháin a bhí ag teastáil sa chás seo, ach is mó sampla den fheall thuasluaite sa chúram a gheofar i bhfoclóir O' Neill Lane:

Arbitrator, n. a person chosen by parties at variance to decide between them, ... (2) réidhteoir, -óra, -rí, m. [this word is also used in Munster for a knitting-needle or other like instrument passed through the stem of a pipe to free the passage]... (3) an measadóir -óra, -rí, m. [In Tyrone the measadóir was a man appointed to settle disputes between farmers who had grazing in common in the mountainous districts. "He was not appointed by the landlord or by the Government, nor does it appear that there was any formal election by the people. He seems to have been some man of probity and intelligence to whom the people turned by general and spontaneous assent in cases of dispute. He always acted gratuitously, and there was no appeal from his decision. Whatever fine he imposed might as well be paid at once, as his award was always upheld by the court when its fairness was questioned. The last measadóir, John Connolly, died at Creggan, Co. Tyrone, about forty years ago" – (Rev.) C. Short, July 20, 1909] ; (ibid: 94)

Is léir ón iontráil faoin gceannfhocal 'arbitrator' thuas cén tslí inar chuaigh O' Neill Lane amú i soláthar an eolais bhreise. Ba é an dara focal Gaeilge a thug sé ar an gceannfhocal 'arbitrator' ná 'réidhteoir', agus díreach ina dhiaidh, tugadh eolas ar úsáid lóganta an fhocail sin: "... this word is also used in Munster for a knitting-needle or other like instrument passed through the stem of a pipe to free the passage" (ibid: 94). Ba shuimiúil agus b'áisiúil é a leithéid d'eolas i bhfoclóir do theanga náisiúnta. Níl aon amhras áfach ach gur chuaigh sé i bhfad thar fóir sa chéad iontráil eile inar thug sé cuntas ar fheidhm an 'measadóir' mar phearsa i bpobail tuaithe.

Tá slí dona leithéid i bhfoclóirí, dar ndóigh; agus é ag plé le hiontráil an Duinnínigh ar an bhfocal 'caipín' inar míníodh an frása 'caipín sonais' mar "a child's caul (prized by sailors as a protection from shipwreck", mheabhraigh Máirtín Ó Murchú go raibh faisnéis mar é curtha le hiontrálacha áirithe in *The New Oxford Dictionary of English*, eiseamláir foclóra (Ó Murchú, 2005: 82-3). Ba leor líne nó dhó d'fhaisnéis den saghas seo. Ach ghlac O' Neill Lane leis an mbanlámh saoirse seo agus chuir sé féin slat léi. Féach iontráil O' Neill Lane faoin gceannfhocal 'caul':

Caul, n, ... (3) Part of the amnion or membrane covering the fetus, which is sometimes round a child's head at birth... (b) caipín sonais or lucky cap. It is deemed very lucky to be born with a

caul, which is considered a sure preservative against drowning and therefore prized by sailors. St. Chrysostom says that midwives used to sell cauls for magic purposes. (O' Neill Lane, 1916: 269)

Agus chonacthas san iontráil thuas faoin gceannfhocal ‘arbitrator’ chomh maith gur sé líne fhada ar scéal an mheasadóra a thug sé. Ba é a dúirt Pádraig Ó Cearbhaill ina thaobh seo ná nach gcuireann “nathanna den tsórt san aon chruinneas breise i mbrí na bhfocal, ach léiríonn siad sprid agus beatha na bhfocal” (1979: 69). B’ábhar suimiúil gan dabht a bhí sna hiontrálacha seo, ach ní nithe iad a bheadh áisiúil ag an té nach dteastódh uaidh ach focal comhchiallach a aimsiú do na focail Bhéarla ‘arbitrator’ agus ‘caul’. Agus i gcás ‘caul’ thuas, ba é an léiriú a bhí ann ná léiriú ar sprid agus ar bheatha focail Bhéarla, agus níorbh é sin an cúram a bhí ar O’ Neill Lane. Chonacthas ní ba luaithe sa tráchtas gurbh é a dúirt Fournier d’Albe mar gheall air seo ná ; “... the chief purpose and usefulness of an English-Irish Dictionary lies, not in the interpretation of English, but in the harmonious development of Irish speech” (1905: iii). Bhí sampla d’fheall de shaghas eile le fáil faoin gceannfhocal ‘coffin’;

Coffin, n., the case in which the dead are buried, comhrá, gen. –ann, dat. –ainn, pl. comhranna, f. (comhnair, U.) :

Is mór go mb’fhearra liom bheith sínte i gcomhrainn,
Fad óm chomhurrain is mo charaid gaoil
Ná bheith ceangailte le cailligh chrónduibh–
Faoi shúsa a pógadh, ní ghrádfainn í. (ibid: 313)

Is mó iontráil cosúil leis seo thuas inar tugadh ranna filíochta go minic gan aistriúchán de shaghas éigin ná aon tagairt eile dá dtábhacht don iontráil a dhéanamh. Is dócha gurbh é an rud suntasach faoin athfhriotal anseo ná sampla de thuiséal tabharthach an fhocail in úsáid, ach ní haon mhaitheas don fhoghlaimoir an sampla léirithe sin nuair nár tugadh an méid sin le fios.

Fuair de Bhaldráithe locht bunaidh eile ar an tslí gur creatlach de cheannfhocail Bhéarla ó WID a bhí mar bhunús don ábhar ar chuir sé roimhe aistriúchán Gaeilge a thabhairt air; ar an mbonn “go

bhfágfadh sé cuid mhór de ghnáthfhoclóir an Bhéarla ar lár – toisc gan aon Ghaeilge chomhchiallach leis a bheith ag an eagarthóir” (de Bhaldraithe, 1980: 10). Is fíor gur tharla sé seo ar uairibh i gcás O’ Neill Lane. Mar shampla, faoi mar atá feicthe againn, ní raibh aon cheannfhocal aige sa bhfoclóir don fhocal coitianta ‘toilet’, de bharr is dócha nach raibh aon téarma in úsáid sa Ghaeilge a raibh an chiall chéanna leis. Ach ní raibh sé seo fíor mar riail ghinearálta sa bhfoclóir; de ghnáth nuair a tháinig O’ Neill Lane ar cheannfhocal Béarla nach raibh sé tar éis teacht ar chomhfhreagraí Gaeilge dó ina chuid taighde allamuigh, dhein sé a aistriúchán féin air. Mar shampla, bhí ‘pawnbroker’ ag Webster (Porter, 1907: 1053), ach ní hamhlaidh gur sheachain O’ Neill Lane an téarma sin toisc nár tháinig sé ar leagan dúchasach de ina chuid taistil; ba choitianta an téarma é i mbéal na ndaoine sa Bhéarla, agus dá bhrí sin, is cosúil gur chum sé a leagan Gaeilge féin dó, agus ba é sin ‘malartóir gill’ (LLEID: 1158). Bhí an dá chur chuige á gcleachtadh le chéile ag O’ Neill Lane agus é ag cur Gaeilge ar Bhéarla na ndaoine; (i) ceannfhocail Bhéarla Webster a úsáid mar nasc chuig an saibhreas Gaeilge a bhí tiomsaithe aige, agus, (ii) dul i mbun na ceapadóireachta chun a bheith cinnte go rachadh na ceannfhocail is tábhachtaí ó Webster isteach sa bhfoclóir. Dá bhrí sin, níor chóir an locht bunaidh sin a luaigh de Bhaldraithe a chur ar O’ Neill Lane mar easpa leanúnach ina chuid oibre.

Dhein Ó Conluain agus Ó Céileachair beagán de léirmheas ar obair foclóireachta an Duinnínigh ina leabhar beathaisnéise ar an bhfear:

Duine a raibh ceird na foclóireachta tuigte chomh maith aige agus a bhí ag an Athair Ó Duinnín, is iontach nár ghlac sé sampla ó fhoclóirí mórchlú agus na fo-ranna mínithe a scaradh ó chéile, uimhreacha agus litreacha a chur leo de réir a ngaoil le cheile. Mar shampla:

Puiteach, m. **1. a** Soft boggy matter ; **b** a marshy spot. **2.** A dilapidated house. **3.** A well ripened blackberry (Ó Conluain agus Ó Céileachair: 1958: 346)

Is mar seo a bhí an bhuniontráil ar bhain an léirmheas thuas léi:

Puiteach, -tigh, m., soft, boggy matter, a marshy spot ; a dilapidated house, a soft well- ripened blackberry, (Dinneen, 1947: 866)

Thaobhaigh Máirtín Ó Murchú leis an Duinníneach ar an ábhar seo, á chosaint ar dhaoine a gheobhadh locht ar ord agus eagar a chuid sainmhínte trí shoiléire na hiontrála faoin gceannfhocal ‘caipín’ a eiseamláiriú:

Caipín, g. id., pl. -í, m., a cap, a hood; c. clóca, the hood of a cloak; c. clogaidh, a helmet, a toy cap, gnly. of rushes; c. clogaide id.; c. sonais, a child’s caul...

Is é a d’áitigh Ó Murchú ina dhiaidh sin ná nach raibh aon chaill leis an iontráil seo; gur míníodh príomhbhríonna an fhocail, agus gur tugadh cuntas ar leaganacha cainte a bhain leis, fiú amháin gan an t-uimhriú a bheith ann chun léirghlanadh a dhéanamh ar scagadh na mbríonna (Ó Murchú, 2005: 82-3). Bíodh sin mar atá, is léir, dar liom, nárbh aon eiseamláir foclóireachta é an iontráil thuas faoin gceannfhocal ‘puiteach’, agus gur mhór an fhorbairt a deineadh uirthi nuair a cuireadh an t-uimhriú i bhfeidhm uirthi, agus nuair a ceartaíodh an phoncaíocht mhíchruinn chomh maith a scaoilfeadh débhrí isteach sa tuiscint arbh fhéidir a bhaint aisti. Murar thug an Duinníneach aird ar shampla na mórfhoclóirí, is léir gur dhein O’ Neill Lane amhlaidh ach go háirithe, agus ba shaintréith dá chuid iontrálacha é gur deineadh scagadh ar bhríonna éagsúla an fhocail Bhéarla trí uimhreacha (Arabacha agus Rómhánacha) agus litreacha a chur leo. Eiseamláir den nós sin ag O’ Neill Lane ab ea an iontráil faoin gceannfhocal ‘lot’:

Lot, n., (1) That which happens without human design, chance, fate, hazard (a) cinneamhain, gen. -mhna, f.; (b) dán, -áin, -a m.; (c) dál, -a, -lta, f.; (d) faideóg, -óige, -a, f: (2) Anything used in determining a question by chance, (a) crannchur, -chuir, m.: ... to draw lots, (i) crannchur (crainn) do tharraing, crann do chur (K) (ii) dul fé chor na cinneamhna ; by lot, (i) le crannchur, (ii) le cinneamhain ; (b) crann, -ainn, m.: ... (3) The fate which falls to one as it were by lot : throw in they lot with us, (a) teilg isteach do chrannchur i n-ár measg (Prov. 1, 14) ; (b) caith isteach do chinneamhain (nó do dhál) linn. (4) A number of things taken collectively : the mangy lot, an sgaoirse clamh; a sorry lot, sgata suarach. (5) A distinct plot of land, gearróg, -óige, -a, f. (6) A separate portion, (a) roinn, -e, -onna, f.; (b) sgair, -e, -eacha, f.; also sgar, -air, m. (7) A large quantity, a great deal, (a) lán, -áin, m.: ... (b) breasgan, ain, m. (Or.) (LLEID: 957)

Bhraith Liam Mac Amhlaigh gur eilimintí a bhí níos coitianta sa teanga a bhí in úsáid ag Edmund Fournier d'Albe agus é ag gabháil don cheapadóireacht, agus gurbh iad na heilimintí seo, níos mó ná mar a bhí i gcur chuige O' Neill Lane, ba chóngrafaí d'úsáid an lae inniu. Dar leis go léireodh comparáid idir láimhseáil an cheannfhocail 'mathematical' i bhfoclóir Fournier D'Alba ó 1903 agus i bhfoclóir O' Neill Lane ó 1904 fé seach. 'Áirdríomhaireach' a bhí ag Fournier D'Albe (Fournier 1905: 183), agus 'foillsigthe le réasúnaibh diongmhála', nó 'foillsiúghadh réasúnta' (O'Neill Lane 1904: 348) a bhí ag O' Neill Lane. Fuair an tAthair Míchéal Ó hCí locht ar *Lane's English-Irish Dictionary* nuair a thug an t-údar sainmhínithe i nGaeilge sa tslí seo, in ionad focal breá aonair a roghnú, rud a d'fhág gurbh áisiúla an foclóir le haghaidh cainteoirí Gaeilge a bhí ag foghlaim Béarla dar leis (Ó Hickey, 1904: 528). Ach bíodh is go raibh leagan O' Neill Lane ábhairín timchainteach, mar ba dhual dó, gheofaí a rá gur shoiléire é ná an leagan débhríoch a bhí ag D'Albe. Agus dá mba thimchaint é "foillsigthe le réasúnaibh diongmhála" mar théarma, ní fhéadfaí a shéanadh ach go rachadh sé sin le dul nadúrtha na teanga; tar éis an tsaoil, is timchainteach an teanga í an Ghaeilge.

Ach níorbh é 'foillsigthe le réasúnaibh diongmhála' an t-aistriúchán deiridh a thug O' Neill Lane ar an téarma 'mathematical' ar aon nós. Ní raibh ansin ach téarma a caitheadh isteach sa chéad fhoclóir a bhí cuíosach beag, agus cuíosach lochtach, faoi mar a d'aithin sé féin. Ba iad na haistriúcháin a thug O' Neill Lane ar an téarma 'mathematical' in *Lane's Larger English-Irish Dictionary* ná 'dianeolach', ag tarrac as 'dianeolas' ó fhoclóir Uí Bheaglaoich chun téarma úr a sholáthar, agus 'dlúthchruinn'. Theastaigh ó T. O' Neill Lane go ndéanfaí nuachoiriú ar an teanga le go n-úsáidfí í sa saol nua-aimseartha, ach tuigeadh dó nár mhór a bheith dflis d'anam na teanga chomh maith. Sampla eile den mhéid sin ab ea 'dobharchlais'; an focal a chum sé don fhocal Béarla 'canal' (ibid: 24). Éiseamláir den chlaonadh a bhí aige chun na timchainte ab ea an iontráil

a bhí aige thíos faoin gceannfhocal ‘passport’; ba é “litir cead siúbhail” a bhí ann (LLEID: 1153), leagan a thaitníonn liom féin go mór, agus nach raibh ag aon fhoclóirí eile, riamh nó iaramh. Cé gurb é ‘pas’ atá tagtha chun cinn faoin tráth seo sa chás áirithe sin, is ar an gcuma chéanna, d’fhéadfaí a rá, gurb é “cainteoir faoi chinseal ag mórtheanga” an leagan a mholann an Coiste Téarmaíochta mar aistriúchán ar “disenfranchised speaker” an Bhéarla (An Coiste Téarmaíochta, 2011).

Na blianta roimhe sin, ba é T. O’ Neill Lane a dhein iarracht téarmaí a raibh gá leo a chur ar fáil ar shlí chiallmhar, ach ar shlí a bheadh ag teacht le hanam na teanga san am céanna. Thuig sé gur mhór an tábhacht a bhain le nuachóiriú, caighdeánú agus scaipeadh na teanga chun go bhféadfaí úsáid a bhaint aisti mar uirlis theagaisc agus chumarsáide sa nua-aois. Mhol Crowley é as a ucht sin, ag déanamh amach go raibh glacadh ag na réabhlóidithe a bhunaigh Dáil Éireann le tuairim seo O’ Neill Lane i dtaobh an nuachóirithe. Dar leis, ba é an toradh a bhí air sin ná bunú an choiste scolártha i 1922. D’fhorbair foclóireacht agus téarmaíocht na Gaeilge as seo, agus bhí ról tábhachtach aici ó shin i leith i dtaobh chaighdeánú agus scaipeadh na Gaeilge i rith luathbhlianta an stáit neamhspleách (Crowley, 2005: 135), rud a d’éascaigh teacht isteach na Gaeilge sa riarachán poiblí agus san oideachas dar le Robert Welch:


The introduction of Irish into public administration and the running of all Irish schools in post-treaty Ireland would scarcely have been possible without O’ Neill Lane’s English-Irish and Pádraig Ó Duinnín Irish-English dictionaries (Welch, 1996: 148).

Is léir gur amhlaidh a d’fhéach muintir na linne sin ar shaothar O’ Neill Lane i bhfianaise an mhéid go raibh feachtas poiblíochta um an bhfoclóir ar bun san *Irish Independent* i dtosach na bliana 1926. Foilsíodh fógra, ar eatraimh chothroma, inar áitíodh go raibh foclóir O’ Neill Lane

ina áirge luachmhar don té a dteastódh uaidh éirí sa saol, ón uair go raibh baint aige le cothabháil chaighdeán oideachais an duine:

Ambitious men and women cannot afford to be ignorant. Well paid positions in Government Service and Commercial Houses are waiting for the enterprising and well-informed. They can be filled only by those who have carried their education on from the point they reached when they left school. The key to such positions is in the hands of those with a good sound knowledge of the Irish Language, which can easily be derived from the possession of O' Neill Lane's dictionary. (The Irish Independent, 2 Eanáir, 1926)

Bhí feachtas eile den saghas céanna ar siúl sa bhliain 1928 san Irish Independent nuair a clódh an íomhá seo a leanas den fhoclóir, i dteannta na ceannscríbhíne thíos, go féilteúil sa nuachtán céanna:



Every Irish Student Must Have This Book

(The Irish Independent, 8 Meán Fómhair, 1928)

Ach mar sin féin, faoi 1922, bliain amháin i ndiaidh an athfhoilsithe a dhein an Phoenix Press ar *Lane's Larger English-Irish Dictionary*, bhraith Láimhbheartach Mac Cionnaith gur ghá foclóir Béarla-Gaeilge nua a fhoilsiú. Léigh Tórna na profaí dósan chomh maith (McKenna, 1922: ii). Chaith sé anuas ar na foclóirí Béarla-Gaeilge a tháinig roimhe sa réamhrá ina *English-Irish Phrase Dictionary*, faoi mar a chonaiceamar cheana.

Bhí sé le haithint ar Mhac Cionnaith óna chuid bolscaireachta gur mheas sé gur ‘téad sábhála’ do mhic léinn a bheadh ina shaothar féin. Nuair a tháinig Éamon de Valera agus Fianna Fáil i gcumhacht i nDáil Éireann sa bhliain 1932, d’aithin an Taoiseach gur bhain oiread sin práinne le foclóir Béarla-Gaeilge nua a chur ar fáil gur thosaigh sé ag cur brú ar an Roinn Oideachais foclóir Mhic Cionnaith a fhoilsiú sular críochnaíodh i gceart é (Ó Muirthile, 1989: 6). Cuireadh an foclóir sin, a raibh ceannach maith air, amach sa bhliain 1935, agus leis sin, bhí deireadh le tréimhse T. O’ Neill Lane. Mar gheall ar na hathruithe a tháinig ar an teanga le himeacht aimsire, teacht fhoclóir Mhic Cionnaith agus fhoclóir de Bhaldráithe ina dhiaidh, chomh maith le hobair teanga leanúnach sna coistí scolártha agus sa Choiste Téarmaíochta, is fíor do thuairim Sheáin Mhic Nia faoin tráth seo go bhfuil cuid foclóirí T. O’ Neill Lane “gan feidhm” agus “dofhála” sa lá atá inniu ann. Dar leis féin agus Tony Crowley araon go bhfanann foclóirí dílis d’oiriúnacht tréimhse áirithe; go mbíonn siad úsáideach ar feadh tréimhse áirithe, agus go dtagann laghdú ar a dtábhacht le himeacht aimsire (Mac Nia, 1987: 5; Crowley, 2005: 119), agus níl aon dabht i gcás *Lane's Larger English-Irish Dictionary* go bhfuil an ceart ar fad acu.

Críoch

Ba mhór an gaisce é go raibh eolas forleathan i dtaobh dheilbhíocht na bhfocal Gaeilge i bhfoclóir O' Neill Lane, go háirithe i gcás na n-ainmfhocal, ar cuireadh a bhfoirmeacha don ainmneach uatha agus iolra agus don ghinideach uatha ar fáil i gcónaí. B'an-mhinic foirmeacha tabharthacha a bheith tugtha aige leis. Siúd agus go raibh sé mar sprioc ag Daniel Foley díriú ar dheirí na bhfocal ina fhoclóir siúd (Foley, 1855: iii – iv), is gá a aithint gurbh é *Lane's English-Irish Dictionary* an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge inar solathraíodh eolas cuimsitheach deilbhíochta do na focail Ghaeilge. Níos mó ná sin, tá a thionchar ar fhoclóireacht na Gaeilge le feiscint sa chóras deismireachtaí a bhí i bhfeidhm ag tionscadal fhoclóir Béarla-Gaeilge Fhoras na Gaeilge, a lig don phobal ionchur a bheith acu ar mhúnlú na teanga mórán mar a dhein T. O' Neill Lane sa chomórtas a d'fhógair sé le moltaí a mhealladh don dara foclóir. Is é an trua é nár tugadh aitheantas don Ghleanntánach as ucht smaoinemh ar an gcleas ceannródaíoch seo.

I ndeireadh na dála, ba fhear ann féin é T. O' Neill Lane, agus dá réir sin, ba fhoclóir as an ngnách a chuir sé le chéile. Fáisceadh as ceantar tuaithe iargúlta in Iarthar Luimnigh é mar fhoclóirí agus mar scoláire a chruthódh foclóir a d'fhreastail ar riachtanais phobal na Gaeilge, ar a shlí féin, ar feadh glúine. Ní foclóir gan locht ab ea é; is mó dearmad gan réiteach a fágadh sa táirge deiridh. De cheal ama, abraimis, ní raibh an “list of contractions” ná an “list of authorities quoted” uaidh cruinn ná cuimsitheach aige, i measc neamhréireanna tromchúiseacha eile, agus ba mhairg é; mar atá, is deacair an saothar a cheadú mar shaothar inchreidte léinn agus dearmaid faoi mar atá léirithe sa tráchtas seo fite fuaite tríd. Ach ní bhíonn saoi ná saothar ann gan locht, agus cinnte, bhí foclóir ceart dochurtha i gcrích gan tacaíocht dhaonna agus tacaíocht airgid. Mar sin, ní cóir breithiúnas a thabhairt ar shaothar O' Neill Lane sa tslí chéanna is a thugtar breithiúnas ar

fhoclóirí proifisiúnta a raibh na buntáistí sin acu air. Éagsúil leis an obair bhuíne a shamhlaítear le tograí foclóireachta ár linne féin, nó le togra an Duinnínigh go fiú, ní raibh foireann oibre ag O' Neill Lane a thioctadh i gcabhair air, seachas an corr-chomhfhreagras le scoláirí eile. Cuimhneofar go raibh rúnaí agus mórchuid de chiste airgid Chumann na Scríbhneann nGaedhilge faoi cheannas ag an Duinníneach (Ó Riain, 2005: xi-xiii). Bhí de phribhléid ag Tomás de Bhaldraithe duine de chumas Sheáin a' Chóta a bheith aige mar chuid den mheitheal oibre a bhí fostaithe ag an Roinn Oideachais dó. Bhí de phribhléid ag Seán a' Chóta féin faoi seach éileamh a dhéanamh ar pé leabhar eolais a bhí uaidh agus é i mbun a chuid fein den obair. Ag saothrú 'in uathadh', ba é T. O' Neill Lane an foclóirí deiridh dá mhacasamhail. Ní raibh sé de cheart ag daoine ar nós Mhíchíl Uí Icí nó J.S. Crone, a scríobh ina fhógra báis nár scoláire mór a bhí ann, caitheamh anuas ar an bhfear. Is cirte féachaint ar an bhfoclóir a dhein sé, gona mháchailí go léir, mar chaitheamh aimsire ag fear a raibh éirim ar leith aige ach nár éirigh leis a chumas mar scoláire a léiriú i gceart.

Is iad seo na cúinsí ar gá féachaint orthu agus an foclóir seo á mheá. Is ar na cúinsí sin a d'fhéach Pádraig Ó Cearbhaill mar shampla;

Chaith O' Neill-Lane [sic] na blianta fada ag bailiú lóin chun foclóireachta gan mórán cabhrach aige chuige. B'éigean dó a chlais fein a threabhadh. Nuair a chuimhneofar ar a bhfuil ina Fhoclóir [sic] ní bréag a rá go ndearna sé gaisce... (O' Cearbhaill 1979: 69)

Iarracht amaitéarach ab ea *Lane's Larger English-Irish Dictionary* ar thiomsaigh an t-údar é mar chaitheamh aimsire dó féin, agus dá bhrí sin is dócha, níor bhraith sé gur ghá dó srian a choimeád ar sheachráin i bhfad ón ábhar ann, má bhí suim aige féin sna seachráin chéanna. Óir b'amhlaidh a bhí, ba mhó an tsaoirse a bhí aige scaoileadh leis agus blaiseadh dá phearsantacht féin a fhágaint go tiubh ar an saothar. Foclóir neamhghnách inspéise a d'fhág sé againn, lán eolais agus

lán brí, agus ainneoin na ndearmad ann, bhí sé áisiúil mar sin féin d'fhoghlaimoirí Gaeilge na linne sin, ach leabhar maith gramadaí a bheith acu ina theannta. Ós rud é nár faoi choimirce eagraíochta ná institiúide éigin a shaothraigh sé chun an bheart seo foclóireachta a chur i gcrích, bhí O' Neill Lane ábalta maíomh a dhéanamh as an táirge deiridh mar ghaisce pearsanta ar chuaigh sé sa bhfiontar as a stuaim féin leis, agus ar chaith sé a shaol aosach á bhaint amach ina aonar don chuid is mó. Is teist ollmhór é ar an bhfear é gur mhair sé chun an foclóir clóite a sheoladh slán isteach sa saol mór a raibh sé féin ar tí imeacht uaidh.

Foinsí

Bunfhoinsí

Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/2 – 191. Folio 38 & 39, 1871.

Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1871. [Féach Aguisín VI]

Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1876. [Féach Aguisín IV/V]

Crone, J.S., eagr., (1915) ‘Obituary’, *Irish Book Lover* [micro-film], 6(12), 212.

Dyas, E., eagr., (2007) *O’ Neill Lane, T.* [ar-líne], ar fáil ag: http://www.scoop-database.com/bio/o_neill_lane_t [léite 07 Bealtaine 2010].

O’ Hickey, M.P. (1903) Litir chuig an Athair Maurus Ó Faoláin (Mount Melleray Abbey, Co. Phort Láirge) maidir le gnéithe d’Athbheochan na Gaeilge. 11 Márta, 1903. [Féach Aguisín IX]

O’ Neill Lane, T. [1900] *Round Erin, or Highways and Byways in Ireland.*

— [gan dáta] *The Way About Ireland.* London: Iliffe, Sons & Sturmeay Ltd.

— [gan dáta] *The Way About the Irish Lakes and Rivers.* London: Iliffe, Sons & Sturmeay Ltd.

— (1903) Litir chuig Lord Castletown maidir le foilsiú *Lane’s English-Irish Dictionary.* 12 Márta, 1903. [Féach Aguisín VIII]

— (1904) *Lane’s English-Irish Dictionary.* Dublin: Sealy, Bryers, and Walker.

— (1909) Litir chuig Roger Casement maidir le foilsiú *Lane’s Larger English-Irish Dictionary.*

12 Samhain, 1909. [Féach Aguisín XI]

— (1913a) “‘Bucca-Boo’”, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(176), 378.

— (1913b) “‘Good Friday’ in Welsh and Irish’, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(175), 351.

— (1913c) ‘Extra-Ordinary Fountains in Ireland’, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(169), 236.

— (1913d) ‘Fire-Ritual’, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(173), 335-336.

— (1913e) ‘Table-Napkin’, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(177), 389.

— (1913f) ‘Weston Patrick, Hants, and King Family’, *Notes and Queries, Oxford Journals*, 2(173), 316.

— (1916) *Lane’s Larger English-Irish Dictionary*. Dublin: Talbot Press Limited.

Thirty-Third Report of the Commissioners of National Education for the year 1866 (1867).

Thirty-Sixth Report of the Commissioners of National Education for the year 1869 (1870).

Thirty-Eighth Report of the Commissioners of National Education for the year 1871 (1872).

O’ Neill Lane, T. (1942) *Civilisation: Japanese Style*. London: Angus and Robertson Ltd.

‘Lane’s English Irish Dictionary Fund’, *The Irish Independent* [micreascannán], 15 Aibreán 1912, 7.

‘A Standard Irish Dictionary’, *The Irish Independent* [micreascannán], 9 Márta 1916, 4.

‘O’ Neill Lane’s Larger English-Irish Dictionary’, *The Irish Independent* [micreascannán], 9 Deireadh Fómhair 1916, 7.

‘Mr. O’ Neill Lane’s Great Work’, *The Irish Independent* [micreascannán], 17 Deireadh

- Fómhair, 1916, 4.
- ‘Lane’s English-Irish Dictionary Fund’, *The Irish Independent* [micreascannán], 2 Eanáir, 1926, 7.
- ‘Every Irish Student Must Have This’, *The Irish Independent* [micreascannán], 8 Meán Fómhair, 1928, 3.
- ‘The Way About Irish Lakes and Rivers’, *The Irish Times* [micreascannán], 19 Meán Fómhair, 1899, 7.
- ‘Messrs. Sealy, Bryers, and Waker...’, *The Irish Times* [micreascannán], 27 Meitheamh 1903, 23.
- ‘An English-Irish Dictionary’, *The Irish Times* [micreascannán], 29 Meitheamh 1903, 8.
- ‘An English-Irish Dictionary’, *The Irish Times* [micreascannán], 10 Meán Fómhair, 1904, 14.
- ‘O’ Neill Lane’s English-Irish Dictionary’, *The Irish Times* [micreascannán], 4 Aibreán, 1908, 7.
- ‘A New English-Irish Dictionary’, *The Irish Times* [micreascannán], 19 Aibreán, 1912, 9.
- ‘Mr. O’ Neill Lane’, *The Irish Times* [micreascannán], 18 Meitheamh, 1915, 5.
- ‘An English-Irish Dictionary’, *The Irish Times* [micreascannán], 4 Samhain 1916, 6.
- ‘Irish Movement in County Limerick’, *The Limerick Leader* [micreascannán], 24 Aibreán, 1905, 3.
- ‘Irish Ireland – Great Gathering in Limerick – Success of Thomond Feis’, *The Limerick Leader* [micreascannán], 3 Iúil, 1905, 1.
- ‘A Great English-Irish Dictionary’, *The Munster Express* [micreascannán], 2 Nollaig 1916, 6.
- ‘Mr. Patrick O’ Daly, Co. Waterford Man’s Success’, *The Munster Express* [micreascannán], 16

Nollaig, 1916, 6.

‘A Cheap Irish Dictionary’, *The Nenagh Guardian* [micreascannán], 30 Deireadh Fómhair 1907, 3.

‘Marriages’, *The Times* [ar-líne], 31 Iúil, ar fáil ag <http://www.thetimesonline.co.uk> [léite 13 Meitheamh 2010]

The National Archives of the UK, *Census Returns of England and Wales, 1881*. Kew, Surrey, England: Public Record Office (PRO), 1881 [Féach Aguisín XII].

The National Archives of the UK, *Census Returns of England and Wales, 1891*. Kew, Surrey, England: Public Record Office (PRO), 1891. [Féach Aguisín XIII].

Carlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1901, ar fáil ag <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai001007137/> [léite 13 Bealtaine 2010] [Féach Aguisín XIV].

Carlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland 1911, ar fáil ag <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002773884/> [léite 11 Lúnasa 2001] [Féach Aguisín XV].

Foinsí Tánaisteacha

An Foclóir Beag (1991), an chéad chló., Baile Átha Cliath: An Gúm.

Best, R.I., (1912) ‘Notes on the Script of Lebor na hUidre’, *Ériu*, 6, 161-174

Breathnach, D., agus Ní Mhurchú, M. (1990) *1882-1982 Beathaisnéis a Dó*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

- Breathnach, D., (2005) 'Dinneen in the Gaelic League', in Riggs, P., ead., *Dinneen and The Dictionary 1904-2004*. Dublin: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge.
- Bunachar Logainmneacha na hÉireann, 2008. *Teampall an Ghleanntáin* [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.logainm.ie/?text=Temple+Glantine&placeID=1166996#> [léite 24 Meán Fómhair 2010].
- Chartered Institute of Journalists, 2008. *History* [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.cioj.co.uk/history.html> [léite 17 Iúil 2010].
- Comhaltas, 2008. *Templeglantine* [ar-líne], ar fáil ag: <http://templeglantine.comhaltas.com/content/view/13/27/lang,ga/> [léite 15 Samhain 2009].
- Coolahan, B. (2005) *Irish Education: its History and Structure*, Dublin: Institute of Public Administration.
- Considine, J. (2008) *Dictionaries in Early Modern Europe*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Crowley, T. (2005) 'Encoding Ireland: Dictionaries and Politics in Irish History', *Éire - Ireland*, 40: 119-139.
- de Bhaldraithe, T. (1980) 'Foclóirí agus Foclóireacht na Gaeilge', *The Maynooth Review*, 6(1), 3-15.
- de Bhaldraithe, T. (1997) 'Foclóir Uí Bheaglaíoch' in Ahlqvist, A. agus Čapková, V., ead., *Dán do Oide – Essays in Memory of Conn R. Ó Cléirigh 1927-1995*, Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 21- 37.

- Dillon, M. (1962) *Lebor na Cert: The Book of Rights*. Dublin: Irish Texts Society.
- Dinneen, Rev. P.S. (1904) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla – An Irish-English Dictionary*.
London: David Nutt.
- Dinneen, Rev. P.S. (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla – An Irish-English Dictionary*.
Dublin: The Educational Company of Ireland.
- Donlevy, A., (1742) *The Catechism, or Christian Doctrine by Way of Question and Answer*.
Paris: James Guerin.
- Dunleavy, J., agus Dunleavy, G. (1991) *Douglas Hyde – A Maker of Modern Ireland*. Oxford:
University of California Press.
- 1911 Encyclopedia, (2010) *Gloss* [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.1911encyclopedia.org/Gloss>
[léite 9 Nollaig, 2010]
- Foley, T., (2005) 'From Templeglantine to the Golden Temple: religion, empire, and Max Arthur
Macauliffe' in Murphy, J. H., ead., *Evangelicals and Catholics in Nineteenth-Century
Ireland*. Dublin: The Four Courts Press. 197-208.
- Foras na Gaeilge (2010), *An Fhoclóireacht Ghaeilge* [ar-líne], ar fáil ag:
http://www.focloir.ie/lexi_g/ [léite 30 Márta 2010].
- Foras na Gaeilge, An Coiste Téarmaíochta, (2011). *focal.ie* [ar-líne], ar fáil ag:
<http://www.focal.ie/Search.aspx?term=scr%C3%BAd%C3%BA> [léite 19 Bealtaine
2011].
- Fournier d'Albe, E.E., (1905) *An English-Irish Dictionary and Phrasebook*. Dublin: M.H. Gill &
Sons.

Ginnell, L., (1894) *The Brehon Laws, a Legal Handbook*. London: T.F. Unwin.

Institute of Civil Engineers, 2008. <http://www.ice.org.uk/homepage/index.asp> [léite 17 Iúil 2010].

Irish Texts Society, List of Irish Text Society's Publications, 2010, [ar-líne], ar fáil ag <http://www.irishtextssociety.org/main.htm>
<http://www.irishtextssociety.org/main.htm> [léite 20 Eanáir 2011]

Joyce, J. (2000) *Dubliners*, London: Penguin.

Landau, S. (2001) *Dictionaries: The Art and Craft of Lexicography*, Cambridge: Cambridge University Press.

Lane, M. (1976) 'Dictionary His Labour of Love', *The Irish Press*, 29 Meitheamh [Féach Aguisín X].

Mac Amhlaigh, L. (2008) *Foclóirí agus Foclóirithe na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Mac Amhlaigh, L. (2009) 'Foclóirí Luimnigh – Timothy O' Neill Lane agus a Ról i bhFoclóireacht na Gaeilge san fhichiú haois' páipéar a tugadh ag *Dáil Thuamhan 2009*, Coláiste Mhuire Gan Smál, 13 Feabhra 2009.

Mac Mathúna, L. (2007) *Béarla sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Mac Nia, S. (1987) 'Foclóireacht na Gaeilge sa Chéad Seo 1', *An tUltach*, Márta, 3-6.

McEnry, W. (1972) 'Timothy O' Neill Lane: Lexicographer 1852-1915', *Glór Inse Bhán*, Bealtaine, 1-4.

McKenna, L. (1922) *English-Irish Phrase Dictionary*. Dublin: M.H. Gill & Son, Ltd.

- Meehan, C.P., eag., (1884) *The poets and poetry of Munster: a Selection of Irish Songs by the Poets of the Last Century*. Dublin: James Duffy.
- Ní Mhaoldomhnaigh, A. (2007) *Satirical narrative in early Irish literature*. Tráchtas PHD, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.
- Ó Baoill, C. (1990) 'Person-shifting in Gaelic verse', *Celtica*, XXI, 377-392.
- Ó Beaglaoich, C. & Mac Cruitín, A.B. (1732) *The English-Irish Dictionary: Foclóir Béarla-Gaoidheilge*. Páras: Seamus Guerin.
- Ó Brosnacháin, N. (2001) *Éist Leis an gCóta – Saothar Foclóireachta Sheáin a' Chóta á mheá agus á mheas*. Maigh Nuad: An Sagart.
- Ó Canainn, A. (1994) 'Réamhaithriseoireacht, Athdhéanamhchas, Cainníochtaíocht agus Briseadh Gaoithe', *Comhar*, Samhain, 4-7, 9-10, 12.
- Ó Cearbhaill, P. (1979) 'Tadhg O' Neill-Lane – Foclóirí 1852-1915', in P. Ó Fiannachta, eag., *Glór na Féile*. Mainistir na Féile: Cóiste na Feile, Móin Mhathúna, 65-68.
- Ó Conluain, P. (1958) *An Duinníneach*. Baile Átha Cliath: Sairseal agus Dill.
- Ó Dónaill, N. (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Duibhín, C. (2008) *Foclóir Oirthear Uladh — Consolidated Glossary of East Ulster Gaelic* [ar-líne], ar fáil ag: <http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/eufocloir.doc> [léite 13 Feabhra 2010].
- Ó Háinle, C. (1996) 'Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil' in McCone, K., eag., *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Colaiste Phadraig, 745-793.

- Ó Madagáin, B. (1980) *An Ghaeilge i Luimneach 1700-1900*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Muirithe, D. (2000) *A Dictionary of Anglo-Irish*. Dublin: Four Courts Press.
- Ó Muirthile, L. (1987) ‘Agallamh na Míosa: Liam Ó Muirthile ag caint le Niall Ó Domhnaill’, *Comhar*, Aibreáin, 5-8.
- Ó Murchú, M. (2005) ‘Dinneen and Ó Dónaill’, in Riggs, P., eag., *Dinneen and The Dictionary 1904-2004*. Dublin: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge.
- Ó Riain, F. (2000) ‘Where’s that/Wrensborough 1327’, *The Irish Times* [ar-líne], ar fáil: <http://www.irishtimes.com/newspaper/ireland/2000/1030/00103000010.html> [léite 14 Meán Fómhair 2009].
- Ó Riain, P. (2005) ‘Introduction’, in Riggs, P., eag., *Dinneen and The Dictionary 1904-2004*. Dublin: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge.
- Ó Snodaigh, P. agus Ua Súilleabháin, S. (1997) ‘Cnuasach Focal ó Iarthar Luimnigh’, in Ahlqvist, A. agus Čapková, V., eag., *Dán do Oide – Essays in Memory of Conn R. Ó Cléirigh 1927-1995*, Baile Átha Cliath: Institiúd Teangeolaíochta Éireann, 21- 37.
- Ó Súilleabháin, D. (1984) *Scéal an Oireachtais 1897-1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Morley, V. (1995) *An Crann os Coill: Aodh Buí Mac Cruitín, c. 1680-1755*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- O’ Leary, P. (1994) *The Prose Literature of the Gaelic Revival*. Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press.

O' Hickey, M.P. (1904) 'Irish Lexicography', *The Irish Ecclesiastical Record*, Nollaig, 521-532.

Porter, N. (1907) *WID of the English Language*. London: George Bell & Sons.

Seoighe, M. (1993) 'Spotlight on Templeglantine', *AAL News*, lth. 12.

Ua Súilleabháin, S. (2005) 'Dinneen's Dictionaries of 1904 and 1927: Background, use of Historical Dictionaries and of Contemporary Informants', in Riggs, P., ead., *Dinneen and The Dictionary 1904-2004*. Dublin: Cumann na Scríbeann nGaedhilge.

Welch, R., agus Stewart, B. (1996) *The Oxford Companion to Irish Literature*. Oxford: Oxford University Press.

Comhfhreagras Príobháideach

Gilbert, B. (2008) Litir maidir le saol mhac T. O' Neill Lane agus eile. 13 Márta, 2008. [Féach Aguisín II]

Gilbert, B. (2008) Litir maidir le saol mhac T. O' Neill Lane agus eile. 24 Bealtaine, 2008. [Féach Aguisín III]

Kelly, J. J. [gan dáta] 'West Limerick Man Who Wrote a Dictionary', *The Limerick Leader* [Féach Aguisín VII]

Kelly, M. (2008) Agallamh maidir le saol T. O' Neill Lane. 30 Bealtaine, 2008.

Ó Maolchatha, T. (2008) Agallamh maidir le stair agus cultúr Iarthar Luimnigh. 29 Bealtaine, 2008.

O' Sullivan, J. (2011). Comhrá gutháin maidir le muintir T. O' Neill Lane. 19 Bealtaine, 2011.

Aguisíní

Aguisín I: Cnuasach Leabhar T. O' Neill Lane

Abott., E.A. (1904) *Via Latina: A First Latin Book*. London: Seeley & Co.

Alexandre, C. (1892) *Dictionnaire Grec-Francais*. Paris: Hachette.

All'Eye, M., [gan dáta] *L'Espion Anglois*. London: John Adamson.

Arnold, M., [gan dáta] *Poems*. London: Longman, Brown, Green and Longmans.

Auger (1892) *Théâtre De Beaumarchais*. Paris: Firmin-Didot.

Authorised Daily Prayer Book. Hebrw and English.

Beeton's Encyclopedia of Universal Information. Vol. I-III.

Bonhours, P. (1821) *La Vie De St. Francois Xavier*. Lyon: L. Boget.

Bonwick, J. (1880) *Who Are The Irish?* London: David Bogue.

Bosset, E. (1831) *Novum Testamentum*. Paris: Firmin Didot.

Brière agus Fremont (1820) *Quinte-Curce*. Paris: Auguste Delalain.

Burnout, É. (1859) *Méthode pour Étudier le Langue Sanscrite*. Paris: Benjamin Puprant.

Cary, H. [gan dáta] *Herodotus*. London: Henry G. Bohn.

Chasles, P. [gan dáta] *Études Sur Les Hommes et Les Moeurs*. Paris: Amyot.

Clinton, O.H.F. (1913) *The Welsh Vocabulary of the Bangor District*. London: Oxford University Press.

Cumann na Scríbhéann Gaeilge. Vol. XIV (1912) 1914 & Vol XII (1910) 1913.

De Barrett [gan dáta] *Les Offices De Cicéron*. Paris: ???

De Courval, S. [gan dáta] *L'Office De La Semaine Sainte*. Paris: Claude Herissat.

De Jussieu, A. Agus Milne-Edwards (1862) *Course Élémentaire D'Histoire Naturelle*. Paris: Langlois et Leclerq.

De La Fontaine [gan dáta] *Fables Choiesies Mises En Vers*. Paris: Les Frere Barbou.

De Richelieu, D. (1790) *Mémoires Du Maréchat*. London: Joseph De Botte.

Edmunds, E.W. (1912) *The Story of English - vol. III*. London: John Murray.

Fasnacht, G.E. (1893) *Macmillan's Course of French Composition*. London: Macmillan & Co.

Frost, J. [gan dáta] *The Pictorial History of America*. London: Willoughby & Co.

Fyres-Clinton, O.H. (1913) *The Welsh Vocabulary of The Bangor District*. Oxford: Oxford University Press.

Gill, G. [1901] *The Student's Geography*. London: George Gill & Sons.

Hagberg Wright, C.T. (1903) *Catalogue of the London Library*. London: Williams & Norgate.

Hard, H. (1906) *Fenwick's Career*. London: Smith, Elder & Co.

Hinksin, H.A. (1899) *The King's Deputy*. Dublin: Lawrence & Bullen.

Hotten, J. C. (1860) *Modern Slang, Cant and Vulgar Words*. London: London Antiquary.

Irving, W. [gan dáta] *The Sketch Book*. London: Henry G. Bohn.

Joyce, P.W. (1898) *Handbook of School Management and Methods of Teaching*. Dublin: M.H. Gill.

Kempis, T.A. (1780) *De Imitatiquie Christi*.

L'Abbé, P. [gan dáta] *Abregé de l'Histoire Grecque et Romain*. Paris: Barbou.

Lamb, C. (1903) *The Essays of Elia*. London: Grant Richards.

Lane, R. (1903) *Patriotism Under Three Flags: A Plea For Rational in Politics*. London: T. Fisher Unwin

Le Gras [gan dáta] *Les Vies Des Grands Capitaines Grecs et Romains de Corelius Nepos*. Paris: Simant.

Le Sage, [gan dáta] *Le Diable Boileux*. Paris: La Veuve Pierre Ribou.

- MacAlpine, N. (1833) *A Pronouncing Gaelic Dictionary*. Dún Éideann: John Grant.
- McCarthy, J.H. (1885) *England Under Gladstone 1880 – 1885*. London: Chatto & Windus, Piccadily.
- Montesquieu (1886) *Esprit Des Lois*. Paris: Firmin Didot.
- Moore, N. (1882) *A Concise Irish Grammar*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Newman, J.H. [1856] *Callista. A Sketch of the 3rd Century*. London: Burns and Lambert.
- Ó Súilliobháin, D. (1822) *Searc-Leanmhain Chríost*. Cork: Mulcahy.
- O’ Donovan, J. (1845) *A Grammar of the Irish Language*. Dublin: Hodges and Smith.
- O’ Reilly, J.M. (1909) *The Native Speaker: Examined Home*. Dublin: Sealy Bryers & Walker.
- Otto, E. [gan dáta] *German Conversation – Grammar*. New York: Harry Holt & Co.
- Parley, P. (1869) *Universal History*. London: William Tegg.
- Pascal, B. (1835) *Choix de Pensées*. London: S. Low.
- Perrin, J. (1808) *Fables Amusantes*. Dublin: P. Woogan.
- Planche, A. (1841) *Dictionnaire Francais-Grec*. Paris: Berlin-Madar.
- Power, M. (1914) *An Irish Astronomical Tract*. London: Cumann na Scríbhneann Gaeilge.
- Quicherait, L. agus Chatelein, E. (1893) *Dictionnaire Française-Latin*.
- Roget, M. (1899) *Thesaurus of English Words and Phrases*. London: Longmans, Green and Co.
- Rossetti, W.M. [gan dáta] *The Poetical Works of Percy Bysshe Shelley*. London: E. Moxton.
- Russell, R.H. (1902) *Observation by Mr. Dooley*. New York: First Impression.
- Sanctum Jesu Christi. *Evangelum. Secundum Matthaeum*.
- Scott, W. [gan dáta] *Quentin Durward*. Dublin: Thomas Nelson and Sons.
- Seccombe, T. agus Robertson Nicoll, W. [gan dáta] *The Waverley Illustrated History of English Literature. Vol. I: Chaucer to Byron*. London: Waverley Book Company.

- Seccombe, T. agus Robertson Nicoll, W. [gan dáta] *The Waverley Illustrated History of English Literature. Vol. II: Pope to Swinburne*. London: Waverley Book Company.
- Seignobes, C. (1902) *Peuple Romain*. Paris: Arnaud Colin
- Sir Edwin, A. (1891) *The Light of the World or The Great Consumnation*. London: Longman.
- Sir Martin, T. (1883) *A Life of Lord Lyndhurst*. London: John Murray.
- Stevenson, R.L. (1906) *Virginibus Puerisque*. London: Chatto & Windus.
- Strunk, W. Jr. (1898) *Dryden: Essays on the Drama*. New York: Henry Holt and Company.
- Thackeray, W.M. (1891) *The History of Pendennis*. London: Smith, Elder & Co.
- Thierner-Preusser. English-German Dictionary.
- Walkley, A.B. [gan dáta] *Playhouse Impressions*. London: T. Fisher Unwin.
- Walsh, V. (1845) *Les Veillées*. Tours: R. Pornin.
- Wellesley, H. [gan dáta] *Anthologia Polyglotta*. London: John Murray.
- Wessely, E. [gan dáta] *Critical Dictionary of the English and German Languages*. Hamburg: Haerdck & Lehmkühl.
- Whitaker, J. (1901) *An Almanack for the Year of Our Lord*. London: Whitaker

Aguisín II: Litir ó Gilbert Byron maidir le Saol Mhic T. O' Neill Lane agus Eile. 13 Márta 2008

March 13, 2008

Dear Seaghan,

Patricia was absolutely thrilled to receive your letter and learn that someone was still interested in her grandfather. Her health has been very poor in recent years so she has asked me to respond to your letter. I am Byron, better known to friends and relatives as "Gil". Patricia goes by "Pat". Anyone writing about her grandfather is definitely considered to be a friend as we would be honored if you would use them.

We had no personal information about her grandfather. Her mother and dad met in Shanghai, China where he was editor of an English speaking newspaper. Pat was born in Los Angeles, Calif. so she would have American citizenship. She lived in China until age 7. She and her mother returned to the States when she was seven. For unknown reasons her dad chose not to keep in contact with his daughter. In 1964 we received word from a solicitor in Brisbane, Australia that he had died in 1963 and left Pat a small inheritance. In the late 1970's we were able to travel to Brisbane and ~~we~~ were able to meet some distant relatives including grand or great grand children of the aunt that raised him. We also got the name of Sister Seila (not sure of spelling) Lane residing at the Convent in Abbeyfeale. In the early 1980's we travelled to Ireland and through Sister Seila located some of the family. Unfortunately, we didn't get there until 65 years after his passing so we could not meet anyone who knew him in person.

Most of what we know comes from the enclosed papers. We have a large box, heavier than I can carry, full of papers we have collected relating to the O'Neill-Lane family. I am only $\frac{1}{2}$ way through. I stopped at this point since we started to worry we might not get it to you on time for your paper. Now that I have finally opened the box and have $\frac{1}{2}$ spread out on the floor and $\frac{1}{2}$ still in the box, I will continue to go through the rest. Please let me know if there is more time and I will send you what ever else I find. In this regard, please send me your telephone number as I can respond much more quickly that way.

A few points of interest.

1. In Australia we were told that T. O'Neill-Lane was actually born T. Lane and that he added the "O'Neill" to honor his mother. The enclosed papers say differently.
2. We were ^{told} he sent his son to Australia to be raised by his aunt because he had recently been widowed and had no way to look after ^{his} son while working on the dictionary.
3. The only education mentioned anywhere is the National school. No one we met had any further information. I don't know, perhaps back in those days higher education wasn't required.
4. No one seems to know anything about his daughter. She was evidently born in England and ^{never} went to Ireland. (I think this was from an

earlier marriage

5 We understand Pat's dad went to Australia when he was only 12 or 13 years old so we don't know how much knowledge he had of the family. It's too bad he didn't see fit stay in contact with Pat, I'm sure that we would be more informed even if his knowledge was limited.

I had better stop now as I see I'm starting to omit words along the way - I sure sign my brain and my hand are no longer coordinated.

Please let us know if we can be of any further assistance and be sure to let us know how you made out on your paper.

Sincerely,
Pat & Bil

Aguisín III: Litir ó Gilbert Byron maidir le Saol Mhic T. O' Neill Lane agus Eile. 30 Bealtaine 2008

24/5/08

DEAR SEAGHAN,

WE WERE SO PLEASED TO RECEIVE YOUR LETTER OF 3/27 AND AFTER ONLY TWO MONTHS ARE IN A POSITION TO RESPOND. LAST NIGHT I ACCOMPLISHED WHAT AT TIMES SEEMED LIKE AN UNSURMOUNTABLE TASK— I REACHED THE BOTTOM OF THE BOX OF PAPERS WE HAD COLLECTED RELATIVE TO THE O'NEILL-LANE FAMILY. I WAS ABOUT TO CELEBRATE WITH A BIT OF IRISH WHISKEY, BUT FINDING NONE ON HAND, I WAS ABOUT TO TURN TO AMERICAN BOURBON WHEN IT OCCURRED TO ME THAT ANY OVER ZEALOUS CELEBRATION AT MY AGE COULD BE HAZARDOUS TO MY HEALTH SO I SETTLED FOR ONE GLASS OF WINE AND THUS AM ABLE TO WRITE THIS LETTER TODAY. UNFORTUNATELY, THERE WAS NO NEW INFORMATION. STILL NO HISTORY OF T O'NEILL-LANE'S HIGHER EDUCATION. FOR A MOMENT I THOUGHT I HAD FOUND SOMETHING WHEN I SAW THE ENCLOSED NEWSPAPER CLIPPING RELATING TO A LOST LETTER AND THE NAME MR MCENERY WHO WAS GOING TO WRITE ABOUT T. O'NEILL-LANE. NOT RECOGNIZING THE NAME I THOUGHT WE HAD A NEW LEAD UNTIL I RAN INTO THE ENCLOSED COPY OF HIS STORY WHICH I MAY HAVE SENT TO YOU BEFORE.

PAT WAS THRILLED TO HEAR YOU WOULD DEDICATE THIS WORK TO HER AND IS VERY ANXIOUS, AS I AM, TO SEE THE RESULTS OF YOUR LABOR.

TO ANSWER THE QUESTIONS IN YOUR LETTER, YES O'NEILL-LANE WAS HER MAIDEN NAME ALTHOUGH IT APPEARS HER FATHER DID NOT ALWAYS USE IT. HER MOTHER'S MAIDEN NAME WAS RUTH CLAYTON.

THE GILBERT CLAN IS ENGLISH AND THE FAMILY HAS LIVED IN OR AROUND LEICESTERSHIRE, ENG. AS FAR BACK AS WE CAN TRACE. LORE HAS IT THAT THE FAMILY WAS STARTED BY A SOLDIER ARRIVING IN THE NORMAN CONQUEST IN 1066 BUT THERE IS NOTHING TO SUBSTANTIATE IT. OTHER THAN THAT, UNLIKE PAT'S FAMILY, WE HAVE NO ONE OF NOTE TO BRAG ABOUT. AS FAR AS I KNOW, MY MOTHER AND DAD WERE THE ONLY ONES TO EMIGRATE TO THE USA.

PAT'S FATHER WAS BORN 5 FEB 1891. NEITHER OF US ARE WRITERS. PAT'S ONLY EXPERIENCE WAS TO WRITE FOR HER HIGH SCHOOL NEWSPAPER AND FOR THE LOS ANGELES TIMES NEWSPAPER COVERING SCHOOL ACTIVITIES. MY EXPERIENCE IS LIMITED TO WRITING BUSINESS LETTERS WHILE WORKING FOR A LARGE LIFE INSURANCE COMPANY. IT'S NOT TOO LIKELY EITHER OF US WILL WRITE THE GREAT AMERICAN NOVEL.

NOW IT'S YOUR TURN TO ANSWER A FEW QUESTIONS.

1. WHAT IS THE ENGLISH TRANSLATION OF YOUR NAME AND ADDRESS.

2. WHAT UNIVERSITY DO YOU ATTEND

3. BEING A HISTORY MAJOR, WHAT CAREER PATH DO YOU INTEND TO TAKE? I WAS NEVER A SERIOUS STUDENT AND AS A RESULT NEVER WENT TO UNIVERSITY. HOWEVER, HISTORY WAS ALWAYS MY FAVORITE SUBJECT THROUGH HIGH SCHOOL AND HAD I SETTLED DOWN AND GONE TO UNIVERSITY I PROBABLY WOULD HAVE MAJORED IN HISTORY AND BECOME A HIGH SCHOOL HISTORY TEACHER.

ONE LAST THING BEFORE I CLOSE, MY NICKNAME IS GIL RATHER THAN SAL, A COMMON MISTAKE SINCE

MY PENMANSHIP IS SO POOR. DECIPHERING MY HAND WRITING CAN BE A MONUMENTAL TASK SO YOU ARE NOT THE FIRST TO MAKE THAT MISTAKE.

WE BOTH HOPE WE HAVE BEEN OF SOME ASSISTANCE IN YOUR QUEST TO WRITE ABOUT HER GRANDFATHER AND ARE LOOKING FORWARD TO SEEING THE RESULTS. WE WISH YOU WELL IN YOUR STUDIES AND MAY YOUR FUTURE BE A SATISFYING AND HAPPY ONE.

Sincerely
Pat & Sil

Aguisín IV: Cartlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1876

SALARIES, GRATUITIES, &c., TO TEACHERS

No. of School	Name of School	Name of Teacher	Class	Description	Quarter ending 31st March, 1876			Quarter ending 30th June, 1876			Quarter ending 30th September, 1876			Total
					Amount Paid	% of Full Rate	Notes	Amount Paid	% of Full Rate	Notes	Amount Paid	% of Full Rate	Notes	
223	Clonsilla	John O'Connell	1st	Teacher	5 17	100		5 17	100		5 17	100		16 51
		John O'Connell	2nd	Teacher	5 10	100		5 10	100		5 10	100		15 30
		John O'Connell	3rd	Teacher	2 10	100		2 10	100		2 10	100		6 30
		John O'Connell	4th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	5th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	6th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	7th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	8th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	9th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	10th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	11th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	12th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	13th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	14th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	15th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	16th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	17th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	18th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	19th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	20th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	21st	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	22nd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	23rd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	24th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	25th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	26th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	27th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	28th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	29th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	30th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	31st	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	32nd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	33rd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	34th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	35th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	36th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	37th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	38th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	39th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	40th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	41st	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	42nd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	43rd	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	44th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	45th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	46th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	47th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	48th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	49th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30
		John O'Connell	50th	Teacher	1 10	100		1 10	100		1 10	100		3 30

Aguisín V: Carlann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1876

<p>Newcastle West C. Link</p>	<p>Dimerick</p>	<p>Mary Walsh 2nd C.M.</p>	<p>1473 1/4</p>	<p>8 10 1474 1475</p>	<p>2</p>	<p>"</p>
<p>U.7 2358 Impleglantane C. Link</p>	<p>Rev. J. Walsh, P.P. Newcastle West</p>	<p>Two. Mulcahy Las. Lacy Jim. Leane Wm. Cooke J. Collins 2nd C.M.</p>	<p>58 1/4 J 1 50 3 24 1378 1775</p>	<p>13 6 6 4 10 10 1776 1777</p>	<p>24 " 74 "</p>	<p>"</p>

Aguisín VI: Carclann Náisiúnta na hÉireann, ED/4 – Salary Books 1834-1960s. Ceantar 52, 1871

District 52 SALARIES GRATUITIES &c. TO TEACHERS &c.

Quarter ending 31st March, 1871.				Quarter ending 30th June, 1871.				Quarter ending 30th September, 1871.				Quarter ending 31st Decemr., 1871.			
Serial No.	Name of Teacher	Class	Salary	Serial No.	Name of Teacher	Class	Salary	Serial No.	Name of Teacher	Class	Salary	Serial No.	Name of Teacher	Class	Salary
2039	Carleton	Do	8	2040	Do	Do	8	2041	Do	Do	8	2042	Do	Do	8
<p>2039 Carleton Do 8</p> <p>2040 Do Do 8</p> <p>2041 Do Do 8</p> <p>2042 Do Do 8</p>				<p>2043 Do Do 8</p> <p>2044 Do Do 8</p> <p>2045 Do Do 8</p> <p>2046 Do Do 8</p>				<p>2047 Do Do 8</p> <p>2048 Do Do 8</p> <p>2049 Do Do 8</p> <p>2050 Do Do 8</p>				<p>2051 Do Do 8</p> <p>2052 Do Do 8</p> <p>2053 Do Do 8</p> <p>2054 Do Do 8</p>			
<p>2055 Do Do 8</p> <p>2056 Do Do 8</p> <p>2057 Do Do 8</p> <p>2058 Do Do 8</p>				<p>2059 Do Do 8</p> <p>2060 Do Do 8</p> <p>2061 Do Do 8</p> <p>2062 Do Do 8</p>				<p>2063 Do Do 8</p> <p>2064 Do Do 8</p> <p>2065 Do Do 8</p> <p>2066 Do Do 8</p>				<p>2067 Do Do 8</p> <p>2068 Do Do 8</p> <p>2069 Do Do 8</p> <p>2070 Do Do 8</p>			

Aguisín VII: Kelly, J. J. [gan dáta] 'West Limerick Man Who Wrote a Dictionary', The Limerick Leader

LIMERICK

WEST LIMERICK MAN WHO WROTE A DICTIONARY

Recently a correspondent signing himself "Desmond Shanid, Dublin"—but giving no fuller address—had a letter in our columns asking if some reader could give information as to the place of birth, life and activities of the late Timothy O'Neill Lane, a brilliant West Limerick man who compiled a valuable English-Irish dictionary. In reply, Mr. John J. O'Kelly, of Knocknadiha, Tournafulla, very kindly supplies us with a special article giving very interesting details concerning the late Mr. O'Neill Lane. He writes:

Timothy O'Neill Lane was born in the parish of Templeglantine, West Limerick, mid-way between Newcastle West and Abbeyfeale, about the famine years. He received his early education in the local school and taught there later as Assistant Teacher. His father was a farmer and the Lanes still occupy the same farm. He passed an examination for Civil Servant but was rejected when it was discovered that he suffered from an infirmity—lameness—which he seems to have had since infancy. He required a stick to help him to walk, walked with a pronounced limp and had to have one of his boots specially constructed to suit his shortened limb. He was otherwise powerfully built, was a fine genial character, always ready for a joke, and was an excellent swimmer.

GOT POST IN LONDON

GOT POST IN LONDON

He went to London, where a relative of his (Aeneas O'Neill, I think) got him a position as Paris Correspondent for the English *Times*. He relinquished this position towards the close of the century, living for a time with a relative in Islandanny, Abbeyfeale, Co. Limerick, and later with his brother in Templeglantine. During this period he wrote a book on Irish travel named "Highways and By-ways in Ireland" (I believe he had earlier written "The Sportsman's and Tourist's Guide to Ireland," but I have never seen the latter. He travelled to all the leading beauty spots, staying at the best hotels, while compiling the material for "Highways and By-ways in Ireland.")

About this time he conceived the idea of the English-Irish dictionary. A small one and a larger one which followed years later were compiled and written in our house, then my grandfather's. I should add that he, O'Neill Lane, was a fine French scholar. The first and, indeed, the second were produced with the assistance of leading Gaelic scholars of the time throughout Ireland. The former sold at 10/- and the latter at two guineas. The publishers, I believe, were Messrs. Sealy Bryers and Walker, Dublin. He derived no financial advantage from the large dictionary as he died while it was in the hands of the publishers and they seem to have taken charge from that on to pay for cost of publication; at least this is how I understand the matter.

HAD A SON AND A DAUGHTER

He was married, probably while away from Ireland, and had a son and daughter. His wife never visited this part of the country and it appears they had been estranged early. The whereabouts of his daughter is also unknown as she never visited this part of the country. His son lived in our house for a time, attended the local National School, went to an aunt in Australia, fought in France in 1914-18, got wounded, returned to Australia, thence to Shanghai, where he took up teaching, and edited a magazine and was married there, rather unhappily, I think; visited us here on a couple of occasions; but has not been heard of for years. He (O'Neill Lane's son) had a son who has lost all trace of his father.

Timothy O'Neill Lane died here in 1915 (or 1914) and is buried in Brosna, Co. Kerry, which is about 8 miles from here.

Aguisín VIII: Litir ó T. O' Neill Lane chuig Lord Castletown maidir le foilsíú Lane's English-Irish Dictionary. 12 Márta, 1903

TOURNAFULLA,
CO. LIMERICK.

March 12. 1903

Dear Sir,

I beg to acknowledge the receipt of your letter of the 11th inst.

Pray be so good as to convey to Lord Castletown my thanks for his Lordship's gracious enquiry and at the same time to say that the book is now in the press but that it will be some time before it will be ready for publication. I enclose a

prospectus and List of Members Irish contains some further information on the subject

W. Mitchell Esq

Yours faithfully
T. O'Neill Lane

**Aguisín IX: Litir ó Michael Hickey chuig an Athair Maurus Ó Faoláin
(Mount Melleray Abbey, Co. Phort Láirge) maidir le gnéithe
d'Athbheochan na Gaeilge. 11 Márta, 1903**

Mount Melleray Abbey: 8(1) 73

St. Patrick's College,
Magnooshtu,
11:4:1903.

My dear Father Prior,
I don't know anything
whatever about Mr. O'Neill
Lane, & have been unable
to ascertain anything definite
or satisfactory. He seems to
have taken great pains, if his
own statements are to be ac-
cepted, but I have some
misgivings as to his qualifi-
cations to do such a work
satisfactorily & scientifically.
You know that Foley's Dictionary
& O'Neill's are practically
useless except to very advanced
students - the former for want
of proper classification, &
examples. Another such book
would be a nuisance; for
it would postpone the ap-
pearance of a proper work.

ago. but some persons would had
to be attended to, & I cannot
stay till Monday or Tuesday.
Ago & no more again me,
Do brian-capa,
Official Na h-Éireann

Aguisín X: Lane, M. (1976) 'Dictionary His Labour of Love', *The Irish Press*, 29 Meitheamh

Dictionary his labour of love

By MICHAEL LANE

TIMOTHY LANE in his day and age was considered by 'responsible' people as a tramp, a vagrant, an idler. The more charitable dismissed him as a pretentious crank. His tools of trade were a pen and pencil, scraps of paper, a handful of penny copies and in truth a satchel that would not ill become a more or less respectable beggarman.

In personal habits he was spotless. He wore a tall hat, swallow-tail coat, creased trousers and polished if well worn boots. He travelled from parish to parish, and to certain houses within parishes where because of the love of, and for, learning, he was ever welcome. Today, of course noises are emanating from scholars, from the new aristocracy and from intellectuals of the parrot breed, extolling his merit—mastership in languages, in the art of living—his proven scholarliness.

It is all pretty nonsensical. Lane like all humans had his one particular love, a sort of fire in his belly, that he pursued through hell and high water in his own lonely ruthless way. Ruthlessness and complete dedication are so inseparable as to become a diety, and as of all gods sacrifice is demanding and exacted.

Lane's Shangri-la was his 'English and anglicised words' done into Irish. His conservatism required not only a revival of Irish, there was something Lazarus-like in his dream of bringing to life of the pure unadulterated beauty of the classical language of the Gael—his dream state was resurrec-tional.

DICTIONARY

Lane's English — Irish Dictionary, that is the first edition was published at the beginning of the century. It cost him over twenty years of his life and some thousands of pounds worth of humiliation, but it did not provide the fulfilment that he craved.

Today his work is gaining some importance in halls of learning, at home, but mostly in foreign fields.

His name — he agreed to the O'Neill being tacked on to his name as a payment to a well-wisher who subsidised publication of his dictionary — is becoming better known.

Lane's entire body of writing was little in volume, large in quality and inexplicably single furrow in direction. He dwelt much on his tramping experiences 'Round Erin', the highways and by-ways of Ireland, its lakes and rivers, its

mountains and its mystery-filled hidden places. He was not so revealing about many of his more startling and interesting exploits. His observations on social conditions were reasonably fair and objective. He wrote "The Papist, the Protestant and the Presbyterian are to be found in all their glory, with pride, prejudice, and plenty on the one hand, and pigs, poverty and the poorhouse on the other". On sectarianism he remarked, "there were faults and a good deal of bigotry on both sides, and it is to be hoped that the cause and its effects will soon be forgotten, and when that desirable end is reached, it will be better for both sides."

It was not difficult for Lane to be objective and maliciously critical at one and the same time.

ANCESTORS

In the not far distant past, his ancestors, were Cromwellian planters. Cromwell saw merit in planting various parts of the country with reliable adherents as outpost defenders against smouldering Royalist machinations. Lane was wont to discourse with enthusiasm and with tempered intelligence on the Aisling Poets of a century or so past. Not so when speaking on Eoghan Ruadh O Suilleabhain. He considered 'Songs against the Planters' (Pirates) as a personal affront. O Suilleabhain's versification of the names of the Cromwellian settlers in the Knockagree, Carrigaline, Macroom areas was a cause for the petty spleen that Lane so often displayed — "Southwell, Steelman, Stephens and Stain, Parnell, Fleetwood, Reeves, Shutman and Lane"—etc., etc.

To an old friend Lane once remarked "A jingoist is by compulsion a jingler and 'Rodneys Glory' impelled Eoghan Ruadh also into a prostituting jangler. But then are not all writing people mechanics in self dramatisation? It is passing strange that the names and work of the old Gaelic Bards, and indeed of the Sassenach's that became more Irish than the Gaels, fanatically so, live on, and flourish, while the modern odorous bandwagoners come and go with the fireless flame of a strip of magnesium, a cause for wonder that such heat does not shed light."

Lane was a man not without great talent. He accomplished so much by hedgerow and hearth in the teeth of adversity. An intellectual giant, a material pauper,

Aguisín XI: Litir ó T. O' Neill Lane chuig Roger Casement maidir le foilsiú Lane's Larger English-Irish Dictionary, 12 Samhain, 1909

I shall
write to the
Southern Cross &
the Harbours-Argentine
Journal

R. J. Dec 10/09 Nov 12. 1909




A capa ionmain,

I thank you
sincerely for your very kind
letter. Such a letter is a
great encouragement to
me in the ~~great~~^{big} task in
which I am engaged that is
bringing out an English-Irish
dictionary compiled on
scientific lines - It is the
first time the thing has
been attempted and it has
been a very laborious task

There are many men more
fitted than I am for the
work but they have not the
time or the inclination.
I have had an irresistible
impulse to tackle it, because
our hope for the future lies
in the children and their
teachers and unless the latter
have a good English - Irish
dictionary to help them, they
may lead the children astray
and errors caught up in
childhood irresistably stick

to one. An English - Irish dictionary
is of more value at the
present time than an Irish
English one as many of the
teachers have only a very
imperfect knowledge of Irish.

 They know the right English
word to use but they do not
know its Irish equivalent
or how to use it if they did.
My dictionary will smooth
away this difficulty. This
has been the great aim I
had before me and I trust
I have accomplished it
with some success.

Yours very truly

J. O'Neill

Aguisín XIV: O' Neill Lane i mBaile Mhainistir na Féile. Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland, 1901

CENSUS OF IRELAND, 1901.
(Two Examples of the mode of filling up this Table are given on the other side.)

FORM A. No. on Form B. 96

MEMBERS of this FAMILY and their VISITORS, BOARDERS, SERVANTS, &c., who slept or abode in this House on the night of SUNDAY, the 31st of MARCH, 1901.

No.	NAME and SURNAME		RELATION to Head of Family	RELIGIOUS PROFESSION	EDUCATION	AGE		SEX	RANK, PROFESSION, OR OCCUPATION	MARRIAGE	WHERE BORN	IRISH LANGUAGE	If Deaf and Dumb; Blind; Imbecile or idiot; or Lunatic.
	Christian Name	Surname				Years on last Birthday	Months for Infants under one Year						
1	Tom	Harnett	Husband	Roman Catholic	Read only	63		M	Vine & spirit merchant	Married	Co. Limerick		
2	Grace	Harnett	Wife	do	Read only	62		F		Married	Co. Limerick		
3	Mary Anne	Harnett	Daughter	do	Read + write	22		F	Shop assistant	Married	Co. Limerick		
4	Elizabeth	Harnett	Son	do	Read + write	18		M	Shop assistant	Married	Co. Kerry		
5	Elizabeth	O'Neill	Boarder	do	Read + write	48		M	Author of Guide books	Married	Co. Kerry		
6	Thomas	Hornor	Boarder	do	Cannot read	4		M		Married	Co. Kerry		
7													
8													
9													
10													
11													
12													
13													
14													
15													

I hereby certify, as required by the Act 63 Vic, cap. 6, s. 6 (1), that the foregoing Return is correct, according to the best of my knowledge and belief.

I believe the foregoing to be a true Return.

Patrik Breslin (Signature of Enumerator.)
William Harnett (Signature of Head of Family.)
Witness Patrik Breslin

Aguisín XV: O' Neill Lane i gCnoc Uí Dheá, Gleann an Ghoirt, le muintir Uí Cheallaigh. Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Census of Ireland, 1911

CENSUS OF IRELAND, 1911.														
Two Examples of the mode of filling up this Table are given on the other side.														
FORM A.														
No. on Form B. <u>1</u>														
RETURN of the MEMBERS of this FAMILY and their VISITORS, BOARDERS, SERVANTS, &c., who slept or abode in this House on the night of SUNDAY, the 2nd of APRIL, 1911.														
Number.	NAME AND SURNAME.		RELATION to Head of Family.	RELIGIOUS PROFESSION.	EDUCATION.	AGE (last Birthday) and SEX.		RANK, PROFESSION, OR OCCUPATION.	PARTICULARS AS TO MARRIAGE.			WHERE BORN.	IRISH LANGUAGE.	If Deaf and Dumb; Blind; Imbecile or Idiot; or Lunatic.
	Christian Name.	Surname.	State whether "Head of Family," or "Wife," "Son," "Daughter," or other Relative; "Visitor," "Boarder," "Servant," &c.	State here the particular Religion, or Religious Denomination, to which each person belongs. [Members of Protestant Denominations are requested not to describe themselves by the vague term "Protestant," but to enter the name of the Particular Church, Denomination, or Body to which they belong.]	State here whether he or she can "Read and Write," or "Read" only, or "Cannot Read."	Insert Age opposite each name—the Ages of Males in column 6, and the Ages of Females in column 7.	State the particular Rank, Profession, Trade, or other Employment of each person. Children or young persons attending a School, or receiving regular instruction at home, should be returned as Scholars. [No entry should be made in the case of wives, daughters, or other female relatives solely engaged in domestic duties at home.]	Whether "Married," "Widowed," "Widow," or "Single."	State for each Married Woman entered on this Schedule the number of:—	Completed years the present Marriage has lasted. If less than one year, write "under one."	Children born alive to present Marriage. If no children born alive, write "None" in column 11.	Total Children born alive.	Children still living.	
1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.	11.	12.	13.	14.	15.
1	John	Kelly	Head	Roman Catholic	Read & write	67	Farmer	Widower	-	-	-	Co. Limerick	Irish & English	-
2	John	Kelly	Son	Roman Catholic	Read & write	30	Farmer's son	-	-	-	-	-	-	-
3	Marah	Kelly	Daughter	Roman Catholic	Read & write	26	-	-	-	-	-	-	Irish & English	-
4	Mary	Kelly	Daughter	Roman Catholic	Read & write	21	-	-	-	-	-	-	Irish & English	-
5	Samuel	O'Shaughnessy	Servant	Roman Catholic	Read & write	19	Farm labourer	-	-	-	-	-	-	-
6	Thomas	O'Shaughnessy	Boarder	Roman Catholic	Read & write	15	Scholar	-	-	-	-	-	Irish & English	-
7	Timothy	O'Shaughnessy	Boarder	Roman Catholic	Read & write	13	Scholar	-	-	-	-	-	Irish & English	-
8	Timothy	Mull Lane	Cousin	Roman Catholic	Read & write	58	Merchant & English. Irish & English	Widower	-	-	-	-	Irish & English	-
9														
10														
11														
12														
13														
14														
15														

I hereby certify, as required by the Act 10 Edw. VII., and 1 Geo. V., cap. 11, that the foregoing Return is correct, according to the best of my knowledge and belief.

Michael J. O'Shaughnessy Signature of Enumerator.

I believe the foregoing to be a true Return.

John Kelly Signature of Head of Family.